

# 12

**Banc Ceannais** Tuarascáil Bhliantúil

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann

5 Aibreán 2013

A Aire, a chara,

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), tá sé de cheangal ar Bhanc Ceannais na hÉireann tuarascáil a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais.

Áirítear freisin sa Tuarascáil Bhliantúil na Tuarascálacha Bliantúla a cheanglaítear faoin Acht um Iontaobhais Aonad, 1990, faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, faoi na Rialacháin Réamheolaire 2005 agus na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh 2005.

Is onóir dom é Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla an Bhainc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 a iamh leis seo.

Is mise le meas,

**Patrick Honohan**
**An Gobharnóir**

# Clár na nÁbhar


**Cuid 1**

Coimisiún an Bhainc Ceannais 4

Cairt Eagraíochta 5

Lucht Bainistíochta 6

Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra 8

Sracfhéachaint ar 2012 - an Banc agus an Geilleagar 12

Liosta na nGiorrúchán Coitianta 14

**Caibidil 1:** Na Príomhghníomhaíochaí agus Forbairtí in 2012 18

– Achoimre Feidhmiúcháin 19

– Clár Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d'Éirinn 23

– Seasamh agus Cur Chun Feidhme Airgeadaíochta 30

– Maoirseacht ar Institiúidí Airgeadais 35
o Cur chuige Riosca-Bhunaithe an Bhainc i leith na Maoirseachta - PRISM 35
o Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa 38
o Maoirseacht ar Eintitis Árachais 39
o Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa 40

– Maoirseacht ar Mhargaí 43

– Cosaint Tomhaltóirí 48

– Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin agus Rialála 54

– Beartas agus Riosca 58

– Taighde agus Staidreamh um Anailísiú Eacnamaíoch 66

– Córais Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra 70

– Bainistíocht Sócmhainní Infheistíochta 74

– Caidreamh Idirnáisiúnta 75

– Próisis agus Nósanna Imeachta Inmheánacha a bhainistiú 77

**Caibidil 2:** Rialachas 87

**Cuid 2**

Oibríochtaí Airgeadais 96

Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 101

# Cuid 1



# Coimisiún an Bhainc Ceannais

amhail ar an 31 Márta 2013



**Patrick Honohan,**
**An Gobharnóir***



**Stefan Gerlach,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Baincéireacht**
**Cheannais)***



**Matthew Elderfield,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Rialáil Airgeadais)***



**John Moran,**
**Ard-Rúnaí na Roinne**
**Airgeadais***



**John FitzGerald**



**Blanaid Clarke**



**Des Geraghty**



**Michael Soden**



**Alan Ahearne**



**Neil Whoriskey,**
**Rúnaí**

* Comhaltaí ex-officio

# Cairt Eagraíochta

- **COIMISIÚN AN BHAINC CEANNAIS**
  Patrick Honohan*, Alan Ahearne, Blanaid Clarke, Matthew Elderfield*, John FitzGerald, Des Geraghty, Stefan Gerlach*, John Moran*, Michael Soden, Neil Whoriskey (Rúnaí)
  - **AN GOBHARNÓIR**
    Patrick Honohan
    - **LEAS-GHOBHARNÓIR (BAINCÉIREACHT CHEANNAIS)**
      Stefan Gerlach
      - Ardrúnaíocht; Iniúchóireacht Inmheánach^; Dlí; Riosca Eagraíochtúil
      - Oibríochtaí Airgeadais — Maurice McGuire
        - Margaí Airgeadais; Íocaíochtaí & Socraíochtaí Urrús
      - Eacnamaíocht — Lars Frisell*
        - Anailís Eacnamaíoch na hÉireann; Cobhsaíocht Airgeadais; Beartas Airgeadaíochta; Staidreamh
    - **AN PRÍOMH-OIFIGEACH OIBRÍOCHTAÍ**
      Gerry Quinn
      - Bainistíocht & Teicneolaíocht Faisnéise; Caidreamh le Custaiméirí; Ollstruchtúr Fiontraíochta; Cláir TF
      - Acmhainní Daonna — Liz Joyce
        - Acmhainní Daonna
      - Airgeadra & Seirbhísí Corparáideacha — Paul Molumby
        - Eisiúint Airgeadra; Táirgeadh Airgeadra; Seirbhísí Corparáideacha
      - Airgeadas & Soláthar; Idirbhearta Rialála
    - **LEAS-GHOBHARNÓIR (RIALÁIL AIRGEADAIS)**
      Matthew Elderfield
      - Institiúidí Creidmheasa & Maoirseacht Árachais — Fiona Muldoon
        - Maoirseacht ar Bhainceireacht Na Bainc Chumhdaithe; Maoirseacht ar Bhainceireacht Bainc Idirnáisiúnta; Árachas Saoil; Árachas Ginearálta; Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa
      - Margaí — Gareth Murphy
        - Maoirseacht ar Urrúis & ar Mhargaí; Maoirseacht ar Ghnólachtaí Infheistíochta & ar Chistí
      - Beartas & Riosca — Patrick Brady
        - Beartas Stuamachta; Rialachas, Cuntasaíocht, Iniúchóireacht, Beartas & Riosca; Beartas Margaí
      - Cosaint Tomhaltóirí — Bernard Sheridan
        - CT – Baincéireacht & Beartas; CT – Árachas, Infheistíocht & Idirghabhálaithe
      - Forfheidhmiú — Peter Oakes
        - Forfheidhmiú I; Forfheidhmiú II

* Ex-officio

^ Tuairiscíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sí don Leas-Ghobharnóir ach amháin i ndáil le cúrsaí riaracháin nó buiséid.

# Lucht Ardbhainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2013[1]



**Patrick Honohan,**
**An Gobharnóir**



**Matthew Elderfield,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Rialáil Airgeadais)**



**Stefan Gerlach,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Baincéireacht Cheannais)**



**Gerry Quinn,**
**An Príomh-Oifigeach**
**Oibríochtaí**



**Patrick Brady,**
**Stiúrthóir**
**Beartas & Riosca**



**Lars Firsell,**
**Stiúrthóir**
**Eacnamaíocht**



**Liz Joyce,**
**Stiúrthóir**
**Acmhainní Daonna**



**Maurice McGuire,**
**Stiúrthóir**
**Oibríochtaí Airgeadais**



**Paul Molumby,**
**Stiúrthóir**
**Airgeadra & Seirbhís**
**Corparáideacha**



**Fiona Muldoon**
**Stiúrthóir**
**Institiúidí Creidmheasa &**
**Maoireacht ar Árachas**



**Gareth Murphy,**
**Stiúrthóir**
**Margaí**



**Peter Oakes**
**Stiúrthóir**
**Forfheidhmiú**



**Bernard Sheridan,**
**Stiúrthóir**
**Cosaint Tomhaltóirí**

1 Bhí Peter Oakes ina Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú go dtí an 10 Aibreán 2013.

# Lucht Bainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2013

| Stiúrthóireacht | Roinn | An Ceannasaí Rannáin |
|---|---|---|
| | Ardrúnaíocht<br>Iniúchóireacht Inmheánach<br>Dlí<br>Riosca Eagraíochtúil<br>Comhairleoir don Ghobharnóir | Neil Whoriskey<br>Patrick Treanor<br>Joseph Gavin<br>AnneMarie McKiernan<br>Frank Browne |
| Oibríochtaí Airgeadais | Margaí Airgeadais<br>Íocaíochtaí agus Socraíocht Urrús | Michael Maher<br>Daragh Cronin |
| Eacnamaíocht | Anailís ar Gheilleagar na hÉireann<br>Cobhsaíocht Airgeadais<br>Beartas Airgeadaíochta<br>Staidreamh<br>Ceannasaí ar Thionscadail Taighde agus ar Thionscadail Thras-Stiúrthóireachta | John Flynn<br>Folúntas<br>Mark Cassidy<br>Joe McNeill<br>Gerard O' Reilly |
| Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise | Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise<br>Caidreamh le Custaiméirí<br>Ailtireacht Fiontair | Michael Power<br>Karina McArdle<br>Paul Tully |
| Airgeadra agus Seirbhísí Corparáideacha | Eisiúint Airgeadra<br>Táirgeadh Airgeadra<br>Seirbhísí Corparáideacha | Lucy O' Donoghue<br>Harry Murphy<br>Michael Enright |
| Acmhainní Daonna | Acmhainní Daonna | Folúntas |
| Oibríochtaí | Airgeadais agus Soláthar<br>Idirbhearta Rialála | Fergal Power<br>Alan Briscoe |
| Institiúidí Creidmheasa agus Maoirseacht Árachais | Maoirseacht ar Bhaincéireacht - Bainc Chumhdaithe<br>Maoirseacht ar Bhaincéireacht - Bainc Idirnáisiúnta<br>Árachas Ginearálta<br>Árachas Saoil<br>Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa | Shane O'Neill<br>Fiona McMahon<br>Domhnall Cullinan<br>Mark Burke<br>Sharon Donnery |
| Margaí | Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí<br>Maoirseacht ar Ghnólachtaí Infheistíochta agus ar Chistí | Michael Hodson<br>Andy Coulson |
| Beartas agus Riosca | Beartas Stuamachta<br>Rialachas, Cuntasaíocht, Beartas Iniúchóireachta agus Riosca<br>Beartas Margaí | Mary Burke<br>Máiréad Devine[2]<br>Martin Moloney |
| Cosaint Tomhaltóirí | Na Cóid um Chosaint Tomhaltóirí – Baincéireacht agus Beartas<br>Cosaint Tomhaltóirí – Árachas, Infheistíocht agus Idirghabhálaithe | Folúntas<br>Patricia Moloney |
| Forfheidhmiú | Forfheidhmiú I<br>Forfheidhmiú II | Derville Rowland<br>Hilary Griffey |

2 Le héifeacht ón 7 Aibreán



# Ráiteas Tosaigh an Ghobharnóra

Bhí an cúram maidir le cobhsaíocht airgeadais a athbhunú i ngeilleagar na hÉireann go mór i gceist le tosaíochtaí Bhanc Ceannais na hÉireann le linn 2012. D'ainneoin scála an dúshláin seo, go háirithe maidir le cásanna riaráiste morgáiste a phróiseáil agus a réiteach agus d'ainneoin an gheilleagair eacnamaíoch laig sheachtraigh, tá comharthaí soiléire ann go bhfuil feabhas tagtha ar mhuinín sa mhargadh airgeadais, rud a thugann le fios, i dteannta le treocht níos fearr i bhformhór na dtáscairí maicreacnamaíocha le roinnt blianta anuas, go bhfuil an seasamh beartais foriomlán ag gluaiseacht sa treo cheart. Go comhthreomhar leis seo, chothabháil an Banc a chlár maidir le feabhsuithe próisis a dhéanamh ar a chumas chun a chuid freagrachtaí rialála, comhairleachta agus oibríochtúla a bhaint amach.

Rannchuidigh an Banc leis an téarnamh seo le linn na bliana, inter alia, trí bhearta breise a ghlacadh i dtreo dhíghiaráil na hearnála airgeadais, trí thionscnaimh nua rialála stuamachta a cheapadh agus a thabhairt isteach, trí thacaíocht riachtanach leanúnach leachtachta a sholáthar don chóras baicéireachta, trí bhearta feabhsaithe um chosaint tomhaltóirí a thabhairt isteach agus trí chomhairle eacnamaíoch beartais a thabhairt. Sroicheadh pointe cinniúnach le dhá phríomhghné d'obair an Bhainc le linn 2012 agus go luath in 2013 - leachtú IBRC agus na nótaí gealltanais a ionadú le bannaí inmhargaidh rialtais; agus creat feabhsaithe um morgáistí riaráistí a thabhairt isteach.

Baineann na bearta seo go léir faoi dheoidh le timpeallacht a chruthú don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le laghdú ar dhífhostaíocht.

Leanann an téarnamh céimseach ar gheilleagar na hÉireann, d'ainneoin na timpeallachta seachtraí dúshlánaí a chuaigh i léig sa dara leath de 2012 nuair a tháinig moilliú ar fhás ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus go háirithe i bpríomh-chomhpháirtithe trádála na hÉireann. D'ainneoin an mhoillithe seo, ba láidir i gcónaí an fás ar onnmhairí, go háirithe i seirbhísí, agus cé go bhfuil an t-éileamh intíre fós lag, tá maolú mór tagtha ar luas an mheathlaithe.

Le linn na bliana, lean Éire de bheith ag freastal ar a cuid ceanglas faoi Chlár AE-CAI. Ag deireadh 2012, nach mór dhá thrian den bhealach tríd an gClár, ba láidir an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar chur chun feidhme beartais agus athchóirithe agus leanadh leis seo in 2013. Óna thaobh féin, bhain an Banc a chuid tagarmharcanna éagsúla amach i ndáil le hathchóiriú na hearnála airgeadais, fad a lean an Rialtas d'athchóirithe reachtúla agus struchtúracha a chur chun feidhme. Toisc go rabhthas ag cloí go leanúnach leis na spriocanna, cuidíodh le hÉirinn dul ar ais isteach sna margaí caipitil idirnáisiúnta i lár 2012 agus cuireadh leis an ionchas go bhféadfadh sí an Clár a fhágáil ag deireadh 2013. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na bearta buiséid arna bhfógairt ag an Rialtas a chur chun feidhme go hiomlán d'fhonn muinín an mhargaidh a chothabháil.

Ar leibhéal níos leithne Eorpach, sheol an tEurochóras beartas airgeadaíochta i dtimpeallacht dhúshlánach. Laghdaigh Comhairle Rialaithe an BCE na rátaí úis arís in 2012, fad a ghlac sí bearta breise neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta, go háirithe clár d'idirbhearta airgeadaíochta glan amach a cheapadh chun braistint riosca athainmnithe a bhaint. Rinneadh an méid seo go léir d'fhonn tacú le leachtacht sna margaí airgeadais agus chun a áirithiú nach ndéanfaí an tarchur beartais airgeadaíochta a lagú de thoradh an teannais sna margaí airgeadais. Ba dhul chun cinn suntasach é in 2012 an comhaontú chun Aontas Baincéireachta agus Sásra Maoirseachta Aonair a bhunú agus ní mór leanúint leis na hullmhúcháin dóibh in 2013 agus na hullmhúcháin sin a neartú. Tá an ghluaiseacht seo i dtreo cur chuige chórasaigh maidir le maoirseacht, réitigh agus cosaint taiscí mar chuid de na bearta atá riachtanach chun creat institiúideach an limistéir euro a chur ar bhonn níos láidre, agus chun cur le muinín an mhargaidh agus le muinín an phobail.

D’fhoilsigh an Banc a Phlean Straitéiseach nua trí bliana in 2012. Sa Phlean sin, leagtar amach an chaoi ina bhfuil sé beartaithe ag an mBanc a mhisean maidir le *Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint* a bhaint amach agus cuirtear síos ar phríomhthosaíochtaí an Bhainc sna blianta atá le teacht, a bhfuil gach ceann díobh ailínithe go dlúth le cuspóirí reachtúla an Bhainc. Bunaithe ar an gcur chuige straitéiseach seo, leanfaidh an Banc leis an obair chun an dul chun cinn a rinneadh cheana maidir le hathbhunú cobhsaíochta airgeadais agus le tacú le téarnamh eacnamaíoch a chur ar aghaidh.

B’ionann brabús an Bhainc don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2012 agus €1.4 billiún. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar ioncam barrachais de €1.1 milliún leis an Státchiste.

Sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta don Rialáil Airgeadais, atá á fhoilsiú ag an am céanna, tá cuntas iomlán ar an gcaoi inar chuir an Banc a chuid gníomhaíochtaí i gcrích le linn 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais as a gcomhairle agus a rannpháirtíocht luachmhar le linn na bliana.

Nuair a bhí bailchríoch á cur ar an tuarascáil seo, d’fhógair an Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, go raibh sé ar intinn aige éirí as a phost tráth níos déanaí in 2013. Ba mhaith liom Matthew a mholadh as an mórchion atá déanta aige sa Bhanc agus maidir le hathchóiriú ár gcórais rialála agus maoirseachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le comhaltaí foirne uile an Bhainc as a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus as an obair chrua a rinne siad le linn 2012.

**Patrick Honohan**
**An Gobharnóir**

**Aibreán, 2013**

# **Sracfhéachaint ar** 2012



# 2012: Sracfhéachaint ar an mBanc

## Ioncam Barrachais a Íocadh leis an Státchiste




Tháinig méadú ar an ioncam barrachais a íocadh leis an Státchiste go dtí €1,147.6 milliún (€958.3 milliún in 2011).

## Sómhainní Iomlána




Tháinig laghdú ar na Sócmhainní Iomlána go dtí €137.5 billiún (€176.2 billiún in 2011).

## Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte




Sheol an Banc tuairim is 194 oibríocht thar ceann an Eurochórais (198 in 2011)

## Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí




Tháinig méadú ar líon na nótaí bainc a eisíodh (352 milliún in 2012 aníos ó 337 milliún in 2011) agus tháinig méadú ar líon na monaí a eisíodh (185 milliún in 2012 aníos ó 136 milliún in 2011).

# 2012: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar

## Fíor OTN




Tháinig leathnú ar an ngeilleagar in 2012 sa mhéid gur mhéadaigh an OTN faoi 3.4 faoin gcéad i dtéarmaí réadacha.

## Boilsciú (TCPT)




B'ionann boilsciú TCPT ar an meán in 2012 agus 2.0 faoin gcéad.

## Iarmhéid Rialtais Ghinearálta (IRG) mar % de OTI




Chuaigh an t-easnamh Rialtais Ghinearálta go mór thar an sprioc de -8.6% den OTI arna leagan síos i Nós Imeachta ECOFIN um Easnamh Iomarcach.

Nóta: Tá na figiúirí do 2012 bunaithe ar mheastacháin ón Roinn Airgeadais tráth Bhuiseád 2013 agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe nuair a fhoilseofar figiúirí EDP ag Eurostat ag deireadh mhí Aibreáin 2013.

## Ráta Dífhostaíochta




Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go dtí 14.8 faoin gcéad ar an meán in 2012.

## Praghsanna Náisiúnta Réadmhaoine Cónaithe




Bhí na laghduithe ar phraghsanna náisiúnta réadmhaoine cónaithe láidir i gcónaí in 2012, ag titim faoi 12.8 faoin gcéad bliain ar bhliain i dtéarmai an mheáin bhliantúil.

## Rátaí Bliantúla an Athraithe Deireadh Bliana ar Iasachtaí




Tháinig laghdú 3.9 faoin gcéad agus 3.6 faoin gcéad, faoi seach, ar iasachtú le Teaghlaigh agus le Corparáidí Neamhairgeadais in Éirinn, bliain-ar-bhlian faoi dheireadh 2012.

Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do dhíluachálacha, d'urrusú agus d'aistrithe chuig NAMA etc.

# Liosta na nGiorrúchán Coitianta

| | |
|---|---|
| **ÁCÍ** | Árachas Cosanta Íocaíochta |
| **AMSC** | Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil |
| **AMSL** | Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta |
| **BCIM** | Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí |
| **BCE** | An Banc Ceannais Eorpach |
| **BCN** | Banc Ceannais Náisiúnta |
| **BERS** | An Bord Eorpach um Riosca Sistéimeach |
| **BITO** | Babhtáil Innéacsaithe Thar Oíche |
| **BLG** | Bainistiú Leanúnachais Gnó |
| **BSI** | An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta |
| **CAI** | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| **CBA** | An Clár um Bearta Airgeadais |
| **CBFF** | Clár Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| **CBMB** | Coiste Basel de Mhaoirseoirí Baincéireachta |
| **CCI** | Na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta |
| **CCIS** | An Coiste um Chórais Íocaíochta agus Socraíochta |
| **CDanna** | Conarthaí Difríochta |
| **CEA** | Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais |
| **CEBC** | An Córas Eorpach Banc Ceannais |
| **CLE** | Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla |
| **CFR** | An Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí |
| **CIMA** | An Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais |
| **CIRM** | An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste |
| **CIT** | An Cóimheas Iasacht le Taisce |
| **CMA** | Corparáidí um Meáin Airgeadais |
| **CMBE** | Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha |
| **CMR** | Cláir um Maolú Rioscaí |
| **Cód IPB** | An Cód Cleachtais um Iasachtú le Páirtithe Gaolmhara |

| | |
|---|---|
| **Cód IR** | Cód Iompair Rialachais d'Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais |
| **CMU** | Clár na Margaí Urrús |
| **CRA** | Cuntais Ráithiúla Airgeadais |
| **CRS** | An Córas Réitigh Speisialta |
| **CSA** | Comhrac i gcoinne Sciúradh Airgid |
| **CSAMS** | Comhrac i gcoinne Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta |
| **CST** | Cearta Speisialta Tarraingthe |
| **EacAirg** | Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais |
| **EÉSÍ** | Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta |
| **EFSF** | An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais |
| **EFSM** | An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais |
| **EICU** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis |
| **ERG** | An tEasnamh Rialtais Ghinearálta |
| **FR** | Feidhmeanna Rialaithe |
| **FRR** | Feidhmeanna Rialaithe Fhormheasa |
| **FBM** | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| **GCUI** | Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe |
| **IATSL** | Institiúidí Airgeadais a bhfuil Tábhacht Shistéimeach Leo |
| **ICCL** | An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta |
| **LAÍE** | An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro |
| **LEE** | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| **LfR** | Luach faoi riosca |
| **LRL** | Líne Réamhchúraim agus Leachtachta |
| **LSAI** | An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta |
| **LNAM** | An Lárionad Náisiúnta um Anailísiú Monaí |

| | |
|---|---|
| **MBGA** | An Meabhrán de Bheartais Gheilleagracha agus Airgeadais |
| **MCRCC** | Measúnuithe Comhpháirteacha Riosca agus Cinntí maidir le Caipiteal |
| **MilA** | Margaí in Ionstraimí Airgeadais |
| **MMTI** | Meicníocht Malairte do Thuairisciú Idirbheart |
| **MT** | Meabhrán Tuisceana |
| **MTC** | Measúnacht Tionchair Chainníochtúil |
| **NISR** | Nósanna Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin |
| **OAF** | Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach |
| **OBT** | An Oifig um Bainistiú Tionscadal |
| **OSFC** | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach |
| **PA** | Príomhoibríocht Athmhaoinithe |
| **PIMLC** | An Próiseas Inmheánach um Measúnú Leordhóthanachta Caipitil |
| **PAMM** | An Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta |
| **POS** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **PRISM** | An Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair |
| **PRRM** | An Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste |
| **RCS** | Riachtanas um Chaipiteal Sócmhainneachta |
| **RDI** | Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe |
| **RSC** | Riachtanas Sócmhainne Cliaint |
| **SBCA** | Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid |
| **SCL** | Saoráid Chiste Leathnaithe |
| **SCU** | Scórchárta Ualaithe |
| **SÉ** | Stocmhalartán na hÉireann |
| **SIB** | An Suirbhé um Iasachtú Bainc |
| **SNI** | Socraíochtaí Nua Iasachta |
| **SRA** | Scéimeanna Ráthaíochta Árachais |

| | |
|---|---|
| **SRRM** | An Straitéis Réitigh do Riaráistí Morgáiste |
| **SRT** | Scéim Ráthaíochta Taiscí |
| **TCC** | An Treoir um Cheanglais Chaipitil |
| **TFSA** | An Tascfhórsa i gcoinne Sciúradh Airgid |
| **TLU** | Taisclanna Lárnacha Urrús |
| **TSÍ** | An Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta |
| **ÚBE** | An tÚdarás Baincéireachta Eorpach |
| **ÚEAPC** | An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde |
| **ÚEM** | An tÚdarás Maoirseoireachta Eorpach |
| **ÚEUM** | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |
| **USBanna** | Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe |

# Caibidil 1:
## Na Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí le linn 2012



# Achoimre Feidhmiúcháin



## An Cúlra Reachtúil

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 agus, faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, tháinig sé chun bheith ina struchtúr aonair lán-chomhtháite do ghníomhaíochtaí baincéireachta ceannais agus rialála. Ina cháil mar bhanc ceannais d'Éirinn, is comhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) é an Banc agus is é an cuspóir príomhúil atá aige cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí reachtúla eile an Bhainc:

» Cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú;

» Rialáil chuí, éifeachtach ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;

» Na deacrachtaí airgeadais sna hinstitiúidí creidmheasa in Éirinn a réiteach;

» Feidhmiú éifeachtach, críochnúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta;

» Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

## Príomh-Shaincheisteanna

Rinneadh príomhghníomhaíochtaí an Bhainc a sheoladh in 2012 i bhfianaise na nithe seo a leanas: an imní leanúnach maidir le cobhsaíocht airgeadais; imthosca deacra eacnamaíocha do thomhaltóirí, do ghnóthaí agus do ghnólachtaí rialáilte, mar aon le strus i margaí idirnáisiúnta airgeadais a raibh iarmhairtí aige ar mhargaí intíre agus ar dhálaí maoiniúcháin. Ba iad tosaíochtaí an Bhainc rannchuidiú le hathbhunú na cobhsaíochta airgeadais agus leis an téarnamh eacnamaíoch, trí cheanglais AE-CAI a chur i gcrích, trí oibríochtaí tacaíochta leachtachta, trí athstruchtúrú airgeadais, trí dhíghiaráil agus trí thionscnaimh um chosaint tomhaltóirí.

Tá an dara bliain de Chlár trí bliana AE-CAI istigh, agus tá rath an Chláir sin ríthábhachtach do chobhsaíocht agus d'athspreagadh eacnamaíoch agus airgeadais na tíre. Lean an Banc de ról lárnach a ghlacadh sna bearta a bhí á nglacadh chun cobhsaíocht na hearnála airgeadais a athbhunú agus chun an gnáth-sholáthar creidmheasa do theaghlaigh agus do ghnóthaí a chur ar bun arís. Ba dhúshlánaí fós na róil seo i bhfianaise geilleagair idirnáisiúnta ní ba laige agus i bhfianaise an teannais sna margaí airgeadais.

Maidir le cúrsaí Eorpacha, tá dhá phríomhréimse oibríochta ag an mBanc. Mar chomhalta den Eurochóras, tá baint ag an mBanc le ceapadh, le hanailís, le cinnteoireacht agus le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus leis an bhfreagairt Eorpach níos leithne don ghéarchéim airgeadais. Ó thaobh cúrsaí rialála, bíonn baint aige le ceapadh agus le forbairt athruithe ar an gcreat rialála, lena n-áirítear creataí do bhaincéireacht, d'árachas, do mhargaí airgeadais agus do tháirgí mar aon le ceapadh Sásra Maoirseachta Aonair uile-Eorpaigh nua.

Mar chuid de ról an Bhainc san Eurochóras, tá an Gobharnóir ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an BCE atá freagrach as beartas

airgeadaíochta a cheapadh (rátaí úis agus soláthar leachtachta), beartas a fheidhmítear ansin ar bhonn díláraithe ag gach banc ceannais náisiúnta (BCN) de chuid na mBallstát. Ón uair a thosaigh an ghéarchéim airgeadais, tá na rátaí úis laghdaithe ag an BCE go dtí gar do nialas faoin gcéad agus tá bearta éagsúla airgeadaíochta neamhchaighdeánacha glactha aige, lena n-áirítear ceannach sócmhainní, oibríochtaí fadtéarmacha agus oibríochtaí airgeadra eachtraigh chun leachtacht a sholáthar, mar fhreagra ar an mífheidhmiú sna margaí idirbhainc agus ar an spleáchas méadaithe ar mhaoiniú ón Eurochóras. Is cosúil gurbh í iarmhairt na mbeart neamhchaighdeánach seo gur laghdaíodh teannas sna margaí airgeadais agus gur spreagadh téarnamh tosaigh ar dheiseanna maoiniúcháin sna margaí airgeadais do Stáit agus do chorparáidí.

## Athstruchtúrú ar an Earnáil Airgeadais

Ag deireadh 2012, bhí dhá bhliain de Chlár trí bliana AE-CAI curtha isteach ag Éirinn. Lean an Banc de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo an earnáil airgeadais a chur ar ais ar bhonn fónta trí Chlár 2012 um Bearta Airgeadais lenar áiríodh measúnú réamhbhreathnaitheach ar riachtanais chaipitil na mbanc intíre. Leis an athbhreithniú fadréimseach seo, rinneadh measúnú ar chumas na mbanc riaráistí morgáiste agus FBM a bhainistiú agus baineadh úsáid as torthaí na hanailíse chun cumas maoirseachta an Bhainc do shamhaltú riosca a fhoirmiú. Le linn 2012, lean na bainc dá gcláir chomhardaithe a dhíghiaráil trí shócmhainní a dhiúscairt agus trí shócmhainní nár bhunsócmhainní iad a dhíol. I mí an Mhárta 2012, d'fhormheas an Rialtas go bhfaighfear Irish Life ó Irish Life & Permanent (ILP). Cuireadh an plean um athstruchtúrú permanent tsb (PTSB) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mheithimh 2012 agus chuir AIB plean athbhreithnithe um athstruchtúrú faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Meán Fómhair 2012.

## Tacaíocht Leachtachta

B'ionann agus €1,113 billiún an t-iasachtú iomlán faoi bheartas airgeadaíochta an Eurochórais amhail ar an 31 Nollaig 2012 agus sholáthair an Banc €72 billiún den mhéid sin, thar ceann an Eurochórais, do chóras baincéireachta na hÉireann (lena n-áirítear do Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC)). Chomh maith leis sin, sholáthar an Banc Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (CLE) a bhí riachtanach chun críocha na cobhsaíochta airgeadais. Ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí CLE de €40 billiún curtha ar fáil ag an mBanc. I mí Feabhra 2013, tháinig deireadh le hoibríochtaí CLE de chuid an Bhainc nuair a leachtaíodh IBRC.

## Forbairtí Rialála

Is córas maoirseachta dúshlánach, comhréireach é an cur chuige riosca-bhunaithe atá ag an mBanc i leith na maoirseachta - PRISM - agus baintear úsáid as do na hinstitiúidí airgeadais go léir atá ag feidhmiú in Éirinn. Cuireadh i bhfeidhm é maidir leis na bainc agus na hárachóirí in 2011 agus in 2012 leathnaíodh PRISM chuig gnólachtaí infheistíochta agus comhair chreidmheasa. Ar a phríomhchuspóirí, áirítear modh comhleanúnach a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ar fud na ngnólachtaí go léir atá faoi mhaoirseacht; cionroinnt acmhainní a éascú bunaithe ar an tionchar a bheadh ag teip gnólachta agus modh córasach a bheith ann chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí i ngnólachtaí. Glacann an Banc páirt i gcláir thimthriallacha maoirseachta do na bainc, agus bíonn minicíocht na gcúraimí rannpháirtíochta bunaithe ar scála agus ar aicmiú iarmharta foriomláin na hinstitiúide. Le linn 2012, chuir an Banc Measúnuithe Riosca Iomlána (MRI) i gcrích i leith banc arna n-aicmiú faoi PRISM mar bhainc a bhfuil Ardtionchar acu. Ar phríomhghnéithe phlean rannpháirtíochta 2012 de chuid an Bhainc le haghaidh gnóthas (ath) árachais, áirítear an méid seo a leanas: obair ullmhúcháin leanúnach do chur chun feidhme Threoir Shócmhainneacht II agus córais oiriúnachta agus ionracais nua don tionscal. Bhí an Banc ag díriú i gcónaí ar chúlchistí agus ar sholáthairtí a neartú in earnáil na gcomhar creidmheasa trí idirghabhálacha éagsúla rialála amhail íocaíochtaí díbhinní a choinneáil siar sa bhliain 2012 agus srian a chur ar ghnó comhar creidmheasa leithleach. I mí an Mhárta 2012, thug Coimisiún na gComhar Creidmheasa a thuairisc uaidh agus mhol sé bearta éagsúla chun creat rialála na gcomhar creidmheasa a neartú lena n-áirítear cumhachtaí reachtacha a thabhairt don Bhanc chun rialacháin a dhéanamh lena leagfaí síos rialuithe stuamachta, teorainneacha, caighdeáin agus ceanglais do na comhair chreidmheasa. I gcás ina mainneoidh eintitis rialála a gcuid ceanglas rialála a chomhlíonadh, is uirlis thábhachtach é an forfheidhmiú chun díspreagadh a chur i gcrích agus comhlíonadh a bhaint amach agus chun an iompraíocht a mbíonn súil ag an mBanc léi a chur chun cinn. Áiritheoidh an

Banc go bpoibleofar torthaí gníomhartha forfheidhmiúcháin.

## Cosaint Tomhaltóirí

Le linn 2012, dhírigh príomhghné d'obair an Bhainc um chosaint tomhaltóirí ar a áirithiú go bhforbródh iasachtóirí Straitéisí do Riaráistí Morgáiste chun déileáil le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí acu. Eisíodh treoir do na hiasachtóirí go léir i mí Aibreain 2012 inar soiléiríodh na cosaintí agus na teorainneacha maidir le teagmháil le tomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu, mar a leagtar amach iad sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí do 2012 agus sa Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM). An obair a rinneadh sa réimse seo le linn 2012, leanadh í le fógra go luath in 2013 maidir le sraith beart chun dul i ngleic le riaráistí morgáiste, lena n-áirítear foilsiú spriocanna feidhmíochta do na príomhbhainc morgáiste agus foilsiú na n-athruithe atá beartaithe ar an CIRM. Lean an Banc lena imscrúdú ar dhíol Árachais Cosanta Íocaíochta agus rinne sé fionnachtana na cigireachta deiridh a phoibliú i mí an Mheithimh 2012. Bhí baint lárnach ag an mBanc lena áirithiú go mbainisteodh Banc Uladh a chuid mór-shaincheisteanna TF agus go ndéanfadh sé dianiarracht an tionchar diúltach ar a chuid custaiméirí a theorannú. Thairis sin, cheangail sé ar Bhanc Uladh plean cuimsitheach cúitimh a chur i bhfeidhm do na custaiméirí i gceist. Cuireadh feabhas ar an gcaidreamh le hearnáil na nIdirghabhálaithe Miondíola le linn na bliana, lena n-áirítear sraith taispeántas taistil a óstáil ar fud na tíre.

## Cobhsaíocht Airgeadais

Cuireann an Banc le cobhsaíocht airgeadais tríd an obair a dhéanann sé ar shaincheisteanna córasacha (cur chuige macrastuamachta) agus ar leibhéal gnólachta (cur chuige micreastuamachta). Le linn 2012, chuir acmhainní an Bhainc um Chobhsaíocht Airgeadais go mór leis an obair ar réamhaisnéisiú caillteanas ar iasachtaí, ar riaráistí morgáiste, ar iasachtú do FBManna, ar Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe mar aon le hanailís mhacra-airgeadais agus comhairle a thabhairt d'ardbhainistíocht an Bhainc. Cuireadh dhá heagrán d'Athbhreithniú Macra-Airgeadais an Bhainc ar fáil chun léargas córasach a thabhairt ar choinníollacha macra-airgeadais in Éirinn. Foilsítear an tAthbhreithniú chun cuidiú le rannpháirtithe margaidh airgeadais, le húdaráis eile agus leis an bpobal chun rioscaí airgeadais a mheas.

## Beartas Eacnamaíoch agus Staidreamh

Bíonn ról tábhachtach ag an mBanc i dtaca le tionchar a imirt ar an mbeartas eacnamaíoch náisiúnta trí ghníomhú mar thráchtaire neamhspleách ar an ngeilleagar agus mar chomhairleoir don Rialtas maidir le tionscnaimh beartais. Comhlíontar an ról seo trí anailís eacnamaíoch, tráchtaireachtaí, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais a sholáthar. Cuirtear iad seo ar fáil i bhfoilseacháin rialta agus i bpáipear thaighde, in irisí Éireannacha agus irisí idirnáisiúnta, i ráitis ón nGobharnóir agus i bpáipéir chomhdhála agus ag seimineáir. Go hinmheánach, baintear úsáid as anailís eacnamaíoch agus taighde i measúnuithe leanúnacha airgeadais. Ina theannta sin, rannchuidíonn an Banc le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus le comhairle agus taighde ar bheartas eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal an Eurochórais. Le linn 2012, lean an Banc d'fheabhas a chur ar a aschur agus anailís staidrimh chun críocha beartais intíre agus chun críocha ceanglas dlíthiúil idirnáisiúnta i leith an BCE agus na bPáirtithe Seachtracha araon maidir leis an monatóireacht ar chomhlíonadh Chlár AE-CAI ag Éirinn. Glacadh tionscnaimh éagsúla de láimh le linn na bliana lena n-áirítear éisiúint nua staidrimh maidir le riaráistí morgáiste a raibh faisnéis maidir le morgáistí arna gceannach lena ligean ar cíos ar áireamh inti don chéad uair.

## Íocaíochtaí agus Airgeadra

Cinntíonn an Banc go bhfuil bonneagar éifeachtúil, slán i bhfeidhm maidir le soláthar airgid agus, ar an gcaoi sin, cosnaítear infhaighteacht, sláine agus cáilíocht an euro. Sa bhliain 2012, sholáthair an Banc 351 milliún nóta bainc nua agus in-atheisithe. Leanadh leis na hullmhúcháin maidir le seoladh an dara sraith de nótaí bainc euro (ES2), lena bhféachtar le cáilíocht agus sláine nótaí bainc euro a fheabhsú. Eiseofar na chéad nótaí bainc sa tsraith nua in 2013. Tá an Banc freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta agus socraíochta agus is é TARGET2, arna chur ar fáil tríd an BCE, an t-ardán do sheirbhísí socraíochta íocaíochtaí chuig na bainc Eurochórais go léir. Cuireann sé socraíocht láithreach (fíor-ama) ar fáil ar bhonn idirbhirt ar idirbheart agus feidhmíonn sé de réir na gcaighdeán is airde iontaofachta. In 2011, d'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc dul i gceannas ar ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta (NPP) a cuireadh faoi bhráid an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is é ról an Bhainc tionscnaimh áirithe a chur chun cinn agus cur chun feidhme

an phlean fhoriomláin a rianú. Áiritheofar go háirithe go ndéanfar buntáistí an athchóirithe ar íocaíochtaí a aistriú chuig tomhaltóirí agus gnóthaí. Is príomhuirlis de chuid na cobhsaíochta airgeadais í an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) lena bhforáiltear go mbeidh ráthaíocht rialtais mar bhuntaca le taiscí. Faoi oibleagáidí AE, ceanglaítear ar an mBanc córais a bheith i bhfeidhm aige chun tacú le Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann lena gcúiteofaí taisceoirí i gcás ina dteipfeadh ar institiúid glactha taisce intíre.

## Infheistíochtaí

Ag deireadh 2012, bhí sócmhainní arbh ionann a luach agus €19.4 billiún i bpunanna infheistíochta an Bhainc, méadú €0.7 billiún ar 2011. B'ionann an tuilleamh iomlán ar na punanna in 2012 agus €552.7 milliún i gcomparáid le €536.8 milliún in 2011. In 2012, bhí na margaí faoi chois ag rioscaí a bhain leis an ngéarchéim leanúnach fiachais cheannasaigh san Eoraip agus ag an éiginnteacht a bhain leis an staid eacnamaíoch dhomhanda. B'ionann agus 3.00 faoin gcéad ar an meán na fáltais ar an bpunann infheistíochta i gcomparáid le fáltais de 3.05 faoin gcéad in 2011. Déantar bainistiú ar phunann infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le teorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún agus coimeádtar faoi athbhreithniú i gcónaí í.

Déanann na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) bainistíocht ar glan-chúlchistí eachtracha an BCE, arbh ionann iad ag deireadh 2012 agus €64.8 billiún, i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dhollar SA, mar aon lena chion féin. Is ionann punann chúlchiste an BCE atá á bainistiú sa Bhanc agus coibhéis de €748 milliún, atá i gcomhréir le scairsheilbhe an dá thír sa BCE.

## Soláthar Foirne

Ag deireadh 2012, bhí 1,394 comhalta foirne ar fostú ag an mBanc, comhdhéanta de chomhaltaí foirne buana agus de chomhaltaí foirne ar théarma seasta. Astu sin, sannadh 293.5 d'fheidhmeanna na Baincéireachta Ceannais, 622 do réimsí Rialála agus 478.5 d'Oibríochtaí. Sannadh 9 breise don Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta (ICCL).

## Brabúis

B'ionann brabús an Bhainc don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2012 agus €1.4 billiún. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar €1.1 milliún leis an Státchiste.

## Clár Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d'Éirinn

Ag deireadh 2012, bhí dhá bhliain de Chlár trí bliana AE-CAI curtha isteach ag Éirinn, ar clár é a comhaontaíodh an 28 Nollaig 2010. Leis an gClár seo a chlúdaíonn gnéithe tábhachtacha de chreat beartais eacnamaíoch agus airgeadais na hÉireann, féachtar le haghaidh a thabhairt ar laigí na hearnála airgeadais agus leis an ngeilleagar a chur ar ais ar chonair an fháis inbhuanaithe. Mar chuid de na ceanglais faoin gClár, sheol na Páirtithe Seachtracha (an CAI, an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach) athbhreithnithe ráithiúla le linn 2012 d'fhonn feidhmíocht na hÉireann a mheas i gcoinne tagarmharcanna struchtúracha agus critéar feidhmíochta comhaontaithe. D'fhoilsigh an CAI agus an CE measúnuithe óna bhfoirne i ndiaidh gach ceann de na hathbhreithnithe agus, tar éis do Bhord Feidhmiúcháin an CAI agus don Chomhairle Eorpach na tuarascálacha sin a fhaomhadh, aontaíodh go n-íocfaí amach na tráinsí iasachta eile.

I gcomhar leis an Roinn Airgeadais, tá an Banc freagrach as tiomantais na hearnála airgeadais faoi Chlár na Éireann a chomhlíonadh. Ina theannta sin, bhí baint ag an mBanc leis na gnéithe oibríochtúla, airgeadais agus straitéiseacha de Chlár AE-CAI, lena n-áirítear dearcadh uileghabhálach a ghlacadh ar fhorbairtí a bhain leis an gClár, ar mhonatóireacht ar chomhlíonadh, ar mhisin athbhreithnithe a chomhordú, agus ar chistí seachtracha arna n-aistriú tríd an mBanc a phróiseáil agus ar thuarascálacha ráithiúla ar an gClár a ullmhú don phobal.

### Achoimre ar Ghnóthachtálacha an Chláir/Spriocanna a Baineadh Amach sa Bhliain 2012

In 2012, lean Éire de bheith ag freastal ar a cuid ceanglas faoin gClár agus baineadh amach na coinníollacha go léir. Orthu sin, áirítear spriocanna fioscacha, bearta breise chun a sláinte a thabhairt ar ais don earnáil airgeadais (e.g. an córas baincéireachta agus na comhair chreidmheasa a athstruchtúrú), agus athchóirithe reachtacha i réimsí éagsúla, lena n-áirítear dócmhainneacht phearsanta agus creataí iomaíochais. I bhfianaise na bhforbairtí seo, dúirt na Páirtithe Seachtracha i mí Eanáir 2013 go ndearnadh 'cuntas teiste láidir na hÉireann maidir le comhlíonadh an Chláir a chothabháil'. De thoradh an dul chun cinn seo agus de thoradh ionchais an mhargaidh maidir le gníomhaíocht thacúil Eorpach beartais, tá laghdú mór tagtha ar na torthaí ar bhannaí ceannasacha na hÉireann, lenar cumasaíodh d'Éirinn dul ar ais isteach sna margaí caipitil arís i mí Iúil 2012 agus rochtain a fháil ar mhaoiniú suntasach margaidh.

### Bearta Fioscacha agus Buiséid

I dtéarmaí cúrsaí fioscacha, baineadh amach na spriocanna comhdhlúthúcháin do 2012 agus comlíonadh na critéir agus na tagarmharcanna indibhidiúla go léir. Meastar go mbeidh an tEasnamh Rialtais Ghinearálta do 2012 faoi bhun 8 faoin gcéad den OTI agus mar sin beidh sé go compordach faoi bhun na sprice de 8.6 faoin gcéad den OTI. Cé go bhfacthas róchaitheamh i ndá hearnáil le linn 2012 (sláinte agus leas sóisialta), fritháiríodh ina aghaidh sin ioncam cánach ní b'fhearr ná mar a bhíothas ag súil leis agus srianadh caiteachais i réimsí éagsúla. Ina theannta sin, baineadh amach go compordach na spriocanna ráithiúla maidir le hiarmhéid an Státchiste agus le glanfhiachas lárnach an rialtais anuas go dtí deireadh mhí na Nollag 2012. Anuas air sin, foilsíodh píosa ríthábhachtach reachtaíochta, an Bille um Fhreagracht Bhuiséadach, i mí Iúil 2012 agus síníodh é le bheith ina dhlí i mí na Samhna. Leis seo, bunaíodh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann mar chomhlacht reachtúil agus trasuíodh Conradh Cobhsaíochta an AE chuig an reachtaíocht náisiúnta. Foilsíodh reachtaíocht i Meán Fómhair 2012 chun na teorainneacha caiteachais ilbhliantúla a chur ar bhonn reachtúil.

### Athchóirithe Struchtúracha

In 2012, rinneadh dul chun cinn breise ar an gclár um athchóiriú struchtúrach lena bhféachtar le fás in Éirinn a spreagadh, le poist a chruthú agus le hiomaíochas a fheabhsú. Ar na príomhbhearta a glacadh in 2012, áirítear an creat dlíthiúil iomaíochais a neartú, acmhainní foirne an Údaráis Iomaíochta a mhéadú, teorainneacha a ardú ar thoisí áitreabh miondíola agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le pleananna chun táillí uisce a thabhairt isteach agus chun fóntas uisce nua a bhunú (Uisce na hÉireann). Ina theannta sin, aithníodh sócmhainní Stáit lena ndiúscairt amach anseo agus cuireadh tús le bearta chun na sócmhainní sin a thabhairt chuig an margadh. Thairis sin, seoladh tionscnamh nua – Pathways to Work – in 2012 mar chuid den athchóiriú ar an gcóras um ghníomhaíochtú post. Glacadh bearta freisin chun seirbhísí oiliúna agus oideachas a neartú, fad a leanadh leis an obair ar athchóiriú na meciníochtaí um shocrú tuarastal earnála.

### Athchóirithe ar an Earnáil Airgeadais

I mBosca 1, leagtar amach na príomh-thagarmharcanna struchtúracha don athchóiriú ar an earnáil airgeadais.

## Bosca 1 – Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoi Chlár Seachtrach AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais

Is é is aidhm do Chlár AE-CAI (an Clár) fiúntas chreidmheas ceannasach na hÉireann a chur ar ais ar bhonn fónta faoi dheireadh na bliana 2013. Is iad príomhchuspóirí an Chláir rath chóras baincéireachta na tíre a athbhunú agus an geilleagar agus an t-airgeadas poiblí a chur ar chonair inbhuanaithe arís. Faoi théarmaí comhaontaithe an Chláir, tá Éire tiomanta do bhearta riachtanacha a ghlacadh chun go mbainfí amach athchaipitliú, ísliú méide agus atheagrú an chórais baincéireachta. Liostáiltear thíos na príomhghníomhartha a baineadh amach faoin gclár anuas go dtí deireadh 2012, lena n-áirítear tagarmharcanna struchtúrtha.

### Tagarmharcanna Struchtúracha a Baineadh Amach

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 1 | An Plean um Athstruchtúrú permanent tsb | Cuireadh an plean nuashonraithe um athstruchtúrú permanent tsb faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ar plean é inar leagadh amach na bearta atá riachtanach chun inmharthanacht a phríomhghnó a áirithiú. | Meitheamh |
| 2 | Reachtaíocht na gComhar Creidmheasa | D'fhoilsigh na húdaráis reachtaíocht chun an creat rialála do na comhair chreidmheasa a neartú, lena n-áirítear foráil reachtúil a dhéanamh do chaighdeáin éifeachtacha rialachais agus do cheanglais stuamachta. | Meán Fómhair |
| 3 | Tobhach na nInstitiúidí Creidmheasa | Bunaíodh rialacháin chun tobhach a ghearradh ar institiúidi creidmheasa chun go ndéanfar na costais a bhaineann le réiteach institiúidí leochaileacha a aisghabháil le himeacht aimsire. | Meán Fómhair |

### Príomhghníomhartha an Chláir arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh Ráithe 1 2012

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 1 | Athchaipitliú | Thug an Banc tuarascáil chuimsitheach chun críche maidir le héabhlóid caipitil sna bainc arna gclúdú faoin Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) anuas go dtí deireadh mhí na Nollag 2011. | Feabhra |
| 2 | Atheagrú | Thuairiscigh na húdaráis Éireannacha ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na straitéise um atheagrú institiúidí creidmheasa Éireannacha. | Márta |

### Príomhghníomhartha an Chláir arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh Ráithe 2 2012

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 3 | Maoirseacht Airgeadais | D'eisigh an Banc treoir do na hiasachtóirí go léir an 30 Aibreáin 2012 inar soiléiríodh na cosaintí agus na teorainneacha maidir le teagmháil le tomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu, mar a leagtar amach iad sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí (Cód 2012) agus sa Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM). | Aibreán |
| 4 | Maoirseacht Airgeadais | Thug an Banc chun críche a athbhreithniú ar na stiúrthóirí reatha go léir ar na bainc stát-urraithe chun a fháil amach ar bhain saincheisteanna le hoiriúnacht agus ionracas aon duine de na stiúrthóirí sin ag eascairt as a sealbhaíocht oifige sa tréimhse roimh an ngéarchéim airgeadais. | Meitheamh |
| 5 | An Clár um Bearta Airgeadais | Tugadh chun críche athbhreithniú neamhspleách ar cháilíocht sócmhainní chun cáilíocht punann indibhidiúil agus comhiomlán a mheas mar aon leis na próisis a úsáidtear chun cáilíocht sócmhainní a bhunú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sócmhainní. | Meitheamh |
| 6 | An Clár um Bearta Airgeadais | Tugadh chun críche athbhreithniú ar oibríochtaí creidmheasa anásta chun cumas agus éifeachtacht oibríochtúil na mbanc a mheas i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar phunanna iasachtaí anásta lena n-áirítear bainistíocht riaráistí agus cleachtais chun iasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach agus caillteanais ar iasachtaí a laghdú. | Meitheamh |

**Bosca 1 – Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoi Chlár Seachtrach AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais**

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 7 | An Clár um Bearta Airgeadais | Tugadh chun críche cleachtadh maidir le hiontaofacht agus bailíochtú sonraí chun iontaofacht shonraí na mbanc a mheas. | Meitheamh |
| 8 | An Clár um Bearta Airgeadais | Tugadh tionscadal um shainaithint ioncaim agus um athaosú chun críche d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha i gcomparáid leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus le treoir rialála iomchuí. | Meitheamh |
| 9 | Cáilíocht Sócmhainne a Fheabhsú | Rinne na húdaráis measúnú ar dhul chun cinn na mbanc i dtaca le hoibriú amach a gcuid punann neamhthuillmheach i gcomhréir le garspriocanna arna mbunú ag an mBanc agus arna dtuairisciú do na Páirtithe Seachtracha. | Meitheamh |
| 10 | Díghiaráil | Thug an Banc faisnéis chun dáta maidir le dul chun cinn na mbanc i leith cur chun feidhme a gcuid pleananna díghiarála faoin Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) 2011. | Meitheamh |
| 11 | Cóimheas Iasacht le Taisce | Comhaontaíodh leis na Páirtithe Seachtracha go mbainfí an sprioc maidir le Cóimheasa Iasacht le Taisce agus go gcuirfí *ardchreat monatóireachta* ina ionad, ag díriú ar Chóimheas do Ghlanmhaoiniú Cobhsaí. | Meitheamh |

**Príomhghníomhartha an Chláir arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh Ráithe 3 2012**

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 12 | Díghiaráil | Rinne an Banc measúnú ar dhíghiaráil na mbanc bunaithe ar na spriocanna ainmniúla reatha maidir le diúscairt agus laghdú mhéid na sócmhainní nach croí-shócmhainní iad i gcomhréir leis an gClár um Bearta Airgeadais 2011. | Meán Fómhair |
| 13 | Monatóireacht ar mhaoiniú agus ar leachtacht | Rinne an Banc measúnú ar dhul chun cinn na mbanc maidir le ceanglais ábhartha Basel III trí úsáid a bhaint as an ardchreat monatóireachta. | Meán Fómhair |
| 14 | Cáilíocht Sócmhainne | Thug an Banc a mheasúnú do na páirtithe seachtracha ar fheidhmíocht na mbanc i dtaca le hoibriú amach a gcuid punann neamhthuillmheach i gcomhréir leis na táscairí tábhachtacha feidhmíochta a comhaontaíodh. | Meán Fómhair |
| 15 | Atheagrú | Síníodh rialacháin chun go dtabharfaí ceanglas isteach, faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí, go gcoinneodh comhair chreidmheasa méid i gCuntas Cosanta Taiscí an Bhainc. Fógraíodh é seo an 21 Meán Fómhair agus tháinig sé in éifeacht an 30 Samhain 2012. | Meán Fómhair |
| 16 | Maoirseacht Airgeadais | Thuairiscigh an Banc ar dhul chun cinn na mbanc maidir le cur chun feidhme straitéisí chun dul i ngleic le riaráistí iasachtaí agus fiacha neamh-inbhuanaithe i bpunanna morgáiste agus i bpunanna iasachtaí FBM de chuid na mbanc. | Meán Fómhair |
| 17 | Maoirseacht Airgeadais | Foilsíodh an Bille um Thuairisciú Creidmheasa lena mbunófaí Príomh-Chlár Creidmheasa reachtúil. | Meán Fómhair |
| 18 | Maoirseacht Airgeadais | Rinne an Banc plean mionsonraithe maidir le sonraí creidmheasa agus plean feabhsúcháin maidir le doiciméadú a chomhaontú le gach ceann de na bainc AMSC. | Meán Fómhair |

**Bosca 1 – Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoi Chlár Seachtrach AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais**

**Príomhghníomhartha an Chláir arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh Ráithe 4 2012**

| Uimh. | Réimse | Gníomh/Beart | Mí |
|---|---|---|---|
| 19 | Measúnú Caipitil | Thug an Banc athbhreithniú d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh, an BCE agus an CAI ar na forbairtí sna bainc AMSC i ndáil le AMSC 2011. | Nollaig |
| 20 | Cáilíocht Sócmhainne | Bhunaigh an Banc táscairí tábhachtacha feidhmíochta (TTF) d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chreidmheas anásta FBM. | Nollaig |
| 21 | Maoirseacht Airgeadais | Thug an Banc tuairisc chuimsitheach ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Bhainc chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú. | Nollaig |
| 22 | Maoirseacht Airgeadais | Lean an Banc dá chur chuige maidir le riosca creidmheasa, maidir le maoirseacht ar shócmhainní atá ualaithe de réir riosca (SUR) lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht samhla a dhéanamh, measúnú a dhéanamh ar ríomh SUR agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige na mbanc i dtaca le réamhaisnéisiú SUR agus le tástáil struis sula seolfaí AMSC 2013. Thug an Banc na hathbhreithnithe ar shamhlacha SUR na mbanc chun críche agus d'eisigh sé gníomhaíochtaí maolaitheacha do na bainc lena mbaineann. | Nollaig |
| 23 | Maoirseacht Airgeadais | Rinne an Banc athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le Luacháil Comhthaobhachta a foilsíodh i dtosach i mí na Nollag 2011. | Nollaig |

## An Clár um Bearta Airgeadais 2012 (CBA)

Sa Chlár um Bearta Airgeadais do 2012, folaítear gnéithe chun tacú le measúnú réamhbhreathnaitheach ar riachtanais chaipitil (tástáil struis). Ar na gníomhaíochtaí sin, folaítear Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainne, Athbhreithniú ar Oibríochtaí Creidmheasa Anásta (d'fhonn measúnú a dhéanamh ar acmhainní na mbanc arna ráthú ag Rialtas na hÉireann agus ar chumas oibríochtúil na mbanc sin chun riaráistí morgáiste agus FMB a bhainistiú) agus Athbhreithniú ar Iontaofacht agus ar Bhailíochtú Sonraí (i gcomhar le hiniúchóirí seachtracha na mbanc). Baineadh úsáid as torthaí na n-athbhreithnithe téamacha chun na Cláir um Maolú Riosca a fhoirmiú atá mar chuid den Phróiseas Athbhreithnithe Maoirseachta a dhíríonn go sonrach ar fheabhsuithe ar bhainistiú riaráistí, ar phróisis chreidmheasa agus anailís sonraí agus ar thuairisciú agus ar shamhaltú caillteanas ar iasachtaí.

Ceapadh tástáil struis 2012 ar riachtanais chaipitil i dtosach chun ailíniú leis an tástáil struis uile-Eorpach de chuid an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) ach cuireadh siar í nuair a cuireadh siar cleachtadh 2012 ÚBE go dtí 2013. Dhírigh an Banc athuair ar chláir um fheabhsúchán/chomhtháthú sonraí sna bainc ar tháinig tuairisciú níos mionsonraithe don Bhanc astu; agus, ar an gcaoi sin cuireadh leis an gcumas maoirseachta do shamhaltú riosca. Trí úsáid a bhaint as na sonraí feabhsaithe a fuarthas, lean an Banc de bheith ag cur le cumas inmheánach tástála struis. D'fhostaigh an Banc BlackRock Solutions chun comhairle a thabhairt dó maidir le bailíochtú samhlacha inmheánacha um réamhaisnéisiú caillteanas ar iasachtaí a úsáidfear i dtástálacha struis amach anseo.

## Riaráistí Morgáiste

Is tosaíocht ríthábhachtach don Bhanc í déileáil le riaráistí morgáiste, agus tá obair á déanamh ag an mBanc chun a áirithiú go bhforbróidh iasachtóirí Straitéisí éifeachtacha Réitigh do

Riaráistí Morgáiste (MARS) chun déileáil le custaiméirí a bhfuil deacracht acu le hiasachtaí ar a bpríomháitreabh agus ar réadmhaoin arna ceannach lena ligean ar cíos. Sa chéad ráithe de 2012, tugadh aiseolas d'institiúidí maidir lena MARS do 2011, agus díríodh ar na nithe seo a leanas (i) an gá le straitéisí níos mionsonraithe agus níos treallúsaí maidir le Ceannach lena Ligean ar Cíos (ii) treoirlínte maidir le measúnú ar inmharthanacht agus (iii) amlínte chun roghanna modhnúcháin a cheapadh agus chun na roghanna sin a threorú agus a chur i bhfeidhm. Le linn 2012, leagadh béim ar leith ar theagmháil a dhéanamh leis na bainc trí roghanna modhnúcháin a cheapadh, a threorú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach. Ina theannta sin, d'fhorbraigh an Banc táscairí tábhachtacha feidhmíochta chun cur chun feidhme straitéisí réitigh na mbanc do riaráistí morgáiste a rianú. Foilsíodh na sonraí anailísithe i dtosach i mí na Nollag 2012 agus foilseofar iad ar bhonn ráithiúil as seo amach.

D'eisigh an Banc treoir do na hiasachtóirí go léir i mí Aibreáin 2012 inar soiléiríodh na cosaintí agus na teorainneacha maidir le teagmháil le tomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu, mar a leagtar amach sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí agus sa Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste iad. Foilsíodh eisiúint faisnéise eile i mí Bealtaine 2012. Ar leith uaidh sin, bhunaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí Seirbhís Chomhairleach um Morgáistí chun seirbhísí comhairleacha gairmiúla airgeadais a chur ar fáil d'iasachtaithe anásta.

An obair a rinne an Banc le linn 2012, leanadh í le fógra go luath in 2013 maidir le sraith beart nua chun dul i ngleic le riaráistí morgáiste, lena n-áirítear foilsiú spriocanna feidhmíochta do na príomhbhainc morgáiste agus athruithe beartaithe ar an CIRM. Ceapadh an cur chuige seo chun a áirithiú go dtairgfeadh na bainc réitigh inbhuanaithe do na custaiméirí dá gcuid a bhfuil riaráistí acu trí spriocanna sonracha feidhmíochta a leagan síos agus athbhreithnithe ar chaighdeáin soláthair a mholadh. Tá na hathruithe seo atá beartaithe ar an CIRM á ndéanamh chun go leanfaidh an Cód de chosaint a chur ar fáil do na custaiméirí sin a bhíonn ag comhoibriú leis na bainc fad a éascóidh agus a spreagfaidh sé réiteach cásanna riaráistí.

## Riaráistí FBM

In 2012, thionscain an Banc tionscadal maidir le riaráistí FBM chun a áirithiú go rachadh na hiasachtóirí FBM is mó (bainc intíre agus idirnáisiúnta) i ngleic le roinnt príomh-shaincheisteanna a bhí sainaitheanta aige, go háirithe;

- Easpa taithí i mbainistíocht riaráistí ag roinnt de na comhaltaí foirne;
- Easpa rochtana ar shainacmhainní lárnacha (dlíthiúil, luachálaithe comhthaobhachta, etc.);
- Leas iomarcach míchuí a bhaint as staonadh gearrthéarmach, gan roghanna fadtéarmacha um athstruchtúrú gnó agus fiachais a bhreithniú i gceart; agus
- Easpa monatóireachta ar fheidhmíocht nó easpa úsáide a bhaint as táscairí tábhachtacha feidhmíochta chun dul chun cinn a rianú.

Tá táscairí tábhachtacha feidhmíochta curtha i bhfeidhm ag an mBanc chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbanc intíre. Cuirfear i bhfeidhm iad i leith na mbanc idirnáisiúnta sa chéad ráithe de 2013.

Cuireadh tús leis an obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dócmhainneachta do FBM in 2012 freisin chun éifeachtúlacht an phróisis a fheabhsú agus na príomhchostais a laghdú do chuideachtaí a iarrann scrúdaitheoireacht. D'ullmhaigh an Roinn Dlí agus Cirt leasuithe i mí na Nollag 2012 chun na Cúirteanna Dúiche a cheapadh, seachas an Ard-Chúirt, chun scrúdaitheoireacht a dhéanamh ar chuideachtaí a thagann laistigh de theorainneacha AE do chuideachtaí beaga.

## Samhaltú Riosca & Soláthar do Mhorgáistí

In 2012, díríodh ar chreat um athbhreithniú maoirseachta a cheapadh do ríomhaireachtaí sócmhainní atá ualaithe de réir riosca creidmheasa faoi chur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) Basel II. Cuireadh na Páirtithe Seachtracha ar an eolas le linn na

bliana maidir leis an gcreat agus, nuair a tugadh an t-athbhreithniú ar na bainc AMSC chun críche, eisíodh fionnachtana agus gníomhaíochtaí maolaitheacha. Mar chuid de thionscnamh níos leithne SRRM, tugadh faoi obair mhionsonraithe anailíse ar shonraí maidir le soláthar do mhorgáistí ag deireadh an tríú ráithe de 2012 chun réimsí imní/riosca a shainaithint.

## Díghiaráil

Ar cheann de thorthaí an Chláir um Bearta Airgeadais do 2011, áirítear athstruchtúrú chláir chomhardaithe na mbanc. Le linn 2012, lean na bainc dá gcláir chomhardaithe a dhíghiaráil trí shócmhainní a dhiúscairt agus trí shócmhainní nár bhunsócmhainní iad a dhíol. Ina theannta sin, bhunaigh an Banc creat ardmhonatóireachta lena gcuimsítear na tosca go léir a dhéanann difear do Chóimheas do Ghlanmhaoiniú Cobhsaí de chuid na mbanc chun a chumasú don Bhanc dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbanc maidir le ceanglais Basel III a chomhlíonadh. Le bunú an chreata seo, cumasaíodh don Bhanc an sprioc arna fhorchur roimhe sin maidir le Cóimheas Iasacht le Taisce (LDR) a bhaint.

## Athstruchtúrú

I mí an Mhárta 2012, d'fhormheas an Rialtas go bhfaighfear Irish Life ó Irish Life & Permanent (ILP), agus ar an gcaoi sin, réitíodh an bealach do scaradh na cuideachta saoil ón gcuid eile de Ghrúpa ILP. Cuireadh plean um athstruchtúrú permanent tsb (PTSB) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mheithimh 2012. Faoin bplean, rinneadh PTSB a atheagrú ina thrí aonad ar leith: (i) príomhbhanc miondíola; (ii) aonad bainistíochta sócmhainní chun sócmhainní leagáide a choinneáil; agus (iii) oibríocht sa Ríocht Aontaithe do mhorgáistí réadmhaoine, agus scoirfear den oibríocht sin a luaithe is féidir sna himthosca. Ina theannta sin, chuir AIB plean athbhreithnithe um athstruchtúrú faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Meán Fómahir 2012.

## Ceanglais maidir le Soláthar agus le Nochtadh

D'fhoilsigh an Banc a threoir athbhreithnithe - *Valuation Processes in the Banking Crisis: Lessons Learned Guiding the Future* - i mí na Nollag 2012. Tacaíonn na treoirlínte sin leis na treoracha a foilsíodh in 2011 (Impairment Provisioning and Disclosure Guidelines).

## Athchóirithe ar Dhócmhainneacht Phearsanta

Foilsíodh an Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta i mí an Mheithimh 2012 agus rinneadh é a achtú i mí Eanáir 2013. Ceapadh Stiúrthóir-Ainmnithe do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann i Meán Fómhair 2012 agus táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís nua ag feidhmiú ó R2 2013. I dteannta leis an dlí athbhreithnithe um dhócmhainneacht phearsanta, cuirfidh an tSeirbhís Dócmhainneachta slí níos fearr ar fáil chun fiachas neamh-inbhuanaithe a réiteach.

## Comhair Chreidmheasa

I mí Aibreáin 2012, foilsíodh tuarascáil ó Choimisiún na gComhar Creidmheasa ina ndearnadh moltaí chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann d'earnáil na gcomhar creidmheasa agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú. I ndiaidh comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, rinneadh an Bille um Chomhar Creidmheasa, lena neartaítear an creat rialála do na comhair chreidmheasa, a fhoilsiú i Meán Fómhair 2012 agus a achtú i mí na Nollag 2012. Leagtar amach san Acht seo, ceanglais stuamachta agus rialachais mar aon le cumhachtaí chun rialacháin a dhéanamh lena dtacófar le tabhairt isteach creata neartaithe rialála d'earnáil na gcomhar creidmheasa. Foráiltear ann freisin d'athstruchtúrú na hearnála ar bhonn deonach. Eisíodh rialacháin faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí freisin i Meán Fómhair 2012 lena gceanglaítear ar chomhair chreidmheasa iarmhéid a choimeád i gCuntas Cosanta Taiscí de chuid an Bhainc.[3] Eisíodh rialacháin freisin an mhí sin lenar tacaíodh le Tobhach an Chiste Réitigh. Ceanglófar ar na hinstitiúidí creidmheasa údaraithe go léir, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, ranníoc a dhéanamh leis an gciste seo. Ina theannta sin, aistríodh €250 milliún chuig Ciste na gComhar Creidmheasa i mí na Nollag, fad a cuireadh an Bord um Athstruchtúrú (ReBo) ar bhonn reachtúil i mí Eanáir 2013 agus beidh an Bord sin i gceannas ar an bpróiseas um athstruchtúrú.

3 Le héifeacht ón 30 Samhain 2012, ceanglaítear ar chomhair chreidmheasa ranníocaíocht a dhéanamh a bheidh comhionann le 0.2% de thaiscí agus de scaireanna arna sealbhú thar ceann a gcuid comhaltaí.

## An Clár Creidmheasa

Chuidigh an Banc leis an Roinn Airgeadais i bhforbairt an Bhille um Thuairisciú Creidmheasa, arna fhoilsiú i Meán Fómhair 2012, lenar cuireadh freagracht ar an mBanc as bunú, cothabháil agus oibriú cláir creidmheasa náisiúnta (an Príomh-Chlár Creidmheasa). Rannchuidigh an Banc freisin leis an Measúnú ar Thionchar Rialála agus leis an gcomhairliúchán gaolmhar a seoladh faoi mhaoirseacht na Roinne.

## Plean Gníomhaíochta chun Maoirseacht na nInstitiúidí Creidmheasa a Neartú

Chuir an Banc ceithre thuarascáil chuimsitheacha faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha in 2012 maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú.

## Athbhreithniú Feidhmíochta Rialála 2012 - Tuarascáil ar Chomhlíonadh Caighdeán agus Cód

Mar chuid den Chlár um Bearta Airgeadais, chomhaontaigh na húdaráis Éireannacha go ndéanfaí measúnú ar chomhlíonadh Chroíphrionsabail Basel chun críocha na Maoirseachta Éifeachtaí ar Bhaincéireacht ag an mBanc.  I mí na Samhna 2012, thug an Banc measúnú tosaigh chun críche ar chomhlíonadh Chroíphrionsabail Basel ag an mBanc.  Léirítear toradh an mheasúnaithe sin le dréacht-dhoiciméad féinmheasúnaithe agus le plean feabhsúcháin le haghaidh réimsí nach mór a neartú.

## Soláthar Sonraí

Faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana (MT) um Choinníollacht i dtaca le Beartas Geilleagrach Sonrach, tá an Banc freagrach as sonraí agus táscairí áirithe a sholáthar do na Páirtithe Seachtracha ar bhonn féilire aontaithe. Ó cuireadh tús leis an gclár, leasaíodh na cineálacha sonraí a bhfuil gá leo.  Sa Mheabhrán Tuisceana is déanaí dar dháta mí an Mhárta 2013, leagtar amach na ceanglais reatha lena n-áirítear sonraí maidir le clár comhardaithe an Bhainc, raon faisnéise airgeadais agus rialála agus tuairisc chun dáta maidir leis dul chun cinn faoin gClár um Bearta Airgeadais.

## Íocaíochtaí Amach ón AE-CAI

Is ionann pacáiste AE-CAI agus tuairim is €67.5 billiún, agus tagann €45 billiún den mhéid sin ón Aontas Eorpach agus ó iasachtóirí déthaobhacha Eorpacha (an Ríocht Aontaithe, an tSualainn agus an Danmhairg), agus tagann an fuílleach ón CAI (arbh ionann é agus €22.5 billiún ag tús an Chláir)[4]. Faoi dheireadh 2012, b'ionann agus €55.8 billiún[5] an glanmhéid iomlán euro a bhí faighte ag Éirinn, méid atá comhionann le 83 faoin gcéad de na cistí iomlán atá ar fáil faoin gClár. As an méid sin, tháinig os cionn €19 billiún ón CAI agus an chuid eile ó na Páirtithe Eorpacha (21.7 billiún ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM), €12.7 billiún ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF), €2.45 billiún ó na hIasachtaí Déthaobhacha leis an RA, agus €0.3 billiún agus €0.2 billiún ó na hIasachtaí Déthaobhacha ón tSualainn agus ón Danmhairg faoi seach.

4 Is ionann pacáiste airgeadais an CAI agus 19.5 billiún CST, arbh ionann é sin agus €22.5 billiún ag deireadh mhí na Samhna 2010.

5 B'ionann agus €56.44 billiún na dliteanais iomlána faoin gClár ag deireadh mhí na Nollag 2012. B'ionann agus €55.8 billiún an glanmhéid euro a fuair an Státchiste tar éis coigeartú a dhéanamh d'eisiúint faoi bhun par, d'asbhaint corrlaigh réamhíoctha, agus d'éifeacht na n-idirbheart airgeadra eachtraigh.

## Seasamh agus Cur Chun Feidhme Airgeadaíochta

Is cuid den Eurochóras é an Banc agus cuimsítear san Eurochóras an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na 17 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) sa limistéar euro. Tá an Gobharnóir ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an BCE atá freagrach as cinntí beartas airgeadaíochta, as na bearta atá á nglacadh ag an Eurochóras chun déileáil leis an teannas leanúnach sna margaí airgeadais agus as creataí institiúideacha a fheabhsú chun go bhféadfar filleadh ar ghnáthfheidhmiú margaí.

### Cinntí Beartas Airgeadaíochta an BCE

Agus é ag teacht ar chinntí, déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar an riocht eacnamaíoch sa limistéar euro i gcoitinne agus beartaíonn sé cibé acu an bhfuil rátaí úis BCE iomchuí i gcónaí do ghnóthú an phríomhchuspóra, eadhon cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

In 2012, bhí beartas airgeadaíochta á sheoladh ag an Eurochóras i dtimpeallacht fhíordhúshlánach. Muinín eacnamaíoch lag, méadú ar phraghsanna tráchtearraí, leibhéal ard dífhostaíochta, seasamh fioscach níos daingne agus éileamh cúlanta ón gcoigríoch, i dteannta le strus sna margaí airgeadais i gcoitinne agus strus maoiniúcháin san earnáil baincéireachta ach go háirithe, rud a chuir leis an maolú ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch mhaolaithe sa limistéar euro. D'fhógair an Chomhairle Rialaithe laghdú 25 bonnphointe ar an ráta úis an 5 Iúil 2012 i bhfianaise an mhaolaithe ar bhrúnna boilscitheacha thar an tréimhse a bhí ábhartha don bheartas mar aon le rioscaí ar an taobh thíos don ionchas fáis sa limistéar euro. Tháinig athrú ar rátaí na saoráide taisce agus na saoráide iasachta imeallaí i gcomhréir leis na hathruithe ar an bpríomhráta athmhaoinithe. Ní raibh aon athruithe eile ar rátaí úis le linn 2012 agus b'ionann ráta na saoráide taisce, an príomhráta athmhaoinithe agus ráta na saoráide iasachta imeallaí agus 0 faoin gcéad, 0.75 faoin gcéad agus 1.5 faoin gcéad faoi seach ag deireadh na bliana.

De bhreis ar na hathruithe ar a chuid rátaí beartais, lean an BCE de bheith ag freagairt d'fhorbairtí i ngeilleagar an limistéir euro agus sna margaí airgeadais trí bhearta neamhchaighdeánacha nua beartais airgeadaíochta a ghlacadh agus trí leanúint leis na bearta reatha. Ceapadh na bearta seo chun tacú le leachtacht sna margaí airgeadais agus chun a chinntiú nach ndéanfaí an mheicníocht tarchuir beartais airgeadaíochta a lagú de thoradh an teannais sna margaí airgeadais.

Baineann roinnt de na bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta sin le soláthar leachtachta do chontrapháirtithe san Eurochóras. De bhreis ar a ghnáthoibríochtaí margaidh oscailte, thug an BCE faoi Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach (LTRO) 3 bliana an 29 Feabhra 2012. Ba í seo an dara LTRO a rinne an BCE. Seoladh an chéad cheann an 21 Nollaig 2011.[6] Leis na hoibríochtaí sin, tugadh an deis do chontrapháirtithe incháilithe rochtain a fháil ar mhaoiniú lenar ghabh aibíocht an-fhada agus bhí éileamh suntasach orthu ó chontrapháirtithe agus, i dteannta le bearta eile, chuir siad le maolú ar theannas sna margaí airgeadais le linn na bhliana. Thug an BCE le fios go gcuirfí síneadh lena bheartas de chionroinnt iomlán ar ráta socraithe go dtí lár 2013 ar a laghad, ar beartas é a tugadh isteach i dtosach go déanach in 2008 chun a áirithiú go bhfreastalófaí ar na héilimh go léir ar leachtacht faoi réir comhthaobhachta incháilithe leordhóthanaí.

Ina theannta sin, thug an BCE bearta éagsúla isteach chun an infhaighteacht comhthaobhachta a leathnú le linn 2012 (féach Bosca 2). Orthu sin áirítear glacadh, ar bhonn sealadach, le haicmí áirithe d'éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais; ghlac roinnt de na BCNanna, lena n-áirítear an Banc, scéimeanna den sórt seo le linn 2012. Lean an BCE freisin de leachtacht in airgeadra eachtrach a sholáthar do chóras baincéireachta an limistéir euro le linn 2012 trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha le bainc cheannais eile. Coinníodh an ceanglas cúlchiste do chontrapháirtithe an Eurochórais ag 1 faoin gcéad le linn 2012 i ndiaidh fhógra an 8 Nollaig 2011 go ndéanfaí é a laghdú ó 2 faoin gcéad an 18 Eanáir 2012.

Glacadh bearta spriocdhírithe eile de láimh chun dul i ngleic leis an mífheidhmiú i roinnt margaí bannaí sa limistéar euro nuair a chuaigh coinníollacha i léig i lár 2012. D'fhógair an Chomhairle Rialaithe an 2 Lúnasa go gceapfadh sí saoráid chun tabhairt faoi oibríochtaí glan

6 Na contrapháirtithe a mbainfidh leas as na hoibríochtaí seo, beidh an rogha acu tar éis bliana cuid den mhéid iomlán nó an méid iomlán a íoc lá ar bith a bheidh comhthráthach le lá socraithe na príomhoibríochta athmhaoinithe, agus is é an 30 Eanáir 2013 an chéad dáta den sórt sin.

amach margaidh oscailte sna margaí tánaisteacha do bhannaí ceannasacha. Leis na hoibríochtaí sin, dhíreofaí ar bhiseach riosca a ghabhann le himní maidir le hinaisathraitheacht an euro a laghdú, ar imní í a bhí ina bac ar oibriú éifeachtach beartas airgeadaíochta. An 6 Mean Fómhair 2012, d'fhoilsigh an BCE sonraí breise teicniúla maidir leis na hIdirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach sin (IAGA). An tráth ceanna, d'fhógair an BCE go gcuirfeadh sé deireadh le Clár na Margaí Urrús arna thabhairt isteach i mí Bealtaine 2010. Ina theannta sin, chuir sé deireadh lena Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP2) an 31 Deireadh Fómhair 2012 mar a bhí sceidealta agus ba lú na ceannacháin iomlána ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar laghdú ar sholáthar agus mar gheall ar mhéadú ar éileamh ar bhannaí faoi chumhdach thar shaolré an chláir.

Cé nár cuireadh i bhfeidhm go fóill Clár IAGA, comhaontaíodh na coinníollacha faoina n-oibreoidh sé agus ceapadh an coinníollacha sin chun a áirithiú nach mbainfí an bonn den smacht fioscach le tacaíocht IAGA. Na cinntí maidir le IAGA, chuir siad le feabhas suntasach ar dhálaí sna margaí airgeadais sa dara leath de 2012, rud a léiríodh leis na laghduithe ar thorthaí i roinnt de na margaí bannaí ceannasacha sa limistéar euro agus le heisiúint urrús athuair ag na bainc, ag cuideachtaí agus ag Stáit.

### Bosca 2 – Bearta Neamhchaighdeánacha Beartais Airgeadaíochta (2012)

Le linn na géarchéime airgeadais, de réir mar a ghéaraigh an ganntanas leachtachta sna hinstitiúidí airgeadais, thug an BCE agus bainc cheannais dhomhanda eile faoi bhearta neamhchaighdeánacha éagsúla chun go spreagfaí iasachtú don fhíorgheilleagar agus chun meicníocht tarchuir iomchuí beartas airgeadaíochta a athbhunú i margaí áirithe. Sa bhosca seo, déantar achoimre ar roinnt de na príomhbhearta neamhchaighdeánacha (arna bhfógairt an 8 Nollaig 2011) a thug an BCE isteach le linn 2012.

An **9 Feabhra**, d'fhormheas an Comhairle Rialaithe bearta trína bhféadfadh seacht cinn de na bainc cheannais náisiúnta, lena n-áirítear Banc Ceannais na hÉireann, glacadh go sealadach le héilimh bhreise ar chreidmheas mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais Tháinig sé seo chun cinn i ndiaidh chinneadh na Comhairle Rialaithe an 8 Nollaig 2011 chun infhaighteacht comhthaobhachta a mhéadú trína cheadú do BCNanna an Eurochórais, mar réiteach sealadach, glacadh le héilimh bhreise ar chreidmheas mar chomhthaobhacht.

An **20 Meitheamh**, chinn an Chomhairle Rialaithe ar bhearta breise chun rochtain na hearnála baincéireachta ar oibríochtaí Eurochórais a fheabhsú d'fhonn tacú le soláthar creidmheasa do theaghlaigh agus do chorparáidí neamhairgeadais. Laghdaigh an Chomhairle Rialaithe an tairseach rátála agus leasaigh sé na ceanglais incháilitheachta d'urrúis sócmhainn-bhunaithe áirithe (ABSanna). Leis seo, leathnaíodh raon na mbeart lena méadófaí an infhaighteacht comhthaobhachta a tugadh isteach an 8 Nollaig 2011 agus atá fós infheidhmithe.

Dá bhrí sin, mar aon leis na ABSanna atá incháilithe cheana féin lena n-úsáid mar chomhthaobhacht, measfaidh an tEurochóras anois gur comhthaobhacht incháilithe iad ABSanna áirithe a bhfuil rátálacha níos ísle ECAI[7] acu, lena n-áirítear uathiasacht, ABSanna léasaithe agus ABSanna maoinithe tomhaltais, ABSanna bunaithe ar mhorgáistí tráchtála (CMBS), urrúis bunaithe ar mhorgáistí cónaithe (RMBS), agus urrúis bunaithe ar iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na hurrúis sócmhainn-bhunaithe nua-incháilithe seo na ceanglais bhreise. Leis an gcreat um rialú riosca, cuirtear ciorruithe níos airde i bhfeidhm maidir leis na ABSanna nua-incháilithe, rud a fhéachann le cothromú riosca a áirithiú thar aicmí sócmhainní agus le próifíl riosca an Eurochórais a rialú.

An **2 Lúnasa**, d'fhógair an BCE go bhféadfadh an Chomhairle Rialaithe tabhairt faoi oibríochtaí margaidh glan amach laistigh dá sainordú chun cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun thar an meántéarma. An 6 Meán Fómhair, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe líon gnéithe teicniúla maidir le hidirbhearta glan amach de chuid an Eurochórais sna margaí tánaisteacha do bhannaí ceannasacha. Thabharfaí na hIdirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IAGAanna) orthu seo agus sheolfaí iad laistigh den chreat seo a leanas:

(i) Coinníollacht - Coinníoll riachtanach do IAGAanna is ea coinníollacht dhian, éifeachtach a ghabhfaidh leis an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais/an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF/ESM);

7 Sa mheasúnú ar chaighdeán creidmheasa sócmhainní incháilithe áirithe arna gcur i ngeall mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí airgeadaíochta, cuireann an tEurochóras i gcuntas faisnéis um measúnú creidmheasa de chuid Institiúidí Seachtracha um Measúnú Creidmheasa (ECAI). Ar na hInstitiúidí Seachtracha um Measúnú Creidmheasa a aithníonn an tEurochóras faoi láthair, áirítear DBRS, FitchRatings, Moodys agus Standard & Poors.

**Bosca 2 – Bearta Neamhchaighdeánacha Beartais Airgeadaíochta (2012)**

(ii) Cumhdach - déanfar IAGAanna a mheas amach anseo le haghaidh chláir EFSF/ESM um coigeartú maicreacnamaíoch nó le haghaidh clár réamhchúramach. Féadfar iad a mheas freisin i gcás Ballstát atá i gclár um choigeartú maicreacnamaíoch faoi láthair nuair a bheidh rochtain acu ar an margadh bannaí. Is ar an gcuid is giorra den chuar toraidh a bheidh na hidirbhearta dírithe, go háirithe ar bhannaí ceannasacha a mbeidh aibíocht idir aon bhliain amháin agus trí bliana acu.

(iii) Déileáil le creidiúnaithe - Tá sé i gceist ag an Eurochóras a shoiléiriú san ionstraim dlí a bhaineann le IAGAanna go nglacfaidh sé leis an déileáil chéanna le creidiúnaithe príobháideacha nó creidiúnaithe eile i dtaca le bannaí arna n-eisiúint ag tíortha sa limistéar euro agus arna gceannach ag an Eurochóras trí Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach, i gcomhréir le téarmaí na mbannaí sin;

(iv) Steiriliú - An leachtacht a chruthófar trí IAGAanna, déanfar í a steiriliú go hiomlán; agus

(v) Trédhearcacht - Déanfar gabháltais chomhiomlána IAGA mar aon lena luacha margaidh a fhoilsiú ar bhonn seachtainiúil.

I ndiaidh an chinnidh maidir le IAGAanna, cuireadh deireadh le Clár na Margaí Urrús (CMU). Leanfar den leachtacht arna cur ar fáil le CMU a ionsú mar a rinneadh roimhe seo agus déanfar na hurrúis reatha i bpunann CMU a choinneáil go dtí aibíocht.

An **6 Meán Fómhair**, leathnaigh an Chomhairle Rialaithe an creat comhthaobhachta chun go bhfolófar ionstraimí incháilithe fiachais inmhargaidh arna n-ainmniú in airgeadraí eile seachas an euro, eadhon dollar na SA, steirling agus yen na Seapáine, ar ionstraimí iad a eisítear agus a shealbhaítear sa limistéar euro. Tháinig an beart seo in éifeacht an 9 Samhain 2012, go dtí go dtabharfar fógra eile ina leith, agus déanann sé beart comhchosúil a bhí i bhfeidhm idir Deireadh Fómhair 2008 agus Nollaig 2010 a thabhairt isteach athuair. Déantar marcáil iomchuí anuas luachanna a chur i bhfeidhm maidir leis an gcomhthaobhacht.

An **6 Meán Fómhair**, rinne an Chomhairle Rialaithe feidhmiú an tairsigh íosta rátála creidmheasa d'ionstraimí fiachais inmhargaidh arna n-eisiúint nó arna ráthú ag an rialtas lárnach a chur ar fionraí, mar aon le héilimh chreidmheasa de chuid tíortha atá incháilithe le haghaidh IAGAanna nó atá i gclár AE-CAI, ar éilimh iad arna dtabhairt nó arna ráthú ag an rialtas lárnach agus a chomhlíonann leis an gcoinníollacht ghaolmhar arna measúnú ag an gComhairle Rialaithe.

An **12 Meán Fómhair,** chinn an Chomhairle Rialaithe, le comhaontú Bhanc Shasana, go bhfadófaí an socrú babhtála leachtachta le Banc Shasana go dtí an 30 Meán Fómhair 2013.

An **31 Deireadh Fómhair**, tháinig deireadh leis an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC2) i gcomhréir leis an sceideal. Cuireadh tús le bannaí faoi chumdach a cheannach i mí na Samhna 2011. B'ionann agus €40 billiún spriocmhéid ainmniúil iomlán na gceannachán agus measadh gur baineadh na ceannacháin sin amach go hiomlán faoin 31 Deireadh Fómhair 2012. Mar a fógraíodh ag an bpreasagallamh an 4 Aibreán 2012, tháinig moilliú ar luas na gceannachán ag an BCE de thoradh an éilimh mhéadaithe ó infheisteoirí ar bhannaí faoi chumhdach sa limistéar euro agus de thoradh an laghdaithe ar sholáthar bannaí faoi chumhdach. Dá réir sin, ceannaíodh méid ainmniúil arbh ionann agus €16.4 billiún ar an margadh príomha agus ar an margadh tánaisteach idir mí na Samhna 2011 agus mí Dheireadh Fómhair 2012.

An **6 Nollaig**, chinn an Chomhairle Rialaithe leanúint dá príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus dá hoibríochtaí tréimhse cothabhála mar nósanna imeachta tairisceana ar ráta socraithe lena ngabhann cionroinnt iomlán ar feadh cibé fad is gá agus ar a laghad go dtí an 9 Iúil 2013.

An **13 Nollaig**, d'fhógair an BCE go gcuirfí síneadh leis na socruithe reatha babhtála le bainc cheannais náisiúnta eile. D'fhógair Banc Cheanada, Banc Shasana, an Banc Ceannais Eorpach, an Cúlchiste Feidearálach sna Stáit Aontaithe agus Banc Ceannais na hEilvéise go gcuirfí síneadh leis na socruithe reatha babhtála leachtachta dhollar na Stát Aontaithe go dtí an 1 Feabhra 2014. Roimhe seo, údaraíodh na socruithe babhtála sin go dtí an 1 Feabhra 2013. Ina theannta sin, chuir na bainc cheannais sin síneadh anuas go dtí an 1 Feabhra 2014 leis na socruithe sealadacha déthaobhacha babhtála leachtachta lena bhféadfaí leachtacht a sholáthar i ngach dlínse in aon cheann dá gcuid airgeadraí, dá ndlífí amhlaidh sna himthosca, Roimhe seo, údaraíodh na socruithe déthaobhacha babhtála leachtachta sin go dtí an 1 Feabhra 2013.

Chinn an Chomhairle Rialaithe freisin, go dtí go dtabharfar fógra eile ina leith, go leanfar d'oibríochtaí rialta chun leachtacht a sholáthar i ndollar na SA, ar oibríochtaí iad a ngabhfadh aibíochtaí idir seachtain amháin agus trí mhí leo.

## Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Ar na hionstraimí beartas airgeadaíochta a d'úsáid an tEurochóras in 2012, áirítear oibríochtaí margaidh oscailte amhail príomhoibríochtaí athmhaoinithe (PA), oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha (LTRO) agus oibríochtaí mionchoigeartaithe, mar aon le saoráidí seasta agus ceanglais cúlchiste íosta. Bhí cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta á thiomáint ag iarrachtaí an Eurochórais chun dul i ngleic le teannas sna margaí airgeadais agus ag iarmhairt na meicníochta tarchurtha airgeadaíochta. Tháinig méadú mór ar éileamh an chórais baincéireachta ar leachtacht ón Eurochóras, go háirithe maidir leis an dá LTRO trí bliana lenar cionroinneadh méid cónasctha is mó ná €1,000 billiún ar c. 800 contrapháirtí. Tháinig méadú ar éileamh an chórais baincéireachta ar leachtacht ón Eurochóras ó €913 billiún an 31 Nollaig 2011 go dtí €1,133 billiún an 31 Nollaig 2012; tar éis dó buaicphointe a bhaint amach sa chéad leath den bhliain agus cobhsaíocht a bhaint amach sa dara leath den bhliain, agus tháinig laghdú beag air i dtreo dheireadh na bliana, rud a léirigh go raibh maolú ag teacht ar theannas sna margaí airgeadais.

Mar thoradh ar leanúint le beartas na cionroinnte iomláine ráta shocraithe agus mar thoradh ar lagú leanúnach na margaí airgeadais, tharla gur bhain contrapháirtithe an Eurochórais úsáid mhór as an tsaoráid taisce sa chéad leath de 2012. Ba é €828 billiún buaicphointe úsáid na saoráide taisce a sroicheadh i mí an Mhárta, fad gurbh ionann €675 billiún an mheániontaoibh laethúil sa chéad leath de 2012 arna laghdú go dtí €314 billiún sa dara leath. Tharla an laghdú ar úsáid na saoráide taisce sa dara leath den bhliain, mar thoradh ar chinneadh an Chomhairle Rialaithe chun príomhrátaí úis an BCE a laghdú faoi 25 bonnphointe i mí Iúil 2012, rud a laghdaigh ráta na saoráide taisce ó 0.25 faoin gcéad go dtí 0.0 faoin gcéad agus a bhain an dreasacht airgid a bhí ann do na bainc chun leachtacht iomarcach a chur sa tsaoráid taisce seachas í a fhágáil ina gcuid cuntas cúlchiste. Cé go mbaineann go leor banc úsáid go fóill as an tsaoráid taisce, cinneann líon suntasach díobh leachtacht iomarcach a fhágáil ina gcuid cuntas cúlchiste. Nuair a chuirfear le chéile iad (i.e. úsáid na saoráide taisce agus cúlchistí iomarcacha), b'ionann an meánbharrachas leachtachta agus €689 billiún in 2012 (€673 billiún sa chéad leath de 2012 agus €705 billiún sa dara leath).

Ina theannta sin, seolann an BCE oibríochtaí mionchoigeartaithe seachtainiúla chun leachtacht a ionsú (FTO). Leis na hoibríochtaí sin ionsaítear an leachtacht a sholáthraítear trí bhannaí a cheannach faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU). Amhail ag deireadh 2012, b'ionann agus €208.5 billiún an méid a bhí le hionsú sa FTO seo a bhaineann le CMU. Le linn na bliana, thit an Meáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA), agus bhí na leibhéil ní ba chóngaraí don tsaoráid taisce thar oíche ná ráta beartais an BCE, rud a léiríonn an laghdú ráta i mí Iúil agus an barrachas suntasach leachtachta sa chóras.

Tháinig laghdú ar líon na n-oibríochtaí a rinne an Banc thar ceann an Eurochórais ó 198 in 2011 go dtí 194 in 2012. Orthu sin, áiríodh 64 oibríocht i ndollar na Stát Aontaithe. B'ionann agus 40 líon na gcontrapháirtithe a bhí incháilithe páirt a ghlacadh in oibríochtaí ag deireadh 2012 (41 in 2011).

Tháinig laghdú ar iasachtaí Eurochórais i gcás banc arna ráthú ag Rialtas na hÉireann ó €67 billiún chuig €49 billiún, laghdú 27 faoin gcéad, agus i gcás institiúidí neamhchlúdaithe (ó €41 billiún go dtí €23 billiún). Sa laghdú seo, léiríodh na hiarrachtaí leanúnacha díghiarála, bailiú taiscí agus méaduithe ar fhoinsí eile maoinithe ó mhargaí mórdhíola.

### Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (CLE)

Chuir an Banc Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (CLE) ar fáil don chóras baincéireachta freisin. Ba é seo ceann de na bealaí inar fhreagair an Banc don ghéarchéim airgeadais, agus tá sé éagsúil leis na gnáthoibríochtaí maoinithe a dhéantar ar mhaithe le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta tríd an BCE. Leachtacht a chuirtear ar fáil d'institiúid chreidmheasa faoin CLE, déantar í a dheonú i gcoinne comhthaobhachta oiriúnaí i gcomhréir le critéir a shaineoidh an Banc. Mar is amhlaidh do na nósanna imeachta do chomhthaobhacht incháilithe BCE, cuirtear lascainí (ciorruithe) iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtabhóidh an Banc aon chaillteanas i gcás mainneachtana ar an gcúnamh iasachta. Fuair an Banc sólás foirmiúil ón Aire Airgeadais go ndéanfaí cúiteamh leis an mBanc i leith aon easnaimh ar leachtacht na comhthaobhachta. Ag deireadh mhí na Nollag 2012, b'ionann an CLE leathnaithe a bhí ag an mBanc agus €40 billiún, anuas ó €42 billiún in 2011. I mí Feabhra 2013, áfach, tháinig deireadh le hoibríochtaí CLE de chuid an Bhainc nuair a leachtaíodh IBRC (féach Bosca 3).

**Bosca 3 - Leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc agus malartú na Nótaí Gealltanais ar bhannaí inmhargaidh an Rialtais**

Sa bhosca seo, tugtar cur síos ar na hidirbhearta a rinne Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) tar éis don Aire Leachtaitheoirí Speisialta a cheapadh chuig Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC), lena n-áirítear bannaí rialtais lena ngabhann rátaí comhlúthacha fadtéarmacha a chur in ionad nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais chuig an dá heintiteas a cumascaíodh mar IBRC.

Leis an Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013, arna shíniú ina dhlí ag Uachtarán na hÉireann an 7 Feabhra 2013, foráiltear d'fhoirceannadh IBRC faoi chóras speisialta leachtaithe. Tar éis don Aire Leachtaitheoirí Speisialta a cheapadh chuig IBRC faoin Acht seo, fuair an Banc comhthaobhacht a bhí curtha ar fáil ag IBRC mar urrús i leith CLE arbh ionann agus €39.45 milliún agus a bhí comhdhéanta de nótaí gealltanais aireachta, de bhannaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní (GNBS) agus de shócmhainní eile. Mar urrús breise i leith an CLE, chruthaigh IBRC muirear comhlúthach ar a gcuid sócmhainní i bhfabhar an Bhainc agus thairbhigh cuid den CLE as ráthaíocht ón Aire Airgeadais freisin. Thairg an Rialtas go ndéanfaí na nótaí gealltanais aireachta (ar nótaí neamh-intrádála iad) a mhalartú ar phunann de bhannaí inmhargaidh Rialtas na hÉireann, malartú a bhí tairbhiúil i dtuairim an Bhainc agus ghlac sé leis dá bhrí sin. Na bannaí a fuair an Banc, is bannaí iad lena ngabhann rátaí comhlúthacha agus tréimhsí aibíochta éagsúla ó 2038 go dtí 2053. Ina theannta sin, trí aonán nua-bhunaithe sainchuspóireach, fuair an GNBS na hiasachtaí CLE arna n-urrú leis an muirear comhlúthach ar shócmhainní IBRC agus leis an ráthaíocht aireachta (mar aon leis an urrús i leith na n-iasachtaí sin) ón mBanc agus d'eisigh sé bannaí GNBS arna ráthú ag an Rialtas chuig an mBanc. Thairis sin, nuair a foirceannadh comhaontú athcheannaigh margaidh IBRC maidir leis an mbanna Éireannach 2025 ar 5.4%, fuair an Banc an banna seo.

Na bannaí a fuair an Banc de thoradh na n-idirbheart thuasluaite, cuireadh i bpunann trádála an Bhainc iad agus díolfar iad a luaithe is féidir, ar choinníoll go bhféadfar déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Nuair a ceapadh na Leachtaitheoirí Speisialta chuig IBRC, fuair an Banc, thar ceann an Eurochórais, an chomhthaobhacht a bhí curtha ar fáil ag IBRC chun iasachtaí caighdeánacha ón Eurochóras a urrú.

## Torthaí na hÉireann ó Shuirbhé Iasachtaithe Bainc 2012 don Limistéar Euro

Gach ráithe, seolann na BCNanna an Suirbhé Iasachtaithe Bainc don Limistéar Euro chun sonraí cáilíochtúla a bhailiú maidir le hathruithe ar dhálaí an mhargaidh creidmheasa ar fud an limistéir euro.

Cé is moite den chéad ráithe de 2012, nuair a tuairscíodh géarú ar na caighdeáin chreidmheasa in Éirinn, níor tháinig athrú ar bith ar chaighdeáin chreidmheasa i leith iasachtaí chuig fiontair le linn 2012. Idir an ceathrú ráithe de 2011 agus an tríú ráithe de 2012, lean an géarú ar chaighdeáin chreidmheasa i leith iasachtaí chuig teaghlaigh chun tithe a cheannach. Níor tháinig athrú ar bith ar chaighdeáin chreidmheasa i ndáil le creidmheas do thomhaltóirí nó le hiasachtú eile do theaghlaigh anuas go dtí an tríú ráithe de 2012 nuair a tuairiscíodh géarú beag ar chaighdeáin chreidmheasa. Tháinig athrú ar an éileamh ó fhiontair agus ó theaghlaigh ar iasachtaí le linn 2012. Cé gur tháinig laghdú ar an éileamh ar iasachtaí ón dá haicme le linn na chéad ráithe de 2012, tuairiscíodh méadú ar an éileamh ó fhiontair agus ó theaghlaigh ar iasachtaí chun tithe a cheannach le linn an tríú ráithe. Níor tháinig athrú ar bith ar éileamh ar chreidmheas do thomhaltóirí ná ar iasachtú eile le linn 2012.

Cé gur tháinig meathlú ar an rochtain ar mhargaí maoinithe mhiondíola agus mhórdhíola idir an ceathrú ráithe de 2011 agus an dara ráithe de 2012, tháinig feabhas ar rochtain ar thaiscí miondíola le linn an tríú ráithe de 2012 agus níor tháinig aon athrú, a bheag nó a mhór ar an rochtain ar mhaoiniú mórdhíola. Feictear pictiúr comhchosúil i dtéarmaí iarmhairt na géarchéime fiachais cheannasaigh ar choinníollacha maoinithe na mbanc. Le linn 2012, tuairiscíodh nach raibh aon iarmhairt dhíreach ag an ngéarchéim fiachais cheannasaigh ar chaighdeáin chreidmheasa na mbanc.

Sa SIB, rinneadh scrúdú ar na nithe seo a leanas: (i) iarmhairt agus iarmhairt ionchasach ceanglas rialála, lena n-áirítear Basel III, ar shócmhainní atá ualaithe de réir riosca agus ar staid chaipitil na mbanc, agus (ii) iarmhairt agus iarmhairt ionchasach Basel III agus ceanglas rialála eile ar chaighdeáin chreidmheasa na mbanc. Tuairiscíodh laghdú ar shócmhainní atá ualaithe de réir riosca agus ar staid chaipitil na mbanc don chéad leath de 2012. Chomh maith leis sin, tuairiscíodh géarú ar chaighdeáin chreidmheasa sa chéad leath de 2012 i leith fiontar beag agus meánmhéide mar aon le hiasachtaí do theaghlaigh chun tithe a cheannach mar thoradh ar cheanglais nua rialála lena n-áirítear Basel III.

# Maoirseacht ar Institiúidí Airgeadais

## Cur chuige Riosca-Bhunaithe an Bhainc i leith na Maoirseachta - PRISM

Tá cur chuige riosca-bhunaithe glactha ag an mBanc i leith na maoirseachta, ar cur chuige é a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca faoi. Is córas maoirseachta dúshlánach, comhréireach riosca-bhunaithe é an Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair (PRISM) a úsáidtear do na hinstitiúidí airgeadais go léir atá ag feidhmiú in Éirinn. Bhí feidhm aige ar dtús maidir leis na bainc agus na hárachóirí in 2011 agus in 2012 leathnaíodh PRISM chuig gnólachtaí infheistíochta agus comhair chreidmheasa. Ar a phríomhchuspóirí, áirítear modh comhleanúnach a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ar fud na ngnólachtaí go léir atá faoi mhaoirseacht; cionroinnt acmhainní a éascú bunaithe ar an tionchar a bheadh ag teip gnólachta agus modh córasach a bheith ann chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí i ngnólachtaí. Le PRISM, éascófar measúnuithe mionsonraithe dóchúlachta riosca, forálfar do leibhéal áirithe rannpháirtíochta do ghnólachtaí de chineálacha éagsúla iarmharta agus cuirfear treoir agus modh ar fáil do mhaoirseoirí chun a gcuid gníomhaíochtaí agus breithiúnas maidir le gnólachtaí indibhidiúla a dhoiciméadú agus chun clár um maolú riosca a fhorbairt chun rioscaí neamh-inghlactha a laghdú chuig leibhéal inghlactha.

Faoi PRISM, cuirfear an leibhéal is airde maoirseachta i bhfeidhm maidir leis na gnólachtaí is suntasaí - is é sin le rá, na gnólachtaí sin a mbeadh an tionchar ionchasach contrártha is mó acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an tomhaltóir. Os a choinne sin, déanfar maoirseacht fhrithghníomhach ar na gnólachtaí is lú tionchar nó déanfar maoirseacht orthu trí mheasúnuithe téamacha. Glacfaidh an Banc gníomh forfheidhmiúcháin i leith gnólachtaí sna haicmí tionchair go léir a ndéanann a ngníomhartha difear do chomhlíonadh cuspóirí reachtúla lena n-áirítear cobhsaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí.

## Leibhéal an Idirchaidrimh le Gnólachtaí

Déanfar gach gnólacht a shannadh do cheann de cheithre aicme tionchair; tionchar ard[8], tionchar meánach-ard, tionchar meánach-íseal agus tionchar íseal. Tá íosleibhéal idirchaidrimh sainithe do gach aicme, agus féadfar achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

| Gnólachtaí a bhfuil Tionchar Ard acu | Gnólachtaí a bhfuil Tionchar Meánach-Íseal acu |
|---|---|
| • Anailís ar mhúnla gnó<br>• Athbhreithnithe Rialachais<br>• Athbhreithnithe Riosca Airgeadais<br>• Cruinnithe rialta le hoifigigh agus stiúrthóirí ó ghnólachtaí ríthábhachtacha<br>• Anailís ar thuairisceáin rialta<br>• Painéal bliantúil um rialachas riosca | • Measúnú riosca achomair<br>• Cruinnithe rialta le hoifigigh ó ghnólachtaí ríthábhachtacha<br>• Anailís ar thuairisceáin rialta leathuathoibrithe<br>• Daoine oilte a imlonnaítear chun déileáil le gnólachtaí a mbaineann fadhbanna leo |
| **Gnólachtaí a bhfuil Tionchar Meánach-Íseal acu** | **Gnólachtaí a bhfuil Tionchar Íseal acu** |
| • Measúnú iomlán riosca lena n-ionchorpraítear anailís ar mhúnla gnó, rialachas agus airgeadas<br>• Cruinnithe rialta le hoifigigh agus stiúrthóirí ó ghnólachtaí ríthábhachtacha<br>• Anailís ar thuairisceán rialála<br>• Painéil um rialachas riosca | • Maoirseacht fhrithghníomhach<br>• Foirne dírithe ar earnáil oilte<br>• Fonn mór feidhmiúcháin d'fhonn drochiompar a fhrithspreagadh<br>• Obair théamach rialta a bheidh dírithe ar an tomhaltóir (mar a dhéantar le haicmí tionchair eile) |

8 Cuimsítear rí-ard anseo i ndáil le cúraimí idirchaidrimh. Faoi PRISM, is ionann na híoscheanglais idirchaidrimh do ghnólachtaí a bhfuil tionchar ard agus tionchar rí-ard acu.

### Príomhchúraimí Idirchaidrimh

| | |
|---|---|
| Anailís ar mhúnla gnó | Féachann maoirseoirí le tuiscint a shealbhú ar an gcaoi ina rialaíonn agus ina mbainistíonn an gnólacht é féin agus ar an gcaoi ina monaraíonn sé a chuid táirgí agus ina soláthraíonn sé na táirgí sin don mhargadh ar bhonn brabúis, fad a íoslaghdófar an riosca go dteipfidh ar ghnó. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag gnólacht ar an gcaoi ina dtuilleann sé airgead agus na rioscaí a ghlacann sé chun déanamh amhlaidh. |
| Rialachas | Féachann maoirseoirí le tuiscint a shealbhú ar an gcaoi ina rialaítear an gnólacht. Feidhmíonn rialachas corparáideach maith mar mheicníocht rialaithe lena spreagtar muinín i bpáirtithe leasmhara go bhfuil an institiúid á bainistiú ar mhodh fónta, stuamachta. Breathnaíonn maoirseoirí ar an struchtúr rialachais, ar cháilíocht na foirne agus ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn na struchtúir iarbhír. |
| Athbhreithnithe Riosca Airgeadais | Baineann rioscaí móra le gach gnólacht le linn dó a ghnó a sheoladh. Bíonn rioscaí éagsúla i gceist sna hearnálacha éagsúla e.g. bíonn ríosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta etc. ag bagairt mar phríomhrioscaí ar na bainc fad a bhíonn ríosca frithgheallta, riosca cúlchiste, riosca athárachais etc. ag bagairt ar chuideachtaí árachais. Déantar athbhreithniú ar na rioscaí seo chun a chinntiú nach bhfuil rioscaí iomarcacha á nglacadh ag an ngnólacht, go dtuigtear na rioscaí seo agus go bhfuil beartais agus córais iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí a bhainistiú agus a rialú. |
| Tástálacha Struis | Fadhbanna folaigh a bhaineann le cineál gnó an ghnólachta, féadfaidh siad a bheith i bhfolach ag dálaí neamhurchóideacha margaidh, agus ní thiocfaidh na fadhbanna sin chun solais ach le linn coir chun donais. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuiscint ag gnóthaí ar na hathruithe a dhéanfadh díchobhsú ar a ngnó. Ní mór do mhaoirseoirí a bheith sásta go bhfuil úsáid iomchuí á baint ag gnóthaí as tástálacha réadúla struis agus go mbeidh rioscaí neamh-inghlactha ar leag na tástálacha struis béim orthu á n-íoslaghdú ag boird. |
| Athbhreithniú ar Mheasúnú Leordhóthanachta Caipitil de chuid Gnóthaí (PAMM/ ORSA)[9] | Tá oibleagáid ar ghnólachtaí rialáilte leibhéil leordhóthanacha caiptil a choimeád chun tacú lena gcuid gníomhaíochtaí. Tabharfaidh maoirseoirí faoi athbhreithnithe chun a áirithiú go mbeidh an méid caipitil, mar a chinneann an gnólacht é, leordhóthanach, ag féachaint d'fhionnachtana ó chúraimí eile a glacadh de láimh. |
| Measúnú Iomlán Riosca | Tar éis do na maoiseoirí athbhreithniú ón deasca a dhéanamh ar fhaisnéis a iarradh ar ghnólacht chun tuiscint níos fearr a fháil ar phríomh-shaincheisteanna, tionólfaidh siad sraith cruinnithe le comhaltaí foirne tábhachtacha ag leibhéil éagsúla i ngnólacht chun léargas a fháil ar rialachas, straitéis agus ar na príomhrioscaí airgeadais. Ina theannta sin, tabharfaidh siad faoi ghrinn-imscrúdú ar phríomhghnéithe gnólachta atá ina n-údar imní. I gcás inar iomchuí, cuimseoidh na measúnuithe iomlána riosca sin na hatbhreithnithe PAMM/MRFS thuasluaite. |
| Painéil um Rialachas Riosca | Leis na Painéil Rialachais Riosca, tugtar saineolaithe teicniúla, speisialtóirí riosca agus foireann shinsearach le chéile chun dúshlán a thabhairt d'fhoirne maoirseachta maidir le rioscaí atá sonrach do ghnóthas agus maidir lena gcuid breithiúnas i leith na rioscaí sin. |
| Cruinnithe rialta leis na daoine seo a leanas:<br>• An Cathaoirleach<br>• Stiúrthóirí Neamh-fheidhmiúcháin<br>• Príomhoifigeach Oibríochtaí<br>• Príomhoifigeach Airgeadais<br>• Príomhoifigeach Riosca<br>• Oifigeach Riosca Creidmheasa<br>• Iniúchóirí Seachtracha | Is cuid ríthábhachtach den chlár iad na cruinnithe sin agus tionóltar iad go minic an tráth céanna le cúraimí idirchaidrimh eile. Ag na cruinnithe sin, clúdaítear ábhair amhail treo straitéiseach an ghnólachta, buanna agus leochaileachtaí, saincheisteanna rialachais agus próifíl riosca. Ina theannta sin, tugann na cruinnithe sin léargas do mhaoirseoirí ar oiriúnacht agus inniúlacht cheannaireacht gnólachta. I gcás an inniúchóra sheachtraigh, tugtar an deis dó/di faisnéis a roinnt maidir le hábhair imní. |

An rannpháirtíocht a bhíonn ag teastáil i ngach aicme tionchair, foroinntear ina cúraimí í lena mbainfidh leibhéil éagsúla minicíochta agus déine. Bíonn gníomhaíochtaí maoirseachta éagsúla i gceist leis na gnólachtaí i ngach aicme tionchair.

## Obair Théamach

Tugann an Banc faoi obair maidir le hiompar tomhaltóirí agus faoi obair théamach atá dírithe ar stuamacht sna gnólachtaí ar fud na n-aicmí iarmharta go léir. Baintear úsáid as obair théamach chun a chinneadh an bhfuil na caighdeáin fhoriomlána i dtionscal ag an leibhéal nó gar don leibhéal a mbeifí ag súil leis nó an bhfuil saincheist ann a bhaineann leis an tionscal i gcoitinne agus ar ina leith is gá athruithe beartais, áitiú forleathan morálta nó gníomh forfheidhmiúcháin láidir chun an t-athrú iomchuí a bhaint amach.

Faoi PRISM, leanfaidh an Banc d'úsáid a bhaint as cuairteanna téamacha mar phríomhuirlis chun tuiscint a shealbhú ar an riosca d'iompar tomhaltóirí.

9 An Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta (bainc agus cistí infheistíochta) agus Measúnú ar Riosca Féin agus ar Shócmhainneacht (árachóirí)

### Tábla 1 - Próiseas Idirchaidrimh 2012 maidir le Maoirseacht Stuamachta

| Idirchaidreamh PRISM | Baincéireacht | Árachas | Gnólachtaí Infheistíochta & Soláthraithe Seirbhíse Ciste | Institiúidí Íocaíochta | Comhair Chreidmheasa |
|---|---|---|---|---|---|
| Measúnú Iomlán Riosca (PAMM) | 10 | 30 | 6[10] | 1[11] | 14 |
| Painéil um Rialachas Riosca | 7 | 38 | 9 | | 12 |
| Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 52 | 141 | 43 | 1 | |
| Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Airgeadais | 41 | 96 | 21 | 1 | |
| Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Riosca | 44 | 97 | 23 | | |
| Cruinnithe leis an gCathaoirleach | 25 | 75 | 11 | | |
| Cruinnithe le Stiúrthóirí Sinsearacha Neamhfheidhmiúcháin | 28 | 180 | | | |
| Cruinnithe le hIniúchóir Inmheánach | 22 | 26 | 7 | 1 | |
| Cruinnithe le hIniúchóir Seachtrach | 17 | 80 | 7 | | |
| Freastal ar Chruinnithe Boird | 16 | | | | |
| Freastal ar Choistí Boird | 34 | | 1 | | |
| Cruinnithe le hArdbhainistíocht eile | 84 | | 7 | | |
| Cruinnithe le hAchtúire | | 68 | | | |
| Cruinnithe Eile ar an Láthair | 43 | | | | |
| Cruinnithe le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin atá Neamhspleách ar an mBord (SNNB) | 20 | | 13 | | |
| Cruinnithe le Grúpa Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin | 10 | | | | |
| Cruinnithe le hOifigigh um Chomhlíonadh | 8 | 10 | | | |
| Athbhreithnithe eile - neamh-PRISM | 4 | | | | 49 |
| Athbhreithniú Riosca Airgeadais (ARR) | 20 | 45 | | | |
| Eile (lena n-eisiatar cruinnithe ARR | 102 | | | | |
| Athbhreithnithe/Cigireachtaí | | | 2 | 5 | |
| Cruinnithe le Coiste Maoirseachta | | | 2 | | |
| Athbhreithniú Téamach | | 2 | 2 | | |
| Cruinnithe Foirne Údarúcháin | | | 25 | | |
| Cruinnithe Eile (nach cuid den tsamhail idirchaidrimh iad) | | | 87 | | 101 |
| Idirchaidreamh 1-lá | | | | | 70[12] |
| **IOMLÁN** | **587** | **888** | **266** | **9** | **246** |

10 Ag deireadh na bliana, bhí 3 chúram idirchaidrimh curtha chuig PRR ach ní raibh siad críochnaithe toisc nár cuireadh an litir deiridh chuig an ngnólacht.

11 Cuireadh tús le MRI in 2012 agus críochnófar in 2013 é.

12 Idirchaidreamh 1-lá le comhar creidmheasa, áirítear ann cruinnithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an gCathaoirleach, le Stiúrthóirí Boird agus le hIniúchóirí Seachtracha.

| IDIRCHAIDREAMH RÉAMH-PRISM | Mí Eanáir go dtí mí an Mheithimh 2012 |
|---|---|
| Cigireachtaí | |
| • Gnólachtaí Infheistíochta (lena n-áirítear Stoicbhróicéirí) | 34 |
| • Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 6 |
| • Institiúidí Íocaíochta | 1 |
| • CSAMS[13] | 28 |
| • Gníomhaíocht Neamhúdaraithe[14] | 15 |
| Cruinnithe Athbhreithnithe | |
| • Gnólachtaí Infheistíochta | 6 |
| • Stocmhalartán na hÉireann | 8 |
| • Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 2 |
| • Institiúidí Íocaíochta | 2 |
| Cruinnithe Eile | |
| • Gnólachtaí Infheistíochta | 52 |
| • Stocmhalartán na hÉireann | 1 |
| • Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 45 |
| • Institiúidí Íocaíochta | 2 |

## Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Na príomhghníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le comhair chreidmheasa clúdaítear iad faoin mír thuas ar Chlár Cúnaimh Airgeadais AE-CAI d'Éirinn. I dteannta leis an obair sin, rinne an Banc an méid seo a leanas freisin:

- **Anailís ar Mhúnla Gnó**

  Treochtaí tábhachtacha a dhéanann difear do mhúnlaí gnó agus do straitéisí banc, cuirtear in iúl go rialta iad, fad a forbraíodh uirlisí chun treochtaí tionscail agus bagairtí do mhúnlaí gnó/straitéisí institiúidí creidmheasa maoirseachta a shainaithint ar bhealach níos fearr.

- **Measúnuithe Riosca/CMRanna/Coláistí Maoirseachta**

  Faoi PRISM, glacann an Banc páirt i gcláir thimthriallacha maoirseachta do na bainc, agus bíonn minicíocht na gcúraimí idirchaidrimh bunaithe ar scála agus ar aicmiú iarmharta foriomláin na hinstitiúide. Le linn 2012, chuir an Banc 10 Measúnú Riosca Iomlán (MRI) i gcrích i leith institiúidí a aicmítear faoi PRISM mar institiúidí a bhfuil tionchar ard acu. Ina theannta sin, tionóladh Painéil Rialachais Riosca (PRR) do 7 institiúid chreidmheasa in 2012. Is é toradh na measúnuithe riosca agus na PRRanna, ceapadh Clár um Maolú Riosca (CMRanna) ina leagtar amach an obair a bheidh le déanamh ag institiúidí chun laigí aitheanta a réiteach. Na hinstitiúidí nach raibh faoi réir MRI, bhí siad faoi réir maoirseachta i gcomhréir leis an gcur chuige riosca-bhunaithe maidir le maoirseacht.

Mar chuid den mhaoirseacht chomhdhlúite ar ghrúpaí baincéireachta a bhfuil oibríochtaí acu i ndlínsí iolracha, glacann an Banc páirt i gColáistí Maoirseachta, i.e. fóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha chun faisnéis maoirseachta a roinnt, chun maoirseacht a chomhordú agus, a mhéid is féidir, chun obair mhaoirseachta chomhpháirteach a ghlacadh de láimh. Tá an Banc ina chomhalta de 15 Coláiste Maoirseachta agus in 2012 ghlac sé páirt i 20 Coláiste Maoirseachta lena n-áirítear óstáil a dhéanamh ar dhá chruinniú de Choláistí Maoirseachta i ndáil le grúpaí baincéireachta Éireannacha. Laistigh den AE, ceanglaítear ar Choláistí Cinntí maidir le Measúnuithe Riosca Comhpháirteacha (CMRC) maidir le leordhóthanacht chaipitil do ghrúpaí baincéireachta agus, sa cháil sin, bhí baint ag an mBanc le 9 CMRC[15].

Tionóladh na coláistí do AIB agus do Bhanc na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2012, agus shínigh na rialtóirí ábhartha go léir na CMRCanna. Tionóladh na coláistí i gcomhréir leis na treoirlínte ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le

13 Idirchaidreamh neamh-PRISM don bhliain iomlán.

14 Idirchaidreamh neamh-PRISM don bhliain iomlán.

15 Ní mór a chur i gcuntas gur comhalta é an Banc de choláistí éagsúla neamh-AE nach gceanglaítear orthu Cinneadh maidir le Measúnú Riosca Comhpháirteach a bheith acu. Ina theannta sin, níl an próiseas maidir le CMRC a chomhaontú curtha i gcrích go fóill ag roinnt Coláistí Maoirseachta.

coláistí maoirseachta agus fuarthas ionchur ó Údarás Seirbhísí Airgeadais (Ríocht Aontaithe), ó Choimisiún Seirbhísí Airgeadais (Oileán Mhanann), ó Jersey Financial Services Commission, ó Bhanc Chúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac (na Stáit Aontaithe) agus ón Connecticut Department of Banking (na Stáit Aontaithe).

## Maoirseacht ar Eintitis Árachais

I dteannta le cur chun feidhme PRISM, cuimsítear na nithe seo a leanas i bpríomhghnéithe phlean idirchaidrimh 2012 an Bhainc le haghaidh gnóthas (ath)árachais:

» Obair ullmhúcháin leanúnach do chur chun feidhme Threoir Shócmhainneacht II; agus

» Béim a leagan ar chreat rialachais do ghnóthais (ath)árachais i bhfoirm na gCód Rialachais Chorparáidigh do Ghnóthais (ath) árachais agus do Ghnóthais faoi chuing - (na Cóid) - agus ar Chóras Oiriúnachta agus Ionracais nua.

Cé go raibh gnóthais (ath)árachais agus an Banc in ann roinnt modhnuithe a dhéanamh ar a gcuid pleananna cur chun feidhme mar thoradh ar an moill a bhí ar chur chun feidhme Shócmhainneacht II ar leibhéal AE, beidh Sócmhainneacht II ina príomhghné de phlean idirchaidrimh an Bhainc do 2013.

### Maoirseacht Leanúnach

Le linn 2012, rinne an Banc ocht gcinn d'athbhreithnithe anailíse ar mhúnlaí gnó san earnáil árachais. Le hathbhreithniú anailíse ar mhúnla gnó, déantar measúnú ar inmharthanacht bhuntosca an ghnó agus a struchtúir. Seoladh 45 athbhreithniú riosca airgeadais i gcomhréir le ceanglais agus minicíocht PRISM. Leis na hathbhreithnithe sin, cumasaíodh do na foirne maoirseachta faisnéis leordhóthanach a fháil agus tuiscint a shealbhú ar na rioscaí agus bearta iomchuí um maolú riosca a chur i bhfeidhm.

Tar éis do na Painéil Rialachais Riosca measúnuithe a dhéanamh, eisíodh Pleananna um Maolú Riosca chuig roinnt gnólachtaí árachais. Le linn 2012, tionóladh Painéal amháin ar a laghad i leith gach ceann de na gnóthais Ardtionchair. Ina theannta sin, tionóladh 38 Painéal Rialachais Riosca i leith Gnóthas a aicmítear mar ghnóthas a bhfuil rátáil tionchair níos ísle ná Tionchar Ard acu.

I bhfianaise forbairtí margaidh, chuir an Banc dhá athbhreithniú théamacha i gcrích san earnáil seo le linn 2012. Bhain an chéad athbhreithniú téamach le húsáid iasachta stoic ag gnóthais Ardtionchair agus ag gnóthais Tionchair Mheánaigh-Aird. Leis an athbhreithniú téamach ar iasacht stoic, díríodh ar rialuithe inmheánacha i ndáil le hiasacht stoic, lena n-áirítear leordhóthanacht beartas agus nósanna imeachta infheistíochta, éifeachtacht socruithe seachfhoinsithe, paraiméadair chainníochtúla agus cáilíocht na faisnéise a fuarthas, agus struchtúr rialachais chun bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht iasachta stoic ar bhealach a bheadh iomchuí do chláir chomhardaithe na ngnóthas. Ghlac an Banc bearta iomchuí, lena n-áirítear gníomhartha forfheidmiúcháin, i gcás inar measadh gurbh iomchuí déanamh amhlaidh.

Bhain an dara hathbhreithniú le stóinseacht chórais íocaíochta agus socraíochta gnóthas (ath)árachais Ardtionchair ó thaobh leanúnachais gnó. Rinneadh an t-athbhreithniú seo i ndiaidh chliseadh na gcóras íocaíochta agus socraíochta i mBanc Uladh. Mar chuid den athbhreithniú, fuair an Banc deimhnithe ó ghnóthais Ardtionchair go raibh pleananna teagmhasacha leordhóthanacha i bhfeidhm acu i ndáil le haon teipeanna ionchasacha córas.

### An Ciste Cúitimh Árachais

In 2011, rinneadh an tAcht Árachais 1964 (faoinar bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais) a leasú chun íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí a éascú i ndáil le rioscaí sa Stát i gcás ina rachadh árachóir neamhshaoil Éireannach nó árachóir neamhshaoil eile a mbeidh údarú aige ón AE faoi leachtú nó i gcás ina gcuirfear an t-árachóir sin faoi riarachán. Is é ról an Bhainc faoin reachtaíocht measúnú bliantúil a dhéanamh ar sheasamh airgeadais an Chiste agus ranníocaíocht iomchuí a bheidh le híoc ag gnóthais árachais neamh-shaoil leis an gCiste a chinneadh.

I mí na Samhna 2011, thug an Banc fógra d'árachóirí go mbeadh sé de cheangal orthu ranníocaíocht arbh ionann í agus 2 faoin gcéad den Ollphréimh Scríofa a íoc leis an gCiste ón 1 Eanáir 2012. Sa cheathrú ráithe de 2012, rinne an Banc a mheasúnú bliantúil ar an gCiste agus chinn sé go gcoinneofaí an ranníocaíocht leis an gCiste ag 2 faoin gcéad.

### Idirchaidreamh idir Rialtóirí

Bíonn ról lárnach ag an gcomhoibriú déthaobhach agus iltaobhach maoirseachta le rialtóirí eile i dtaca le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar ghnóthais árachais rialáilte agus i dtaca leis an gcobhsaíocht airgeadais Eorpach

agus dhomhanda. Shínigh an Banc meabhrán tuisceana (MT) le hOifig Mhaoirseoir na nInstitiúidí Airgeadais i gCeanada (Office of the Superintendent of Financial Institutions) agus le hÚdarás Airgeadaíochta Shingeapór (Monetary Authority of Singapore) in 2012. Ina theannta sin, shínigh an Banc roinnt meabhrán tuisceana sonrach lenar ghabh téarmaí críochta le hÚdarás Airgeadaíochta Bheirmiúda (Bermuda Monetary Authority).

### Sócmhainneacht II

Ba é próiseas réamhfheidhmithe na Samhla Inmheánaí agus an cleachtadh um Measúnú Tionchair ar Ráthaíocht Fhadtéarmach, príomhfhócas an Bhainc le linn 2012 i ndáil le cur chun feidhme Shócmhainneacht II. Cleachtadh thar a bheith substainteach is ea próiseas réamhfheidhmithe na Samhla Inmheánaí, agus táthar ag ceapadh go mbeidh Éire freagrach as faomhadh an dara líon is mó de na samhlacha inmheánacha sa LEE, leis an líon is mó á fhaomhadh ag an Ríocht Aontaithe.

Ó 2010 i leith, tá an Banc ag obair i gcomhar le cuideachtaí árachais a bhfuil samhlacha inmheánacha acu chun comhthuiscint a spreagadh agus chun a áirithiú go bhfreastalóidh na samhlacha ar na dianchritéir maidir le formheas arna bhforchur ag Sócmhainneacht II. Ina theannta sin, d'oibrigh an Banc le hÚdaráis Mhaoirseachta Náisiúnta eile chun caighdeáin theicniúla iomchuí a fhorbairt.

Le linn 2012, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an athbhreithniú ar shamhlacha laistigh den phróiseas sa mhéid gur seoladh roinnt cruinnithe den Choiste Cinnteoireachta ag an am céanna agus glacadh cinntí foirmiúla maidir le hoiriúnacht ghnéithe áirithe de na samhlacha. Tá na Coistí Cinnteoireachta seo mar chuid de rialachas an phróisis lena n-áirithítear gurb iad comhaltaí foirne nach bhfuil baint acu leis an imscrúdú mionsonraithe a ghlacfaidh na cinntí deiridh. De thoradh éiginnteachtaí leanúnacha a bhaineann le saincheisteanna calabrúcháin i ndáil le ráthaíochtaí fadtéarmacha agus le huainiú measúnaithe tionchair chainníochtúil deiridh, ní chuirfear Sócmhainneacht II chun feidhme roimh an sprioc de 1 Eanáir 2014.

### Tástálacha Struis

Le linn dó maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar ghnóthais in 2012, ba phríomhfhócas don Bhanc iad na straitéisí arna nglacadh de láimh ag gnóthais (ath)árachais chun a ngnó a bhainistiú sa timpeallacht eacnamaíoch sheactrach reatha agus sa timpeallacht reatha rátaí ísle. Le linn 2012, rinne an Banc tástálacha struis i ndáil le neamhchosaintí ceannasacha agus baincéireachta a bhaineann le tionscail árachais na hÉireann. Iarradh ar 77 árachóir agus athárachóir intíre tuairisc a thabhairt don Bhanc maidir lena gcuid neamhchosaintí ceannasacha agus baincéireachta. Ba í aidhm an tsuirbhé go gclúdófaí os cionn 90 faoin gcéad de na sócmhainní iomlána atá faoi bhainistiú in earnáil árachais na hÉireann agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí ar neamhchosaintí infheistíochta gnóthas ó rinneadh an suirbhé deireanach. Ba í an phríomhfhionnachtain ón suirbhé go bhfuil straitéisí atá drogallach roimh rioscaí á leanúint ag árachóirí agus go bhfuil a neamhchosaintí sna geilleagair anásta á laghdú acu.

### Blianachtaí Athraitheacha

Ghlac an Banc páirt i Sainghrúpa ÚEÁPC a bunaíodh in 2011 agus a bhfuil mar aidhm aige dea-chleachtais a bhunú do ghnóthais árachais maidir le blianachtaí athraitheacha a nochtadh agus a dhíol. D'eisigh an Grúpa a thuarascáil deiridh mí Aibreáin 2012. Lean an Banc den dlúthchaidreamh le gnóthais árachais a sheolann gnó na mblianachtaí athraitheacha le linn 2012 go mórmhór trí chruinnithe ráithiúla maidir le brabúis agus caillteanais fhálaithe. Ina theannta sin, rinne an Banc cur i láthair ag seimineár Maoirseachta EIOPA/VA i Meán Fómhair 2012.

### Comhairliúchán/Treoir & Obair Eile

I mí Dheireadh Fómhair 2012, reáchtáil an Banc an dara cruinniú faisnéise le haghaidh Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin na gcuideachtaí árachais/athárachais. Dhírigh an cruinniú faisnéise ar ról na Bainistíochta ar Riosca Fiontair (BRF) i ngnóthais (ath)árachais agus ar rannchuidiú Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin le BRF i ngnóthais (ath) árachais. Rinne an Banc nuashonrú ar roinnt ceanglas dá chuid i ndáil le gnóthais árachais le linn 2012. Ní mheastar gur gá athruithe ábhartha a dhéanamh ar chórais reatha nó ar chleachtais gnó de thoradh na n-athruithe a rinneadh.

## Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

### Maoirseacht Leanúnach ar Chomhair Chreidmheasa - Sainaithint & Maolú Rioscaí

B'éigean d'earnáil na gcomhar creidmheasa dul i ngleic le dúshláin shuntasacha in 2012, rud a léirítear sna laghduithe sna leabhair iasachtaí, sna leibhéil arda riaráistí ar iasachtaí agus i spleáchas atá ag dul i méid ar ioncam infheistíochta. Bhí an Banc ag díriú i gcónaí ar chúlchistí agus ar sholáthairtí san earnáil a fhorbairt trí idirghabhálacha éagsúla rialála amhail íocaíochtaí

díbhinní a choinneáil siar sa bhliain 2012 agus srian a chur ar ghnó comhar creidmheasa leithleach.

Sula raibh ar chomhair chreidmheasa a gcuid ceanglas maidir le tuairisciú airgeadais ag deireadh na bliana in 2012 a chomhlíonadh, d'eisigh an Banc ciorclán do na comhair chreidmheasa go léir lenar cuireadh i gcuimhne dóibh na cúinsí faoina gceanglaítear orthu aighneacht rialála a dhéanamh i ndáil le díbhinní a íoc.  Go luath in 2013, mhol 75 faoin gcéad de na comhair chreidmheasa díbhinní ainmniúla arbh ionann iad agus aon faoin gcéad nó níos lú don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2012.

Eisíodh ciorclán freisin chuig iniúchóirí seachtracha uile na gcomhar creidmheasa lenar cuireadh a gcuid oibleagáidí i gcuimhne dóibh maidir le hiniúchóireacht dheireadh na bliana agus maidir le réimsí áirithe fócais, lena n-áirítear measúnú ar leordhóthanacht na soláthairtí i leith drochfhiach.  Tá srianta curtha ag an mBanc anois le hiasachtú ar 57 faoin gcéad de na comhair chreidmheasa mar gheall ar mheathlú ar a seasaimh airgeadais.  Ar na tosca a cuireadh san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na srianta sin, áirítear: méadú ar leibhéil na riaráistí, comhchruinniú rioscaí, leachtacht neamhleor, cleachtais mhíchuí maidir le hiasachtú agus/nó deacrachtaí sócmhainneachta.  Féadfar uasmhéid ar iasachtaí leithleacha agus uasteoireannacha ar iasachtú míosúil a áireamh sna srianta sin maidir le hiasachtú.  Tá na srianta ceaptha a chinntiú nach gcuirfidh na comhair chreidmheasa sin taiscí a gcomhaltaí i mbaol breise agus go ndéanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta.

Rinneadh measúnuithe iomlána riosca ar shé chomhar creidmheasa a bhfuil tiochar meánach-ard acu agus ar ocht gcinn a bhfuil tionchar meánach-íseal acu.  De bhreis air sin, tugadh cuairteanna ar 10 gcomhar creidmheasa a bhfuil tionchar meánach-ard acu agus ar 62 comhar creidmheasa a bhfuil tionchar meánach-íseal acu. Soláthraíodh pleananna um maolú riosca do 68 comhar creidmheasa, ar pleananna iad lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann agus na torthaí is gá chun na rioscaí sin a mhaolú.

## Coimisiún na gComhar Creidmheasa

I mí Bealtaine 2011, bhunaigh an Rialtas Coimisiún na gComhar Creidmheasa chun athbhreithniú a dhéanamh ar thodhchaí ghluaiseacht na gcomhar creidmheasa agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil leis an struchtúr rialála is éifeachtaí do na comhair chreidmheasa. Cuimsíodh sna téarmaí tagartha, moltaí a dhéanamh maidir le roghanna d'athstruchtúrú na hearnála.  Orthu sin, áirítear athruithe chun an creat rialála a neartú agus ról na gcomhar creidmheasa a shainiú in earnáil athstructhúraithe seirbhísí airgeadais. Bhí Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa mar ionadaí don Bhanc ar Choimisiún na gComhar Creidmheasa.

I mí an Mhárta 2012, thug Coimisiún na gComhar Creidmheasa a thuarascáil uaidh agus mhol sé bearta éagsúla chun creat rialála na gcomhar creidmheasa a neartú agus chun rialachas agus rialáil níos éifeachtaí a chur ar fáil. Orthu sin, áirítear ceanglais maidir le rialachas, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus oiriúnacht agus iontaofacht, agus tugtar na cumhachtaí reachtacha don Bhanc chun rialacháin a dhéanamh lena leagfar síos rialuithe stuamachta, teorainneacha, caighdeáin agus ceanglais do na comhair chreidmheasa. Bhunaigh an tAire Airgeadais grúpa cur chun feidhme chun comhairle a thabhairt ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme mholtaí na Tuarascála. Is é Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa ionadaí ainmnithe an Bhainc ar an ngrúpa cur chun feidhme a thionóil seacht gcruinniú le linn 2012.

## Forbairt Reachtaíochta

Bhí an Banc ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar dhréachtú na reachtaíochta nua maidir leis na comhair chreidmheasa chun a áirithiú go gcuimseofaí príomhcheanglais an Bhainc maidir le rialachas agus na ceanglais stuamachta.  An reachtaíocht a tháinig as an obair sin - an tAcht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche, 2012 - achtaíodh í an 19 Nollaig 2012 agus nuair a bheidh tosach feidhme iomlán aici, tabharfar isteach creat rialála níos láidre do na comhair chreidmheasa agus tabharfar cumhachtaí don Bhanc chun rialacháin a dhéanamh agus tabharfar creat feabhsaithe rialachais dó chomh maith.

## Oiriúnacht & Ionracas

Shínigh an tAire Airgeadais ordú a mbeidh éifeacht leis ón 24 Meán Fómhair 2012 chun cumhachtaí a thabhairt don Bhanc chun Rialacháin agus Caighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais a leagan amach d'earnáil na gcomhar creidmheasa.  D'eisigh an Banc páipéar Comhairliúcháin maidir leis an gCóras Oiriúnachta agus Ionracais i mí na Nollag 2012 lena bhféachfar le caighdeáin rialachais a fheabhsú ag an leibhéal bord agus bainistíochta trína áirithiú, i dtaca le daoine a mbíonn tionchar

suntasach acu i gcomhar creidmheasa, gur daoine inniúla, cumasacha agus stuama ó thaobh airgeadais iad agus go bhfuil na scileanna, an taithí agus an saineolas iomchuí acu chun an comhar creidmheasa a bhainistiú agus a rialú.

## Fóram Rialála na gComhar Creidmheasa

Tá Fóram Rialála na gComhar Creidmheasa ina phríomhchuid de shamhail rannpháirtíochta rialála an Bhainc don earnáil. Tugann an Fóram an deis don Bhanc plé go díreach le comhair chreidmheasa indibhidiúla agus cur chuige an Bhainc a phlé. Reáchtáil an Banc seacht gcinn de chruinnithe Fhóram Rialála na gComhar Creidmheasa i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2012 agus clúdaíodh ábhair amhail an creat nua reachtaíochta agus rialála, an córas oiriúnachta agus ionracais agus úsáid PRISM don earnáil.

## Prótacal Comhairliúcháin

D'eisigh an Banc Prótacal Comhairliúcháin do na comhair chreidmheasa i mí na Samhna 2012 maidir leis an gcaoi ina mbeartaíonn an Banc dul i gcomhairle go foirmiúil le comhair chreidmheasa, lena gcomhlachtaí ionadaíocha agus le páirtithe leasmhara eile sula dtabharfaí na rialacháin nua isteach don earnáil.

## Gníomhartha Réamhghabhálacha / Réiteach

Cheap an Banc córas maoirseachta chun luathaithint a dhéanamh ar chomhair chreidmheasa laga nó neamh-inmharthana. Le linn 2012, chuathas i mbun gníomhartha réamhghabhálacha chun comhair chreidmheasa, arna sainaithint mar chomhair chreidmheasa laga, a réiteach lena n-áirítear treoir a thabhairt do chomhair chreidmheasa tacaíocht ón earnáil phríobháideach a lorg, aistrithe cheangaltais comhar creidmheasa agus díscaoileadh comhar creidmheasa.

## Cásanna Réitigh

Agus úsáid á baint aige as a chuid cumhachtaí faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), ghlac an Banc gníomh réitigh fhoirmiúil maidir le Newbridge Credit Union Limited agus cheap an Ard-Chúirt bainisteoir speisialta i mí Eanáir 2012. Glacadh an gníomh seo chun go gcosnófaí coigiltis na gcomhaltaí agus chun a áirithiú go leanfadh Comhar Creidmheasa an Droichid Nua Teo. de bheith ag feidhmiú go héifeachtúil. Tar éis iarratais bhreise a dhéanamh ar shíntí, d'fhan an tOrdú Bainistíochta Speisialta i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Tá bainistíocht laethúil an chomhair creidmheasa á maoirsiú ag an mBainisteoir Speisialta.

## An Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo)

Ba é moladh lárnach ó Choimisiún na gComhar Creidmheasa go ndéanfaí earnáil na gcomhar creidmheasa a athstruchtúrú faoi cheangal ama agus ar bhonn deonach, dreasaithe agus go ndéanfadh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) maoirseacht ar an athstruchtúrú sin. Bhunaigh an tAire Airgeadais ReBo ar bhonn reachtúil ón 1 Eanáir 2013. Tá ionadaíocht ag an mBanc ar bhord ReBo mar chomhalta gan cheart vótála. Éascóidh ReBo athstruchtúrú na gcomhar creidmheasa agus déanfaidh sé maoirseacht ar an athstruchtúrú sin d'fhonn tacú le cobhsaíocht airgeadais agus le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na gcomhar creidmheasa. Sa mhéid seo, áirítear na pleananna um athstruchtúrú arna gcur faoina bhráid a mheas agus a mheasúnú, pleananna um athstruchtúrú a mholadh don Aire agus comhairle a thabhairt don Bhanc maidir le moltaí agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna um athstruchtúrú.

Tá beartas forbraithe ag an mBanc maidir le réiteach agus le hathstruchtúrú ina leagtar amach na hamscálaí agus na gníomhartha is gá do na comhair chreidmheasa a dhéanamh, lena n-áirítear a n-idirghabháil le ReBo chun dul i ngleic le heasnamh caipitil arna shainaithint ag an mBanc.

Bunaíodh Ciste na gComhar Creidmheasa faoi Acht 2012 chun foinse tacaíochta airgeadais a chur ar fáil d'athstruchtúrú na gcomhar creidmheasa. I mí na Nollag 2012, thug an tAire Airgeadais ranníoc arbh ionann é agus €250 milliún don Chiste ón Statchiste. Tá an tAire i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na ranníocaí go léir leis an gCiste. Leis an Acht, foráiltear go ndéanfaidh an tAire rialacháin go ndéanfaidh comhair chreidmheasa ranníoc leis an gciste trí thobhach comhar creidmheasa.

16 Folaíonn "comhlachtaí ionadaíocha agus páirtithe leasmhara eile" Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa, Cumann Forbartha Comhar Creidmheasa, Cumann Bhainisteoirí Comhar Creidmheasa, an Fóram Náisiúnta Maoirseoirí, an Roinn Airgeadais agus an Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa.

# Maoirseacht ar Mhargaí

## Maoirseacht ar Ghnólachtaí Infheistíochta, ar Sholáthraithe Seirbhísí Ciste agus ar Chistí Infheistíochta

Chuir an Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Mhargaí PRISM chun feidhme i mí Bealtaine 2012. Seoladh measúnaithe riosca iomlána agus painéil rialachais riosca i leith gnólachtaí áirithe a bhfuil tionchar meánach-ard agus tionchar meánach-íseal acu. Ag teacht leis na minicíochtaí a leagtar amach i samhail rannpháirtíochta PRISM, beidh gnólachtaí eile faoi réir measúnuithe iomlána riosca in 2013.

I bhfianaise líon mór na n-eintiteas ísealtionchair a ndéanann an Stiúrthóireacht Margaí maoirseacht orthu, forbraíodh creat sonrach chun monatóireacht a dhéanamh ar an líon seo trí leas a bhaint as (i) faisnéis áirithe faoin margadh agus (ii) sonraí arna mbailiú tríd an ardán ar líne do thuairisceáin rialála.

In 2012, rinne an Banc straitéis maoirseachta ísealtionchair (do chistí infheistíochta don chuid is mó) a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar straitéis í a bheidh bunaithe ar mhaoirseacht fhrithghníomhach agus ina gcuimsítear trí phríomhghné:

- Maoirseacht triáiseála bunaithe ar thrúig;
- Athbhreithnithe téamacha; agus
- Forfheidhmiú

Le hathbhreithnithe téamacha, dírítear ar rioscaí a aithnítear trí thruicir maoirseachta agus is athbhreithnithe réamhbhreathnaitheacha iad lena scrúdófar rioscaí a thiocfaidh chun cinn. In 2012, rinneadh athbhreithnithe téamacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- Rialachas Corparáideach (gnólachtaí MiFID);
- Beartais Luacha Saothair (gnólachtaí MiFID); agus
- Seachfhoinsiú (gnólachtaí MiFID agus cuideachtaí riaracháin cistí).

In 2012, eisíodh comhairliúchán do chistí, do chuideachtaí bainistíochta cistí agus dá dtoscairí inar lorgaíodh aiseolas maidir le hathruithe beartaithe ar a gcuid ceanglas maidir le tuairisciú agus ar thuairisciú ar Chóras Tuairiscithe Ar Líne de chuid an Bhainc (Córas TAL).

## Sócmhainní Cliant a Chosaint

I ndiaidh an Athbhreithnithe ar an gCóras Rialála maidir le Sócmhainní Cliant a Chosaint arna fhoilsiú ag an mBanc i mí an Mhárta 2012, bunaíodh sócmhainní chun a áirithiú go mbeadh cur chuige comhréireach, cuimsitheach ann maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le sócmhainní cliant. Tugadh tuairisceán nua míosúil isteach do shócmhainní cliant chun go bhfóralfaí do mhaoirseacht chórasach bunaithe ar thrúig. Bhí dlúth-rannpháirtíocht ag an mBanc le gnólachtaí éagsúla chun dul i ngleic le hábhair imní maoirseachta agus thug sé clár de chigireachtaí téamacha chun críche chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas.

Tar éis dó glacadh leis na moltaí a leagtar amach san Athbhreithniú ar an gCóras Rialála maidir le Sócmhainní Cliant a Chosaint, chuaigh an Banc i dteagmháil leis an tionscal trí mheithlí éagsúla in 2012 chun sraith athbhreithnithe de Rialacha maidir le hAirgead Cliant a fhorbairt. Déanfar sraith fheabhsaithe rialachán a mbeidh treoir ag gabháil leo a eisiúint le haghaidh comhchomhairle a luaithe a achtófar Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) in 2013.

Ag eascairt as moltaí an athbhreithnithe seo, bunaíodh Foireann Maoirseachta do Shócmhainní Cliant - a bheadh tiomanta do mhaoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí a shealbhaíonn sócmhainní cliant faoi MiFID. Bíonn an fhoireann seo ag obair go dlúth le foirne maoirseachta PRISM (ach bíonn sí neamhspleách orthu) chun réimsí imní a shainaithint a eascraíonn as cur chuige na ngnólachtaí maidir le sócmhainní cliant a shealbhú. Aon réimsí ar ghabh riosca ar leith leo, cuireadh iad faoi bhráid an Choiste Athbhreithnithe ar Shócmhainní Cliant a chinn go ndéanfaí orduithe éagsúla a fhorchur ar ghnólachtaí i gcásanna áirithe.

## Maoirseacht ar an gCuideachta Cúitimh d’Infheisteoirí Teoranta

Tá an Banc freagrach as formheas a dhéanamh ar roinnt beartas arna bhforbairt agus as roinnt gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCuideachta Cúitimh d’Infheisteoirí Teoranta e.g. a beartais infheistíochta a fhormheas. Tugadh faoi sceideal de chruinnithe rialta le linn 2012 chun a chinntiú go mbeadh cumarsáid shásúil ann idir an dá heagraíocht. D’eisigh an Chuideachta Cúitimh d’Infheisteoirí Teoranta

### Tábla 2 – Tuarascálacha ar Mhonatóireacht ar Margaí

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Tuarascálacha Idirbheart ó eintitis atá lonnaithe in Éirinn | 22,372,791 | 58,448,226 |
| Tuarascálacha Idirbheart a seoladh chuig údaráis inniúla eile via TREM* | 18,975,700 | 50,027,215 |
| Tuarascálacha Idirbheart a fuarthas ó údaráis inniúla eile via TREM* | 12,829,415 | 13,141,967 |
| Smachtbhannaí Riaracháin/Rabhaidh Maoirseachta - Cásanna Oscailte | 4 | 8 |
| Smachtbhannaí Riaracháin/Rabhaidh Maoirseachta - Cásanna Dúnta | 2 | 4 |
| Iniúchtaí arna ndéanamh ar thuarascálacha idirbheart gnólachtaí | 48 | 82 |

* Modh Babhtála do Thuairisciú Idirbheart

páipéar comhairliúcháin go déanach in 2012 maidir le socruithe maoiniúcháin agus cuimsíodh ann moltaí don tréimhse trí bliana dar tosach an 1 Lúnasa 2013.

## Idirbhearta a Thuairisciú agus Monatóireacht a dhéanamh orthu

Le linn na bliana, lean an Banc de bheith ag díriú ar shonraí a fuarthas ó chomhaltaí LEE tríd an Modh Babhtála do Thuairisciú Idirbheart de chuid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (UEUM), trína bhféadfadh an Banc sonraí a fháil maidir le trádáil ionstraimí arna bhforghníomhú lasmuigh d'Éirinn ach laistigh den LEE.

Lean an Banc dá ghníomhaíochtaí faireachais margaidh a fheabhsú agus leathnaigh sé raon an fhaireachais a dhéanann sé ar leabhar orduithe le tabhairt isteach uirlisí nua foláirimh. Le linn 2012, tugadh próiseas nua isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar thrádáil díorthach.

## Drochúsáid Margaidh

Chuir an Banc deireadh leis an gcomhaontú tarmligin le Stocmhalartán na hÉireann maidir le feidhmeanna áirithe monatóireachta agus imscrúdaithe a bhaineann le drochúsáid margaidh a bhrath an 31 Eanáir 2012. Le linn 2012, tionscnaíodh 76 fiosrúchán maidir le sáruithe ionchasacha ar na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh agus, de thoradh na bhfiosrúchán sin cuireadh roinnt cásanna ar aghaidh chuig an Rannán Forfheidhmiúcháin agus rinneadh dhá chomhaontú réitigh maidir le sáruithe ar na Rialacháin a thabhairt chun críche agus a chomhaontú. Is trí ghníomh forfheidhmiúcháin i gcás sáruithe a dhéanfar tiomantas an Bhainc do chosaint shláine an mhargaidh a bhaint amach.

Tar éis dó cigireachtaí téamacha a chríochnú maidir le cothabháil liostaí cos istigh ag eisitheoirí, d'fhoilsigh an Banc Páipéar Comhairliúcháin i mí Aibreáin 2012. Na freagraí ar an bPáipéar Comhairliúcháin sin, cuideoidh siad le rialacha agus treoirlínte nua a fhoirmiú do rialtóirí Eorpacha maidir le liostaí cos istigh. Tá idirphlé breise leis na rannpháirtithe margaidh beartaithe do 2013 lena ndíreofar ar an gceanglas chun fógra a thabhairt don Bhanc nuair a bheidh drochamhras ann maidir le drochúsáid margaidh.

Bhí idirphlé gníomhach ag an mBanc le ranna rialtais éagsúla le linn 2012 lenar tugadh comhairle theicniúil dóibh maidir le nithe a bhaineann leis an reachtaíocht nua um dhrochúsaid margaidh (an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh/an Rialachán um Dhrochúsáid Margaidh) atá ag gluaiseacht trí Pharlaimint na hEorpa faoi láthair. Rinne an Banc maoirseacht ar thrasuíomh an Rialacháin Eorpaigh maidir le Díol Folamh a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2012. Leanadh leis an idirphlé gníomhach le rialtóirí Eorpacha eile i réimse na reachtaíochta um dhrochúsáid margaidh trí bhíthin rannpháirtíocht an Bhainc i mBuanchoiste UEUM maidir le sláine an mhargaidh.

## Stocmhalartán na hÉireann & Bonneagar Margaí

Le linn 2012, lean an Banc lena chaidreamh maoirseachta le hionaid trádála agus le bonneagar margaí a thagann faoina shainchúram.  Ar an obair a tugadh chun críche in 2012, áirítear athbhreithniú leanúnach ar Stocmhalartán na hÉireann faoi MiFID.

**Tábla 3 – Imscrúduithe faoi Dhlí na nUrrús**

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Fiosruithe arna dtionscnamh i ndáil le sáruithe féideartha | 30 | 76 |
| Fiosruithe arna dtabhairt i gcrích i ndáil le sáruithe féideartha | 37 | 79 |
| Tuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag daoine a eagraíonn idirbhearta ar bhonn gairmiúil | 3 | 19 |
| Tuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag Údaráis Inniúla eile san AE | 6 | 5 |
| Tuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha arna n-aistriú ag an mBanc chuig Údaráis Inniúla eile san AE | 1 | 16 |
| Cúnamh a tugadh d'Údaráis Inniúla eile san AE | 19 | 19 |
| Fógraí Cobhsaíochta arna gcur faoi bhráid an Bhainc | 1 | n/a |
| Comhaontuithe Réitigh faoi Dhlí na nUrrús (arna dtabhairt i gcrích) | 0 | 2 |

In 2012, d'údaraigh an Banc an chéad ghnólacht Trádála Ardmhinicíochta (TAM). Chuige seo, rinneadh obair shuntasach i ndáil le breithniú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara a bhaineann le Trádáil Ardmhinicíochta agus le forbairt córas maoirseachta iomchuí do ghnólachtaí TAM. Leantar leis an obair seo lena n-éascaítear don Bhanc tuiscint iomlán a shealbhú ar straitéisí trádála TAM, ar mhúnlaí gnó na ngnólachtaí seo agus ar rioscaí gaolmhara.

## Maoirseacht ar Stocbhróicéireacht

Rinne an Banc athbhreithniú ar neart chlár comhardaithe na stocbhróicéirí go léir le linn 2012 mar chuid dá mhaoirseacht leanúnach. Mar thoradh ar fhiosrúchán an Bhainc, chuir an bhainistíocht i Bloxham an Banc ar an eolas maidir le neamhrialtachtaí airgeadais sa ghnólacht. Rinneadh ordú a fhorchur ar Bloxham chun scoireadh de gach gníomhaíocht rialáilte toisc nár leor an caipiteal rialála. Thug Davy Stockbrokers (Davy) agus Bloxham comhaontú chun críche ina dhiaidh sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

» aistriú ghnó cliant príobháideach chuig Davy a luasghéarú, agus

» na sainorduithe um bainistiú ciste a aistriú chuig Davy.

Leanfaidh an Banc lena imscrúdú ar na cúiseanna a bhain le leachtú Bloxham.

Le linn 2012, fuair gnólachtaí idirnáisiúnta seilbh ar dhá ghnólacht stocbhróicéireachta.

## An Treoir Réamheolaire

Leasaíodh Treoir Réamheolaire 2003/71/CE (an Treoir Réamheolaire) le Treoir 2010/73/AE (an Treoir leasaitheach) an 1 Iúil 2012 lena bhféachtar le cur i bhfeidhm na Treorach Réamheolaire a shimpliú agus a feabhsú sna Ballstáit éagsúla. Ghlac an Banc an fhreagracht as réamheolairí a athbhreithniú ó Stocmhalartán na hÉireann agus rinne sé 670 réamheolaire a athbhreithniú agus a fhormheas in 2012, méadú beag ar 2011.

**Tábla 4. An Próiseas um Fhaomhadh Réamheolaire**

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon na nDoiciméad a Faomhadh | 665 | 670 |
| Líon na nDoiciméad/bhFógraí a foilsíodh | 2,608 | 2,633 |
| Teastais Pas a ullmhaíodh | 92 | 91 |
| Fógraí Pasála Isteach a próiseáladh | 749 | 739 |
| Líon na nEisitheoirí a ndearna SÉ a n-urrúis a chur ar fionraí ó thrádáil ar iarratas ón mBanc | 2 | 2 |

An difríocht idir líon na ndoiciméad a faomhadh go dtí seo agus líon na ndoiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Bhainc, baineann sí le (i) Téarmaí Deiridh, Praghas Tairisceana Deiridh agus Líon na bhFógraí Urrús agus na dTuarascálacha Faisnéise Bliantúla (nach gá a fhaomhadh) a comhdaíodh agus a foilsíodh ar an suíomh gréasáin agus (ii) fógraí i ndáil le réamheolairí arna bhfaomhadh ag Údarás Inniúil Ballstáit eile agus arna bpasáil ansin isteach go hÉirinn agus ar ina leith nach gá faomhadh ón mBanc.

**Tábla 5: Nochtadh Faisnéise ag Cuideachtaí[17]**

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais a foilsíodh | 147 | 143 |
| Tuarascálacha Leathbhliantúla Airgeadais a foilsíodh | 131 | 121 |
| Ráitis Eatramhacha Bainistíochta a foilsíodh | 120 | 100 |
| Mór-scairsheilbh a cuireadh faoi bhráid an Bhainc | 316 | 379 |
| Líon na nEisitheoirí a ndearna SÉ a n-urrúis a chur ar fionraí ó thrádáil ar iarratas ón mBanc | 11 | 8 |

## Rialacháin Trédhearcachta

An 5 Samhain 212, rinne an Banc comhaontú tarmligin maidir le cúraimí a bhí á gcomhlíonadh ag SÉ thar ceann an Bhainc ó 2007 i leith a fhoirceannadh faoi na Rialacháin Trédhearcachta 2007 (Treoir 2004/109/CE). Ceanglaíodh faoin dlí Eorpach go gcuirfí deireadh i mí Eanáir 2013 le tarmligean aon chúraimí a bhain leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna Rialacháin Trédhearcachta. De thoradh fhoirceannadh an tarmligin, ba ghá leasuithe áirithe a dhéanamh ar an gcaoi ina gcomhlíonann eisitheoirí agus sealbhóirí mhórshealúchais cearta vótála a gcuid oibleagáidí comhdúcháin faoi na Rialacháin Trédhearcachta. Eisíodh Rialacha Athbhreithnithe Trédhearcachta i mí Dheireadh Fómhair 2012.

## Rialacháin maidir le Díol Folamh

Tháinig Rialachán Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (na Rialacháin maidir le Díol Folamh) i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. Is é is cuspóir do na Rialacháin maidir le díol folamh trédhearcacht suíomhanna gearra arna sealbhú ag infheisteoirí in urrúis áirithe AE a fheabhsú, rioscaí réitigh agus rioscaí eile a bhaineann le díol folamh a laghdú agus creat comhchuibhithe a bhunú do ghníomh comhordaithe ar an leibhéal Eorpach.

Rinne an Banc obair shuntasach in 2012 chun na Rialacháin maidir le Díol Folamh a chur chun feidhme. An 2 Samhain 2012, cuireadh tús le fógraí a thabhairt maidir le suíomhanna gearra arna sealbhú i scaireanna agus i bhfiachas ceannasach agus poiblíodh sonraí maidir le glansuíomhanna gearra ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

## Scéimeanna Comhinfheistíochta

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, ba é €932.1 billiún glanluach sócmhainní na gcistí arna n-údarú in Éirinn, is é sin 5,305 ciste, lena n-áirítear fochistí. B'ionann líon na gcúlghairmeacha (gach ceann díobh deonach) de chistí reatha, lena n-áirítear fochistí, sa bhliain 2012 agus 485. Ba é 132 líon iomlán na gcistí arna n-údarú faoin Reachtaíocht maidir le Cistí Infheistíochta (743 lena n-áirítear fochistí).

## Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (UCITS)

Ó tugadh isteach Rialacháin UCITS in 2011, leanann an Banc de shaincheisteanna a éiríonn as reachtaíocht UCITS IV a réiteach, go háirithe i ndáil le tograí cumaisc trasteorann agus socruithe pas do chuideachta bainistíochta UCITS. An 3 Iúil 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh leasuithe ar Threoir UCITS i bhfoirm dréacht-Treoir (UCITS V). Is é is cuspóir dó forálacha maidir le luach saothair, incháilitheacht taiscí, ról agus dliteanas cuideachta bainistíochta i dTreoir UCITS a ailíniú leis an Treoir um Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí. Tograí eile UCITS V, baineann siad le córas smachtbhannaí comhchuibhithe do UCITS. Tá UCITS V fós á bhreithniú ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle na nAirí.

17 Ainmnítear an Banc mar an údarás lárnach inniúil chun críocha na Rialachán, ach amháin chun críocha na Treorach Trédhearcachta ar ina leith a ceapadh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

## An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD)

Leagtar amach na rialacha do na bainisteoirí cistí infheistíochta malartaí go léir i dTreoir AE Uimh. 2011/61/EU maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD) agus tiocfaidh an Treoir sin in éifeacht an 22 Iúil 2013. Forlíonfar an treoir le bearta mionsonraithe Leibhéal 2 agus le caighdeáin theicniúla rialála agus treoirlínte a eiseoidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (UEUM). In Éirinn, déanfar AIFMD a thrasuí chuig an dlí náisiúnta trí reachtaíocht thánaisteach. Cuimseoidh AIFMD na cistí infheistíochta go léir nach Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe iad.

Le linn 2012, bhí an Banc, Comhlachas Thionscal Cistí na hÉireann agus an Roinn Airgeadais ag obair go dlúth le chéile chun córas rialála a fhorbairt do chistí infheistíochta malartaí (AIFanna) agus do bhainisteoirí cistí infheistíochta malartaí in Éirinn. An 30 Deireadh Fómhair 2012, d’eisigh an Banc comhairliúchán poiblí maidir lena dhréacht-chreat athbhreithnithe do rialáil cistí infheistíochta malartaí agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartaí a bheidh le rialáil faoin reachtaíocht intíre. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán an 11 Nollaig 2012.

## Cosaint Tomhaltóirí

Is é aidhm uileghabhálach an Bhainc maidir le cosaint tomhaltóirí *an rud ceart a dhéanamh do thomhaltóirí*. Cuirtear taca faoi seo le creat na 5 ní seo a leanas – Muinín, Comhlíontacht, Dúshlán, Cultúr agus Tomhaltóirí. Tiomáineann sé seo obair chosaint tomhaltóra an Bhainc lena chinntiú go leanfaidh sé de thosaíocht a thabhairt do leasa thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint. Chun é seo a bhaint amach, tá an obair dírithe ar chaighdeáin a leagan síos do chuideachtaí agus monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

### Riaráistí Morgáiste

I rith 2012, bhain príomhshraith d'obair an Bhainc leis an gcaoi ina mbíonn iasachtóirí ag déileáil le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu. Tugadh faoi raon cigireachtaí, obair bheartais agus athbhreithnithe chun a chinntiú go bhfuil iasachtóirí ag déileáil go héifeachtach le tomhaltóirí agus réitigh iomchuí á seachadadh acu.

### Árachas Cosanta Íocaíochta

I Meitheamh 2012, d'eisigh an Banc torthaí na cigireachta is deireanaí aige mar chuid den imscrúdú leanúnach ar dhíol Árachais Chosanta Íocaíochta (ÁCI). D'ardaigh an chigireacht ábhair imní maidir le díol ÁCI agus, dá thoradh, d'éiligh an Banc go ndéanfadh na gnólachtaí a ndearnadh cigireacht orthu athbhreithniú cuimsitheach ar a ndíolacháin ÁCI ó mhí Iúil 2007 go dtí mí Iúil 2012. Toisc gurb iad bainc agus institiúidí creidmheasa eile a dhíol breis agus 80 faoin gcéad de pholasaithe, dhírigh an Banc a chigireacht ar dhíolacháin trí na cainéil sin. Áirítear ar phríomhthorthaí na cigireachta:

- Ní raibh a ndóthain faisnéise á bailiú ag gnólachtaí chun cur ar a gcumas cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh an táirge a díoladh oiriúnach don tomhaltóir nó nach raibh;
- Bhí gnólachtaí ag caitheamh le díolacháin áirithe mar 'fheidhmiú amháin' gan cheanglais ábhartha de Chód 2006 a chomhlíonadh;
- Bhí saincheisteanna ann maidir le huainiú soláthair príomhfhaisnéise do thomhaltóirí ag gnólachtaí agus cinneadh á dhéanamh ÁCI a cheannach;
- I gcásanna áirithe bhí mainneachtain ann aird tomhaltóirí aonair a tharraingt go sainráite ar phríomhfhaisnéis maidir le polasaithe; agus
- Bhí saincheisteanna ann maidir le droch-choimeád taifead agus comhaid neamhiomlána.

D'iarr an Banc go ndéanfadh na gnólachtaí a ndearnadh cigireacht orthu athbhreithnithe cuimsitheacha ar a ndíolacháin ÁCI a ndéanfadh tríú páirtí maoirsiú neamhspleách orthu, agus scríobh chuig a gcustaiméirí chun iad a chur ar an eolas faoin athbhreithniú. Ag éirí as na hathbhreithnithe, déanfaidh gach gnólacht cinneadh faoin ngníomh a theastaíonn, lena n-áirítear dul i dteagmháil le tomhaltóirí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh nuair is gá. Tá monatóireacht dhlúth á déanamh ag an mBanc ar dhul chun cinn na n-athbhreithnithe sin.

### Pleananna Feabhsúcháin Bhanc Uladh do Thomhaltóirí

An mhainneachtain ag Banc Uladh chun bunseirbhísí baincéireachta a chur ar fáil dá chustaiméirí, mar thoradh ar fhadhb a bhain lena chórais TF inmheánacha, bhí sí ina mórábhar míchaoithiúlachta agus míshocrachta do chustaiméirí a bhí buailte. Bhí baint mhór ag an mBanc lena chinntiú gur bhainistigh Banc Uladh an ghéarchéim agus rinne sé dianiarracht ag gach staid den phróiseas an tionchar diúltach ar chustaiméirí a theorannú. I rith an teagmhais, bhí an Banc i dteagmháil go laethúil le Banc Uladh agus lena mháthairbhanc, Royal Bank of Scotland (RBS). Cheangal an Banc freisin ar Bhanc Uladh agus ar RBS a chinntiú go raibh roghanna malartacha ag custaiméirí le linn an teagmhais chun a ngnó baincéireachta laethúil a dhéanamh.

In ndiaidh réiteach an teagmhais TF, cheangail an Banc ar Bhanc Uladh plean cuimsitheach cúitimh a chur i bhfeidhm do na custaiméirí a ndearnadh difear dóibh. Chuaigh an Banc i dteagmháil go gníomhach le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir leis an gceist lena n-áirítear an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais (OSA), an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT), Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (EÉSÍ), Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CTÉ) agus Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid (SBCA) le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal agus ar chineál na ngearán, agus maidir le saincheisteanna eile.

Rinne an Banc monatóireacht ghníomhach ar chur chun feidhme an phlean cúitimh trí thuarascálacha seachtainiúla ó Bhanc Uladh ina ndearnadh seiceáil ar leibhéal agus cineál na ngearán. Tugadh dhá chuairt ar an láthair i Meán Fómhair agus i Samhain 2012 chun a chinntiú go raibh an plean cúitimh á leanúint agus go raibh leas an chustaiméara á chosaint. Bhíodar seo den tuairim go raibh Banc Uladh ag déileáil le héilimh de réir an phlean cúitimh.

Coinníonn an Banc air ag obair le hÚdarás Seirbhísí Airgeadais na Ríocht Aontaithe (FSA) san

imscrúdú ar an teagmhas ag RBS lena n-áirítear a thionchar ar Bhanc Uladh. Tá an Banc tar éis scríobh chuig bainc ag cur in iúl athuair an gá atá le tástáil a dhéanamh ar sholúbthacht a dtimpeallachta TF agus a gcreataí pleanála leanúnachais gnó agus le tuairisc a thabhairt don Bhanc ar an leibhéal dearbhaithe ar féidir leo a chur ar fáil maidir leis seo. I gcomhthreo leis an obair seo, tá an Banc i mbun monatóireachta ar athbhreithniú neamhspleách ar an gcaoi a ndéanann na Bainc Imréitigh[18] measúnú riosca ar an gcóras íocaíochtaí náisiúnta. Tá an t-athbhreithniú seo, a choimisiúnaigh Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (EÉSÍ) le tabhairt chun críche go luath in 2013.

## Idirghabhálaithe Miondíola

Forbraíodh beartas d'údarú agus do mhaoirseacht leanúnach beagnach 3,500 idirghabhálaí miondíola. Cuimsíonn idirghabhálaithe miondíola idirghabhálaithe infheistíochta, árachais agus morgáiste. Ba iad príomhthosaíochtaí an Bhainc don earnáil seo in 2012:

» Féachaint lena chinntiú go bhfeidhmíonn idirghabhálaithe miondíola go cóir; agus

» Comhlíontacht a fheabhsú trí bhagairt inchreidte ghníomh maoirseachta/forfheidhmiúcháin.

Tá d'oibleagáid ar gach idirghabhálaí miondíola rialáilte príomhfhaisnéis a chur ar fáil ar bhonn bliantúil trí chóras tuairiscithe leictreonach gréasánbhunaithe slán. Bhí ráta comhlíontachta thart ar 74% ann do chur isteach an Tuairisceáin Bhliantúil in 2012.

Feabhsaíodh rannpháirtíocht leis an earnáil seo in 2012 chun tacaíocht chomhlíontachta agus cúnamh cuiditheach agus tráthúil a thairiscint. Foilsíodh nuachtlitir tionscail - Intermediary Times – ceithre huaire i rith na bliana agus bhí an Banc ina óstach do shraith taispeántas taistil réigiúnach i gCorcaigh, i Sligeach, i Luimneach, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ar fhreastail beagnach 800 duine orthu.

De réir a straitéise, reáchtáil an Banc dhá chigireacht théamacha chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an raibh an leibhéal riachtanach d'Árachas Slánaíochta Gairmiúla (ASG) ag idirghabhálaithe árachais nó nach raibh. Is príomhuirlis é an ASG de chosaint tomhaltóirí agus stuamacht sa mhéid go gcuireann sé acmhainn bhreise ar fáil ónar féidir le gnólacht éilimh chóra ó thomhaltóirí a íoc, ar éilimh iad a bhaineann le faillí ghairmiúil. Cinneadh go raibh 46 faoin gcéad den 128 a ndearnadh athbhreithniú orthu comhlíontach de réir cheanglais ASG. Agus iad á spreagadh ag na cigireachtaí chuir 27 faoin gcéad de na gnólachtaí a gclárúchán IAR (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais) 2005) ar ceal go deonach agus níor fheidhmigh níos mó mar idirghabhálaithe árachais. Rinneadh obair leantach ar gach sárú ar cheanglais ASG go díreach le gnólachtaí aonair agus tháinig roinnt gníomhartha forfheidhmiúcháin dá dheasca in 2012 freisin.

Rinneadh cigireacht théamach sa bhreis ar idirghabhálaithe miondíola (34 gnólacht) in 2012 chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha stuamachta agus/nó rialacha maidir le gnó a dhéanamh. De thoradh na cigireachta seo, chuir 11 gnólacht a n-údarú AII (An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995) agus/nó a gclárúchán IAR ar ceal go deonach agus ní fheidhmíonn níos mó mar idirghabhálaithe miondíola. Rinneadh obair leantach maidir le gach sárú go díreach le gnólachtaí aonair.

## An Earnáil Bainistithe Fiachais agus Íocaíochta Billí

In 2012, thug an Banc faoi athbhreithniú ar an earnáil bainistithe fiachais agus íocaíochta billí chun a chinneadh cibé acu an dteastaíonn údarú ón mBanc i leith seirbhísí áirithe arna soláthar ag na gnólachtaí seo agus cibé acu an bhfuil cistí custaiméirí arna dtaisceadh le gnólachtaí san earnáil seo i mbaol. Rinneadh cigireachtaí ar ghnólachtaí atá ag feidhmiú sa réimse seo agus ordaíodh do roinnt gnólachtaí bearta coimirce a chur i bhfeidhm agus cuireadh in iúl dóibh go raibh údarú ón mBanc ag teastáil uathu i leith na seirbhísí a bhí á soláthar acu.

» Chinn roinnt gnólachtaí go scoirfidís de bheith ag feidhmiú agus níor chuir siad isteach ar údarú; agus

» Líon beag gnólachtaí ar theastaigh uathu leanúint den ghnó, chinn siad iarratais ar údarú a chur isteach.

Ag brath ar chineál na samhla gnó a ghlac gnólacht, beidh sé faoi réir rialála ag an mBanc. Gnólachtaí bainistithe fiachais a phróiseálann íocaíochtaí thar ceann cliant, beidh siad faoi réir rialála. Tá sé i gceist go ndéanfar foráil i reachtaíocht atá ag teacht aníos do rialáil na ngnólachtaí go léir a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe fiachais, lena n-áirítear gnólachtaí a sholáthraíonn comhairle do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus gnólachtaí a chaibidlíonn íocaíochtaí laghdaithe le creidiúnaithe custaiméirí.

18 Banc AIB, Banc na hÉireann, Danske Bank, permanent tsb agus Banc Uladh Ireland.

## Beartas a Fhorbairt agus a Neartú

I rith 2012, mhol an Banc ardchaighdeáin um chosaint tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais agus caitheamh go cóir le tomhaltóirí ar leibhéal Idirnáisiúnta, AE agus áitiúil.

Ar leibhéal AE agus ar leibhéal áitiúil, d'fhreastail an Banc ar chruinnithe agus thug sé freagraí ar cheisteanna, ar shuirbhéanna agus ar cheistneoirí a bhain le tograí AE i roinnt réimsí, lena n-áirítear:

» Treoracha a rialaíonn Táirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe;

» Comhaontuithe Creidmheasa a bhain le Réadmhaoin Chónaithe – rinneadh dul chun cinn suntasach in 2012;

» An Treoir um Idirghabháil Árachais; agus

» An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais.

I rith 2012, bhí an Banc rannpháirteach sa Mheitheal a bhunaigh an Roinn Airgeadais chun breathnú ar fhorbairt Cuntas Bainc Caighdeánach do dhaoine nach bhfuil rochtain acu ar chuntais den sórt sin faoi láthair. Bhí an obair seo bainteach le rannpháirtíocht i bplé ar an bhfeidhmiúlacht is ceart do chuntais den sórt sin a thairiscint, i measc rudaí eile, agus ar an gcaoi is fearr chun daoine a aithint agus a spreagadh chun cuntais mar iad a oscailt.

Bhain cuid de na tionscnaimh bheartais ar tugadh fúthu in 2012 le feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí trí eolas páirtithe leasmhara ar Chód um Chosaint Tomhaltóirí an Bhainc 2012, ar an gCód Inniúlachta Íosta agus ar Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste a mhéadú trí shraith cur i láthair agus cruinnithe a chuir diansoiléiriú ar fáil d'iasachtóirí maidir lena n-oibleagáidí faoin gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste.

I Meitheamh 2012, d'fhoilsigh an Banc páipéar plé ar an gCód Iompair um Aistriú Cuntas Reatha le hInstitiúidí Chreidmheasa, a thug cuireadh do pháirtithe leasmhara freagra a thabhairt ar raon ceisteanna faoi fheidhmiú agus feabhsú ionchasach an Chóid. Déanfar breithniú tuilleadh ar leasuithe ar an gCód seo in 2013 de thoradh freagairtí a fuarthas agus tograí AE a bhfuil coinne leo sa réimse seo.

## Téamaí Eile

### Cur Chun Feidhme an Chóid Leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí

Rinne an Banc athbhreithniú agus cigireacht ar phleananna cuideachtaí árachais agus banc le lánfheidhmiú an Chód Leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí a chinntiú. Ar an iomlán chinn an Banc go raibh formhór na ngnólachtaí a ndearnadh cigireacht orthu tar éis tús áite a thabhairt do lánfheidhmiú éifeachtúil an Chóid leasaithe, go raibh na hacmhainní agus an oiliúint riachtanach tiomanta acu agus gur dheimhníodar go mbeadh forálacha leasaithe uile an Chóid i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2012. Ach aithníodh réimsí áirithe a bhféadfaí feabhas a chur orthu lena n-áirítear soláthar faisnéise soiléire agus beaichte i dteanga shoiléir, aithint riachtanas tomhaltóirí leochaileacha agus soláthar socruithe réasúnta agus cúnaimh do thomhaltóirí leochaileacha.

### An Forghníomhú is fearr i nGnólachtaí MiFID

Rinneadh scrúdú in 2012 ar na cleachtais forghníomhaithe is fearr i ngnólachtaí MiFID. Is é is aidhm do rialacha an fhorghníomhaithe is fearr a chinntiú go bhfaighidh gnólachtaí stocbhróicéireachta agus infheistíochta na torthaí is fearr agus is féidir dá gcustaiméirí le linn dóibh orduithe custaiméara a láimhseáil ar ionstraimí airgeadais amhail scaireanna nó bannaí a cheannach nó a dhíol. D'aithin an chigireacht théamach seo roinnt easnamh ar chomhlíonadh na rialacha maidir le forghníomhú is fearr ag gnólachtaí stoicbhróicéireachta agus infheistíochta. Cheangal an Banc go ndéanfadh gach gnólacht athbhreithniú, agus i gcás inarbh iomchuí, leasú ar a gcleachtais agus a nósanna imeachta chun torthaí na cigireachta téamaí a chur san áireamh.

### An Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta

Na cinntí ó athbhreithniú an Bhainc ar chomhlíonadh ceanglas áirithe maidir le hiompar áirithe riachtanas gnó ó Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta), 2009, ag ocht mbanc miondíola in Éirinn, foilsíodh i Márta 2012 iad. Tá ábharthacht ag na cinntí agus na moltaí do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta uile in Éirinn.

Ar na príomhchinntí, áirítear saincheisteanna maidir le neamhréireachtaí sna bainc mhiondíola maidir le huaireanta scoite d'íocaíocht a fháil, muirir a ghearrtar ar fhaisnéis, ráitis mhíosúla agus an bealach ina raibh idirbhearta á gcur i gcrích. Eisíodh litreacha chuig gach ceann de na bainc inar leagadh amach na cinntí go mionsonraithe agus inar ceanglaíodh go dtabharfaí aghaidh láithreach ar sháraithe agus ar neamhréireachtaí chun comhlíontacht a chinntiú.

### Tábla 6 - Cigireachtaí Téamacha Dírithe ar Thomhaltóirí le linn 2012

| | Gníomhaíocht 2011 | Gníomhaíocht 2012 |
|---|---|---|
| Líon na dTéamaí | 10 | 9 |
| Líon na gCigireachtaí | 118 | 251 |
| Líon na gCruinnithe Neamhchigireachta | 89 | 56 |

### Sonraí Ghníomhaíocht 2012 maidir le Cigireachtaí Dírithe ar Thomhaltóirí

| Téamaí (Ar an láthair agus lasmuigh den láthair) | Cineál Eintitis | Líon a ndearnadh cigireacht/ iniúchadh orthu |
|---|---|---|
| An Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta* | Institiúidí Creidmheasa | 8 |
| Dreasachtaí díolacháin i nGnólachtaí Árachais** | Árachas | 5 |
| Athbhreithniú ar Chomhlíonadh CIRM** | Institiúidí Creidmheasa | 3 |
| Monatóireacht agus Forfheidhmiú a dhéanamh ar Chomhlíonadh Rialacha Stuamachta agus/nó Rialacha maidir le Gnó a Dhéanamh agus saincheisteanna i ngnólachtaí eile a réiteach | Idirghabhálaithe Miondíola | 34 |
| Idirghabhálaithe Miondíola Neamhchomhlíontacha-Gnólachtaí nár chuir a dtuairisceán bliantúil isteach | Idirghabhálaithe Miondíola | 50 |
| Rioscaí arna sainaithint í dTuairisceáin Bhliantúla, Árachas Slánaíochta Gairmiúla, Sáruithe Féintuairiscithe | Idirghabhálaithe Miondíola | 78 |
| Árachas Cosanta Íocaíochta | Institiúidí Creidmheasa | 7 |
| Athbhreithniú ar ullmhacht gnólachtaí i ndáil le cur chun feidhme an Chóid athbhreithnithe um Chosaint Tomhaltóirí | Árachas, Institiúidí Creidmheasa agus Institiúidí Íocaíochta | 12 |
| Imscrúdú ar Fhorghníomhú is fearr i nGnólachtaí MiFID | Infheistíocht & Stocbhróicéireacht | 49 |
| Straitéis Réitigh do Riaráistí Morgáiste | Institiúidí Creidmheasa | 21 |
| **Iomlán na dTéamaí:** | | **10** |
| **Iomlán na nEintiteas arna n-áireamh sna Téamaí** | | **251** |
| Cigireachtaí Eile (ar an láthair) | Idirghabhálaithe | 5 |
| | Gnólachtaí MiFID | 3 |
| | Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola | 1 |
| | Iasachtóirí Airgid | 1 |
| | Institiúidí Íocaíochta | 1 |
| | Árachas | 4 |
| **Iomlán na gCigireachtaí** | | **15** |
| Cruinnithe Eile | Gnólachtaí MiFID | 10 |
| | Árachas | 21 |
| | Idirghabhálaithe | 38 |
| | Institiúidí Creidmheasa | 59 |
| | Rialtóir/Iniúchóir na Ríochta Aontaithe | 11 |
| | Ilghnéitheach | 84 |
| | Iasachtóirí Airgid | 4 |
| | Institiúidí Íocaíochta | 5 |
| | Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola | 7 |
| | Scéimeanna Fridhílse Teaghais | 1 |
| | Roinn Rialtais | 48 |
| Iomlán na gCruinnithe Neamhchigireachta | | **288** |
| **Foriomlán** | | **554** |

* Luadh i Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2011 go dtuairisceofaí na nithe seo sa bhliain 2012

** Tuairisceofar an tsaincheist seo sa bhliain 2013.

**Tábla 7 – Saincheisteanna Fógraíochta a ndearnadh Imscrúdú Orthu**

| | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Monatóireacht an Bhainc Ceannais | 44 | 126 |
| Gearáin | 46 | 62 |
| **Iomlán** | **90** | **188** |

**Torthaí an Imscrúdaithe a Rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta 2012**

| Fógraí Leasaithe | Fógraí Tarraingthe Siar | Gan Athrú le Déanamh | Leanúnach |
|---|---|---|---|
| 86 | 60 | 28 | 14 |

## Monatóireacht ar Fhógraíocht

Le linn 2012, rinne an Banc iniúchadh ar 188 saincheist a bhain le fógraíocht. Dá thoradh sin, ceanglaíodh go ndéanfaí 60 fógra a tharraingt siar agus go ndéanfaí 86 fógra eile a leasú.

## Eolas agus Taighde ar an Margadh a Fhorbairt

I rith 2012, bunaíodh feidhm nua um eolas ar an margadh chun tacú le hacmhainní an Bhainc chun rioscaí iompair ionchasacha a aithint, ar rioscaí iad a rachadh chun dochair do thomhaltóirí. Áiríodh ar an obair sa réimse seo, tionscadail taighde a choimisiúnú, sonraí gnólachtaí a chomhordú agus anailís a dhéanamh ar thaighde agus ar eolas margaidh atá ann cheana. Tá an t-eolas seo á úsáid chun cigireachtaí téamacha, forbairtí beartais agus cumarsáid laistigh den Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí sa Bhanc a fhoirmiú.

## Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara

Chuir an Banc próiseas idirchaidrimh chun feidhme lena pháirtithe leasmhara, go hinmheánach agus go seachtrach araon i rith 2012, agus a straitéis um chosaint tomhaltoirí á forbairt. Leis an idirchaidreamh seo, éascaítear don Bhanc cur chuige níos cuimsithí a fhorbairt, bunaithe ar an tomhaltóir agus ar fhianaise dírithe ar riosca chun tacú le forbairt beartas, le cinnteoireacht agus próisis bainistithe riosca, agus chun an céanna a fhoirmiú. Mar chuid den phróiseas idirchaidrimh i rith 2012, bhí an Banc ina óstach ag trí chruinniú den Ghrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí a bunaíodh in 2011 chun comhairle a chur ar an mBanc Ceannais maidir le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí chun comhoibriú idir an Ghníomhaireacht agus an Banc a éascú. Reáchtáladh cruinnithe freisin leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (OSA), an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA), an tIonad um Chomhairle Dlí Saor in Aisce (FLAC), an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (LET), an tÚdarás Iomaíochta, an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa agus Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann.

Reáchtáladh cruinnithe freisin le comhlachtaí Tionscail amhail Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann (CBE), Cumann Bróicéirí Gairmiúla na hÉireann, (CBGE), Bord um Fhiontair Bheaga & Mheánmhéide na hÉireann (BFBM), Cónaidhm an Tionscail Árachais (CTA) agus Cónaidhm Baincéirí na hÉireann (CBE) i gcaitheamh na bliana.

## Soláthraithe Seirbhíse Airgeadais Eile

Is é an Banc an rialtóir d’fhormhór na soláthraithe seirbhíse airgeadais agus cistí in Éirinn. Sa tábla thíos, leagtar amach líon na soláthraithe seirbhíse airgeadais rialáilte de réir chineál na gníomhaíochta amhail ag deireadh mhí na Nollag 2012. Leagtar amach ann freisin, sonraí maidir le líon na n-údaruithe agus na gcúlghairmeacha le linn na bliana.

## Tábla 8 – Soláthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais

| | 2012 |
|---|---|
| Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí d'institiúidí creidmheasa thar lear) | 70 |
| Cuideachtaí Árachais Saoil | 55 |
| Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil | 112 |
| Cuideachtaí Athárachais | 87 |
| Gnólachtaí Infheistíochta MiFID (MiFID) (lena n-áirítear brainsí de ghnólachtaí thar lear) | 119 |
| Gnólachtaí Gnó Infheistíochta Neamh-Mhiondíola | 11 |
| Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 217 |
| Idirghabhálaithe Miondíola, *lena n-áirítear* | 3,238[19] |
| • Idirghabhálaithe Infheistíochta (comhairleoirí údaraithe, idirghabhálaithe ilghníomhaireachta, idirghabhálaithe morgáiste) | |
| • Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais | |
| Comhscéimeanna Infheistíochta (lena n-áirítear fochistí) | 5,305 |
| Comhair Chreidmheasa | 399 |
| Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change | 12 |
| Iasachtóirí Airgid[20] | 43 |
| Margadh Rialáilte/Oibreoirí Margaidh | 1 |
| Bróicéirí Airgid | 5 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais | 18 |
| Institiúidí Íocaíochta | 10 |

## Táble 9 - Údaruithe/Cúlghairmeacha

| | Údaruithe | Cúlghairmeacha |
|---|---|---|
| | 2012 | 2012 |
| Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí d'institiúidí creidmheasa thar lear) | 3 | 7 |
| Cuideachtaí Árachais Saoil | 0 | 7 |
| Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil | 4 | 13 |
| Cuideachtaí Athárachais | 0 | 14 |
| Gnólachtaí Infheistíochta MiFID (MiFID) (lena n-áirítear brainsí de ghnólachtaí thar lear) | 5 | 14 |
| Gnólachtaí Gnó Infheistíochta Neamh-Mhiondíola | 0 | 0 |
| Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 16 | 15 |
| Idirghabhálaithe Miondíola, *lena n-áirítear* | 253[21] | 797[22] |
| • Idirghabhálaithe Infheistíochta (comhairleoirí údaraithe, idirghabhálaithe ilghníomhaireachta, idirghabhálaithe morgáiste) | | |
| • Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais | | |
| Comhscéimeanna Infheistíochta (lena n-áirítear fochistí) | 743 | 485 |
| Comhair Chreidmheasa | 0 | 5[23] |
| Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change | 0 | 1 |
| Iasachtóirí Airgid[24] | 43 | 0 |
| Margadh Rialáilte/Oibreoirí Margaidh | 0 | 0 |
| Bróicéirí Airgid | 0 | 0 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais | 0 | 0 |
| Institiúidí Íocaíochta | 0 | 1 |
| | **1,067** | **1,359** |

19 Eisiatar gnólachtaí amhail institiúidí creidmheasa, comhair chreidmheasa, etc. a bhfuil údarú idirghabhála mhiondíola ar seilbh acu freisin.

20 Faoi réir athnuachan bhliantúil an cheadúnais.

21 Le linn 2012, údaraíodh 253 idirgabhálaí miondíola San áireamh, bhí 300 údarú leithleach ó tharla go n-iarrann roinnt gnólachtaí údarú faoi níos mó ná cineál údaraithe amháin d'idirghabhálaithe miondíola. (Ní fholaítear san fhigiúr seo, 86 idirghabhálaí árachais faoi cheangal a údaraíodh in 2012).

22 Le linn 2012, i gcás 797 idirghabhálaí miondíola (lena n-áirítear 191 idirghabhálaí árachais faoi cheangal) lig siad dá n-údaruithe dul in éag, nó cúlghaireadh a n-údaruithe go deonach nó baineadh iad ar bhealach eile go neamhdheonach ó chláir reachtúla an Bhainc. Cuirtear 972 údarú leithleach san áireamh sa mhéid seo.

23 Lánscoireadh comhar creidmheasa amháin, d'aistrigh 4 chomhar creidmheasa a gcuid gníomhaíochtaí chuig comhar creidmheasa eile.

24 Faoi réir athnuachan bhliantúil an cheadúnais.

# Bearta Forfheidhmiúcháin agus Rialála

## Comhaontuithe Socraíochta

I rith 2012, rinne an Banc 16 comhaontú socraíochta. Rinneadh ceithre cinn déag de na socraíochtaí faoi na Nósanna Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin faoi Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú); rinneadh an dá cheann eile faoin nós imeachta leithleach a ndéantar foráil dó faoi reachtaíocht na margaí urrús.

Ar na smachtbhannaí a gearradh, áirítear 16 fíneáil, €8.5m san iomlán, agus 16 iomardú. Bhí idir €800 go €3.2m i gceist sna fíneálacha agus bhaineadar le sáruithe éagsúla ar dhlí Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, sáruithe ar Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamhshaoil) 1994, Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1994; na ceanglais do Bhainistiú Riosca Leachtachta (Meitheamh 2009); Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leordhóthanacht Chaipitil Institiúidí Creidmheasa) 2006; an Cód um Chosaint Tomhaltóirí; na Ceanglais Inniúlachta Íosta; an tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001; Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú) 1992; an tAcht Árachais 1989; Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007; na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh 2009; agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010.

Foilsíodh ráitis phoiblí maidir le gach socraíocht. Bhí faisnéis mhionsonraithe sna ráitis phoiblí seo maidir leis na sáruithe, lena n-áirítear cineál, líon, minicíocht agus cúis(eanna) na sáruithe, na pionóis a forchuireadh agus na tosca a bhreithnigh an Banc agus smachtbhannaí ábhartha á gcinneadh aige. I ngach ráiteas poiblí a foilsíodh, leagadh béim ar fhonn forfheidhmiúcháin an Bhainc, spreagadh comhlíontacht eintiteas rialáilte agus cuireadh oideachas ar pháirtithe leasmhara faoi na caighdeáin iompair a mbíonn coinne ag an mBanc leo uathu sin a ndéanann sé rialáil orthu.

Na saincheisteanna suntasacha a aithníodh sna cásanna thuas, bhain siad leis na nithe seo a leanas:

» Mainneachtain córais agus rialuithe leordhóthanacha a bheith ann chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus rialú leordhóthanach ar ghníomhaíocht a seachfhoinsíodh chuig grúpchuideachtaí;

» Mainneachtain tuairiscí iomlána, beachta a chur ar fáil maidir le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais;

» Mainneachtain bainistiú, monatóireacht agus tuairisciú beacht a dhéanamh ar riachtanais chaipitil riosca;

» Mainneachtain rialuithe inmheánacha éifeachtacha a bhunú agus a choinneáil do bhainistíocht riosca leachtachta;

» Mainneachtain gearáin chustaiméara a láimhseáil de réir an Chóid um Chosaint Tomhaltóra;

» Mainneachtain an cuntas gnó árachais saoil a chothabháil de réir na reachtaíochta;

» Mainneachtain sócmhainní idirbhearta creidmheasa a chothabháil de réir na reachtaíochta;

» Mainneachtain sócmhainní dóthanacha a choinneáil chun freastal ar an lamháil riachtanach sócmhainneachta;

» Mainneachtain córais agus rialuithe leordhóthanacha a bheith ann agus/nó a fheidhmiú chun comhlíonadh na gCód agus na Rialachán éagsúil a chinntiú;

» Mainneachtain ag cuideachta atá liostaithe go poiblí fógraí margaidh a dhéanamh laistigh de na hamlínte forordaithe;

» Mainneachtain beartais agus nósanna imeachta scríofa leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm le coimisiúnú sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath;

» Mainneachtain árachas slánaíochta gairmiúla sásúil a choimeád; agus

» Mainneachtain tuairisc ar idirbheart amhrasach a chomhdú maidir le hidirbheart chliaint i gcás ina bhféadfadh gur drochúsáid margaidh a bhí ann.

Eisíodh rabhadh maoirseachta i[25] 16 chás.

25 Is ionann Rabhadh Maoirseachta agus modh neamhreachtúil atá ar fáil don Rannán Maoirseachta i gcás ina mbeidh cúis réasúnta aige a cheapadh gur tharla sárú forordaithe ach ina measfar nach bhfuil gá le smachtbhanna ASP.

### Tábla 10 - Bearta Rialála a Rinneadh

| Cineál | Líon Beart | |
|---|---|---|
| | 2011 | 2012 |
| Comhaontuithe Socraíochta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin | 10 | 14 |
| Comhaontuithe Réitigh faoi Dhlí na nUrrús | 0 | 2 |
| Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha arna n-eisiúint faoi Dhlí na nUrrús | 2 | 0 |
| Orduithe arna bhForchur faoin Treoir Trédhearcachta[26] | 16 | 11 |
| Fógraí Rabhaidh arna n-eisiúint i ndáil le Gníomhaíocht Neamhúdaraithe | 6 | 34 |
| Rabhaidh Maoirseachta | 14 | 16 |
| Eisiúint na dTorthaí Iarchigireachta nó na dTorthaí Rialála a gcaithfear Dul i nGleic leo nó a Cheartú (lena n-áirítear litreacha arna n-eisiúint faoin bPlean um Maolú Riosca) | 173 | 248 |
| Iarratas ar Athbhreithnithe Seachtracha – Comhair Chreidmheasa | 1 | 2 |
| Údarú / Ceadúnas/ Clárú a Diúltaíodh | 0 | 0 |
| Riarthóir Ceaptha | 7 | 0 |
| Gnólachtaí arna nAthchaipitliú mar thoradh ar Fhadhbanna Sócmhainneachta | 20 | 42 |
| Treoir / Ceanglas a Forchuireadh ar Chomhair Chreidmheasa | 1 | 4 |
| Iniúchóir Neamhspleách Ceaptha/Gá le Cigire | 90 | 188 |
| Imscrúdú a rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta | 1 | 0 |
| Cigire arna cheapadh ag an gCúirt | 40 | 168 |
| Treoir / Ceanglas a Forchuireadh faoi Reachtaíocht Eile | 111 | 105 |
| Faisnéis arna nochtach d'Údaráis Forfheidhmiúcháin eile | 2 | 6 |
| Cúlghairmeacha Neamhdheonacha/Tarraingt Siar Údaraithe | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **494** | **841** |

## Orduithe arna bhForchur faoin Treoir Réamheolaire

### Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC)

I mí Bealtaine 2011, chuir na Gardaí in iúl don Bhanc, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'aon ionchúiseamh coiriúil amach anseo dá rachadh an Banc ar aghaidh lena imscrúduithe. Dá réir sin, bheartaigh an Banc a imscrúdú a chur siar ach coimeádfaidh sé an cinneadh sin faoi réir athbhreithnithe. I bhfianaise thromchúis agus íogaire na n-imeachtaí coiriúla agus láidreacht na smachtbhannaí atá ar fáil do na Gardaí agus don OSFC, is é seo an cur chuige is iomchuí i gcás ina mbeadh féidearthacht réasúnta ann go dtarlódh imeachtaí iolracha dlí. Bíonn an caidreamh rialta leis na gníomhaireachtaí seo ag dul ar aghaidh i gcónaí.

### Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS)

Tá imscrúdú ar chleachtais iasachtaithe stairiúla ag an INBS ar siúl i gcónaí. Ní féidir aon chinntí maidir le gníomh ionchasach sa todhchaí a dhéanamh go dtí go mbeidh sé seo tugtha chun críche.

### Quinn Insurance Limited

Leanadh leis an imscrúdú ar chúrsaí áirithe laistigh de Quinn Insurance Limited in 2012.

### Cásanna Forfheidhmiúcháin Eile

I rith 2012, chinn an Banc Measúnóir a cheapadh faoi Rialachán 35 de na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005, chun measúnú ar shárú ionchasach na Rialachán sin a dhéanamh.

26 Orduithe arna bhforchur faoin Treoir Trédhearcachta, ní fhéadfar iad a eisiúint ach le haghaidh tréimhse 10 lá san iarraidh agus, dá bhrí sin, ní mór Ordú nua a eisiúint gach 10 lá. Mar shampla, i gcás ina mainneodh eisitheoir tuarascáil bhliantúil airgeadais a fhoilsiú laistigh den amscála a shonraítear sna Rialacháin, d'eiseodh an Banc ordú chuig Stocmhalartán na hÉireann ag iarraidh air trádáil a chur ar fionraí in urrúis an eisitheora ar feadh tréimhse 10 lá go dtí go bhfoilseofaí an tuarascáil bhliantúil airgeadais. I gcás ina gcuirfí an t-eisitheoir ar fionraí ar feadh 30 lá, bheadh sé seo bunaithe ar 3 Ordú a bheith eisithe ag an mBanc. In 2012, eisíodh 306 Ordú faoin Treoir Trédhearcachta (286 sa bhliain 2011). Má dhéantar coigeartú d'atheisiúint Orduithe a eisíodh roimhe sin, is ionann líon iomlán na nOrduithe a eisíodh de bhun na Rialachán agus 11 (16 sa bhliain 2011).

### Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011

Foilsíodh Bille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011 (an Bille) an 28 Meitheamh 2011. Foilsíodh leasuithe Chéim an Choiste in Aibreán 2012. I rith na bliana, chuaigh an Banc i dteagmháil go díreach leis an Roinn Airgeadais maidir le forálacha an Bhille agus na leasuithe ag Céim an Choiste.

Cuid 3 den Bhille mar a foilsíodh ar dtús é, bainteach le hOifigigh Údaraithe, áirítear anois í san Acht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012 (an tAcht um Chomhar Creidmheasa) agus is Cuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 a bheidh inti. Aistríodh roinnt cúinsí coimhdeacha eile ón mBille go dtí an tAcht um Chomhar Creidmheasa, lena n-áirítear forálacha don chomhoibriú le rialtóirí thar lear. Meastar faoi láthair go n-achtófar an Bille i rith an chéad leath de 2013.

### Comhdháil Forfheidhmiúcháin agus Rannpháirtíochtaí Poiblí Eile

Bhí an Banc ina óstach do Chomhdháil Forfheidhmiúcháin an 11 Nollaig 2012. Tá an t-imeacht mar chuid de chlár rannpháirtíochta níos leithne le páirtithe leasmhara. Thug sé ardán do chainteoirí agus do dhaoine a bhí i láthair tuairimí a mhalartú i bplé oscailte táirgiúil. Sa bhreis ar an gComhdháil Forfheidhmiúcháin, tá an Banc tar éis cur i láthair a dhéanamh ar a chuid oibre forfheidhmiúcháin ag 10 n-imeacht poiblí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

### Fóram Rialtóirí

An 7 Meitheamh agus 21 Samhain 2012, reáchtáil an Banc fóram do rialtóirí forfheidhmithe. Ar an 20 gníomhaireacht rialála a raibh ionadaíocht acu, bhí lucht freastail ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise, ó Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ón Údarás Iomaíochta. Tá an fóram ceaptha roinnt na taithí agus foghlama idir rialtóirí forfheidhmúcháin a éascú ar ábhair chomhleasa.

### Oiriúnacht agus Ionracas - Athbhreithniú ar Bhoird na mBanc

Sa Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2011-2012, dúirt an Banc go leanfadh sé de mheasúnú a dhéanamh i dtaobh cibé acu ar cheart d'aon stiúrthóirí ar bhoird institiúidí creidmheasa a raibh tacaíocht Stáit acu, a bheartaigh fanacht ina bpoist tar éis 1 Eanáir 2012, a bheith faoi réir athbhreithnithe ar a n-iompar sa tréimhse suas go dtí soláthar tacaíochta Stáit. Mar chuid den chleachtadh seo, scríobh an Banc chuig na stiúrthóirí seo in 2011 lena n-intinn fanacht ina bpoist tar éis 2012 a chinneadh.

An 28 Meitheamh 2012, d'fhógair an Banc go raibh an t-athbhreithniú ar oiriúnacht agus ar ionracas tugtha chun críche. I rith thréimhse an athbhreithnithe, d'éirigh cuid mhór de stiúrthóirí fadtréimhseacha na sé institiúid chreidmheasa a raibh tacaíocht Stáit acu, as oifig. Maidir leis na stiúrthóirí atá fágtha sna hinstitiúidí creidmheasa seo, leanfaidh an Banc air lena ról i leith maoirseachta ar oiriúnacht agus ar ionracas na stiúrthóirí sin a chomhlíonadh.

I gcás iarratas nua chun suí ar bhoird ar cheann de na hinstitiúidí seo atá fanta faoi mhaoirseacht ghníomhach an Bhainc, ceanglófar ar na hiarratasóirí a chruthú chun a shástachta go gcomhlíonann na stiúrthóirí atá beartaithe íoschaighdeáin an Bhainc maidir le hoiriúnacht agus ionracas.

**Bosca 4 – Straitéis Forfheidhmiúcháin an Bhainc**

Tá cur chuige an Bhainc maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais agus margaí a rialáil bunaithe ar mhúnla de mhaoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi, fad a áirithítear cosaint tomhaltóirí leis an gcur chuige sin. I gcás ina mainneoidh eintitis rialála a gcuid ceanglas rialála a chomhlíonadh, is uirlis thábhachtach é an forfheidhmiú chun díspreagadh a chur i gcrích agus comhlíonadh a bhaint amach agus chun an iompraíocht a mbíonn súil ag an mBanc léi a chur chun cinn. Áiritheoidh an Banc go bpoibleofar torthaí gníomhartha forfheidhmiúcháin.

Titeann gníomhartha forfheidhmiúcháin isteach ina ndá aicme leathana – Réamhshainithe agus Frithghníomhacha. Tagann forfheidhmiú réamhshainithe ó thosaíochtaí oibre na Rannán maoirseachta. Foilseoidh an Banc Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin do 2013 sa Chéad Ráithe de 2013. Beidh gníomh forfheidhmiúcháin cinntitheach i gceist le forfheidhmiú frithghníomhach i gcás ina dtiocfaidh sáruithe rialála chun solais ó obair mhaoirseachta an Bhainc agus ó fhoinsí eile.

Rachaidh an Banc i mbun gnímh fhorfheidhmiúcháin in aghaidh eintitis rialáilte thar speictream iomlán rátálacha tionchair faoi shamhail mhaoirseachta PRISM an Bhainc (i.e. ard, meán-ard, mean-íseal agus íseal). I gcás nach mbeidh caidreamh maoirseachta gníomhach ag an mBanc le soláthraí seirbhíse airgeadais rialáilte agus go ndlíonn imthosca é, déanfaidh an Banc gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh eintiteas a bhfuil tionchar níos ísle acu mar bhealach éifeachtach chun comhlíontacht a spreagadh, oiliúint a chur ar eintitis rialáilte agus eintitis den sórt sin a chosc ó neamhchomhlíontacht.

Leanfaidh an Banc air ag cinntiú go gcloíonn daoine a bhfuil feidhmeanna tábhachtacha acu in eintitis rialáilte, leis na hardchaighdeáin atá leagtha síos sa chóras oiriúnachta agus ionracais. I gcás go bhfuil an Banc den tuairim nach bhfuiltear ag freastal do na caighdeáin ná do na riachtanais, déanfaidh sé imscrúdú ar bhealach cuimsitheach críochnúil agus déanfaidh aon bheart a d'fhéadfadh a bheith dlite agus leas á bhaint as na cumhachtaí atá ar fáil dó.

## Frithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac

Is é an Banc an t-údarás inniúil do mhaoirsiú institiúidí airgeadais agus creidmheasa maidir le reachtaíocht bainteach le gníomhaíochtaí Frithsciúradh Airgid, Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta (CSAMS) agus Smachtbhannaí Airgeadais AE (SA). Tá sé freagrach freisin as imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht gnó neamhúdaraithe.

I rith 2012, rinne an Banc 28 cigireacht CSAMS ar 26 institiúid airgeadais, rud a thug líon iomlán na gcigireachtaí a tugadh chun críche de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (ACC2010) go 72. Na príomhtheipeanna ar rialuithe a aithníodh ón ngníomhaíocht chigireachta mar aon le léargas ginearálta ar staid chomhlíontachta ghnólachtaí, cuireadh iad in iúl don Tionscal i nDeireadh Fómhair 2012 trí litreacha chuig na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin.

In 2012, baineadh amach clocha míle suntasacha eile dírithe ar fheasacht a mhéadú laistigh den tionscal ar oibleagáidí CSAMS agus SA, lena n-áirítear foilsiú treoirlínte lárnacha i mí Feabhra 2012, foilsiú treoirlínte earnálacha don earnáil árachais i mí na Samhna 2012, cur i láthair ag comhdhálacha á n-óstáil ag comhlachtaí tionscail lena n-áirítear Association of Compliance Officers in Ireland (ACOI), Cumann Forbartha Comhar Creidmheasa (CFCC). Tá cúnamh á chur ar fáil i gcónaí don Roinn Airgeadais maidir lena caidreamh leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, ar fócas ar leith é an t-ionchur i ndréachtú Bille Leasaithe in 2012.

Sa bhliain 2012, fuair an Banc 393 fiosrú i ndáil le gníomhaíocht líomhnaithe neamhúdaraithe, agus thug freagra ar na fiosruithe sin, d'fhoilsigh sé sé cinn d'fhógraí rabhaidh i ndáil le 34 gnólacht agus thug 84 tuairisc do na Gardaí faoi alt 33AK d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). Rinne an Banc cigireachtaí ar 15 ghnólacht a raibh drochamhras ann ina leith go raibh siad i mbun gníomhaíochta neamhúdaraithe.

In 2012, foilsíodh 88 rialachán AE maidir le Smachtbhannaí Airgeadais ar tugadh eolas don tionscal agus don phobal fúthu trí láithreán gréasáin an Bhainc agus uathchóras síntiúis rabhaidh ríomhphoist. Bhí caidreamh fadseasmhach freisin leis an tionscal agus leis an rialtas maidir le feidhmiú SEPA atá ag teacht aníos agus a thionchar ar phróisis chun idirbhearta ceadaithe a scagadh.

**Bosca 5 – Tionscnaimh Fheabhsaithe Acmhainne a Rinneadh in 2012**

**Foireann Tacaíochta Maoirseachta**
Is í aidhm Tacaíochta Maoirseachta neadú rathúil chóras PRISM a chinntiú agus bunch« cáilíocht na maoirseachta a fheabhsú. Tháinig an fhoireann Tacaíochta Maoirseachta chun a bheith lánfheidhmiúil i mí Iúil 2012 agus thug sí faoi roinnt píosaí suntasacha oibre lena n-áirítear:

- Dhá athbhreithniú dhoimhne ar bhainc ardtionchair inar scrúdaíodh cáilíocht rannpháirtíocha, aithint riosca agus maolú riosca;
- Athbhreithniú 360 céim ar fheidhmiú Painéal Rialachais Riosca;
- Rinneadh athbhreithniú ar na tascanna rannpháirtíochta do na gnólachtaí sin a chur faoi bhráid Painéil Rialachais Riosca chun dea-chleachtas agus réimsí do bhreisoiliúna a bhunú; agus
- Soláthar raon máistir-ranganna/seimineár do mhaoirseoirí ar ábhair amhail Pleanáil Rannpháirtíochta Éifeachtaí agus Ullmhú do Phainéil Rialachais Riosca.

**Foireann Thrasearnálach**
Déanann an fhoireann Thrasearnálach anailís ar threochtaí atá ag teacht chun cinn thar earnálacha airgeadais difriúla d'fhonn cuidiú le maoirseoirí na príomhrioscaí atá ag teacht chun cinn ina n-earnálacha a thuiscint. Ba é seo a leanas an toradh a bhí air:

- Foilsiú Measúnuithe Riosca Comhshaoil;
- Páipéir thaighde agus raon seimineár ar rioscaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt do mhaoirseoirí ar ábhair lena n-áiritear Rioscaí Comhshaoil, Treochtaí Forchoimeádta Árachais Neamhshaoil, agus Impleachtaí Ráta Úis Ísil.

# Beartas agus Riosca

Áirithítear, trí na hacmhainní beartais agus riosca sa Bhanc, go mbeidh an Banc in ann gníomhú go héifeachtúil ina mhaoirseacht ar réimse leathan na n-institiúidí airgeadais in Éirinn. Cuirtear acmhainní anailíse agus tacaíochta ar fáil chun a áirithiú go bhfreagróidh maoirseacht riosca-bhunaithe an Bhainc go héifeachtúil agus go cinntitheach d'fhorbairtí sna hearnálacha éagsúla airgeadais.

## Rialachas Corparáideach

### Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais

In 2012, lean an Banc d'athbhreithnithe a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Rialachais Chorparáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais (an Cód). Sa Chód, leagtar amach na híoscheanglais reachtúla maidir leis an gcaoi inar cheart do ghnóthais rialachas a n-institiúidí a eagrú agus tugadh isteach ar bhonn céimnithe é. Tháinig forálacha uile an Chóid Rialachais Chorparáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais i bhfeidhm i rith 2012. Rinne an Banc cur i láthair ar an ábhar do Chomhlachas Rialachais Chorparáidigh na hÉireann agus do Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann ar cheanglas an Ráitis Chomhlíontacha Bhliantúil.

Ba phríomhréimse fócais iad rialachas agus comhlíonadh an Chóid don Bhanc i rith 2012 agus rinneadh 11 Athbhreithniú Rialachais ar ghnólachtaí árachais, ag díriú ar ghnóthais Ardtionchair go háirithe. I gcás inar aithníodh neamh-chomhlíonadh an Chóid nó saincheisteanna eile bainteach le rialachas, tá bearta iomchuí á ndéanamh ag an mBanc lena n-áirítear gníomhartha forfheidhmiúcháin.

### Córas Oiriúnachta agus Ionracais do Sholáthraithe Seirbhíse Airgeadais

D'eisigh an Banc doiciméad de cheisteanna coitianta i Márta 2012 chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuirtear go minic ar fheidhmiú an Chórais Oiriúnachta agus Ionracais. Reáchtáladh sraith cruinnithe idir an Banc agus na comhlachtaí tionscail éagsúla.

Cuireadh an Córas Oiriúnachta agus Ionracais nua chun feidhme go hiomlán faoin 1 Nollaig 2012. Baineann an Córas le Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaofa amhail Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóir nó Ceannasaithe Comhlíontachta, Riosca, agus Iniúchta Inmheánaigh agus Feidhmeanna Rialaithe eile

amhail na comhaltaí foirne a mbíonn tionchar suntasach acu ar chúrsaí an tsoláthraí seirbhíse airgeadais, a dhéanann monatóireacht ar chomhlíontacht nó a dhéanann feidhmeanna i ról a thugann aghaidh ar an gcustaiméir.

Tá soláthraithe seirbhíse airgeadais freagrach as a chinntiú go bhfreagraíonn daoine den fhoireann a dhéanann Feidhmeanna Rialaithe/ Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaofa do Chaighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais, ar a gceapachán chuig feidhmeanna den sórt sin agus ar bhonn leanúnach araon. Ba phríomhghné de phlean idirchaidrimh an Bhainc í comhlíonadh riachtanas nua an Chórais i rith 2012. Déantar athbhreithniú go mion ar thograí a chuireann gnóthais isteach, go háirithe do ghnóthais a bhfuil tionchar ard agus tionchar ard-meánach acu agus, i gcás ina gcinnfidh foirne maoirseachta gur gá déanamh amhlaidh, reáchtálfar agallaimh le daoine ceaptha a mholtar.

### Soláthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise

De bhreis ar bheith ag obair go dlúth le bainc ar chleachtais láidre soláthair a chur chun feidhme i leith riaráistí iasachta, ghlac an Banc páirt i dtascfhórsaí Eorpacha éagsúla inar díríodh ar bhealaí chun cleachtais soláthair agus nochtadh faisnéise airgeadais a fheabhsú. Tar éis Treoirlínte ar Sholáthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise do bhainc a fhoilsiú go deireanach in 2011, tugadh cleachtadh chun críche i rith 2012 chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an chomhlíonta i leith na dtreoirlínte sin ag na hInstitiúidí Baincéireachta Clúdaithe.

### Árachas Iniúchóra thar Rialachas Inmheánach

Lean an Banc de bheith ag plé le hionadaithe ó ghairm an iniúchta agus le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), chun treoir a fhorbairt d'iniúchóirí maidir le soláthar árachais ar Rialachas Inmheánach. Is é is cuspóir don ghrúpa seo moladh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a thabhairt ar aghaidh maidir le soláthar árachais dhearfaí ag iniúchóirí ar rialachas inmheánach institiúidí airgeadais.

### Leasuithe Molta ar an Treoir Eorpach agus ar na Rialacháin maidir le hIniúchadh

Tá an Banc, i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ag obair ar an togra do Threoir agus Rialacháin Leasaithe maidir le hIniúchadh laistigh den Eoraip[27]. Déileálann na tograí seo le saincheisteanna amhail sainmhíniú ar Eintitis Leasa Phoiblí, Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, uainíocht ghnólachtaí iniúchóireachta agus ceanglais maidir le tuairisciú.

### Cúrsaí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta

Is comhalta d'Fhochoiste na hÉireann den Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA) é an Banc agus bíonn sé ag plé go minic leis ar chúrsaí comhleasa. I mí Dheireadh Fómhair 2012, chuir an Banc páipéar ar Fheidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh i láthair d'Institiúid Chairte Iniúchóirí Inmheánacha ar ról Feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh i mbainc agus ar ionchais an Bhainc maidir le Feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh mar a fheictear faoi Choiste Basel ar Mhaoirseacht Baincéireachta. Bíonn an Banc ag plé leis an IAASA freisin ar thionscadail éagsúla.

## AE & Idirnáisiúnta

### Rannpháirtíocht in Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEanna) agus i gComhlachtaí Rialála Airgeadais Idirnáisiúnta

In 2012, lean an Banc lena rannpháirtíocht iomlán in obair na dtrí ÚMEanna[28] lena gclúdaítear baincéireacht, árachas/pinsin ghairme agus urrúis/margaí. Is gá ardleibhéil leantacha tiomantais ama agus daonchumhachta le haghaidh na bhfreagrachtaí a sannadh do na húdaráis sin ó thaobh an creat rialála a fhorbairt mar aon le freagairt don ghéarchéim airgeadais leanúnach. Bhí Leas-Ghobharnóir na Rialála Airgeadais, Matthew Elderfield, ag fónamh mar Chathaoirleach Malartach an ÚBE, de bhreis ar a chomhaltacht in ÚEÁPC agus ÚEUM.

Mhéadaigh an Banc freisin a ionadaíocht san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (EICU), agus glacann sé páirt i gceithre cinn de Bhuanchoistí EICU. Tháinig an Banc freisin chun a bheith ina shínitheoir ar Mheabhrán

27 An Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2006/43/CE ar iniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite ('an Treoir Iniúchta')

28 An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM).

Tuisceana Iltaobhach EICU (MTI) ag tarraingt ar dheireadh na bliana i ndiaidh próisis fhada. Sa MTI, leagtar amach tagarmharcáil idirnáisiúnta do chomhoibriú trasteorann chun críche forfheidhmiúcháin rialála ar urrúis.

Ina theannta sin, tháinig an Banc chun a bheith ina shínitheoir ar Mheabhrán Tuisceana Chumann Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais (CIMA) le linn 2012. I MT CIMA, leagtar síos tagarmharc idirnáisiúnta do chomhoibriú trasteorann idir maoirseoirí árachais. Tugadh ár gcomhaltas i MT CIMA chun críche go luath i ndiaidh dheireadh na bliana.

### Rannpháirtíocht le ÚBE

Ghlac ionadaithe ón mBanc páirt i ngach ceann de na ceithre Bhuanchoiste de chuid an ÚBE, is Buanchoistí a thuairiscíonn go díreach do Bhord na Maoirseoirí: Rialáil agus Beartas, Maoirsiú agus Cleachtais, Cosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais agus Cuntasaíocht, Tuairisciú agus Iniúchóireacht. Tá gach Buanchoiste freagrach as líon suntasach foghrúpaí a sanntar réimsí sonrach freagrachta dóibh chun rannchuidiú le clár oibre ÚBE. Bhí ionadaithe an Bhainc ó réimse na Baincéireachta, an Bheartais agus na Cosanta Tomhaltóirí rannpháirteach go gníomhach mar chomhaltaí sna foghrúpaí sin. Bhí an Banc ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa maidir le Leachtacht agus ar an bhfoghrúpa maidir le Cosaint Tomhaltóirí freisin.

Ar leith uaidh sin, ghlac an Banc páirt in Athbhreithniú Painéil an ÚBE. Is é is príomhchuspóir don Phainéal athbhreithnithe piaraí a sheoladh ar ghníomhaíochtaí údarás inniúil agus chun modhanna a fhorbairt chun measúnú agus comparáid oibiachtúil a éascú. Tá an Painéal Athbhreithnithe faoi chathaoirleacht Matthew Elderfield, an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais. Bhí rannpháirtithe an Bhainc páirteach freisin sa Ghrúpa um Staidéar Tionchair a sheolann staidéir tionchair chainníochtúil i ndáil le forbairtí sa chreat rialála.

Ghníomhaigh an Leas-Ghobharnóir mar chathaoirleach malartach ar Bhord Maoirseoirí ÚBE freisin agus ghlac sé páirt i mBord Bainistíochta ÚBE atá freagrach as bainistíocht oibríochtúil an ÚBE.

### Rannpháirtíocht le ÚEÁPC

Is iad seo a leanas na hocht Meithlí buana atá ag ÚEÁPC: Cobhsaíocht Airgeadais, Ceanglais Airgeadais, Maoirseacht ar Ghrúpaí Árachais, Samhlacha Inmheánacha, Coibhéiseacht, Cosaint Tomhaltóirí, TF agus Sonraí agus Rialachas Inmheánach, Athbhreithniú & Tuairisciú Maoirseachta (IGSRR).

Ghlac an Banc páirt ghníomhach ar leibhéal Mheithlí ÚEÁPC agus bhí sé ina chathaoirleach le linn 2012 ar Fho-Ghrúpa IGSRR. Ghlac an Banc páirt freisin i bhfoghrúpaí áirithe de chuid na meithlí buana a thuairiscítear thuas. De bhreis air sin, bhí an Banc rannpháirteach i bPainéal Athbhreithnithe ÚEÁPC.

Is é Matthew Elderfield, an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, ionadaí an Bhainc ar Bhord Bainistíochta agus ar Bhord Maoirseoirí ÚEÁPC.

### Rannpháirtíocht ÚEUM

Tá ionadaithe ag an mBanc ar gach ceann de Bhuanchoistí ÚEUM a bhíonn ag plé le hábhair amhail struchtúr margaidh, cosaint infheisteoirí, bainistíocht infheistíochta, sláine an mhargaidh, nuálaíocht airgeadais, tuairisciú corparáideach agus airgeadas corparáideach. Tá dhá fhostaí de chuid an Bhainc ar iasacht chuig ÚEUM freisin sna réimsí um chosaint infheisteoirí agus um airgeadas corparáideach. Mar aon leis na ÚMEanna eile, tá foghrúpaí agus tascfhórsaí éagsúla ag ÚEUM a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna áirithe faoi gach ceann de na Buanchoistí. Glacann an Banc páirt i líon mór de na foghrúpaí seo a mbíonn a bhformhór díobh freagrach as dréachtú tosaigh gníomhartha tarmligthe agus caighdeán teicniúil i ndáil le reachtaíocht urrús atá ag teacht aníos.

Sroicheadh buaicphointe le rannpháirtíocht mhéadaithe an Bhainc i mBuanchoistí agus i meithlí ÚEUM nuair a toghadh Gareth Murphy, Stiúrthóir Margaí, ina Chathaoirleach ar an mBuanchoiste um Bainistíocht Infheistíochta go ceann téarma dhá bhliain. Is é an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, a dhéanann ionadaíocht don Bhanc ar Bhord Bainistíochta agus ar Bhord Maoirseoirí ÚEUM.

### Comhchoiste ÚMEanna

Bhí an Banc rannpháirteach in obair Chomhchoiste ÚMEanna a spreagann comhoibriú agus comhréireacht thrasearnála idir na ÚMEanna. Cuireann an Comhchoiste a chuid oibre i gcrích trí bhíthin líon fochoistí atá tiomanta do phríomhréimsí imní trasearnála. Bhí ionadaíocht ag an mBanc ar na coistí seo a leanas agus chuir sé ionchur teicniúil ar fáil dóibh:

» An Fochoiste Riosca a chuireann tuarascálacha ar fáil maidir leis na rioscaí agus na leochaileachtaí i gcóras airgeadais an AE;

- An Fochoiste um Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais a thionscain obair maidir leis na Táirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe (TIMPanna);

- An Fochoiste i gcoinne Sciúradh Airgid a d'fhoilsigh tuarascálacha áirithe ag tacú le hathbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir i gCoinne Sciúradh Airgid; agus

- An Fochoiste um Ilchuideachtaí Airgeadais a thugann comhairle don Choimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hIlchuideachtaí Airgeadais (FICOD).

### Comhairle Theicniúil don Roinn Airgeadais agus do Chomhlachtaí Idirnáisiúnta

De bhreis ar a ionchur i ndáil le forbairt agus idirbheartaíocht mholtaí TRCIV, SMA agus Sócmhainneacht II (féach thíos), chuir an Banc comhairle theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais ar EMIR, an Rialachán maidir leis an Taisclann Lárnach Urrús, UCITS V, an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD) agus MiFID i rith na bliana agus d'fhreastail ar roinnt Meithlí de chuid na Comhairle Eorpaí. Leanfaidh an rannpháirtíocht seo i rith 2013 agus, go háirithe, sa chéad leath den bhliain tráth a bheidh Éire i mbun na hUachtaránachta rothlaí den Chomhairle Eorpach.

Bhí ionchur ag an mBanc i gceapadh beartais an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Árachais.

Bhí ionadaíocht ag an mBanc ar Shainghrúpa Rialtais AE maidir le Seirbhísí Airgeadais Miondíola agus ar Thascfhórsa ECFR maidir le Cosaint Tomhaltóirí.

### Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara

Mar gheall ar raon, ar shonraí agus ar luas tograí rialála idirnáisiúnta agus AE, ní mór do mhaoirseoirí, don tionscal agus do pháirtithe leasmhara eile a bheith in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach do chomhairliúcháin agus do thograí. Lean an Banc lena chlár chun rannpháirtíocht agus plé le páirtithe leasmhara ar fhorbairtí beartais AE agus idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh. I rith 2012, rinne an Banc:

- Mór-chomhdháil idirnáisiúnta pháirtithe leasmhara a óstáil i mí Aibreáin ar Rialáil Airgeadais – Ag smaoineamh ar an Todhchaí. Áiríodh ar na cainteoirí an tAire Airgeadais, Cathaoirleach gach ceann de na ÚMEanna agus Cathaoir an FSA (UK). Bhí rannpháirtíocht láidir ag ionadaithe ón tionscal seirbhíse airgeadais Eorpach agus Éireannach ann agus ó pháirtithe leasmhara tomhaltóirí;

- Cruinniú Comhchéime Páirtithe Leasmhara ardleibhéil a óstáil i mí na Nollag le dearcthaí ionadaithe ó pháirtithe leasmhara Éireannacha agus Eorpacha a chloisteáil ar chlár rialála seirbhísí airgeadais d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle na nAirí a bhí le teacht;

- Treochlár Rialála Ardleibhéil ráithiúil a chur ar fáil, ag tabhairt achoimre ar thograí rialála idirnáisiúnta agus AE le dáileadh ar pháirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha;

- Tairseach thiomnaithe AE agus idirnáisiúnta a sheoladh ar láithreán gréasáin an Bhainc; agus

- Sraith cruinnithe ráithiúla a óstáil le páirtithe leasmhara ó árachas, ó bhaincéireacht agus ó na margaí.

### Ullmhú d'Uachtaránacht na hÉireann

I rith 2012, caitheadh acmhainní suntasacha ar na hullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach chun cur ar chumas fhoireann an Bhainc tacaíocht theicniúil agus comhairle a chur ar fáil maidir le reachtaíocht seirbhísí airgeadais bheartaithe agus a bheith rannpháirteach mar shaineolaithe teicniúla i bhfoirne a threoraigh idirbheartaíochtaí sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa. Áiríodh ar an gclár:

- Cruinnithe ullmhúcháin rialta leis an Roinn Airgeadais lena n-airítear comhchruinnithe le hoifigigh ón gCoimisiún Eorpach, ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa mar aon le hoifigigh ó Uachtaránacht na Danmhairge agus na Cipire;

- Cruinnithe míosúla inmheánacha comhordaithe agus pleanála leis na Rannáin go léir sa Bhanc a raibh baint acu leis an Uachtaránacht;

- I mí na Samhna, bhuail na hoifigigh ón mBanc a raibh baint acu le sainchomhaid tosaíochta Uachtaránachta le hoifigigh ón gCoimisiún, ón bParlaimint agus ón gComhairle agus ghlac grúpa d'oifigh an Bhainc páirt i gcuairt ar na hinstitiúidí AE mar chuid de staidéar tiomanta Uachtaránachta; agus

- Bhuail an Gobharnóir agus Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) le coiste ECON de Pharlaimint na hEorpa.

**Bosca 6 – Treoir um Riachtanais Chaipitil IV/RRC**

Is iad seo príomhthograí na Treorach:

- Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht an chaipitil, lena n-áirítear maolán frith-thimthriallach agus caomhnaithe a thabhairt isteach;
- Dhá chóimheas leachtachta nua a thabhairt isteach (i.e. Cóimheas Clúdach Leachtachta agus Cóimheas Ghlanchistiúcháin Chobhsaí);
- Feabhas a chur ar chlúdach riosca trí riachtanais do riosca creidmheasa an chontrapháirtí a leasú;
- Na riachtanais chaipitil atá bunaithe ar riosca a fhorlíonadh le cóimheas giarála nach bhfuil bunaithe ar riosca; agus
- Díláithriú roghanna náisiúnta áirithe ag saothrú leabhair rialacha aonair.

# An Beartas um Baincéireacht Stuamachta

## Baincéireacht

### Treoir/Rialachán AE um Riachtanais Chaipitil (TRC IV/RRc)[29]

Tá leasú suntasach á dhéanamh ar an TRC le forbairt TRC IV/RRC.  I rith 2012, bhí an togra faoi chaibidlíocht ar leibhéal Eorpach agus trí institiúid an AE, (an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach) ag obair le comhthéacs a aontú.

D'fhreastail an Banc ar chruinnithe Chomhairle AE, chuir sé comhairle theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais, agus d'fhreastail ar chruinnithe Mheitheal ÚBE ag cuidiú le dréachtú Chaighdeán ÚBE a mholtar in TRCIV/RRC. In 2012, sheol an ÚBE comhairliúchán poiblí maidir le cúig bhaisc de dhréacht-Chaighdeáin Theicniúla Rialála (CTRanna) (ar Chistí Dílse, Riosca Coigeartaithe ar Luacháil Creidmheasa, Coigeartuithe Riosca Creidmheasa, ar Chomhoibritheach/ Frithpháirteach agus ar luacháil Stuamachta) agus ar cheithre Chaighdeán Theicniúla Forfheidhmithe (ar Nochtaí Móra, ar Nochtadh Cistí Dílse, ar Chóimheas Leachtachta agus ar Chóimheas Giarála) maidir le TRCIV/RRC. Chomh maith leis seo ainmníodh an Banc le bheith sa chathaoir i bhFoghrúpa ÚBE ar Leachtacht a bhfuil de chúram air, inter alia, leachtacht CTRanna a chur ar fáil.

### Sásra Maoirseachta Aonair (SMA)

Ag cruinniú mullaigh an AE an 18 Deireadh Fómhair 2012, d'aontaigh an 27 ceann stáit agus an AE ar chéimeanna a theastaigh chun Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta na hEorpa a thabhairt chun críche le leas eacnamaíoch agus sóisialta mar aon le cobhsaíocht agus rathúnas inbhuanaithe a chinntiú. D'aontaigh an Cruinniú Mullaigh gur ghá bogadh ar aghaidh i dtreo creata airgeadais comhtháite, ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna é bunú SMA. Beidh an SMA bunaithe ar na caighdeáin is airde do mhaoirseacht stuamachta bainc agus ceadóidh sé don BCE maoirseacht dhíreach a dhéanamh. Is é an rún atá ann an nasc idir riosca ceannasach agus bainc a bhriseadh, muinín á neartú ar an gcaoi seo agus imní faoi thodhchaí an euro á maolú. Beidh bunú leabhar rialacha aonair a chuireann taca faoi mhaoirseacht lárnaithe fíorthábhachtach sa chóras maoirseachta nua. Fanann gnéithe eile maoirseachta amhail déanamh gnó nó frithsciúradh airgid ag an leibhéal náisiúnta.

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil ar an SMA in Ecofin an 12 Nollaig agus d'fhormhuinigh Ceannairí Stáit AE é ina dhiaidh sin ag a gCruinniú Mullaigh an 14 Nollaig. Cuirfear tús le hidirbheartaíochtaí trípháirteacha le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún le linn Uachtaránacht na hÉireann. Beidh SMA comhdhéanta de BCE agus d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta. Aithníonn

29 Tá an Treoir um Riachtanais Chaipitil á leasú ag dhá ionstraim reachtúil – Treoir (TRC IV) agus Rialachán  (RRC).  Nuair a bheidh sé tugtha chun críche déanfar an Treoir a thrasuí go náisiúnta agus beidh feidhm leis an Rialachán láithreach.

**Bosca 7- Ullmhúcháin do Shócmhainneacht II in 2012**

Lean an Banc lena dhlúthchaidreamh leis an tionscal agus le comhlachtaí ionadaíocha le linn na bliana. Go háirithe, rinne an Banc an méid seo a leanas:

- Chuir sé a chuid tograí i láthair do chreat tuairiscithe do Mheasúnú Sócmhainneachta agus Riosca Dílse (MSRD) is infheidhme maidir le gnóthais a bhfuil tionchar Meán-Íseal agus Íseal acu;
- D'fhoilsigh nuachtlitir Cúrsaí Shócmhainneacht II ar shuíomh gréasáin an Bhainc lena gcuirtear tuairiscí chun dáta ar fáil go rialta maidir le forbairtí suntasacha Shócmhainneacht II;
- Rannchuidigh sé mar chomhalta d'Fhoghrúpa IFSC ar Shócmhainneacht II – a n-áirítear ann ionadaithe ón tionscal Árachais, ó chomhlachtaí tionscail agus ón Roinn Airgeadais; agus
- Rinne sé cur i láthair ag roinnt seimineár a eagraíodh go seachtrach, lena n-áirítear Cumann Achtúirí na hÉireann, Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn agus páirtithe leasmhara eile.

an socrú a aontaíodh le haghaidh maoirseachta an gá atá le cur chuige difreáilte agus an BCE freagrach as maoirseacht dhíreach institiúidí creidmheasa suntasacha agus cúram maoirseachta institiúidí nach bhfuil chomh tábhachtach céanna ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta.

Beidh an chumhacht ag an BCE rialacháin nó treoirlínte a eisiúint ar fheidhmíocht feidhmeanna agus déanfaidh sé maoirsiú ar SMA. Chomh maith leis seo beidh an chumhacht aige dul isteach agus an mhaoirseacht a ghlacadh ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcúinsí áirithe. Ba chóir go mbeadh SMA infheidhme i rith 2014. San idirthréimhse oibreoidh an BCE agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta chun na módúlachtaí praiticiúla a aontú do chur chun feidhme SMA.

Tá sé ró-luath a rá cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chórais maoirseachta baincéireachta náisiunta. Cé go bhfuiltear ag súil go mbeadh roinnt lárú feidhmeanna agus cinnteoireachta ag an BCE, tá cinneadh le déanamh go fóill ar an scála agus ar an uainiú seo. Ach déanfaidh an Banc coigeartú ar a chur chuige a bheidh ar aon dul le haon athruithe sa chomhthéacs Eorpach.

## Árachas

### Sócmhainneacht II

I gcaitheamh 2012, lean an Banc de bheith ag rannchuidiú go gníomhach le meithlí agus coistí ÚEÁPC ar Shócmhainneacht II. De bharr moilleanna leanúnacha i ndaingniú Omnibus II[14], ní bhainfear amach an dáta cur chun feidhme leasaithe den 1 Eanáir 2014 agus tá dáta nua le haontú go fóill. Baineann na moilleanna go príomha le saincheisteanna maidir le táirgí lena dtugtar ráthaíochtaí fadtéarmacha. I mí na Nollag 2012, d'aontaigh na comhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa, Comhairle an AE agus an Coimisiún Eorpach) Téarmaí Tagartha do Mheasúnú Tionchair a bheidh le déanamh maidir leis na táirgí sin. Déanfaidh ÚEÁPC an measúnú seo bunaithe ar thorthaí a chuir gnóthais árachais isteach i ngach Ballstát. Táthar ag súil go réiteoidh an Measúnú Tionchair seo an bealach do chomhaontú deiridh Omnibus II. I gcaitheamh 2012, lean an Banc de bheith ag obair leis an Roinn Airgeadais, ag cur comhairle ar fáil ar thrasuí náisiúnta na Treorach ar Shócmhainneacht II agus ag cur ionchuir isteach san idirbheartaíocht ar Omnibus II. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2012 i bhforbairt próiseas maoirseachta feabhsaithe chun freastal ar na riachtanais a fhorchuirfidh Sócmhainneacht II ar an mBanc.

30 Ceapadh Omnibus II chun go mbeadh Sócmhainneacht II ag teacht le creat rialála nua na hEorpa do mhaoirseacht airgeadais.

## Idirbhearta Rialála

In 2012, d'fhorbraigh an Banc a Straitéis um Idirbhearta Rialála. Ba iad seo a leanas príomhspriocanna na straitéise sin:

1) Éifeachtúlacht agus éifeachtacht próiseas a fheabhsú;

2) Cáilíocht faisnéise rialála a fheabhsú; agus

3) Cáilíocht seirbhíse a fheabhsú.

I mí an Mheithimh 2012, foilsíodh Caighdeáin Seirbhíse maidir le hagaí slánúcháin chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ionracas daoine a mholtar le haghaidh post sinsearach i soláthraithe seirbhíse airgeadais. Faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is gá réamhfhaomhadh an Bhainc a fháil sula mbeidh na daoine sin ábalta dul i mbun poist. Baineann an t-iarratasóir úsáid as córas iarratais ar líne chun Ceistneoir Duine Aonair a chur isteach lena mbailítear faisnéis maidir le taithí, oideachas, cáil agus carachtar, scairsheilbhe, leasanna gnó agus comhaltas boird an iarratasóra agus maidir le comhlíonadh an Chóid um Inniúlacht Íosta 2011 (más infheidhme) ag an iarratasóir. I dTábla 11 thíos, leagtar amach líon na n-iarratas a fuarthas de réir earnála agus stádas na n-iarratas ag deireadh na bliana fad a thuairiscítear ar fheidhmíocht an Bhainc i gcomparáid leis na Caighdeáin Seirbhíse i dTábla 12.

De bhreis air sin, déileáladh le 3,572 ceist maidir le hoiriúnacht agus le hionracas le linn 2012 agus cuireadh agallamh ar 29 iarratasóir mar chuid den phróiseas lena ndéantar measúnú ar a n-oiriúnacht agus a n-ionracas chun Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaofa (stiúrthóirí agus bainisteoirí sinsearacha).

### Tábla 11 - Iarratais Oiriúnachta agus Ionracais - de réir Earnála agus Stádais

| Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas de réir earnála tionscail - 2012 | Líon na nIarratas | % den iomlán |
|---|---|---|
| Cistí & Soláthraithe Seirbhíse Ciste | 1,314 | 42 |
| Idirghabhálaithe Miondíola | 713 | 23 |
| Gnóthais Árachais/Athárachais | 561 | 18 |
| Gnólachtaí Infheistíochta (MiFID & IIA) | 295 | 10 |
| Institiúidí Creidmheasa | 138 | 4 |
| Earnálacha Eile | 84 | 3 |
| **Iomlán** | **3,105** | **100** |

| Stádas na nIarratas - 2012 | Líon na nIarratas | % den iomlán |
|---|---|---|
| **Críochnaithe** | | |
| Ceadaithe | 2,234 | 72 |
| Seolta ar ais mar iarratas neamhiomlán | 331 | 11 |
| Tarraingthe siar ag an iarratasóir[31] | 93 | 3 |
| **Fo-iomlán** | **2,658** | **86** |
| **Ar Siúl ag Deireadh na Bliana** | | |
| Ag feitheamh le cinneadh ar iarratas eintitis ar údarú | 239 | 8 |
| Á bpróiseáil | 158 | 5 |
| Faisnéis bhreise de dhíth | 43 | 1 |
| Rialtóir seachtrach / ag feitheamh le seiceáil teistiméireachta | 7 | 0 |
| **Fo-iomlán** | **447** | **14** |
| **IOMLÁN** | **3,105** | **100** |

31 I gcásanna áirithe, tarraingíodh siar iarratais tar éis don Bhanc Ceannais a réamhthuairim a thabhairt go raibh sé ar intinn aige diúltú faomhadh a thabhairt nó má mhainnigh an tIarratasóir a léiriú cén chaoi ar chomhlíon siad na Caighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais.

Ceanglaíonn an Banc ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais sonraí ábhartha airgeadais a chur faoi bhráid a ngnóthaí ar eatraimh shonraithe. Baintear úsáid as an bhfaisnéis seo chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí soláthraithe seirbhíse airgeadais agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta iomchuí agus na gceanglas rialála ag na soláthraithe seirbhíse airgeadais sin. Baintear úsáid as freisin chun críocha staidrimh agus chun críocha an tuairiscithe éigeantaigh don Chóras Eorpach Banc Ceannais. Tugtar an fhaisnéis trí Chóras Tuairiscithe Ar Líne ar cuireadh feabhas air i mí na Samhna 2012. Is iad seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a tugadh isteach: (a) meabhrúcháin réamh-chomhdaithe maidir le tuairisceáin rialála, meabhrúcháin maidir le comhdú déanach agus deimhnithe go bhfuarthas tuairisceáin; (b) ceisteanna agus iarratais a chur isteach ar líne agus (c) saoráid féinseirbhíse maidir le pasfhocal a athshocrú. Rinneadh láimhseáil ceisteanna maidir le Tuairisciú Ar Líne a lárú sa Bhanc i mí na Samhna 2012 - láimhseáladh 771 ceist i mí na Samhna 2012, an chéad mhí. B'ionann agus 64 faoin gcéad an céatadán de sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais a raibh a gcuid tuairisceán á gcur isteach ar líne acu in 2012.

**Tábla 12 - Feidhmíocht i gcomparáid leis na Caighdeáin Oiriúnachta agus Ionracais don tréimhse ón 1 Iúil 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012**

| Aicme | Aga Slánúcháin (laethanta gnó) | Sprioc % | Iarbhír % | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Freagairt neamhiomlán IQ | 5 | 85 | 95.83 | 30 |
| IQ Ciste Infheisteoirí Cáilitheacha | 5 | 85 | 92.25 | 37 |
| Duine Aonair a Faomhadh roimhe seo | 12 | 85 | 87.82 | 6 |
| IQ Caighdeánach | 15 | 85 | 86.60 | 2 |

# Taighde agus Staidreamh um Anailís Eacnamaíoch

## Anailís Eacnamaíoch agus Tráchtaireacht

Bíonn ról tábhachtach ag an mBanc i dtaca le tionchar a imirt ar an mbeartas eacnamaíoch náisiúnta trí ghníomhú mar thráchtaire ar an ngeilleagar agus mar chomhairleoir don Rialtas maidir le tionscnaimh beartais. Comhlíontar an ról seo trí anailís eacnamaíoch, tráchtaireachtaí, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais a sholáthar. Cuirtear iad seo ar fáil trí fhoilseacháin rialta agus trí pháipéir thaighde, in irisí Éireannacha agus irisí idirnáisiúnta, i ráitis ón nGobharnóir agus i bpáipéir chomhdhála agus ag seimineáir. Go hinmheánach, baintear úsáid as anailís eacnamaíoch agus taighde i measúnuithe leanúnacha airgeadais. Ina theannta sin, rannchuidíonn an Banc le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus le comhairle agus taighde ar bheartas eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal an Eurochórais.

Cuireadh i gcrích sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíocha le linn na bliana, ar seoladh dhá cheann díobh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc. I gcás cur chuige níos foirmiúla maidir le réamhaisnéisiú eacnamaíoch, forlíonadh iad le measúnuithe ar sheintimint ghnó bunaithe ar theagmháil le príomhghnólachtaí in earnálacha éagsúla ar fud an gheilleagair. Ghlac an Banc páirt freisin i bhfóraim eile réamhaisnéise agus beartais nár bhain leis an Eurochóras/CEBC agus chuaigh sé i gcomhairle le misin chuartaíochta ráithiúla na bPáirtithe Seachtracha, le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

I dteannta leis na cleachtaí réamhaisnéise, tugtar faoi obair shuntasach anailíse ar phríomh-shaincheisteanna i ndáil le geilleagar na hÉireann agus foilsítear torthaí na hoibre sin; in 2012, rinneadh obair maidir le hiasachtú do FBManna agus rochtain ar mhaoiniú banc, impleachtaí an Chomhshocraithe Fhioscaigh, scrúdú ar chomhdhlúthú fioscach comparáideach sa limistéar euro, tuilleadh oibre maidir le hiomaíochas costais agus le feidhmíocht onnmhairíochta, sreafaí sa mhargadh saothair agus dífhostaíocht agus cruthú post agus díothú post sa mhargadh saothair. De bhreis air sin, foilsítear ailt san Fhaisnéis Ráithiúil maidir le hábhair reatha lena n-áirítear ailt maidir le hiarmhairt na géarchéime airgeadais ar theaghlaigh na hÉireann, scrúdú ar scála na géarchéime i dtéarmaí comparáideacha, ar an margadh morgáiste, ar chothromas diúltach agus riaráistí, ar ról FBManna, iomaíochas, scáthbhaincéireacht, boilsciú agus cur chuige nua maidir le réamhaisnéis eacnamaíoch.

Sa chomhthéacs Eorpach, leanann an Banc de bheith ag freagairt don timpeallacht éabhlóideach eacnamíoch agus airgeadaíochta trí chomhairle agus anailís a chur ar fáil don Ghobharnóir ina cháil mar chomhalta de Chomhairle Rialaithe an BCE agus trí rannchuidiú le forbairt beartas ag Coistí Eorpacha éagsúla i ndáil le saincheisteanna lena n-áirítear:

- Na dúshláin a bhaineann le ceapadh beartas airgeadaíochta nuair a shroicheann rátaí úis ainmniúla leibhéil an-ísle;
- Feidhmiú na meicníochta tarchurtha airgeadaíochta a mheas agus a feabhsú;
- Na himpleachtaí a bhíonn ag éagobhsaíocht an mhargaidh airgeadais ar an bhfíorgheilleagar;
- Na himpleachtaí a bhíonn ag ceapadh agus cur chun feidhme beart neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta; agus
- Samhlacha eacnaiméadracha agus réamhaisnéisí maidir le fás eacnamaíoch agus boilsciú an Eurochórais.

## Taighde

Rinneadh athstruchtúrú ar fheidhm taighde an Bhainc in 2012 sa mhéid gur imíodh ó réimse neamhspleách taighde agus go ndearnadh taighdeoirí aonair a shannadh do rannáin laistigh de Stiúrthóireacht Eacnamaíoch an Bhainc. Spreagadh an t-athrú seo chun go mbeadh nasc níos dlúithe idir ábharthacht beartas agus tráthúlacht taighde agus chun go bhféadfaí saineolas taighde a chur i bhfeidhm maidir le saincheisteanna beartas nach mór don Bhanc aghaidh a thabhairt orthu.

Díríonn an príomhréimse taighde i gcónaí ar an ngéarchéim airgeadais. Chuimsigh an obair sin imscrúdú a dhéanamh ar chinntithigh maidir le rátaí úis morgáiste le linn na géarchéime

airgeadais, tosca a mbíonn tionchar acu ar rochtain FBManna ar chreidmheas, ar chinntithigh maidir le mainneachtain iasachtaí ag FBManna, na hathróga is ábhartha do mhainneachtain cheannasach agus an tábhacht a bhaineann leis na dálaí eacnamaíocha intíre chun míniú a thabhairt ar iompar bhoilsciú na hÉireann le linn na géarchéime. Tá an taighde seo ar fáil anois i *bPáipéir Theicniúla* an Bhainc. Lean an Banc dá thaighde a scaipeadh in 2012 le foilsiú a cheathrú *Feasachán Taighde* bliantúil. San fheasachán seo, tá achoimrí neamhtheicniúla ar pháipéir theicniúla an Bhainc. Mar a rinneadh sna blianta roimhe, lean an fhoireann d'fhormhór an taighde seo a fhoilsiú in irisí tosaíochta eacnamaíocha Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, cuirtear taighde atá dírithe ar bheartais ar fáil sa tsraith de *Litreacha Eacnamaíocha*. Sa tsraith seo, atá bunaithe ar shamhail na bhfoilseachán comhchosúil arna n-eisiúint ag roinnt banc réigiúnach i gcóras Chúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe, tá nótaí gearra maidir le breithniúcháin áirithe eacnamaíocha Éireannacha. Is í aidhm na nótaí seo úsáid a bhaint as roinnt cur chuige caighdeánach eacnamaíoch ar bhealach beacht, inrochtana chun dul i ngleic le saincheisteanna iomchuí beartais a bhaineann le geilleagar na hÉireann. Foilsíodh 13 cinn de na Litreacha Eacnamaíocha in 2012. Foilsíodh na litreacha seo ar raon leathan ábhar lena n-áirítear beartas fioscach, rochtain ar chreidmheas do FBManna Éireannacha, an margadh tithíochta, iompar banc, boilsciú, fiachas seachtrach agus réamhaisnéis eacnamaíoch[32].

## Cobhsaíocht Airgeadais

Ta sainordú ag an mBanc, faoin reachtaíocht intíre agus faoi Chonradh Maastricht chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro. Leis seo, léirítear an ról ríthábhachtach a bhíonn ag earnáil airgeadais a fheidhmíonn go maith i dtaca le fás eacnamaíoch a éascú agus an tábhacht a bhaineann leis an earnáil baincéireachta i dtarchur ghníomhaíochtaí beartas airgeadaíochta chuig an bhfíorgheilleagar.

Cuireann an Banc le cobhsaíocht airgeadais tríd an obair a dhéanann sé ar shaincheisteanna sistéamacha (cur chuige macrastuamachta) agus ar leibhéal gnólachta (cur chuige micreastuamachta). Déanann an Coiste ardleibhéil um Chobhsaíocht Airgeadais sa Bhanc maoirsiú ar mhonatóiriú agus ar mheasúnú ábhar imní is ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus ar bhéim a leagann ar na hábhair imní sin agus déanann sé maoirsiú ar shainaithint gníomhaíochtaí a dhéanfaí chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú.

Le linn 2012, lean acmhainní Cobhsaíochta Airgeadais de chuid an Bhainc de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an obair ar réamhaisnéisiú caillteanas ar iasachtaí, ar riaráistí morgáiste, iasachtú do FBManna, Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe mar aon le hanailís mhacra-airgeadais agus comhairle a thabhairt d'ardbhainistíocht an Bhainc. Cuireadh dhá heagrán d'Athbhreithniú Macra-Airgeadais an Bhainc ar fáil chun léargas córasach ar choinníollacha macra-airgeadais in Éirinn. San Athbhreithniú, breathnaítear ar staid reatha an chórais airgeadais intíre agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé, agus aithnítear foinsí ionchasacha rioscaí córasacha laistigh agus lasmuigh den chóras airgeadais. Sa mhéid seo, bailítear cuid den ábhar a mbíonn faireachán á dhéanamh air ag an gCoiste um Chobhsaíocht Airgeadais sa Bhanc. Foilsítear an tAthbhreithniú chun cuidiú le rannpháirtithe margaidh airgeadais, le húdaráis eile agus leis an bpobal chun rioscaí airgeadais a mheas.

I dtéarmaí caidrimh le pobail acadúla agus beartas intíre agus idirnáisiúnta, leagadh béim i gcomhdháil an Bhainc in 2012 maidir le margadh iasachta FBManna na hÉireann ar an ról lárnach atá ag maoiniú FBManna sa téarnamh eacnamaíoch. Lean sé seo as rath na comhdhála arna reáchtáil roimhe sin ag an mBanc i ndáil le riaráistí morgáiste agus tá comhdháil maidir le margaí réadmhaoine anásta beartaithe do 2013. Féachfaidh an chomhdháil seo le scrúdú a dhéanamh ar roghanna beartas - fioscach, airgeadaíochta agus rialála - lena bhféadfar rannchuidiú le téarnamh margaí tithíochta. Ghlac an Banc páirt freisin i seimineáir éagsúla in Ollscoileanna na hÉireann, san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus i gcomhdháil náisiúnta Chumann Eacnamaíochta na hÉireann.

I mí Aibreáin 2012, rinneadh suirbhé ar ioncam sealbhóirí morgáiste. Ceapadh an suirbhé seo

32 Tugtar liosta mionsonraithe in Iarscríbhinn 1 d'fhoilseacháin úrnua agus d'fhoilseacháin atá le teacht ó fhoireann an Bhainc in irisí agus i leabhair sheachtracha phiarmheasúnaithe.

chun faisnéis mhionsonraithe a fháil maidir le tosca inacmhainneachta amhail ioncam reatha sealbhóra morgáiste agus a stádas sa mhargadh saothair. Bainfear úsáid as torthaí an taighde seo chun sonraí arna mbailiú mar chuid de CBA an Bhainc a fhorlíonadh agus chun taighde eacnamaíoch a sheoladh maidir le forbairtí dóchúla i margadh morgáiste na hÉireann. Is ionann an suirbhé seo agus gné amháin den chur chuige straitéiseach a ghlactar i leith riaráistí morgáiste atá ina bpríomhthosaíocht ag an mBanc. Rinneadh suirbhé ar lucht gairme réadmhaoine sa tríú ráithe den bhliain. Ba é ba chuspóir don suirbhé seo léargas a thabhairt ar dhinimic náisiúnta agus régiúnach agus chun tuairimí ón tionscal a mheas i leith praghsanna réadmhaoine.

Príomhghné de chion macrastuamachta an Bhainc, baineann sí le spriocanna inghnóthaithe Chlár an AE-CAI. Sa chéad chuid den Chlár, bhíothas ag brath ar acmhainní seachtracha chun anailísíocht an Bhainc a fhorlíonadh. In 2012, leagadh béim ar neartú an chumais inmheánaigh chun léargas cruinn a thabhairt ar na rioscaí a bhí ag bagairt ar an gcóras baincéireachta. Go sonrach, cuireadh tús le samhail réamhaisnéise do chaillteanais ar iasachtaí sa dara leath de 2012 chun cumas feabhsaithe a chur ar fáil i ndáil le caillteanais ar iasachtaí a réamhaisnéisiú. Tá samhlacha á bhforbairt d'aicmí sócmhainní amhail Morgáistí, Eastát Réadach Tráchtála, Corparáide, FBM, mionFBM agus Miondíol Neamh-Mhorgáiste. Go sonrach, féachann tionscnamh RCI le creat láidir um fhorbairt samhla a chur ar fáil, ar creat é:

- A bheidh in ann meastachán neamhspleách, inchreidte a thabhairt ar chaillteanais ar iasachtaí amach anseo i gcásanna éagsúla;
- A bhféadfar a úsáid mar ionchur lárnach sa phróiseas Athbhreithnithe ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC);
- A chuimseoidh na réimsí sin a mbaineann tábhacht shonrach leo don Bhanc agus príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear toimhdí agus athruithe beartas; agus
- A bhféadfaidh an Banc é a chothabháil agus a nuashonrú, neamhpleách ar thacaíocht ó thríú páirtí.

Ról an Bhainc maidir le hanailís macrastuamachta agus treoir beartais, cuimsíonn se freagrachtaí Eorpacha freisin. Mar chomhalta den Bhord Eorpach um Riosca Sistéimeach, cuireann an Banc leis an maoirseacht macrastuamachta ar chóras airgeadais an AE. Le linn dó an ról seo a chomhlíonadh, déanann an Banc monatóireacht agus measúnú ar rioscaí agus eisíonn sé rabhaidh agus moltaí le haghaidh beart feabhsúcháin mar fhreagairt ar na rioscaí a shainaithnítear. Bíonn ionadaíocht ag an mBanc ar Choistí AE agus CEBC amhail Coiste an BCE um Chobhsaíocht Airgeadais. In 2012, lean an Banc de pháirt a ghlacadh i Líonra Taighde Macrastuamachta (LTM) an CEBC, atá ceaptha taighde a chur ar fáil a bheidh dírithe ar bheartas.

## Staidreamh

Is é an Banc an príomh-thiomsaitheoir staidrimh don earnáil airgeadais in Éirinn agus bíonn sé ag obair go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun an creat staidrimh seo a fhorbairt. Tá dhá phríomhcuspóir ag tiomsú staidrimh:

- Faisnéis bhunriachtanach a sholáthar do lucht déanta beartas intíre agus chun staidreamh maicreacnamaíoch na hÉireann a thiomsú; agus
- Freastal ar oibleagáidí tuairiscthe an Bhainc i leith an BCE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Le linn 2012, lean an Banc d'fheabhas a chur ar a aschur agus ar a anailís staidrimh chun críocha beartais intíre agus chun críocha ceanglas dlíthiúil idirnáisiúnta i leith an BCE agus na bPáirtithe Seachtracha araon maidir leis an monatóireacht ar chomhlíonadh Chlár AE-CAI ag Éirinn. Glacadh tionscnaimh éagsúla de láimh in 2012 a bhí á dtiomáint ag éilimh an bheartais intíre. Orthu sin, áirítear eisiúint nua staidrimh ar riaráistí morgáiste lena gcuirtear níos mó sonraí agus níos mó trédhearcachta ar fáil maidir le méid agus luach riaráistí agus morgáistí athstruchtúraithe agus maidir le scála athshealbhú príomháitreabh. Cuimsítear faisnéis inti den chéad uair freisin maidir le morgáistí arna gceannach lena ligean ar cíos. Foilsíodh den chéad uair in 2012 staidreamh maidir le rátaí is infheidhme maidir le hiasachtaí teaghlach agus le hiasachtaí agus taiscí corparáideacha neamhairgeadais. Leis seo, féadfar monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar rátaí iasachta agus taiscí in aicmí gníomhaíochta ar leith e.g. morgáistí ráta

athraithigh agus iasachtú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Chomh maith leis sin, bhí an Banc ag obair go dlúth i gcaitheamh na bliana leis an Roinn Airgeadais chun foinsí sonraí maidir leis an soláthar creidmheasa do na gnólachtaí sin a chomhchuibhiú.

Seoladh pacáiste de chairteacha staidrimh in 2012 agus, leis an bpacáiste sin, tugtar achoimre amhairc ar an bpríomh-staidreamh airgeadais. Leis seo, tugtar léargas ar na sonraí atá ar fáil mar aon le naisc chuig na tacair sonraí iomlána.

Tugadh roinnt tionscadal teicneolaíochta faisnéise chun críche le linn na bliana freisin chun tacú le cumas an Bhainc chun freastal ar éilimh staidrimh a eascraíonn as freagrachtaí Eurochórais agus freagrachtaí intíre. Leo sin, féadfar tuairisciú ar líne a thabhairt isteach do thuairisceáin ar chomhardú na n-íocaíochtaí ag institiúidí creidmheasa agus do thuairisciú míosúil ag cistí infheistíochta ó thús 2013. Tá tionscnamh um fhorbairt staidrimh ar shealúchas urrús náisiúnta nach mór críochnaithe freisin, mar chuid de thionscnamh níos leithne CEBC.

De bhreis ar obair fhorbathach, cothabháladh agus feabhsaíodh aschuir agus anailís rialta staidrimh eile le linn 2012. Orthu sin, áirítear sonraí rialta míosúla agus ráithiúla maidir le hairgead agus baincéireacht lena gcuimsítear cláir chomhardaithe agus idirbhearta oifigí cónaitheacha na n-institiúidí creidmheasa atá ag feidhmiú in Éirinn. Cuirtear sonraí leithleacha ar fáil maidir leis na hinstitiúidí atá clúdaithe faoi Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe de chuid Rialtas na hÉireann. Foilsítear sraith freisin maidir le neamhchosaintí eachtracha comhdhlúite na n-institiúidí creidmheasa atá faoi ráthaíocht. Le staidreamh airgid agus baincéireachta, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le hiasachtaí agus taiscí teaghlach agus earnálacha eacnamaíocha eile. Orthu sin, áirítear miondealú de réir earnála ar thaiscí agus iasachtaí agus de réir na gníomhaíochta gnó (e.g. talmhaíocht). Go háirithe, foilsítear faisnéis chuimsitheach maidir le hiasachtaí tithíochta agus na sonraí á ndí-chomhbhailiú de réir cineáil (e.g. ráta rianúcháin nó ráta athraitheach) agus cuspóir na hiasachta (príomháitreabh nó ceannach lena ligean ar cíos).

Ar na haschuir rialta eile, áirítear staidreamh maidir le cláir chomhardaithe Cistí Margaidh Airgid, Cistí Infheistíochta agus Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMAanna). Baineann tábhacht ar leith le sonraí Éireannacha laistigh d'iomláin an limistéir euro do chistí agus CMAanna ó tharla gur suíomh tosaíochta é Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC) d'eintitis den sórt sin. Leathnaíodh staidreamh maidir le hurrúis le linn 2012 freisin, lena gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le heisiúint fiachais agus cothromais ag daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus maidir le sealúchais urrúis Rialtas na hÉireann. Ar na feabhsuithe a rinneadh, áirítear amshraitheanna a fhoilsiú ar shealbhóirí bhannaí Rialtas na hÉireann ó 1969 ar aghaidh. Ina theannta sin, forbraíodh sraith níos faide do na Cuntais Ráithiúla Airgeadais lena dtaispeántar na hidirbhearta agus suíomhanna airgeadais de na hearnálacha eacnamaíocha intíre agus den chuid eile den domhan. Tá na cuntais seo ríthábhachtach chun go bhféadfar na naisc idir na hearnálacha eacnamaíocha agus na naisc idir an fíorgheilleagar agus an geilleagar airgeadais a thuiscint.

Lean an Banc de pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna staidrimh. Mar aon le tarchur rialta sonraí chuig an BCE agus chuig comhlachtaí eile[33], ghlac an Banc páirt ghníomhach i dtionscnaimh éagsúla arna seoladh mar fhreagra ar an ngéarchéim airgeadais. Orthu sin, folaítear iarrachtaí chun an earnáil scáthbaincéireachta a thomhas agus staidreamh maidir le hidirbhainteacht agus neamhchosaintí trasteorann. Ina theannta sin, glacann an Banc páirt ghníomhach in obair shuntasach ullmhúcháin ar leibhéal Eorpach i ndáil le lámhleabhair nua staidrimh[34] a thabhairt isteach in 2014 agus i ndáil le creat staidrimh CEBC a fhorbairt tuilleadh.

Feabhsaíodh tuilleadh an dlúthchaidreamh oibre idir an Banc agus an Phríomh-Oifig Staidrimh le linn 2012. Tá comhaontuithe foirmiúla comhair ann idir réimsí staidrimh áirithe agus tagann meithlí éagsúla le chéile ar bhonn leanúnach. Cuimsítear sa chomhar seo, formhór an staidrimh ó na hearnálacha institiúideacha, lena n-áirítear íocaíochtaí, cuntais airgeadais, agus staidreamh airgeadais an rialtais.

33 e.g. an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, CAI, ECFE etc.

34 Córas Eorpach na gCuntas 2010 agus an Lámhleabhar um Chomhardú na n-Íocaíochtaí - Leagan 6.

# Córais Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra

Tá cuspóir reachtúil ag an mBanc oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú. Is bonneagar riachtanach iad na córais seo chun sreabh éifeachtúil íocaíochtaí ar fud an gheilleagair a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, chun rannchuidiú le feidhmiú rianúil na meicníochta tarchurtha airgeadaíochta agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais. Mar chomhalta den Eurochóras, cuireann an Banc le hoibriú rianúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta urrús ag tacú le cuspóirí an Eurochórais. Comhlíonann an Banc na freagrachtaí sin trína ról oibríochtúil, maoirseachta agus tionchair.

## TARGET2 An Córas Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama (RTGS)

Is é seo an t-ardán aonair TF do sheirbhísí socraíochta íocaíochtaí arna chur ar fáil tríd an BCE chuig na bainc Eurochórais go léir. Cuireann sé socraíocht láithreach (fíor-ama) ar fáil ar bhonn idirbhirt ar idirbheart. Bunaíonn TARGET2 na caighdeáin is airde iontaofachta agus athléimneachta agus tá ról lárnach aige maidir le tarchur rianúil beartais airgeadaíochta ar fud an limistéir euro. Lean córas TARGET2 de bheith ag feidhmiú go rianúil in 2012, agus rinneadh 91.63 faoin gcéad de luach iomlán na n-íocaíochtaí i gcórais íocaíochta mórluacha euro a fhorghníomhú trí TARGET2. In 2012, próiseáladh 90,671,378 idirbheart sa chóras, arbh ionann a luach iomlán agus €634.1 billiún (meánluach laethúil €2.477 billiún), aníos faoi 3.45 faoin gcéad ar 2011. Ba e 100 faoin gcéad inúsáidteacht fhoriomlán chomhardán aonair TARGET2.

## Urrúis TARGET2

Is tionscadal é TARGET2 Securities (T2S) atá á chur chun feidhme ag an Eurochóras d'fhonn córas uile-Eorpach socraíochta d'urrúis a bhunú. Le TS2, cuirfear Taisclanna Lárnacha Eorpacha Urrús (TLUanna) ar fáil lena ngabhfadh seirbhís láraithe chun idirbhearta urrús a shocrú trí sheachadadh in áit íocaíochta le hairgead bainc ceannais. Táthar ag súil go mbeidh sé beo in mí an Mheithimh 2015 agus socrófar beagnach gach urrús intrádála in T2S. Rannchuideoidh T2S go mór le bunú margaidh chomhtháite caipitil don Eoraip tríd an idirdhealú idir socraíocht trasteorann agus intíre a bhaint. In 2012, lean an Banc de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach T2S agus chuaigh sé i dteagmháil le margadh na hÉireann trína chathaoirleacht ar an nGrúpa Úsáideoirí Náisiúnta. Go dtí seo, níor iarr aon cheann de chontrapháirtithe an Bhainc saoráidí cuntais sa Bhanc chun rochtain a fháil ar sheirbhísí T2S. Is é is cúis leis seo nach mbíonn seirbhísí á soláthar ag taisclann intíre i leith urrús Éireannach; faoi láthair, bíonn na seirbhísí socraíochta go léir á soláthar ag bonneagair lasmuigh d'Éirinn.

## Seirbhísí Bainistíochta Comhthaobhachta de chuid an Eurochórais

Féadfar sócmhainní incháilithe a úsaid mar chomhthaobhacht do na hoibríochtaí Eurochórais go léir chun leachtacht a sholáthar agus féadfar glacadh leo thar theorainneacha. Da bhrí sin, tá gá le córas trasteorann d'aistriú comhthaobhachta trasteorann - Samhail na Baincéireachta Ceannais Comhfhreagraí (SBCC) de chuid an Eurochórais. Tháinig laghdú ar na sócmhainní a bhí ar sealbhú sa SBCC ó €434 billiún ag deireadh 2011 go dtí €354 billiún ag deireadh 2012. In 2012, leagadh béim freisin ar fheabhsuithe ar an gcóras seo, lena n-áirítear go mbainfí an riachtanas maidir le haistriú sócmhainní (inmhargaidh) ó TLUanna infheisteoirí chuig TLUanna eisitheoirí sula ndéanfaí iad a aistriú mar chomhthaobhacht tríd an SBCC agus seirbhís bainistíochta comhthaobhachta trí pháirtí a thariscint ar bhonn trasteorann, ar seirbhísí iad nach bhfuil á n-úsáid faoi láthair ach go hintíre. Faoi láthair, tá an tEurochóras ag obair faoi láthair i dtreo na gnéithe sin a ionchorprú sa chreat faoi 2014. Athróidh an Banc a theicníc comhthaobhachta ó chóras comharthaithe comhthaobhachta chuig córas comhthiomsaithe comhthaobhachta chun go mbeidh sé ábalta seirbhísí bainistíochta comhthaobhachta trí pháirtí a thariscint dá chontrapháirtithe agus éifeachtulacht a thabhairt isteach i réimse na bainistíochta comhthaobhachta i gcoitinne. Chuige sin, ní mór bonneagar nua a chur i bhfeidhm, próiseas atá faoi shiúl cheana féin.

## An Plean Íocaíochtaí Náisiúnta

Leanann Éire de bheith ag brath go mór ar ionstraimí airgid agus ar ionstraimí íocaíochtaí eile páipéir, agus tá sí go mór taobh thiar dá piaraí Eorpacha i dtéarmaí ionstraimí íocaíochta leictreonacha níos éifeachtúla a úsáid. Bíonn impleachtaí suntasacha aige seo ar iomaíochas costais, ar shlándáil agus ar rogha an tomhaltóra in Éirinn. D'fhéadfaí éifeachtúlacht bhonneagar córas íocaíochta na hÉireann a fheabhsú dá mbainfí níos mó úsáide as íocaíochtaí leictreonacha éifeachtúla, sláine agus, ar an gcaoi sin, laghdófaí líon na n-idirbheart ina n-úsáidtear airgead tirim agus seiceanna.

D'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc, i gcomhréir lena ról mar mhaoirseoir bhonneagar

córas íocaíochta na hÉireann, ról ceannasach a ghlacadh in ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta (NPP). Cuireadh an NPP faoi bhráid an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2012. Tá trí phríomhsprioc ag an bplean.

» Líon na r-Íocaíochtaí amhail cártaí dochair nó buanorduithe a dhúbailt faoi 2015 rud a laghdóidh úsáid airgid thirim agus úsáid seiceanna chun go mbeidh an úsáid sin i gcomhréir le meán an AE;

» Timthriall airgid na hÉireann a fheabhsú go mór; agus

» A áirithiú go ndéanfar íocaíochtaí leictreonacha miondíola a aistriú chuig caighdeáin SEPA faoin 1 Feabhra 2014.

Is é ról an Bhainc tionscnaimh áirithe a chur chun cinn agus cur chun feidhme an phlean fhoriomláin a rianú. Áiritheofar go háirithe go ndéanfar buntáistí an athchóirithe ar íocaíochtaí a aistriú chuig tomhaltóirí agus gnóthaí.

## Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

Is é is cuspóir do SEPA margadh aonair a bhunú d'íocaíochtaí miondíola arna n-ainmniú in euro chun a chumasú do thomhaltóirí agus do ghnóthaí íocaíochtaí in euro a dhéanamh agus a fháil áit ar bith san AE[35] mar a dhéanann siad ina dtír féin. Beidh tionchar ag SEPA ar gach saoránach, ceannaí, eintiteas riaracháin phoiblí agus eintiteas corparáideach (gan féachaint dá mhéid) a bhfuil cuntas íocaíochta aige le banc. Tá dearadh SEPA réidh anois agus is é an 1 Feabhra 2014 an dáta faoina n-aistreofar gach scéim náisiúnta chuig caighdeáin nua SEPA. Mar sin, is ceanglas dlíthiúil d'Éirinn é a cuid córas leictreonach intíre imréitigh a aistriú chuig SEPA faoin dáta sin. Tá cur chun feidhme SEPA á mhaoirsiú ag foghrúpa den Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta arna bhunú ag an mBanc agus léirítear ann ról Eurochórais an Bhainc mar aon lena fhreagracht fhoriomlán as beartas córas íocaíochta agus as maoirseacht in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá an Banc freagrach as teagmháil a dhéanamh leis an BCE agus leis an gCoimisiún Eorpach agus as tuairisciú dóibh i dtaca le cúrsaí SEPA.

Leis an gcéad chéim eile, feicfear ascnamh de réir a chéile chuig caighdeáin theicniula SEPA le linn 2013. Ina theannta sin, beidh ról ceannasach ag an mBanc - trí bhíthin a róil sa Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta agus i gcomhar le páirtithe ábhartha leasmhara - i gclár cuimsitheach cumarsáide chun an leibhéal feasachta faoi SEPA a fheabhsú go háirithe i bpobail tomhaltóirí agus FBM. Le linn 2013, leanfaidh an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le hascnamh iomlán.

## Gníomhaíochtaí Maoirseachta

Lean an Banc de shábháilteacht agus d'éifeachtúlacht na gcóras íocaíochta a chur chun cinn le linn 2012. Sa mhéid seo, ghlac sé páirt ghníomhach i dtabhairt chun críocha nósanna imeachta maidir le mainneachtain íocaíochta do chuideachtaí imréitigh miondíola intíre agus in athbhreithniú ar oibriú socraíochta íocaíochtaí trí Sheirbhís STEP2 na hÉireann. De bhreis air sin, chuir an Banc le forbairt beartais, caighdeán agus ceanglas maoirseachta ábhartha de chuid an Eurochóras trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, bhí baint ag an mBanc le maoirseacht a dhéanamh ar theagmhais íocaíochta agus le réiteach na dteagmhas sin, go háirithe an mhainneachtain shuntasach próiseála íocaíochta a tharla i mBanc Uladh. B'éigean tionscnaimh thábhachtacha a ghlacadh de láimh de thoradh an teagmhais seo chun iarmhairt an teagmhais ar an ngeilleagar intíre a theorannú agus chun a chinntiú nach dtarlódh sé arís. Chuige sin, cuireadh socruithe teagmhasacha socraíochta chun feidhme chun go bhféadfar comhaid íocaíochta tionscail lasmuigh de Sheirbhís STEP2 na hÉireann a fháil agus a shocrú, chun imscrúduithe leantacha a sheoladh maidir leis an teagmhas agus chun athbhreithniú neamhspleách a bhunú, i gcomhar le hEagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta, ar an modheolaíocht um measúnú riosca íocaíochta de chuid na mbanc rannpháirteach laistigh den chóras íocaíochta miondíola.

Mar a dúradh thuas, is bonneagair eischósta iad na bonneagair lena socraítear urrúis Éireannacha; tá Meabhrán Tuisceana ag an mBanc leis an bpríomh-mhaoirseoir sna dlínsí faoi seach i dtéarmaí na gníomhaíochta maoirseachta.

## Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT)

Is príomhuirlis de chuid na cobhsaíochta airgeadais í an Scéim Ráthaíochta Taiscí lena dteorannaítear an t-ionchas maidir le holléileamh ar thaiscí bainc trí shólás a thabhairt do thaisceoirí go bhfuil ráthaíocht rialtais mar bhuntaca lena gcuid cistí. Faoi oibleagáidí AE, ceanglaítear ar an mBanc córais a bheith i bhfeidhm aige chun tacú

35 Cuimsítear an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis, Lichtinstéin agus Monacó i SEPA freisin.

le Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann lena gcúiteofaí taisceoirí i gcás ina dteipfeadh ar institiúid glactha taisce intíre.

Tá an Banc freagrach as Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann a riaradh agus, le blianta beaga anuas, thug sé faoi mórthionscadal chun a áirithiú go n-éascófaí íocaíocht thapa amach, arna cheangal faoi reachtaíocht, i gcás leachtaithe. Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa iarmhéid a choimeád i gCuntas Cosanta Taiscí de chuid an Bhainc chun teip ionchasach institiúide creidmheasa a chlúdú. Bhailigh an Banc na cistí go léir a bhí dlite in 2012; ó 2012 i leith, ceanglaítear ar chomhair chreidmheasa ranníocaí a dhéanamh agus íocadh na ranníocaí sin go léir in 2012. Leanann an Banc de bheith ag obair i gcomhar leis na hinstitiúidí creidmheasa - na bainc, na cumainn foirgníochta agus na comhair chreidmheasa - chun ullmhú do cheanglais nua a eascraíonn as dréacht-Treoir AE maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí. Is gné ríthábhachtach í an dréacht-Treoir den phacáiste moltaí ón AE chun déileáil leis an ngéarchéim baincéireachta. Rinneadh an chéad íocaíocht amach ó SRT na hÉireann nuair a leachtaíodh IBRC i mí Feabhra 2013.

## Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

Príomhghné de ról an Bhainc i ndáil le híocaíochtaí is ea soláthar nótaí bainc agus monaí d'ardchaighdeán agus soláthar seirbhísí gaolmhara airgeadra don phobal. Déanann an Banc airgead tirim a eisiúint lena gcur i gcúrsaíocht, stoic straitéiseacha de nótaí bainc agus de mhonaí a choimeád chun a chumasú dó déanamh amhlaidh; nótaí bainc agus monaí a phróiseáil agus a dháileadh, agus airgeadra nach bhfuil oiriúnach don chúrsaíocht a tharraingt siar agus a scrios. Cinntíonn an Banc freisin go bhfuil bonneagar éifeachtúil, slán i bhfeidhm don soláthar airgid agus, ar an gcaoi sin, cosnaítear infhaighteacht, sláine agus cáilíocht an euro.

Sa bhliain 2012, sholáthair an Banc 351 milliún nóta bainc nua agus in-atheisithe. Tugtar tuilleadh faisnéise i dTábla 13 maidir le nótaí bainc a eisíodh. Leis na hoibríochtaí próiseála nótaí bainc, déantar na nótaí bainc a chomhaireamh, a fhíordheimhniú agus a shórtáil ina nótaí oiriúnacha agus mí-oiriúnacha; scriostar na nótaí bainc mí-oiriúnacha fad a dhéantar nótaí bainc oiriúnacha a athphacáistiú lena gcur i gcúrsaíocht arís. Tá spriocanna próiseála bunaithe ar lóisteálacha arna bhfáil ó bhainc thráchtála agus ó An Post. In 2012, próiseáladh 333 milliún nótaí bainc, beagáinín ní ba lú ná an méid iomlán a próiseáladh in 2011.

Lean an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chinnidh ón BCE (BCE 2010/14) agus Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ag láimhseálaithe airgid thirim gairmiúla, is Cinneadh agus Rialachán a bhaineann le monaí euro agus nótaí bainc euro a fhíordheimhniú agus le sórtáil an chéanna sula gcuirfear i gcúrsaíocht iad. In 2012, rinneadh cigireachtaí monatóireachta ar 27 ionad airgid thirim agus rinneadh seiceálacha comhlíontachta ar 28 láimhseálaí airgid thirim gairmiúil i 4 bhaile réigiúnacha (Durlas, Gaillimh, an Cabhán, agus Loch Garman).

Faoi shocruithe táirgeachta comhthiomsaithe an BCE, phriontáil an Banc 152 milliún nóta bainc €10 sa bhliain 2012. Fuarthas nótaí bainc d'ainmníochtaí eile ó BCNanna eile agus d'eisigh an Banc iad. Leanadh leis na hullmhúcháin maidir le seoladh an dara sraith de nótaí bainc euro (ES2), lena bhféachtar le cáilíocht agus sláine nótaí bainc euro a fheabhsú. Eiseofar na chéad nótaí bainc den tsraith nua in 2013 agus tabharfar iad isteach ar bhonn céimneach sna blianta atá le teacht. Ó tharla go bhfuil tréithe nua priontála ag ES2, rinne an Banc infheistíocht in innealra nua priontála le linn 2012.

In 2012, táirgeadh 83.1 milliún mona agus eisíodh 185 milliún mona, arbh ionann é sin agus méadú suntasach - 36 faoin gcéad - ar éileamh ar mhonaí ó 2011 (Tábla 14).

Mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, d'eisigh an Banc táirgí éagsúla de mhonaí inbhailithe le linn 2012 chun ócáidí suntasacha ó stair, ó oidhreacht nó ó chultúr na hÉireann a chomóradh. Orthu sin, áirítear Foireann na Bliana le mona Profa Airgid €15, lena gceiliúrtar Ainmhithe ar Mhonaí na hÉireann bunaithe ar bhun-dearaí Percy Metcalfe; mona Profa Airgid €10 2012 lena gceiliúrtar Jack B. Yeats arna eisiúint mar chuid de Chlár Mhonaí Airgid na hEorpa; agus mona Profa Airgid €10 agus mona Profa Óir €20 lena gcomórtar comóradh 90 bliain ó bhliain bhás Mhíchíl Uí Choileáin.



Sheol an Banc eagrán teoranta de mhona inbhailithe profa óir €20 lena gceiliúrtar ealaín mhainistreach na hÉireann, i gCeanannas, Co. na Mí.

### Tábla 13 – Eisiúintí Nótaí

| | Líon na Nótaí Bainc (milliún) | | Luach € milliún | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2011** | **2012** | **2011** | **2012** |
| €5 | 54 | 56 | 273 | 283 |
| €10 | 47 | 51 | 475 | 514 |
| €20 | 99 | 100 | 1,971 | 1,998 |
| €50 | 135 | 143 | 6,749 | 7,129 |
| €100 | 1.5 | 1 | 154 | 142 |
| €200 | 0 | 0 | 3 | 2 |
| €500 | 0 | 0 | 10 | 16 |
| **Iomlán** | **337** | **351** | **9,634** | **10,084** |

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

### Tábla 14 – Eisiúintí Monaí

| | Líon na Monaí (milliún) | | Luach € milliún | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2011** | **2012** | **2011** | **2012** |
| 1c | 58 | 70 | 1 | 0.7 |
| 2c | 25 | 35 | 0.5 | 0.7 |
| 5c | 21 | 30 | 1 | 1.5 |
| 10c | 7 | 9 | 1 | 1 |
| 20c | 12 | 19 | 2 | 4 |
| 50c | 5 | 5 | 3 | 2 |
| €1 | 3 | 7 | 3 | 7 |
| €2 | 6 | 10 | 11 | 20 |
| **Iomlán** | **136** | **185** | **22** | **37** |

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Is iad an Lárionad Anailíse Náisiúnta agus an Lárionad Anailíse Náisiúnta Monaí a fhaigheann agus a phróiseálann na nótaí bainc agus monaí góchumtha go léir a bhraitear in Éirinn. In 2012, rinneadh 9,022 nóta bainc góchumtha euro agus 386 monaí góchumtha euro a tharraingt siar ó chúrsaíocht in Éirinn. Tháinig laghdú 28 faoin gcéad ar leibhéal na nótaí góchumtha arna dtarraingt siar in 2012 i gcomparáid le 2011. San Eoraip, tháinig laghdú 12.4 faoin gcéad ar líon na nótaí góchumtha a tarraingíodh siar ó chúrsaíocht in 2012 i gcomparáid le 2011. In 2012, chuir an Lárionad Anailíse Náisiúnta oiliúint ar láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim agus ar an nGarda Síochána maidir le gnéithe slándala nótaí bainc a aithint agus maidir le hoiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil.

Glacann an Banc i gcónaí le nótaí bainc agus le monaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach. Ag deireadh 2012, bhí nótaí bainc Éireannacha arbh ionann a luach agus €233 milliún fós amuigh mar aon le monaí Éireannacha arbh ionann a luach agus €125 milliún.

# Bainistíocht Sócmhainní Infheistíochta

## Punann Infheistíochta

Ag deireadh 2012, bhí sócmhainní arbh ionann a luach agus €19.4 billiún i bpunanna infheistíochta an Bhainc, méadú €0.7 billiún ar 2011. B'ionann an tuilleamh iomlán ar na punanna in 2012 agus €552.7 milliún i gcomparáid le €536.8 milliún in 2011. In 2012, bhí na margaí faoi chois ag an timpeallacht toraidh ísil/dhiúltaigh i margaí G5 agus bhí siad soghonta i leith rioscaí a bhain leis an ngéarchéim leanúnach fiachais cheannasaigh san Eoraip agus i leith na héiginnteachta a bhain leis an staid eacnamaíoch dhomhanda.

B'ionann agus 3.00 faoin gcéad ar an meán na fáltais ar an bpunann infheistíochta i gcomparáid le fáltas de 3.05 faoin gcéad in 2011. Dhíol an Banc formhór a phunann dhollar SA sa bhliain 2011 (b'ionann sealúchais dhollar SA ag deireadh 2010 agus €0.5 bn) i ndiaidh athbhreithnithe ar chostais fhálaithe.

Déantar bainistiú ar phunann infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le teorainneacha arna bhfaomhadh ag Coimisiún an Bhainc Ceannais, ar teorainneacha iad a choimeádtar faoi athbhreithniú i gcónaí. Le linn 2012, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar roinnt de na paraiméadair seo mar fhreagra ar thionchar leantach na géarchéime airgeadais domhanda ar na margaí agus ar na hionstraimí a ndéanann an Banc infheistiú iontu. Níor tháinig aon athrú ar an sprioc-aga sa phunann euro sa bhliain 2012.

## Cúlchistí an BCE

Déanann na Bainc Cheannais Náisiúnta bainistíocht ar ghlan-chúlchistí eachtracha an BCE, arbh ionann iad ag deireadh 2012 agus €64.8 billiún, i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dhollar SA, mar aon lena chion féin. Is ionann punann chúlchiste an BCE atá á bainistiú sa Bhanc agus coibhéis de €748 milliún, atá i gcomhréir le scairsheilbhe an dá thír sa BCE.

## Bainistíocht Riosca

Ar na príomhrioscaí a ghabh le gníomhaíochtaí i bpunann infheistíochta an Bhainc i rith 2012, áirítear riosca creidmheasa, riosca margaidh agus riosca airgeadra.

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora, contrapháirtí nó custaiméara a chuid oibleagáidí don Bhanc a chomhlíonadh. Léirítear an fonn riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc leis na rátalacha seachtracha creidmheasa, fad a bhíonn an riosca creidmheasa á rialú trí theorainneacha airgid thirim a shannadh d'eisitheoirí agus do chontrapháirtithe, bunaithe ar mhodheolaíocht fhormheasta ina gcuimsítear rátálacha seachtracha creidmheasa agus táscairí eile eacnamaíocha. Maolaítear neamhchosaint ar riosca creidmheasa trí bhíthin phróifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc atá faoi threoir ag beartas infheistíochta atá cuíosach coimeádach agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí comhthaobhaithe.

Sainmhínítear riosca margaidh mar chaillteanas a eascraíonn as athruithe ar thosca riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtearraí agus raon difríochta creidmheasa. Bíonn an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh trí íogaireacht ráta úis ar a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann neamhchosaintí áirithe le rátaí malairte agus le hathruithe ar dhálaí na margaí airgeadais, amhail leachtacht ionstraimí ioncaim sheasta. Déantar bainistíocht ar riosca margaidh laistigh de pharaiméadair bainistíochta riosca agus de chreataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil - feidhm neamhspleách um bainistíocht riosca - a fhíoróidh agus a thuairisceoidh comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin.

Déantar roghanna bainistíochta riosca i ndáil leis na sócmhainní infheistíochta a chur in iúl trí thagarmharc a thiomsaítear go seachtrach. Déantar riosca margaidh (ráta úis) punann marcáil ón margadh de chuid an Bhainc a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as spriocanna marthanachta leasaithe lena dtomhastar íogaireacht luach punainne infheistíochta maidir le hathruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) mar thomhas breise ar riosca ráta úis ar phunanna an Bhainc. I gcomhthéacs an limistéir euro agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs na heaspa idirghabhála malairte eachtraí, laghdaíodh sealúchais shócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc.

Déantar athbhreithniú ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla agus eimpíreacha, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar phunanna arna n-ainmniú in euro, ar shealúchas beag óir, agus ar ionstraim amháin i ndollair SAM (falaithe i gcoinne an euro) tar éis cinneadh a ghlacadh in 2011 chun an phunann i ndollair SAM a laghdú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chostais fálaithe airgeadra.

# Caidreamh Idirnáisiúnta

## Cruinnithe leis an CAI

Mar bhalltír den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), sealbhaíonn an Gobharnóir post mar Ghobharnóir Malartach na hÉireann ar Bhord Gobharnóirí an CAI. Sa cháil sin, d'fhreastail an Gobharnóir ar Chruinnithe Grúpa Earraigh an CAI/an Bhainc Dhomhanda i Washington in Aibreán 2012 agus ar na Cruinnithe Bliantúla arna dtionól i Tokyo i mí Mheán Fómhair 2012. Ag na cruinnithe san Earrach, díríodh an plé ar an ionchas domhanda, lena n-áirítear dúshláin eacnamaíocha agus airgeadais agus ar fhreagairtí beartais agus ar acmhainní an CAI a fheabhsú i ndáil le cosc agus réiteach géarchéime. I mí Dheireadh Fómhair, áiríodh ionchais agus beartais dhomhanda ar an gclár, mar aon le creat faireachais an CAI lena n-áirítear a Chinneadh um Fhaireachas Comhtháite agus forbairtí maidir le hathchóiriú ar chuóta agus rialachas an CAI.

## Cruinnithe Chomhairle an AE/Cruinnithe AE

Bhí an Gobharnóir mar ionadaí don Bhanc ag dhá chruinniú neamhfhoirmiúla Chomhairle an AE de Chomhairle na nGóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) i gCóbanhávan an 30-31 Márta 2012 agus sa Niocóis an 14-15 Meán Fómhair 2012. Ag an gcruinniú i mí Aibreáin, díríodh an plé ar straitéis an AE chun an ghéarchéim airgeadais a réiteach, ar réiteach banc a bhfuil ag teip orthu agus ar chreat buiséadach ilbhliantúil an AE. Ag na cruinnithe i mí Mheán Fómhair, díríodh ar bhunú Aontais Baincéireachta agus go háirithe ar bhunú Sásra Maoirseachta Aonair mar aon le neartú na hearnála scathbhaincéireachta.

Ghlac an Banc páirt sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA), agus ina Fhochoiste ar Shaincheisteanna CAI (FCCAI). Is é an CEA a ullmhaíonn na cláir do chruinnithe ECOFIN, lena n-áirítear measúnú agus imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí reatha eacnamaíocha agus airgeadais, beartais eacnamaíocha agus fhioscacha AE a chomhordú, anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir leis an margadh airgeadais agus cobhsaíocht airgeadais, measúnú a dhéanamh ar bheartais ráta mhalartaigh neamh-euro agus caidreamh le tíortha sa tríú domhan agus institiúidí idirnáisiúnta.

Rinne FCCAI breithniú ar raon saincheisteanna a bhain le beartas CAI agus ar raon saincheisteanna institiúideacha in 2012, lena n-áirítear an t-ollstruchtúr airgeadais domhanda, bainistiú sreafa caipitil idirnáisiúnta agus feabhsuithe ar Chlár agus ar shraith straitéisí faireachais an CAI. Ghlac an Ciste tionscnaimh thábhachtacha éagsúla sna réimsí seo le linn 2012, lena n-áirítear an Cinneadh um Fhaireachas Comhtháite agus an Straitéis um Fhaireachas Airgeadais. Ina theannta sin, phléigh FCCAI acmhainní an CAI, lena n-áirítear na comhaontuithe nua déthaobhacha chun cuidiú le cosc agus réiteach géarchéime. Ag na cainteanna de chuid an FCCAI, díríodh freisin ar chur chun feidhme na n-athchóirithe arna gcomhaontú in 2010 ag an gCiste ar chuóta agus ar rialachas agus ar obair leanúnach ar athchóiriú breise ar chuóta.

## An Banc Ceannais Eorpach (BCE)

Lean an Banc de bheith ag plé leis an BCE, go háirithe trí pháirt a ghlacadh i gCóras na gCoistí trína dtugann Coistí saineolaithe treoir beartais agus comhairle theicniúil chun cuidiú leis an gcinnteoireacht ar leibhéal an BCE (féach Bosca 8 le haghaidh liosta de na príomhChoistí). Bíonn tacaíocht ag na Coistí seo ó Mheithlí agus ó Thascfhórsaí ina mbíonn an Banc rannpháirteach freisin. Tacaíonn an Banc le socruithe go rachadh fostaithe ar iasacht ag an BCE, idir iasachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

**Bosca 8 – Coistí an Eurochórais/CEBC**

| | |
|---|---|
| **Ioncam Cuntasaíochta agus Airgeadaíochta** | **Caidreamh Idirnáisiúnta** |
| Nótaí Bainc | Dlí |
| Rialú | Oibríochtaí Margaidh |
| Cumarsáid | Beartas Airgeadaíochta |
| Cobhsaíocht Airgeadais | Córais Íocaíochta agus Socraíochta |
| Teicneolaíocht Faisnéise | Bainistíocht Riosca |
| Iniúchóireacht Inmheánach | Staidreamh |
| Buiséad | Acmhainní Daonna |
| Stiúir TF | |

## Comhar agus Ionadaíocht Idirnáisiúnta/ AE

In 2012, bhí an Gobharnóir, na Leas-Ghobharnóirí agus baill eile den ardbhainistíocht, rannpháirteach i seimineáir agus i gcomhdhálacha ardleibhéil AE agus idirnáisiúnta. D'fhreastail an Gobharnóir ar sheimineár ardleibhéil Eurochórais le bainc cheannais agus gníomhaireachtaí airgeadaíochta Chomhairle Chomhair na Murascaille (CCM), ar seimineár é a d'eagraigh an BCE i gcomhar le Banc Ceannais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha in Abú Daibí an 19 Eanáir 2012. Ghlac sé páirt freisin sa Séú Seimineár Ardleibhéil idir an tEurochóras agus Bainc Cheannais Mheiriceá Laidinigh, ar an ábhar *Current and Past Determinants of Sovereign Distress*, arna óstáil ag Banco Central de Chile in Santiago an 7-8 Nollaig 2012.

Bhí an Banc ina óstach do roinnt toscaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear toscaireacht ó údaráis Vítneam i mí Iúil a bhí faoi cheannas Chathaoirleach an Choimisiúin Maoirseachta Airgeadais Náisiúnta (NFSC) agus ina raibh ionadaithe eile ón NFSC, ón Roinn Pleanála agus Infheistíochta agus ó Oifig an Rialtais.  De bhreis air sin, thug ionadaí de chuid an Bhainc cuairt ar Vítneam i mí Lúnasa 2012 d'fhonn príomhóráid a thabhairt ar an ábhar *Capital flows into Ireland: Recent Experience and Policy Lessons*. Tá an caidreamh seo ina chuid den tacaíocht leantach atá tugtha ag an mBanc do chlár Cúnaimh na hÉireann i Vítneam, atá mar chuid de Chlár Comhroinnte Taithí Forbartha na hÉireann (IDEAS) ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Tá cúnamh theicniúil á thabhairt ag an mBanc do Bhanc Náisiúnta Phoblacht na Macadóine (BNPM) le saincheisteanna a bhaineann le hacmhainní daonna. Tá an cúnamh seo á thabhairt mar chuid de Thionscnamh an Eurochórais um Anailís ar Riachtanais i ndáil le stádas na Macadóine mar thír is iarrthóir ar aontachas leis an AE. Tionóladh an chéad chruinniú idir ionadaithe AE, CEBC agus BNPM i mí na Nollag 2012.

I gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana (MT) idir an Banc agus Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise (BCCR), thug ionadaithe de chuid an Bhainc cuairt ar Mhoscó i mí Bealtaine 2012. Bhí an toscaireacht déanta suas de chomhaltaí ón Rannán Beartas Airgeadaíochta, ón Rannán um Chobhsaíocht Airgeadais agus ón Rannán Íocaíochta agus Socraíochta Urrús. Ar na saincheisteanna a pléadh, áirítear an staid eacnamaíoch in Éirinn, oibríochtaí íocaíochta agus freagrait na hÉireann do chalaois íocaiochta.

36 Tá dhá chuspóir ag an gclár seo – féachann sé le ceachtanna atá foghlamtha ó fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann a roinnt le Vítneam agus le naisc eacnamaíocha agus pholaitiúla a chothú idir Éire agus Vítneam.

## Bainistiú na bPróiseas Inmheánach agus na Nósanna Imeachta Inmheánacha

De thairbhe ról an Bhainc i gcuidiú le réiteach na géarchéime airgeadais in Éirinn agus i gcomhlíonadh cuspóirí reachtúla eile, tháinig athrú suntasach le blianta beaga anuas ar an eagraíocht, go háirithe sna réimsí atá freagrach as rialáil airgeadais agus na feidhmeanna a thugann tacaíocht inmheánach do na réimsí gnó. Ag gabháil leis seo, leathnaíodh bonn scileanna agus próifíl eolais na foirne trí bhíthin earcaíochta agus trí níos mó béime a leagan ar oiliúint agus ar fhorbairt.

### Acmhainní Daonna

Ag deireadh 2012, bhí 1,394 comhalta foirne ar fostú ag an mBanc, comhdhéanta de chomhaltaí foirne buana agus de chomhaltaí foirne ar théarma seasta.  Astu sin, sannadh 293.5 d'fheidhmeanna Baincéireachta Ceannais, 622 do réimsí Rialála agus 478.5 d'Oibríochtaí. Sannadh 9 breise don Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta (ICCL). B'ionann an méid iomlán agus glanmhéadú 1.6 faoin gcéad ar leibhéal foirne 2011- cobhsú ar leibhéal foirne i ndiaidh tréimhse ina bhfacthas méadú suntasach ar an bhfoireann.

Le Plean Straitéiseach an Bhainc maidir le hAcmhainní Daonna don tréimhse 2011-2014, leagadh síos an creat do ghníomhaíochtaí in 2012, lena n-áirítear athstruchtúrú ar an Rannán AD, lenar tugadh isteach samhail oibriúcháin nua d'Acmhainní Daonna chun tacú le comhlíonadh cuspóirí an Bhainc agus chun seirbhís agus éifeachtúlacht san eagraíocht a uasmhéadú. Ar na príomh-spriocanna inghnóthaithe, áirítear forbairt straitéise um bainistiú buanna, gníomhaíochtaí maidir le pleanáil comharbais agus creat d'inniúlacht iompraíochta a fhorbairt, bainistíocht fheabhsaithe feidhmíochta agus clár oiliúna agus forbartha lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí láithreacha scileanna agus ar acmhainní na heagraíochta a neartú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.

### Forbairt Eagraíochtúil

Lean an Banc de bheith ag díriú ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht eagraíochtúil a mhéadú thar réimsí éagsúla in 2012, lena n-áirítear béim a leagan ar bhunú cumais forbartha eagraíochtúil chun tacú leis an gclár leathan eagraíochtúil agus cultúir sa Bhanc.  Ag féachaint d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach in 2013, mar aon leis an ngá chun ullmhú don Aontas Baincéireachta, forbraíodh tionscnaimh chun tionchar an Bhainc san Eoraip a mhéadú agus chun an taithí idirnáisiúnta a chur chun cinn mar cheanglas inmhianaithe do róil cheannaireachta amach anseo.  Tugadh faoi go leor tionscnamh éagsúil faoin sainordú seo lena n-áirítear cláir chun tacú le fobairt ceannaireachta, méadrachtaí rannpháirtíochta fostaithe a úsáid, líonraí a bhunú do chomhoibriú agus do chomhroinnt eolais agus cumarsáid inmheánach maidir leis an gcleachtas is fearr.

### Bainistíocht Tionscadal

Tá Oifig um Bainistíocht Tionscadal (OBT) ag an mBanc a bhfuil cúram uirthi an cleachtas is fearr maidir le modheolaíocht bainistíochta tionscadal a áirithiú, tráth a bhí infheistíocht mhéadaithe á déanamh i gcórais agus i bpróisis a raibh gá leo chun cumas na heagraíochta a mhéadú d'fhonn déileáil le ceanglais Eurochórais, le dúshláin arna n-eascairt as an ngearchéim airgeadais agus leis an timpeallacht athraitheach rialála.  Ar na forbairtí tábhachtacha in 2012, áirítear tabhairt isteach próisis um bearta tosaíochta tionscadal, rialachas feabhsaithe ar bheartú tosaíochta infheistíochta agus ar fháltais ar infheistíocht, clár tionscadal agus rianú feidhmíochta punainne a thabhairt isteach.  In 2012, tugadh 54 tionscadal chun críche lena n-áirítear tionscadail faoi shainordú an BCE agus tionscadail um fheabhas oibríochtúil. Leanann an Banc de bhainistíocht a dhéanamh ar phunann mhór, chasta tionscadal ina bhfuil 88 tionscadal á bhforbairt.  Leanadh leis an infheistíocht i scileanna agus i bhforbairt inniúlachtaí agus d'fhreastail os cionn céad comhalta foirne ar chúrsaí oiliúna inmheánacha, fad a cuireadh tús le clár chun tacú le creidiúnú gairmiúil idirnáisiúnta i mbainistíocht tionscadal.

### Teicneolaíocht Faisnéise

Rinneadh punann dhúshlánach de thionscnaimh TF a bhaint amach go rathúil in 2012. Orthu sin, áirítear céimeanna PRISM chun tacú le próiseáil, athbhreithniú agus anailísiú sonraí chun dul chun cinn a dhéanamh le cásanna forfheidhmiúcháin; agus an t-ardán do bhailiú sonraí rialála a chomhdhlúthú d'fhonn prósieáil sonraí i réimse láraithe oibríochtaí a éascú.

Lean an Banc de ghabháil sonraí agus d'anailísíocht chomhoibritheach a bharrfheabhsú chun tacú le méid méadaitheach agus castacht na sonraí rialála agus chun freastal ar oibleagáidí rialála intíre agus Eorpacha. Tugadh na tionscadail go léir maidir le ceanglais éigeantacha CEBC a thabhairt chun críche de réir an sceidil. Rinneadh ullmhúcháin shuntasacha maidir le hardáin TF an Bhainc a athsholáthar do bhainistíocht comhthaobhachta

agus d'oibríochtaí margaidh. Baineadh amach tionscadail maidir le costéifeachtúlacht agus le feabhsú próiseas agus rinne an Banc comhaontú le hoibreoir speisialaithe lárionaid sonraí chun bonneagar TF inscálaithe, slán a sholáthar agus a óstáil i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Leis seo, beidh an Banc ábalta ceanglais próiseála agus stórála TF a chomhoiriúnú go héifeachtúil le héilimh tionscadal fad a chuirfear tuilleadh feabhais ar acmhainní athshlánaithe ó thubaiste. Lean an Banc dá chumas maidir le soláthar tionscadal TF a mhéadú agus chuir sé samhlacha dea-chleachtais um fhorbairt aibíochta TF chun feidhme.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Rannán um Riosca Eagraíochtúil sa Bhanc freagrach as creataí éifeachtúla bainistíochta riosca a fhorbairt agus a bhainistiú i leith rioscaí airgeadais ar chlár comhardaithe an Bhainc agus i leith rioscaí neamhairgeadais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Bhainc. Eascraíonn rioscaí airgeadais as punann infheistíochta an Bhainc agus as a chuid oibríochtaí caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha chun leachtacht a sholáthar. Rioscaí neamhairgeadais, díríonn siad ar riosca oibríochtúil agus ar Bhainistíocht Riosca Oibríochtúil. Rannchuidíonn an Banc le forbairt beartais um bainistíocht riosca don Eurochóras trína rannpháirtíocht i gCoiste an Eurochórais um Bainistíocht Riosca.

Ba é leabú an chur chuige nua i leith bainistíochta riosca i ndáil leis an gClár Comhardaithe agus leabú creataí eagraíochtúla nua do bhainistíocht Riosca Leanúnachais Gnó agus Riosca Oibríochtúil an príomhfhócas le linn 2012. An cur chuige feabhsaithe maidir le rioscaí airgeadais ar chlár comhardaithe an Bhainc a shainaithint agus a bhainistiú, cuimsítear ann samhail níos foirmiúla a fhorbairt chun dearcadh iomlánaíoch ar na rioscaí agus ar na maoláin ghaolmhara a thabhairt, lena n-áirítear meon riosca-bhunaithe maidir le pleanáil airgeadais agus maoirseacht fheabhsaithe ar cháilíocht comhthaobhachta lena n-áirítear measúnuithe díchill chuí.

Ag féachaint don Bhainistíocht Leanúnachais Ghnó, b'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Bhainc agus ar leordhóthanacht socruithe gaolmhara cúltaca agus pleananna leanúnachais mar thoradh ar spleáchas méadaithe rannpháirtithe na hearnála airgeadais ar oibríochtaí an Bhainc chun leachtacht a sholáthar agus ar chastacht mhéadaitheach cheanglais oibríochtúla an bheartais airgeadaíochta. Tá Leanúnachas Gnó á rialú ag an gCoiste um Bainistíocht Leanúnachais Ghnó agus bíonn tacaíocht aige ó Fhoireann Bainistíochta Teagmhais don Leanúnachas Gnó.

## Seirbhísí Dlí

Thug an Banc faoi thionscadail forbartha reachtaíochta lena n-áirítear an tAcht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012; foilsiú an Bhille um Thuairisciú Creidmheasa 2012, agus dul chun cinn leanúnach ar na feabhsuithe ar Bhille an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2011. Chomh maith leis sin, chuir sé cúnamh teicniúil ar fáil i ndáil leis an mBille um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 agus le tionscnaimh Eorpacha amhail an Sásra Maoirseachta Aonair, Sócmhainneacht II, an Treoir um Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD) agus ullmhúcháin an Bhainc d'athbhreithniú an CAI ar an *Report on Observed Standards and Codes* in 2013.

Díríodh acmhainní suntasacha inmheánacha ar obair an Bhainc i ndáil le comhair chreidmheasa (lena n-áirítear iarratais chun na hArd-Chúirte ar ordú bainistíochta speisialta do Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua agus i ndáil le hidirghabhálacha i ngnólachtaí infheistíochta éagsúla (lena n-áirítear Marketspreads Limited agus Bloxham Stockbrokers).

D'ullmhaigh agus d'fhorghníomhaigh an Banc comhaontuithe réime i ndáil le Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí (SMBPNanna) agus leasaíodh na doiciméid maidir le hionstraimí agus nósanna imeachta beartas airgeadaíochta chun na treoirlínte ábhartha BCE a léiriú. Rinneadh iniúchtaí dlíthiúla ar chomhthiomsú morgáistí cónaitheacha lena dtacaítear le SMBPNanna agus rinneadh measúnaithe dlíthiúla ar chomhlíonadh chritéir incháilitheachta an Eurochórais ag urrúis sócmhainn-bhunaithe.

## Straitéis an Bhainc Ceannais 2013-2015

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2013-2015. Sa Phlean seo, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi ina bhfuil sé beartaithe ag an mBanc a mhisean maidir le *Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint* a bhaint amach agus leagtar amach príomhthosaíochtaí an Bhainc sna blianta atá le teacht faoi ocht Sprioc Ardleibhéil atá ailínithe go dlúth le cuspóirí reachtúla an Bhainc. Le linn na tréimhse seo, áiritheoidh an Banc go ndéanfar dul chun cinn suntasach maidir le cobhsaíocht baincéireachta agus cobhsaíocht ghinearálta airgeadais a athbhunú agus le tacú leis an téarnamh eacnamaíoch. Ina theannta sin, neartóidh an Banc an t-athchóiriú atá á dhéanamh aige ar a chreat maoirseachta rialála chun a áirithiú go n-íoslaghdófar rioscaí do chobhsaíocht agus do chosaint tomhaltóirí amach anseo, fad a leanfar d'fheidhmiú níos fearr na hearnála airgeadais a chur chun cinn

agus de bheith ag rannchuidiú le ceapadh beartais eacnamaíoch i gcoitinne.

Is iad seo a leanas Spriocanna Ardleibhéil an Phlean Straitéisigh

» **Éifeachtúlacht an Eurochórais agus cobhsaíocht praghsanna**
Tá an Banc freagrach as cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun trí bheartas airgeadaíochta a fhoirmiú ar leibhéal an Eurochórais.

» **Cobhsaíocht an chórais airgeadais**
Is príomhthosaíocht don Bhanc í cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun in Éirinn agus ar fud an limistéir euro.

» **Rialáil chuí éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí airgeadais agus ar mhargaí airgeadais**
Tugtar faoin rialáil ar institiúidí agus ar mhargaí trí mhaoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe a dhéanamh, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi.

» **Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach**
Chun téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a thabhairt i réim in Éirinn, ní mór pleananna tearnaimh agus réitigh a leabú sna bainc, sna comhair chreidmheasa agus in institiúidí airgeadais eile.

» **Tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint**
Le tosaíochtaí straitéiseacha um chosaint tomhaltóirí, neartaítear agus cothabháiltear cosaint tomhaltóirí.

» **Comhairle neamhspleách eacnamaíoch agus staidreamh airgeadais d'ardchaighdeán**
Trí cháilíocht agus ábharthacht na hanailíse eacnamaíche, an taighde eacnamaíoch agus an staidrimh airgeadais a fheabhsú, cuideofar le measúnuithe agus comhairle a chur ar fáil do lucht déanta beartais, do na meáin, don phobal agus do na margaí maidir le saincheisteanna eacnamaíocha intíre.

» **Córais éifeachtacha, éifeachtúla íocaíochta agus socraíochta agus seirbhísí airgeadra**
I gcás oibríochtaí agus mhaoirseacht córas íocaíochta agus socraíochta urrús, is é ról an Bhainc a áirithiú go bhfuil siad sábháilte, solúbtha, éifeachtúil agus éifeachtach. Tá an Banc i gceannas ar ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta.

» **Éifeachtúlacht oibríochtúil agus cost-éifeachtúlacht**
Tá éifeachtúlacht agus costéifeachtacht mar thaca faoi oibríochtaí uile an Bhainc. Seoltar oibríochtaí laistigh de chreataí dea-shainithe bainistíochta agus rialaithe riosca.

## Éifeachtacht Eagraíochtúil

Ghlac an Banc páirt in athbhreithniú idirnáisiúnta ar éifeachtacht eagraíochtúil rialtóirí na n-earnálacha airgeadais. Bunaithe ar na figiúirí foirne do 2011 agus 2012, fuarthas amach san athbhreithniú go raibh na hacmhainní maoirseachta i bhformhór na réimsí maoirseachta i gcomhréir le piaraí idirnáisiúnta an Bhainc. Baineadh leas luachmhar as conclúidí an athbhreithnithe do phróiseas pleanála na heagraíochta maidir le daonchumhacht in 2013.

## Scórchárta Ualaithe

Is ionann próiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc (SCU) agus uirlis eagraíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Straitéiseach an Bhainc. Ullmhaítear SCU bliantúil don eagraíocht.

Sainítear na cuspóirí sa SCU ina gceithre chatagóir:

» Oibríochtaí - príomhoibríochtaí laethúla an Bhainc;

» Tionscadail - tionscadail shuntasacha a mbeadh tionchar acu ar an eagraíocht;

» Daoine - tionscnaimh mhóra chun feidhmíocht na foirne a fheabhsú; agus

» Airgeadas- bearta chun a chinntiú go bhfuil oibríochtaí na heagraíochta chomh héifeachtach, éifeachtúil agus is féidir.

Tá na Stiúrthóirí san eagraíocht cuntasach as na cuspóirí eagraíochtúla go léir a bhaint amach. Déantar monatóireacht ar an Scórchárta Ualaithe Eagraíochtúil agus déantar é a thuairisciú don Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar bhonn ráithiúil. Déanann Coiste Feidhmiúcháin an Bhainc measúnú bliantúil ar fheidhmíocht. Tá an Scórchárta Ualaithe nasctha le Clár Forbartha Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht na foirne.

## Cumarsáid

Le linn 2012, dhéileáil an Banc le 1,531 ceist ó na meáin, rud a léiríonn an spéis leanúnach idináisiúnta agus intíre i saincheisteanna airgeadais agus eacnamaíoch agus i ról an Bhainc. Bhí níos mó gníomhaíochta ann i dtéarmaí agallamh leis na meáin, óráidí, ráiteas agus seisiún faisnéise don phreas. Ina theannta sin, thug an Banc freagraí ar 270 ceist pharlaiminteach tríd an Roinn Airgeadais. Fuarthas 12,473 teagmháil dhíreach ón bpobal le linn na bliana.

In 2012, thug an Banc isteach an comórtas Gluain Euro - Duais na nDaltaí do dhaltaí idirbhliana. Chuir 230 foireann isteach ar an gcomórtas tionscnaimh inar iarradh ar dhaltaí ról Chomhairle Rialaithe an BCE a ghlacadh chucu féin chun an ráta úis iomchuí a chinneadh don limistéar euro. Ba as Coláiste Mhuire Cois Abhainn, Baile Átha Cliath, do na buaiteoirí. Thaistil na buaiteoirí chuig an BCE chun casadh ar an Uachtarán Mario Draghi i dteannta le foirne ó 11 tír rannpháirteacha. Ar leith uaidh sin, thug roinnt scoileanna cuairt ar an mBanc le linn na bliana.



Coláiste Mhuire Cois Abhainn, Buaiteoirí Náisiúnta Dhuais na nDaltaí - Gluain €uro.

## Áitribh

Tá an Banc lonnaithe i gceithre shuíomh éagsúla, lena n-áirítear trí cinn i lár chathair Bhaile Átha Cliath. In 2012, bheartaigh an Banc go gceannófaí an suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath, mar an suíomh do Cheanncheathrú nua an Bhainc Ceannais, faoi réir cleachtais leathain dícháill chuí. Ag an am céanna, d'fhostaigh an Banc foireann deartha chun Seirbhísí Ailtireachta, Innealltóireachta agus Pleanála a sholáthar i ndáil le dearadh agus tógáil Cheanncheathrú nua an Bhainc.

## Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Bíonn formhór na foirne (tuairim is 86%) ag gabháil do ghníomhaíochtaí oifige sna suíomhanna i lár na cathrach agus bíonn an chuid eile den fhoireann ag gabháil do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta sa Lárionad Airgeadra. Tá beartais iomchuí sláinte agus sábháilteachta, timpeallachta agus fuinnimh i bhfeidhm a bhfuil córais bainistíochta mar bhuntaca leo.

Leanann an fheidhm Timpeallachta, Sláinte agus Sábháilteachta (TSS) de chumarsáid agus d'fheasacht san eagraíocht a fhorbairt trí chórais bainistíochta a úsáid, trí phróiseas athbhreithnithe ráithiúil, tríd an inlíon, trí choistí sábháilteachta agus trí chomhar díreach leis na Rannáin éagsúla. Ar an gcaoi seo, cuidíonn an fheidhm TSS le comhall a chuid freagrachtaí, le comhlíonadh leanúnach ceanglas reachtúil oiliúna agus le bainisteoirí chun saincheisteanna nó neamhchosaintí faoina rialú a aithint nó a thuar. De thoradh gníomhartha a glacadh de láimh in 2010-11, tá anailís níos cruinne ar fáil anois maidir le húsáid fuinnimh sa Lárionad Airgeadra. Leis na hathruithe atá beartaithe do 2013, feabhsófar cáilíocht na hanailíse is indéanta i ndáil le sonraí ar úsáid fuinnimh sna háitribh i Lár na Cathrach.

Leagtar amach sa tábla thíos, an úsáid fuinnimh in 2012 sa Lárionad Airgeadra agus sna suíomhanna i Lár na Cathrach agus an t-athrú coibhneasta i gcomparáid leis na figiúirí do 2011:

### Tábla 15 - Úsáid Fuinnimh

| | An Lárionad Airgeadra | | Suíomhanna i Lár na Cathrach | | An tIomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2012 kWh | athrú % i gcomparáid le 2011 iarbhír | 2012 kWh | athrú % i gcomparáid le 2011 iarbhír | 2012 kWh | athrú % i gcomparáid le 2011 iarbhír |
| Leictreachas | 3,730,132 | -1.56 | 5,859,148 | +3.65 | 9,589,280 | +1.56 |
| Gás | 2,407,900 | +11.98 | 3,292,758 | -3.15 | 5,700,658 | +2.71 |
| Ola | 269,472 | -16.67 | 220,000 | 0 | 489,472 | -9.92 |
| **Fuinneamh Iomlán** | **6,407,504** | **+2.31** | **9,371,906** | **+1.07** | **15,779,410** | **+1.57** |

Nóta: Sna figiúirí do 2012, áirítear suíomh breise don bhliain iomlán agus gníomhaíochtaí breise sa Lárionad Airgeadra. Tá an úsáid ola bunaithe ar sheachadtaí conraithe bliantúla.

## Bosca 9 – Úsáid Fuinnimh: Gníomhartha a glacadh de láimh in 2012 agus na cinn atá beartaithe do 2013

**Bearta a Rinneadh in 2012**

Thug an Banc faoi raon tionscnamh chun a fheidhmiúlacht fuinnimh a fheabhsú in 2012, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

» Cuireadh chun feidhme tionscnamh maidir le soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh agus tionscnamh maidir le húsáid uisce san fhoirgneamh ar Shráid an Dáma agus sa Lárionad Airgeadra, rud a laghdaigh an úsáid;

» Feistiú tiomántáin luais inathraithe ar na feananna soláthair agus eastarraingthe san fhoirgneamh ar Shráid an Dáma chun go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as an gcumhacht;

» Laghdaíodh an úsáid ola sa Lárionad Airgeadra trí níos mó úsáide a bhaint as gás nádúrtha;

» Rinneadh athbhreithniú ar gach Córas Bainistíochta Foirgnimh chun go laghdófaí amanna 'Ar Siúl';

» Le linn 2012, feabhsaíodh tuilleadh feasacht TSS nuair a cruthaíodh agus nuair a tugadh isteach ionduchtú éigeantach TSS trí ardán ríomhfhoghlama. Rinne 971 comhalta foirne an oiliúint ar líne idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2012; agus

» Feabhsaíodh comhlíonadh táscairí tábhachtacha feidhmíochta TSS ó bhonnlíne 42.7% in R4 2011 go dtí 91.9% in R4 2012.

**Gníomhartha atá beartaithe do 2013**

Tá sé beartaithe ag an mBanc a fheidhmiúlacht TSS a fheabhsú tuilleadh in 2013 trí na tionscnaimh seo a leanas a ghlacadh de láimh:

» Dul chun cinn i dtreo dheimhniú na gcaighdeán Córais Bainistíochta OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Timpeallacht) agus ISO 50001:2011 (Fuinneamh);;

» Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna soilsithe d'fhonn coigiltis fuinnimh bhreise a bhaint amach;

» Pacáiste bainistíochta TSS a fhorbairt chun éifeachtúlacht i bpleanáil, i mbainistiú agus i dtaifeadadh theagmhais TSS sna suíomhanna go léir a fheabhsú;

» Clár oiliúna maidir le trealamh scáileán taispeána a fhorbairt agus a sheoladh ar ár gcreat ríomhfhoghlama; agus

» Beartas Tiomáint don obair a fhorbairt chun riosca foriomlán a laghdú.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann,

**Patrick Honohan**
**Governor**

**Neil Whoriskey**
**Rúnaí**

**5 Aibreán 2013**

# Iarscríbhinn 1: Ráitis agus Páipéir arna bhfoilsiú ag an mBanc in 2012

## Príomhfhoilseacháin

Faisnéis Ráithiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2011 - Bealtaine 2012

Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2011 - 2012

Plean Straitéiseach 2013 - 2015

## Óráidí agus Cur i Láthair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, do Chomhdháil InvestoRegulation - Eanáir

Aitheasc ón nGobharnóir Patrick Honohan ag an seoladh don leabhar *'Miraculous Plenty: Irish Religious Folktales and Legends'* - Eanáir

Aitheasc ón nGobharnóir Patrick Honohan ag an seoladh don leabhar 'Bank Architecture in Dublin, A History to c.1940' - Feabhra

Ráiteas tosaigh ó Joe McNeill, Ceannasaí an Rannáin Staidrimh, don Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poibli agus Athchóiriú - Feabhra

Aitheasc ó James O'Brien do Chomhdháil Earraigh CUMA, Baile Átha Luain - Feabhra

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach, don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) 'Macro Prudential Policy in Ireland' -Feabhra

Óráid ón Leas-Ghobharnóir do Chlub Alumni Scoil Ghnó Harvard - Márta

Aitheasc tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhdháil an Bhainc Ceannais maidir le margadh iasachta FBM - Márta

Ráiteas tosaigh ó Joe McNeill, Banc Ceannais na hÉireann, agus ó Michael Connolly, an Phríomh-Oifig Staidrimh don Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú - Márta

Aitheasc ón nGobharnóir do Chumann Dlí Ollscoil Luimnigh - Márta

Aitheasc ó Matthew Elderfield, Cathaoirleach Malartach, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, agus Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann, don cheathrú comhdháil CDU/CSU - Márta

Ráiteas tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú - Márta

Óráid ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach maidir le Margaí Tithíochta agus Cobhsaíocht Airgeadais - Aibreán

Focail deiridh ón nGobharnóir Honohan ag an gCruinniú bliantúil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann - Aibreán

Focail deiridh ón nGobharnóir Honohan ag Comhdháil Pháirtithe Leasmhara Bhanc Ceannais na hÉireann - Aibreán

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, ag Comhdháil Pháirtithe Leasmhara Bhanc Ceannais na hÉireann - Aibreán

Focail tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, ag Comhdháil Pháirtithe Leasmhara Bhanc Ceannais na hÉireann - Aibreán

Aitheasc ó Peter Oakes, an Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú, don ACOI - Bealtaine

Léacht Mais ón nGobharnóir Honohan ag Scoil Ghnó Cass, Londain - Bealtaine

Aitheasc ón nGobharnóir Honohan do Shraith Óir OMFIF maidir le hAirgead Domhanda - Bealtaine

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, ag Seimineár Chónaidhm na mBaincéirí Éireannacha - Bealtaine

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, do Chruinniú Mullaigh an Árachais - Meitheamh

Aitheasc ón nGobharnóir Honohan don Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha - Meitheamh

Ráiteas tosaigh ó Bernard Sheridan, an Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, don Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poibli agus Athchóiriú - Iúil

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, do Comhdháil Fómhair CUMA - Meán Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag an 44ú Comhdháil Bhliantúil Airgid, Macra agus Airgeadais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath - Meán Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach, ag an 44ú Comhdháil Bhliantúil Airgid, Macra agus Airgeadais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath - Meán Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, do Chomhdháil IFIA, Baile Átha Cliath - Meitheamh

Aitheasc ó Gareth Murphy, an Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, ag an 3ú Comhdháil Euromoney maidir leis an Treoir Réamheolaire - Meán Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chruinniú Mullaigh um Athstruchtúrú Corparáideach, Baile Átha Cliath - Meán Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach, do Chomhlachas Gearmánach-Éireannach Tionscail agus Tráchtála, Baile Átha Cliath - Meán Fómhair

Aitheasc ó Martin Moloney, an Ceannasaí ar Beartas Margaí, Banc Ceannais na hÉireann, do Chumann an Bharra Idirnáisiúnta - Deireadh Fómhair

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, d'Fhóram Rialála na gComhar Creidmheasa, Luimneach - Deireadh Fómhair

Ráiteas tosaigh ó Dhomhnall Cullinan, an Ceannasaí ar Mhaoirseacht Árachais Ghinearálta, don Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poibli agus Athchóiriú - Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa agus Árachas, Fiona Muldoon, do Chomhdháil Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann 2012 - Deireadh Fómhair

Óráid ó Matthew Elderfield, Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann do Chomhlachas na nOifigeach um Chomhlíonadh in Éirinn, COC - Deireadh Fómhair

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, James O'Brien, do Dhámhachtainí LIA do na Comhair Chreidmheasa - Samhain

Aitheasc ó Lars Frisell, an Príomh-Eacnamaí, do chomhdháil Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh - Samhain

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, d'Institiúid David Hume agus d'Institiúid na hAlban um Thaighde san Eacnamaíocht, Dún Éideann - Samhain

Aitheasc ó Gareth Murphy do Chomhlachas Thionscal Cistí na hÉireann - Samhain

Aitheasc ó Matthew Elderfield, Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann agus Cathaoirleach Malartach ar an Údarás Baincéireachta Eorpach do Bhricfeasta Gnó Bloomberg - Samhain

Thug Lars Frisell, an Príomh-Eacnamaí, an 5ú Léacht Cuimhneachain Paddy Ryan - Nollaig

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Fheidhmiú, Peter Oakes, do Chomhdháil an Bhainc Ceannais um Fhorfheidhmiú - Nollaig

Focail tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, do Chomhdháil an Bhainc Ceannais um Fhorfheidhmiú - Nollaig

### Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Short-Term Forecasting of Quarterly Gross Domestic Product Growth – Joëlle Liebermann – Uimh.1 2012

The Irish Mortgage Market: Stylised Facts, Negative Equity and Arrears – Gerard Kennedy agus Tara McIndoe-Calder – Uimh.1 2012

The Impact of the Financial Turmoil on Households: A Cross Country Comparison – Mary Cussen, Brídín O'Leary agus Donal Smith – Uimh.2 2012

SMEs in Ireland: Stylised Facts from the Real Economy and Credit Market – Martina Lawless, Fergal McCann agus Tara McIndoe-Calder – Uimh.2 2012

Cost Competitiveness and Export Performance of the Irish Economy – Derry O'Brien agus John Scally – Uimh.3 2012

Recent Trends in Irish Expenditure and Prices – Colin Bermingham – Uimh.3 2012

Analysis of Recent Monetary Operations & TARGET2 Developments – Patrick Haran agus Samuel Bailey – Uimh.3 2012

Ireland's Financial Crisis: A Comparative Context – Maria Woods agus Siobhán O'Connell – Uimh.4 2012

Measuring Shadow Banking in Ireland using Granular Data – Brian Godfrey agus Brian Golden – Uimh.4 2012

## Boscaí i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Boston or Berlin: how has the Irish labour market responded to the Great Recession? – Mary Ryan and Geraldine Slevin – Uimh.1 2012

Geographical and Sector Analysis of Consolidated External Claims of Domestic Banks – Aisling Mention – Uimh.1 2012

How Investment Funds Performed Amid the Intense Volatility of Q3 2011 – Brian Golden – Uimh.1 2012

Estimating the impact of base effects from energy on euro area HICP inflation in 2012 – John Larkin – Uimh.1 2012

Long-Term Unemployment and the Vacancy Rate – Suzanne Linehan agus Mary Ryan – Uimh.2 2012

Irish Results of the Euro Area Bank Lending Survey – Bernard Kennedy – Uimh.2 2012

Analysis of Collateral Debt Obligations – Brian Godfrey – Uimh.2 2012

The Statistical Implications of Multinational Companies' Corporate Structures – Mary Everett – Uimh.2 2012

Financial Support Package for Greece & Private Sector Involvement – Linda Dungan – Uimh.2 2012

Monetary and Supervisory Presentations of Deposit Trends in Irish-Owned Credit Institutions – Martin O'Brien agus Christine Reen – Uimh.3 2012

The Increasing Financial Nature of the Current Account – Mary Everett – Uimh.3 2012

The Role of Euro Area Survey Indicators – Jenny Osbourne-Kinch agus Neill Killeen – Uimh.3 2012

Heterogeneity in Lending Rates and the Recent Effects of Indebtedness in the Euro Area – Sarah Holton agus David Purdue – Uimh.3 2012

Labour input in Ireland: a focus on average hours worked – Mary Ryan – Uimh.4 2012

Irish Sovereign Bond Yields and Non-Resident Holdings – Dermot Coates agus Mary Everett – Uimh.4 2012

Sovereign Annuities – Uimh.4 2012

Tracking Developments in SME Credit – Martin O'Brien – Uimh.4 2012

Euro Area Unemployment – Mary Keeney – Uimh.4 2012

## Páipéir Theicniúla Taighde 2012

The Financial Crisis and the Pricing of Interest Rates in the Irish Mortgage Market: 2003-2011 - Jean Goggin, Sarah Holton, Jane Kelly, Reamonn Lydon agus Kieran McQuinn – Márta

Modelling the Corporate Deposits of Irish Financial Institutions: 2009 - 2010 - Kieran McQuinn agus Maria Woods - Márta

Determinants of Default: Evidence from a Sector-Level Panel of Irish SME Loans - Martina Lawless agus Fergal McCann - Iúil

Firm Credit in Europe: A Tale of Three Crises - Sarah Holton, Martina Lawless agus Fergal McCann - Iúil

Housing Equity Withdrawal, Property Bubbles and Consumption - Reamonn Lydon agus Niall O'Hanlon - Lúnasa

Determinants of SME Loan Default: The Importance of Borrower-Level Heterogeneity - Fergal McCann agus Tara McIndoe-Calder - Meán Fómhair

Real-Time Forecasting in a Data-Rich Environment - Joelle Liebermann - Nollaig

Supply, Demand and Prices in the US Housing Market - Thomas Conefrey agus Karl Whelan - Nollaig

Explaining Irish Inflation During the Financial Crisis - Colin Bermingham, Dermot Coates, John Larkin, Derry O' Brien agus Gerard O'Reilly - Nollaig

Sovereign Default and Macroeconomic Tipping Points - Mark Joy - Nollaig

## Ailt Phiarmheasúnaithe agus Caibidlí Piarmheasúnaithe i Leabhair

Browne Frank agus David Cronin (2012) "Monetary Policy, Inflation and Commodity Prices." in Perrucci S. and Benaben B. (ed.s), *Inflation Sensitive Assets: Instruments and Strategies*, Londain: Riskbooks, 255-276.

Browne Frank agus David Cronin (2012) "The New Dynamic between US Stock Prices and Money Holdings", *World Economics*, 13(1), 137-156.

Cronin David (2012) "The New Monetary Economics Revisited", *Cato Journal*, 32(3), 581-94.

D'Agostino Antonello, Kieran McQuinn agus Karl Whelan (2012) "Are some forecasters really better than others", *Journal of Money, Credit and Banking*, 41(4), 715-732.

Kelly Robert, Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn, "Impairment and Negative Equity in the Irish Mortgage Market", *Journal of Housing Economics*, 21, 256-281.

Moloney Kitty agus Srinivas Raghavendra (2012) "A Linear and Nonlinear Review of the Arbitrage-Free Parity Theory for the CDS and Bond Markets" in Cummins M, Murphy F and Miler JH (eds), Topics in Numerical Methods for Finance, New York, Springer Proceedings in Mathematics & Statistics, Imleabhar 19, 177-200.

D'Agostino Antonello, Kieran McQuinn agus Derry O'Brien, "Nowcasting Irish GDP", *Journal of Business Cycle Measurement and Analysis*. http://www.oecd-ilibrary.org/economics/nowcasting-irish-gdpjbcma-2012-5k92n2pwccwb - le foilsiú

Babecky Jan, Philip du Caju, Theodora Kosma, Martina Lawless, Julian Messina agus Tairi Room, "The Margins of Labour Cost Adjustment: Survey Evidence from European Firms", *Labour Economics - le foilsiú*

Bermingham Colin agus Antonello D'Agostino "Understanding and Forecasting Aggregate and Disaggregate Price Dynamics", *Empirical Economics - le foilsiú*

Browne Frank agus Robert Kelly "Prolonged Dislocation and Financial Crisis" in Jacob Brauer et al (editors), *The Great Recession: Lessons for Central Bankers, MIT Press - le foilsiú*

Clancy Daragh "Output Gap Estimation Uncertainty: Extracting the TFP Cycle Using an Aggregated PMI Series", *Economic and Social Review - le foilsiú*

Galuscak Kamil, Mary Keeney, Daphne Nicolitsas, Frank Smets, Pawel Strzelecki agus Matija Vodopivec, "The determination of wages of newly hired employees: Survey evidence on internal versus external factors", *Labour Economics - le foilsiú*

Lawless Martina, "Tax Complexity and Inward Investment", *Economica - le foilsiú*

Lawless Martina agus Fergal McCann, "Credit access for Irish SMEs - Evidence from micro data", *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland - le foilsiú*

McCann Fergal, "Indirect exporters", *Journal of International Competition and Trade - le foilsiú*

## Foilseacháin Staidrimh

Cuntais Airgeadais Ráithiúla

Staidreamh Cistí Infheistíochta – Ráithiúil

Staidreamh Baincéireachta Comhdhlúite: Éilimh Eachtracha – Ráithiúil

Treochtaí in Iasachtú Pearsanta agus i dTaiscí Pearsanta – Ráithiúil

Treochtaí i gCreidmheas agus i dTaiscí Gnó-Ráithiúil

Staidreamh maidir le hEisiúint Urrús – Míosúil

Staidreamh Airgid agus Baincéireachta – Míosúil

Staidreamh Rátaí Úis Miondíola– Míosúil

Staidreamh Sealúchas Urrús – Míosúil

Staidreamh maidir le Corparáidí um Meáin Airgeadais - Ráithiúil

## Páipéir Chomhairliúcháin arna bhFoilsiú ag an mBanc in 2012

The Handling of Inside Information under the Market Abuse (Directive 2003/6/EC) Regulations 2005 – Aibreán

Consultation Paper on Reporting Requirements for Collective Investment Schemes - Bealtaine

Consultation on implementation of Alternative Investment Fund Manager Directive – Deireadh Fómhair

Consultation on Impact Based Levies and Other Levy Related Matters – Samhain

Fitness and Probity Regime for Credit Unions - Nollaig

# Caibidil 2:
Rialachas



Sa chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas an Bhainc le linn 2012.

## An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942. Tá dhá fheidhm bhunúsacha ag an mBanc: Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é an Banc agus is comhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) é. Ar an dara dul síos, tá an Banc freagrach as earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann a rialáil. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (an tAcht). Is é cuspóir príomhúil an Bhainc cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mBanc freisin:

» Cobhsaíocht an chórais airgeadais;

» Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;

» Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú;

» Deacrachtaí airgeadais in institiúidí airgeadais a réiteach;

» Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Is é an tAire Airgeadais scairshealbhóir aonair an Bhainc.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Leis an Acht, leasaítear Acht an Bhainc Cheannais 1942 chun go bhforálfar go mbeidh gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc (seachas feidhmeanna CEBC) á mbainistiú agus á rialú ag Coimisiún an Bhainc Ceannais.

### Ról an Choimisiúin

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún): gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais de chuid an Bhainc a chomhtháthú agus a chomhordú; agus a áirithiú go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Tá téarmaí tagartha dá chuid féin glactha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi is fearr inar féidir na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Le hAcht an Bhainc Cheannais 1942, foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig an Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc.

Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chuid cumhachtaí agus feidhmeanna, tarmligtear feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc chuig na comhaltaí bainistíochta den Choimisiún. I gcás ina ndéanfar feidhmeanna a tharmligean amhlaidh, is ar an gcomhalta bainistíochta sin a bheidh an fhreagracht nó an chuntasacht maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Ar a shon sin, is é an Coimisiún, trí mheán a chuid Coistí go minic (an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), a dhéanfaidh monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na gcomhaltaí bainistíochta nuair a bheidh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin á bhfeidhmiú acu agus a scrúdóidh rialuithe inmheánacha an Bhainc. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar nithe oibríochtúla a thabhairt os comhair an Choimisiúin lena gcinneadh, cinnteoidh an Coimisiún go ngníomhóidh an Banc ar shlí iomchuí i gcomhréir lena chuid feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a mbaineann tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc (ar leith ó fheidhmeanna CEBC eile) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Bíonn an Coimisiún rannpháirteach i múnlú straitéise freisin lena bhféadfaidh an Banc a chuid feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

Le linn 2011/2012, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a éifeachtúlacht féin chun a chinntiú go raibh na cumhachtaí agus na feidhmeanna arna dtabhairt dó á bhfeidhmiú agus á gcomhlíonadh go cuí i gcoibhneas lena chuspóirí. Rinne an Coimisiún breithniú ar na cinntí agus ar na moltaí a lean as an athbhreithniú sa chéad ráithe de 2012 agus cuireadh plean cur chun feidhme i gcrích. Ag an gcruinniú den Choimisiún i mí Mheán Fómhair 2012, tugadh tuairisc chun dáta don Choimisiún ar chur chun feidhme moltaí.

### Comhaltaí an Choimisiúin

Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Is iad an Leas-Ghobharnóir

(Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais na comhaltaí ex-officio eile. Déanann an tAire Airgeadais seisear comhalta eile ar a laghad den Choimisiún a cheapadh, ach líon nach mó ná ochtar, agus sealbhaíonn na comhaltaí sin oifig ar feadh téarma cúig bliana.

Ar a shon sin, téarma trí bliana go cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí tosaigh an Choimisiúin d'fhonn leanúnachas eolais a chinntiú. Maidir le comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin, leanfaidh siad de bheith ina gcomhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige lena mbaineann.

Déantar luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin a thuairisciú i Nóta 8 den Ráiteas Cuntas.

Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún amhail ar an 31 Márta 2013:

## Comhaltaí Ex-Officio

### An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapfaidh an Gobharnóir, ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Ceapadh an tOllamh Patrick Honohan ina Ghobharnóir an 26 Meán Fómhair 2009.

Tá an Gobharnóir ina chomhalta ex-officio de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Ní mór don Ghobharnóir, nó ionadaí dá chuid, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Leagtar amach a róil agus a fhreagrachtaí i gConarthaí AE, Reacht CEBC agus in Acht an Bhainc Cheannais 1942.

Déanann an Gobharnóir a chuid feidhmeanna CEBC a chomhlíonadh neamhspleách ar an gCoimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air, agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc, le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Cumhdaítear neamhspleáchas a róil i gConarthaí AE agus tá tosaíocht ag an neamhspleáchas sin ar dhlí na hÉireann.

Sular tháinig sé chun bheith ina Ghobharnóir, bhí sé ina Ollamh le hEacnamaíocht agus Forbairt Airgeadais Idirnáisiúnta i gColáiste na Tríonóide ó 2007. Roimhe sin, chaith sé beagnach deich mbliana sa Bhanc Domhanda áit ina raibh sé ina Chomhairleoir Sinsearach ar bheartas don earnáil airgeadais. Bhí sé in Ollamh Taighde roimhe sin leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath ó 1990 go dtí 1998, ina Chomhairleoir Eacnamaíoch don Taoiseach Garret Fitzgerald (1981-82 agus 1984-86) agus chaith sé roinnt blianta mar eacnamaí i mBanc Ceannais na hÉireann (1976-81 agus 1984-86) agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (1971-73). Is céimí é de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus bhain sé Ph.D. san Eacnamaíocht amach in Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, i 1978. Theagasc sé Eacnamaíocht in Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, in Ollscoil California-San Diego, in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus i gColáiste na Tríonóide. Le blianta beaga anuas, dhírigh a chuid taighde don chuid is mó ar bheartas airgeadaíochta agus ar bheartas don earnáil airgeadais.

### An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)

Ceapadh Matthew Elderfield ina Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) i mí Eanáir 2010. Sula ndeachaigh sé i mbun an phoist seo, bhí sé ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Údarás Airgeadaíochta Bermuda (BMA) ó 2007-2009. Roimhe sin, chaith sé ocht mbliana in Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe (FSA) mar Cheannasaí Roinne ar Ranna éagsúla a bhí freagrach as maoirseacht ar thithe imréitigh, as margaí tánaisteacha agus beartas liostaithe agus as maoirseacht ar bhaincéireacht. Sular thosaigh sé sa FSA, bhunaigh sé na hoibríochtaí Eorpacha den ISDA (International Swaps and Derivatives Association) agus bhí poist éagsúla ar seilbh aige i gComhlachas Baincéireachta Infheistíochta, Londain (London Investment Banking Association), i gComhlachas Baincéirí na Breataine (British Bankers Association) agus i ngnólacht comhairleachta lonnaithe i Washington-DC (Institute for Strategy Development).

### An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)

Ceapadh Stefan Gerlach ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) an 1 Meán Fómhair 2011. Sular ghlac sé leis an bpost seo, bhí sé ina Ollamh le hEacnamaíocht Airgeadaíochta agus ina Stiúrthóir ar an Institiúid um Chobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais in Ollscoil Frankfurt. Ina theannta sin, bhí sé ina Ánra Taighde sa CEPR (Centre for Economic Policy Research) agus ina Ánra sa CFS (Centre for Financial Studies). Bhí sé ina Cheannasaí ar an Rúnaíocht don Choiste um an gCóras Airgeadais Domhanda sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Taighde) é ar Údarás Airgeadaíochta Hong Cong. Roimhe sin, bhí sé ina eacnamaí sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.

### Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

Ceapadh John Moran mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais an 6 Márta 2012. Roimhe sin, bhí sé

ag fónamh mar Dhara hArd-Rúnaí sa Roinn Airgeadais, áit ina raibh sé ina Cheannasaí ar an Roinn Baincéireachta. Tá neart taithí ardbhainistíochta ag an Uas. Moran agus chaith sé tréimhse i mBanc Ceannais na hÉireann mar Cheannasaí ar Mhaoirseacht ar Bhaincéireacht Mhórdhíola agus bhí sé ina POF agus ina chomhalta boird ar Zurich Capital Markets.

## Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas. Téarma trí bliana go cúig bliana a bhíonn i dtéarma oifige na gcomhaltaí seo:

### Alan Ahearne (Arna cheapadh an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana)

Is léachtóir le heacnamaíocht é Alan Ahearne i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Aire Airgeadais ó Mhárta 2009 go dtí Márta 2011. Is Ánra Neamhchónaitheach i Bruegel é agus is Comhlach Taighde é san Insitiúid Léinn um Lánpháirtíocht Eorpach i gColáiste na Tríonóide. Sular thosaigh sé in OÉ, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa Federal Reserve Board i Washington, DC. Ba léachtóir le heacnamaíocht é in Ollscoil Carnegie Mellon, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha i Cooper & Lybrand agus d'oibrigh sé i Bank of Ireland Group Treasury chomh maith. Ar a chuid réimsí saineolais, áirítear an mhaicreacnamaíocht agus an t-airgeadas idirnáisiúnta agus tá a chuid taighde foilsithe i bpríomhirisí idirnáisiúnta. Tá Ph.D (1998) san Eacnamaíocht aige ó Ollscoil Carnegie Mellon.

### Blanaid Clarke (Arna ceapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 3 bliana)

Tá Ollúnacht McCann Fitzgerald sa Dlí Corparáideach aici i gColáiste na Tríonóide. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aici iontu, áirítear rialachas corparáideach, dlí na seirbhísí airgeadais, an dlí urrús agus an dlí táthcheangail agus tá neart téacsanna foilsithe aici ar na hábhair sin.

Bíonn sí ag obair le Painéal Táthcheangail na hÉireann freisin agus is comhalta í de Líonra Tairiscintí Táthcheangail an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí.

Is comhalta-bhunaitheoir í de Lárionad COBÁC um Rialachas Corparáideach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina comhalta de Mheitheal Mhachnaimh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Todhchaí Dhlí Cuideachtaí an AE.

### John FitzGerald (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 5 bliana)

Is Ollamh Taighde é John FitzGerald san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i mBaile Átha Cliath áit a mbíonn sé ag obair ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh. Tá neart foilsithe aige ar na hábhair sin. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann agus ar ghrúpa EUROFRAME d'institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, den Northern Ireland Authority for Energy Regulation agus den 'Ghrúpa AE um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch' a chuireann comhairle ar Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne sé staidéar i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céimeanna aige sa stair agus san eacnamaíocht. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha sa Roinn Airgeadais i 1972 agus chuaigh sé go dtí an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 1984.

### Des Geraghty (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana)

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é i 1992 do thoghcheantair Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus bhí sé ina chathaoirleach ar Éigse Éireann freisin.

### Michael Soden (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana)

Bhí Michael Soden ina POF ar Bhanc na hÉireann ó 2001 go dtí 2004. Sular fhill sé ar Éirinn chun glacadh leis an bpost sin, chaith sé breis is 30 bliain i mórinstitiúidí éagsúla airgeadais, ina raibh baint aige le gach gné de na margaí caipitil. Le linn na tréimhse sin, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an National Australian Bank, áit a raibh sé freagrach as Baincéireacht Mhórdhíola Dhomhanda agus ina dhiaidh sin, as Baincéireacht Mhiondíola Dhomhanda. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí mhargaí caipitil idirnáisiúnta Security Pacific Bank a fhorbairt. Chaith sé blianta tosaigh a ghairmréime i Citibank/Citicorp Investment Bank, Ceanada. Ó chuaigh sé ar scor in 2004, tá sé ina thráchtaire ar an ngéarchéim baincéireachta idirnáisiúnta. Scríobh sé an leabhar, 'Open Dissent – An Uncompromising View of the Crisis', arna fhoilsiú in 2010.

**Tablá 16 – Cruinnithe ar fhreastail Comhaltaí an Choimisiúin orthu le linn 2012**

| Comhaltaí an Choimisiúin | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2012 |
|---|---|
| Patrick Honohan | 11/11 |
| Matthew Elderfield | 11/11 |
| Stefan Gerlach | 11/11 |
| John Moran | 7/9 |
| Alan Ahearne | 11/11 |
| Blanaid Clarke | 11/11 |
| John FitzGerald | 11/11 |
| Des Geraghty | 11/11 |
| Michael Soden | 11/11 |

Sa Tábla thuas, tugtar le fios cé mhéad cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh comhaltaí den Choimisiún i dteideal freastal orthu.

## Rúnaí an Bhainc:

Tá Neil Whoriskey ina cheannasaí ar Roinn na hArdrúnaíochta sa Bhanc agus ceapadh mar Rúnaí an Bhainc é an 1 Eanáir 2011.

Ceapadh John Moran mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais an 6 Márta 2012.

An 3 Feabhra 2012, d'éirigh Kevin Cardiff, iar-Ardrúnaí na Roinne Airgeadais, as an gCoimisiún.

### Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a bhíonn ina Chathoirleach orthu. Seisear is córam do na cruinnithe go léir. Tionóladh aon chruinniú dhéag fhoirmiúla den Choimisiún le linn 2012. Is in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a tionóladh cruinniú an 12 Nollaig 2012.



Na Comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais

*Ar chúl:* Michael Soden, Stefan Gerlach, Neil Whoriskey (Rúnaí), John FitzGerald, Matthew Elderfield, Des Geraghty
*Chun Tosaigh:* Alan Ahearne, Gobharnóir Patrick Honohan, Uachtarán OÉ Gaillimh, James Browne, a d'óstáil an cruinniú den Choimisiún i mí na Nollag 2012, agus Blanaid Clarke.

## Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina aonar nó i gcomhar le hoifigeach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc agus féadfaidh sé nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

» An Coiste Iniúchóireachta

» An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

» An Coiste Riosca

## An Coiste Iniúchóireachta

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta le linn 2012 agus d'fhormheas an Coimisiún iad i mí Eanáir 2013. Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais an Bhainc, lena n-áirítear breitheanna suntasacha cuntasaíochta a dhéantar in ullmhú na ráiteas sin, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas a áireofar sa tuarascáil bhliantúil maidir le rialuithe inmheánacha agus an ráiteas sin a fhormheas.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna iniúchóireachta bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an iniúchóra sheachtraigh agus áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir le raon na litreach a bhaineann leis an rannpháirtíocht iniúchóireachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón Iniúchóir Seachtrach sula n-eiseofar an freagra ón lucht bainistíochta.

**Tablá 17**

| Comhaltaí an Choimisiúin | Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta ar freastalaíodh orthu le linn 2012 |
|---|---|
| Blanaid Clarke (Cathaoirleach) | 5/5 |
| Alan Ahearne | 5/5 |
| John FitzGerald | 4/5 |

Sa Tábla thuas, tugtar le fios cé mhéad cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh comhaltaí den Choimisiún i dteideal freastal orthu.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh an Bhainc.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar chairt agus ar phlean oibre bliantúil na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus neamhspleáchas na feidhme i gcomhthéacs chórais bainistíochta riosca an Bhainc, agus más iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na feidhme agus a áirithiú go ngníomhófar i gcomhréir le tuarascálacha na feidhme.

» Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus maidir le hathcheapadh iniúchóirí seachtracha, maidir lena luach saothair agus le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú.

» Chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbeartas maidir le fruiliú na n-iniúchóirí seachtracha chun seirbhís neamh-iniúchóireachta a chur ar fáil.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar na fionnachtana a eascraíonn as iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag na hiniúchóirí seachtracha.

» Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus beidh trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Márta 2013, ba iad Blanaid Clarke (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus Alan Ahearne comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta.

Tionólfar cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta ceithre huaire ar a laghad gach bliain. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta mar bhreathnadóirí. Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó iniúchóir seachtrach neamhspleách air amhlaidh. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Inniúchóireachta le linn 2012. Ina theannta sin, tionóladh cruinniú comhpháirteach den Choiste Riosca agus den Choiste Iniúchóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2012.

## An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

I dtéarmaí tagartha an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair an Ghobharnóra agus fheidhmeannaigh shinsearacha an Bhainc agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar aon nithe eagraíochtúla, buiséid nó caiteachais a gcuirfidh an Coimisiún chuige ó am go ham agus comhairle a thabhairt ina leith.

» Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.

Ní bheidh aon chomhalta i láthair nuair a bheidh cúrsaí a bhaineann lena luach saothair á bplé.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste agus beidh beirt chomhalta nó triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóir.

Ba iad Michael Soden (Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Matthew Elderfield agus Stefan Gerlach comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Márta 2013.

Tionólfar cruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar a laghad uair amháin in aghaidh na ráithe. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh cúig chruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair in 2012.

## An Coiste Riosca

I dtéarmaí tagartha an Choiste Riosca, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú sócmhainní infheistíochta agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.

» Comhairle a thabhairt don Choimisiún ar chúrsaí a bhaineann le beartais agus cleachtais

Tablá 18

| Comhaltaí an Choimisiúin | Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar freastalaíodh orthu le linn 2012 |
|---|---|
| Michael Soden (Cathaoirleach) | 5/5 |
| Blanaid Clarke | 5/5 |
| Matthew Elderfield | 5/5 |
| Stefan Gerlach | 5/5 |

Sa Tábla thuas, tugtar le fios cé mhéad cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh comhaltaí den Choimisiún i dteideal freastal orthu.

infheistíochta an Bhainc a bhféadfaidh an Coimisiún a chur chuig an gCoiste ó am go ham.

- Neamhchosaintí reatha riosca agus an straitéis fhoriomlán riosca don eagraíocht a mheas agus a thuar.
- Staid reatha airgeadais an Bhainc a mheas, ag féachaint do shuíomh an Bhainc maidir le sócmhainní agus le dliteanais agus do réamhaisnéisí.
- An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca san eagraíocht a chur i gcuntas, ag baint úsáide as tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta freisin.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste agus beidh triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin ar a laghad ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóir.

Ba iad Des Geraghty (Cathaoirleach), Michael Soden, Alan Ahearne, Stefan Gerlach agus Matthew Elderfield comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Márta 2013. Ceapadh Alan Ahearne chuig an gCoiste Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Tionóltar cruinnithe go ráithiúil ar a laghad. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh naoi gcruinniú den Choiste Riosca le linn 2012 i dteannta le comhchruinniú den Choiste Riosca agus den Choiste Iniúchóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2012.

## Cód Iompair do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

D'fhormheas an Coimisiún Cód Iompair nua do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus tá éifeacht leis an gCód sin ón 1 Eanáir 2013. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

In 2012, tugadh faoi athbhreithniú ar struchtúr rialachais inmheánaigh ardleibhéil sa Bhanc. Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisún as bainistiú agus rialú an Bhainc, tá coistí inmheánacha éagsúla ann a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus as comhairle agus eolas a thabhairt maidir le saincheisteanna móra. Leis an athbhreithniú, scrúdaíodh struchtúr, ábharthacht, freagrachtaí, éifeachtacht agus téarmaí tagartha gach coiste agus comhaontaíodh samhail nua rialachais inmheánaigh.

Sa tsamhail nua rialachais inmheánaigh, cuimsítear na coistí seo a leanas atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra:

- Bíonn **Coiste an Ghobharnóra** ag plé go príomhúil le hullmhú choistí an Choimisiúin, bearta leantacha, ceapacháin shinsearacha agus le saincheisteanna straitéiseacha eile.
- Cinntíonn an **Coiste Ardcheannaireachta** go ndéanfar na gníomhaíochtaí go léir a ailíniú agus go ndéanfar straitéis an Bhainc a chur i ngníomh trí Scórchárta Ualaithe na heagraíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, déanann an Coiste

Tablá 19

| Comhaltaí an Choimisiúin | Cruinnithe den Choiste Riosca ar freastalaíodh orthu le linn 2012 |
|---|---|
| Des Geraghty (Cathaoirleach) | 10/10 |
| Michael Soden | 10/10 |
| Alan Ahearne | 2/2 |
| Matthew Elderfield | 9/10 |
| Stefan Gerlach | 10/10 |

Sa Tábla thuas, tugtar le fios cé mhéad cruinnithe ar freastalaíodh orthu as an líon iomlán cruinnithe a raibh comhaltaí den Choimisiún i dteideal freastal orthu.

maoirseacht ar chur chun feidhme beartas a mbíonn iarmhairtí leathana eagraíochtúla acu.

- Tá an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta agus as béim a leagan ar réimsí ionchasacha imní i gcóras airgeadais na hÉireann. Díríonn an Coiste go háirithe ar straitéisí um maolú riosca agus ar ionstraimí beartas micreastuamachta agus/nó macrastuamachta a bhreithniú, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. Is é ról an Choiste seo comhairle a thabhairt don Ghobharnóir agus eolas a thabhairt do bhainistíocht inmheánach maidir le saincheisteanna cobhsaíochta airgeadais.

Ar na coistí ardleibhéil eile, áirítear na cinn seo a leanas:

- Tá freagracht ar an **gCoiste Oibríochtaí** (atá faoi chathaoirleacht an Phríomh-Oifigigh Obiríochtaí) as pleananna a bhaineann le feidhmiú éifeachtúil an Bhainc a cheapadh agus a bhaint amach agus as a áirithiú go seolfaidh an eagraíocht a gnó agus go mbainfidh sí úsáid as a cuid acmhainní, lena n-áirítear cumas teicneolaíochta agus acmhainní daonna, ar mhodh éifeachtúil agus cost-éifeachtach.
- Déanann an **Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais)) maoirseacht ar bhainistíocht rioscaí airgeadais an Bhainc lena n-áirítear bainistíocht riosca ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc agus ar rioscaí i ndáil le cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Is é ról an Choiste sin, athbhreithniú agus bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna riosca agus moltaí a dhéanamh do Choiste Riosca an Choimisiúin.
- Déanann an **Coiste um Maoirseacht ar Riosca** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais)) breithniú ar thuarascálacha riosca a chuirtear ar aghaidh chuige. Feidhmíonn an Coiste mar fhóram freisin lena bhféadfar ionchur agus comhairle a thabhairt maidir le mór-shaincheisteanna maoirseachta agus faisnéis a roinnt maidir le saincheisteanna suntasacha maoirseachta.
- Déanann an **Coiste Beartais** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais)) breithniú ar shaincheisteanna beartais agus monatóireacht ar fhorbairtí AE agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le rialáil airgeadais.

## Cuntasacht

Mar a cheanglaítear le halt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain lena mbaineann a ullmhú agus a chur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Cuirtear cóipeanna den dá cháipéis seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAlt 27 de Reacht CEBC/BCE.

Ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. I gcomhréir leis an Acht, cinnfidh an tAire Airgeadais formáid an ráitis sin agus luaitear sa reachtaíocht gur cheart don Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a bheith i dtrí chuid:

- Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile;
- Tuarascáil ar athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar bith ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc, ar feidhmeanna iad a bheidh curtha i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana; agus
- Plean Feidhmíochta Rialála ina dtabharfar breac-chuntas ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, iarraidh ar an nGobharnóir dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna an Bhainc ag an mBanc. Ní fhéadfaidh an tAire, ámh, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2013-2015.

Faoi réir cheanglais Chomhaontú Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais nó an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais os comhair Comhchoistí den Oireachtas ar iarratas chuige sin. In 2012, láithrigh ionadaithe de chuid an Bhainc os comhair sé chruinniú de choistí Oireachtais.

**Tablá 20 – Láithreas os comhair Comhchoistí den Oireachtas le linn 2012**

| Dáta | Coiste Oireachtais | Duine a d'fhreastail |
|---|---|---|
| 08 Feb 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Joe McNeill, Ceannasaí na Roinne Staidrimh |
| 07 March 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Joe McNeill, Ceannasaí na Roinne Staidrimh |
| 27 March 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Patrick Honohan, An Gobharnóir |
| 04 July 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Bernard Sheridan, An Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí |
| 10 Oct 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Domhnall Cullinan, Ceannasaí ar Mhaoirseacht Árachais Ghinearálta |
| 20 Dec 2012 | An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | Mary Burke, Ceannasaí na Roinne um Beartas Stuamachta |

## Iniúchóireacht Inmheánach

Is feidhm neamhspleách oibríochtúil breithmheasa í an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, a éilítear chun dearbhú iniúchóireachta a sholáthar go bhfuil na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach chun bainistíocht agus rialú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil an Banc neamhchosanta ina leith. Cuidíonn sé freisin leis an mBanc éifeachtúlacht agus críochnúlacht a bhaint amach.

Tuairiscíonn Iniúchóireacht Inmheánach don Ghobharnóir agus don Choiste Iniúchóireachta gach ceithre mhí ar thorthaí iniúchóireachtaí. Ina theannta sin, ullmhaítear tuarascálacha dhá uair sa bhliain ar stádas saincheisteanna inniúchóireachta oscailte; déantar iad seo a scaipeadh ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Oibríochtaí lena mbreithniú. Ullmhaítear plean trí bliana ar bhonn atrátha agus formheasann an Coiste Iniúchóireachta an plean sin gach bliain.

Le linn na bliana, rinne Iniúchóireacht Inmheánach raon iniúchóireachtaí thar na réimsí baincéireachta ceannais, rialála agus oibríochtaí. Cuimsíodh na hábhair seo a leanas: An Scéim Ráthaíochta Taiscí; sraith iniúchóireachtaí lenar cuimsíodh próiseáil agus táirgeadh airgeadra; PRISM; forfheidhmiú agus córais oiriúnachta agus ionracais; struchtúir rialachais chorparáidigh agus iniúchóireachtaí éagsúla a bhaineann le TF. De bhreis air sin, sna hiniúchóireachtaí a bhain le CEBC, cuimsíodh táirgeadh airgeadra, líonraí TF, córais íocaíochta, staidreamh agus bainistíocht riosca. Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Oibríochtaí maidir le torthaí na n-iniúchóireachtaí go léir lena n-áirítear dul chun cinn maidir le moltaí ó iniúchóireachtaí roimhe seo a chur chun feidhme. Tháinig an Ceannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach agus an Gobharnóir le chéile go rialta chun saincheisteanna a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Mar chuid dá próiseas um bailiú faisnéise agus chun a áirithiú go mbeidh Iniúchóireacht Inmheánach chun dáta maidir le forbairtí agus rioscaí laistigh den eagraíocht, freastalaíonn Iniúchóireacht Inmheánach go rialta ar chruinnithe inmheánacha ardbhainistíochta agus tionólann sí cruinnithe le líon mór ranna éagsúla san eagraíocht freisin.

Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí do Choiste Iniúchóirí Inmheánacha an BCE maidir le torthaí iniúchóireachtaí CEBC thuasluaite agus le saincheisteanna iniúchóireachta eile. Déantar tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóirí Inmheánacha a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus faoi Choistí ábhartha CEBC.

Le linn na bliana, rinne Iniúchóireacht Inmheánach comhordú ar roghnú RSM Farrell Grant Sparks mar iniúchóirí seachtracha don tréimhse a chlúdóidh na blianta airgeadais 2012-2016 nuair a rachaidh an conradh le Deloitte in éag in 2012.

I gcomhréir le caighdeáin Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha, ceanglaítear go ndéanfar athbhreithniú seachtrach gach cúig bliana ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Cuireadh tús leis an athbhreithniú sin i Ráithe 4 2012. Tabharfar an tuarascáil chun críche go luath in 2013 agus cuirfear í faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Ina theannta sin, thug Iniúchóireacht Inmheánach cuairt ar fheidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí eile - in Éirinn agus thar lear - mar chuid den phróiseas tagarmharcála.

# Cuid 2
## Oibríochtaí Airgeadais



# Torthaí Airgeadais don bhliain 2012

### An Comhthéacs

Lean Banc Ceannais na hÉireann (an Banc) de bheith ag freagairt don ghéarchéim airgeadais intíre agus idirnáisiúnta in 2012. Na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2012 agus roimhe sin, tháinig siad le sainordú intíre agus le sainordú Eurochórais an Bhainc chun rannchuidiú le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus bhí tionchar díreach suntasach acu ar thorthaí airgeadais an Bhainc le blianta beaga anuas.

In 2012, lean an Banc de bheith ag tacú leis an earnáil baincéireachta intíre agus bhí sé rannpháirteach in oibríochtaí ar leibhéal an Eurochórais. Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí:

- tugadh tacaíocht airgeadais don earnáil baincéireachta intíre trí leachtacht eisceachtúil a sholáthar;
- leanadh leis an gcur chuige "lán-chionroinnt ar ráta socraithe" d'fhonn tacú le soláthar leachtachta agus le hiasachtú do na bainc sa limistéar euro; agus
- leanann an tEurochóras d'urrúis arna gceannach faoi Chlár na Margaí Urrús agus faoi na Cláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach a shealbhú, d'fhonn doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de na margaí fiachurrús sa limistéar euro agus, ar an gcaoi sin, meicníocht tarchurtha iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Ar chlár comhardaithe reatha an Bhainc, léirítear na neamhchosaintí Eurochórais agus intíre a thig as gníomhaíochtaí beartais a rinneadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Mar aon le roinnt mhaith banc ceannais ar fud an domhain a bhfuil freagairtí beartais curtha i bhfeidhm acu mar thoradh ar an ngéarchéim, tháinig fás suntasach ar chlár comhardaithe an Bhainc ó thaobh méide mar thoradh ar an ngéarchéim, cé gur lean an méid foriomlán de bheith ag laghdú in 2012. Tá leibhéil brabús an Bhainc fíor-ard. Léiríonn na brabúis fíor-arda seo neamhchosaintí an Bhainc de bharr na géarchéime agus, ar an gcaoi sin, baineann siad le rioscaí géaraithe don Bhanc.

Tá an t-ionchas maidir le clár comhardaithe agus brabúsacht an Bhainc do 2013 nasctha le fógra ó Rialtas na hÉireann i dtaca le deireadh a chur le spleáchas Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc ar shocruithe leachtachta eisceachtúla (CLE). Chuir an Rialtas bannaí fadreathacha rialtais in ionad na nótaí gaolmhara neamhchaighdeánacha gealltanais. Ghlac an Banc úinéireacht ar an gcomhthaobhacht arna sealbhú in aghaidh iasachtaí CLE agus rinne sé í a mhalartú ar bhannaí ceannasacha inmhargaidh agus ar bhannaí GNBS arna ráthú ag an Rialtas. Na bannaí a fuarthas, déanfar iad a chur i bpunann trádála an Bhainc agus díolfar iad i gcomhréir leis an sceideal a comhaontaíodh, ar choinníoll go bhféadfar déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Beidh an straitéis diúscartha ag teacht go hiomlán leis an toirmeasc atá sa Chonradh ar mhaoiniú airgeadaíochta.

### Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2012 agus €1,437.4 milliún i gcomparáid le €1,200.2 milliún in 2011. Tháinig laghdú ar ioncam úis agus ar chaiteachas úis an Bhainc in 2012. Tháinig laghdú €1,069.7 milliún ar ioncam úis go dtí €2,597.1 milliún agus tháinig laghdú €983.5 milliún ar chaiteachas úis go dtí €1,042.8 milliún. Mar thoradh air seo, tháinig laghdú €86.2 milliún ar ghlanioncam úis an Bhainc go dtí €1,554.3 billiún in 2012.

### Ioncam Úis

Bhí an laghdú ar ioncam úis inchurtha go príomha do mhéid úis ar lú go suntasach é agus arna thuilleamh ar iasachtaí ón mBanc mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (2012: €758.1 milliún, 2011: €1,337.8 milliún) agus ar CLE (2012: €1,105.2 milliún, 2011: €1,627.8 milliún) a cuireadh ar fáil d'institiúidí creidmheasa intíre lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Ba é an t-iasachtú ní ba ísle do na hinstitiúidí creidmheasa mar aon le laghdú ar mheánrátaí úis an BCE ba chionsiocair leis an laghdú ar an ioncam a tuilleadh ar na hoibríochtaí sin le linn 2012[1]. Tháinig méadú ar an ioncam a tuilleadh ar urrúis arna sealbhú faoi Chlár na Margaí Urrús go dtí €207.2 milliún in 2012 aníos ó €156.1 milliún in 2011. Tá an méadú seo inchurtha do na ceannacháin a tharla i ndiaidh athghníomhaíochtú an chláir go

1 D'ísligh íosráta tairisceana príomhúil an BCE ó 1.25 faoin gcéad ar an meán in 2011 go dtí 0.88 faoin gcéad in 2012.

déanach in 2011. Déantar an t-ioncam/ caiteachas iarbhír a ghintear ó CMU agus ó airleacain beartais airgeadaíochta a chomhthiomsú agus a roinnt idir BCNanna an Eurochórais tríd an scéim ioncaim airgeadaíochta i gcomhréir le scaireanna scála caipitil an Eurochórais ag an am. Ioncam arna thuilleamh ar phunann infheistíochta an Bhainc, laghdaigh sé de €16.1 milliún, rud a léiríonn na torthaí ní ba ísle a tuilleadh ar bhunurrúis arna n-eisiúint sa limistéar euro.

### Caiteachas Úis

Tháinig laghdú €785.5 milliún agus €51.7 milliún faoi seach ar an ús arna thabhú ar Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras agus ar eisiúint nótaí bainc ag an mBanc de bhreis ar a scair scála caipitil de chúrsaíocht iomlán an Eurochórais. Leis na laghduithe sin ar an dá aicme caiteachais, léirítear an titim ar íosráta tairisceana an BCE (mar a mhionsonraítear i bhfonóta 1) mar aon le hiarmhéid meánach ar lú go suntasach é i nDliteanais laistigh den Eurochóras in 2012 de €91.5 billiún (2011: €128.9 billiún). Tháinig laghdú €79.8 milliún ar an ús a íocadh ar thaiscí Rialtais fad a tháinig laghdú €66.9 milliún ar an ús a íocadh ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa in 2012. An laghdú ar an gcaiteachas a bhain le taiscí Rialtais, d'eascair sé as meánráta luacha saothair (EONIA)[2] ar lú go suntasach é le linn na bliana d'ainneoin mheán-iarmhéideanna taiscí Rialtais ní b'airde thar an tréimhse. Bhí an titim ar an ús a íocadh ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa inchurtha do rátaí úis ní ba ísle agus do mheán-iarmhéideanna ní ba ísle arna sealbhú i gcuntais cúlchistí íosta thar an tréimhse, rud a d'eascair, don chuid is mó, as cinneadh na Comhairle Rialaithe chun an ceanglas cúlchiste a laghdú ó 2 faoin gcéad go dtí 1 faoin gcéad le héifeacht ó mhí Eanáir 2012.

### Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

Ba é muirear arbh ionann é agus €101.6 milliún an glantoradh a bhí ar oibríochtaí airgeadais, ar dhíluachálacha agus ar sholáthairtí, is é sin €225.3 milliún ní ba ísle ná an méid a gearradh in 2011. San aicme seo, cuimsítear soláthairtí do rioscaí a bhaineann le hurrúis a shealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochta, soláthar a bhaineann le nótaí puint neamhfhuascailte mar aon le gnóthachain chaipitiúla réadaithe agus caillteanais neamhréadaithe praghais agus ráta malairte ar phunann infheistíochta an Bhainc.

Tar éis an t-athbhreithniú bliantúil ar lagú a dhéanamh ar shealúchais an Bhainc ina phunann infheistíochta (á shealbhú go dtí aibíocht) agus ina phunann a bhaineann le beartas airgeadaíochta an Eurochórais (CMU agus an dá Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach), coinníodh soláthar €400 milliún i leith na rioscaí a bhaineann leis na hurrúis sin i gcomhthéacs na géarchéime leanúnaí i margadh an fhiachais cheannasaigh. Cuirtear an figiúr seo i gcomparáid le méid comhréireach arbh ionann agus €300 milliún ag deireadh 2011 nuair a cruthaíodh an soláthar. De thoradh athbhreithnithe a rinneadh ar an soláthar i leith nótaí puint fós amuigh, aistríodh €10 milliún ó bhrabús chun go n-éascófaí don phobal nótaí puint a fhuascailt go leanúnach, agus leis an aistriú sin b'ionann an t-iarmhéid agus €13.2 milliún. B'ionann gnóthachain chaipitiúla réadaithe ar phunann infheistíochta an Bhainc agus €8.6 milliún, ba é sin laghdú €7.1 milliún ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú €28.5 milliún ar chaillteanais praghais neamhréadaithe anuas go dtí €0.3 milliún ag deireadh 2012, rud a léirigh torthaí ní ba ísle ar bhannaí ceannasacha forimeallacha arna sealbhú ag deireadh na bliana.

### Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair aisíoc €68.7 milliún as toradh ghlan-chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais in 2012 i gcomparáid le €30.8 milliún in 2011. Cuimsítear dhá ghné don chuid is mó sa mhuirear seo:

(i) aisíoc ioncaim airgeadaíochta arbh ionann é agus €60.6 milliún leis an mBanc tar éis ioncam iomlán airgeadaíochta an Eurochórais a leithdháileadh ar na BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach. In 2012, thuill an Banc méid ní ba lú ná a scair scála caipitil d'ioncam airgeadaíochta an Eurochórais i gcomparáid le 2011 nuair a tabhaíodh muirear glanioncaim airgeadaíochta arbh ionann é agus €46.8 milliún.

2 Thit an Mheán-Treoiruimhir Euro Thar Oíche (EONIA) ó 0.87 faion gcéad in 2011 go dtí 0.23 faoin gcéad in 2012.

(ii) laghdú €8.1 milliún[3] ar scair an Bhainc sa soláthar i gcoinne rioscaí contraphpáirte a bhaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

### Costais Oibríochtúla

Le blianta beaga anuas, dhírigh an Banc ar a acmhainní agus a chumas féin a neartú, lena n-áirítear comhaltaí foirne breise a earcú agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua. Léirítear an infheistíocht leanúnach seo sna costais iomlána oibríochtúla do 2012 arb ionann iad agus €177.8 milliún (2011: €183.6 milliún). Cuimsítear sna costais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus díluacháil. Tháinig méadú €2.7 milliún (2.6 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá, fad a tháinig laghdú €10.7 milliún ar chaiteachais oibríochtúla eile agus ar amhábhair nótaí bainc. B'ionann muirir dhímheasa agus €11.4 milliún (2011: €9.3 milliún). Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibríochtúla an Bhainc i Nóta 8 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

I ndiaidh aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhain le glanchaillteanais achtúireacha ar scéim pinsin an Bhainc a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi Financial Reporting Standard 17, b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc agus €1,147.6 milliún (2011: €958.3 milliún), atá iníoctha leis an Státchiste.

### Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €137.5 billiún sócmhainní/ dliteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2012, ba é sin laghdú €38.7 billiún (22 faoin gcéad) ar an bhfigiúr comhréireach ag deireadh 2011 (€176.2 billiún). Ba é laghdú ar na hairleacain iomlána beartais airgeadaíochta chuig institiúidí creidmheasa ba chúis leis an laghdú sin.

Amhail ar an 31 Nollaig, tháinig laghdú €22.6 billiún ar iasachtaí d'institiúidí creidmheasa tríd na príomhoibríochtaí athmhaoinithe (PA) go dtí €7.9 billiún, fad a tháinig laghdú €13.2 billiún ar iasachtaí tríd na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) go dtí €63.1 billiún sa tréimhse chéanna.

Tháinig laghdú ar CLE a cuireadh ar fáil d'institiúidí creidmheasa intíre lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais ó €42.4 billiún in 2011 go dtí €40.4 billiún in 2012. Roimhe sin, tuairiscíodh CLE faoi Sócmhainní Eile ach rinneadh é a athaicmiú faoi Éilimh Eile ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro i mí Aibreáin 2012.

Maidir le dliteanais, b'ionann agus €13.3 billiún scair chomhréireach an Bhainc de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, ba é sin méadú €0.3 billiún ar an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú €4.1 billiún ar thaiscí Rialtais fad a tháinig laghdú €2.5 billiún ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa (bainc thráchtála) in 2012. Glandliteanais laistigh den Eurochóras, arbh ionann iad agus €95.2 billiún ar an 31 Nollaig 2012, bhí siad €40.7 billiún níos ísle ná 2010. Folaítear anseo laghdú €41.2 billiún ar dhliteanas an Bhainc do bhainc cheannais eile san Eurochóras i leith aistrithe trasteorann trí chóras íocaíochta TARGET2[4] arna fhritháireamh le méadú de €0.5 billiún ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag an mBanc de bhreis ar a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais.

Tháinig méadú €99.4 milliún ar sholáthairtí lenar cuireadh in iúl an méadú de €100 milliún ar an soláthar a chothabháiltear i leith rioscaí ar phunanna urrús. Leis an laghdú eile de €0.6 milliún, léirítear an méadú ar an soláthar d'fhuascailt nótaí puint (€10 milliún) arna fhritháireamh le fuascailtí nótaí puint le linn 2012 arbh ionann a luach agus €2.5 milliún mar aon leis an laghdú ar sciar an Bhainc de sholáthar an Eurochórais i leith rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (€8.1 milliún).

### Fuascailt nótaí puint Éireannacha

Stad nótaí puint Éireannacha de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arbh ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, aistríodh na fáltais chuig an Státchiste lúide soláthar €60.0 milliún chun freastal ar oibleagáidí maidir le nótaí puint neamhfhuascailte. Le linn 2012, fuasclaíodh €2.5 milliún (2011: €2.4 milliún) sa chaoi go raibh €232.9 milliún i nótaí puint fós amuigh ag deireadh 2012 mar aon le hiarmhéid de €13.2 milliún sa soláthar, rud a léiríonn an t-aistriú ó na brabúis chuig an soláthar ag deireadh na bliana.

3 In 2012, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar a oiriúnaí a bhí an soláthar agus chinn sí an luach comhiomlán a laghdú ó €949 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2011 go dtí €310 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2012.

4 An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach.

### Fáltais Monaí

Le linn 2012, b'ionann glanluach na monaí euro a fuasclaíodh agus €24.3 milliún (2011: glaneisiúint de €21.6 milliún), rud a léiríonn laghdú suntasach ar an éileamh ón bpobal. D'fhonn é seo agus caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a fhritháireamh, fuarthas íocaíocht €26.7 milliún ón Státchiste i mí na Nollag 2012, i gcomparáid le híocaíocht seigniorage de €20.7 milliún leis an Státchiste ón mBanc in 2011. Leanann an Banc de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2012, b'ionann agus €0.3 milliún na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2011: €0.4 milliún). Áirítear na sonraí iomlána i Nóta 25 den Ráiteas Cuntas.

### Íoc Pras Cuntas 2012

Tá oibleagáid ar an mBanc déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbheart tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. I gcás inar lú ná €5 an pionós úis, ní bheidh feidhm ag na rialacháin. Is ionann an ráta úis is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha agus príomhráta athmhaoinithe an BCE móide 7 bpointe céatadáin, agus beidh an ráta ábhartha amhail an 1 Eanáir agus an 1 Iúil gach bliain infeidhme don tréimhse sé mhí i ndiaidh na ndátaí sin. In 2012, bhí ús iníoctha ag ráta idir 7.75 agus 8 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2012, mar aon le figiúirí comhréireacha don bhliain 2011, i gcomhréir le forálacha na Rialachán da dtagraítear thuas.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 230 | 317 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A) | €5,860,715 | €5,400,718 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B) | €72,578,967 | €88,827,814 |
| A mar % de B | 8.07% | 6.08% |
| Méid iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha | €8,776 | €20,205 |

# Ráiteas Cuntas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (mar atá arna leasú).



## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III *d'Acht an Bhainc Cheannais* 1942, (arna leasú). Anuas air sin, faoi alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*,1942 (arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (an "CEBC") agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Bhunaigh an Coimisiún struchtúr cuí eagraíochtúil chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúchóireachta agus na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna rialaithe, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara eile a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúcóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach treoirlínte cuntasaíochta an CEBC, na prionsabail agus caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn (i gcás inar iomchuí) agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc, agus tá an Coimisiún sásta go bhfuil siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin atá réasúnta, stuama.

**Patrick Honohan, an Gobharnóir**

**Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún**

5 Aibreán 2013

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann an Choimisiúin, go bhfuil freagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcoimeádfaidh an Banc córas éifeachtach ar bun don rialú inmheánach airgeadais agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais sin ar bhonn leanúnach. Ghlac an Coimisiún go foirmiúil le Cód Iompair lena gceanglaítear ar gach Stiúrthóir a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an mBanc, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibríochtúla, bainistíocht riosca agus cosc calaoise.

Leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm, tugtar dearbhú atá réasúnta ach nach lándearbhú é go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó ó dhiúscairt neamhúdaraithe, go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoinneáil agus gur iontaofa an fhaisnéis airgeadais atá curtha ar fáil agus foilsithe. Go bunúsach, is é is aidhm do na córais seo rioscaí airgeadais a bhainistiú seachas a dhíothú.

I gcóras na rialuithe inmheánacha, áirítear na nithe seo a leanas:

- Struchtúr eagraíochta a shainmhínítear go soiléir agus a bhfuil teorainneacha údarúcháin sonracha ag gabháil leis mar aon le ceanglais maidir le tuairisciú don ardbhainistíocht agus don Choimisiún;
- Téarmaí tagartha cuí don Choimisiún agus do choistí bainistíochta atá freagrach as príomhréimsí beartais;
- Córas cuimsitheach faisnéise maidir le bainistiú airgeadais agus buiséid ina n-ionchorpraítear na nithe seo a leanas:
  - Formheas an phlean bhliantúil agus na mbuiséad mionsonraithe caiteachais ag an gCoimisiún;
  - Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmíocht airgeadais agus buiséid; agus
  - Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le caiteachas tionscadal/caipitiúil;
- Beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais;
- Creat riosca oibríochtúil, arb é an próiseas iomlán é ina n-éascaítear go rianúil sainaithint, anailís, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar theagmhais agus ar rioscaí oibríochtúla ar mhodh comhsheasmhach agus, ag an am céanna, lena ndéantar measúnú ar rialuithe inmheánacha i ndáil le gach riosca agus teagmhas a shainaithnítear chun go maolófar an riosca go dtarlóidh sé arís; agus
- Creat rialaithe riosca chun príomhrioscaí airgeadais an Bhainc a bhainistiú laistigh de bheartais shoiléire inmheánacha riosca, faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais, i gcás inar iomchuí.

Déanann an Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách go rialta ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus tuairiscíonn sí don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn rialta. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí agus an clár oibre. Anuas air sin, buaileann an Coiste Iniúchóireachta le hOifig an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas agus leis na hiniúchóirí seachtracha, RSM Farrell Grant Sparks agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta don Choimisiún maidir le gach saincheist shuntasach arna plé ag an gCoiste agus cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún lena mbreithniú ag cruinnithe an Bhoird ina dhiaidh sin.

Deimhním go ndearna an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

**Patrick Honohan, an Gobharnóir**

**Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún**

5 Aibreán 2013

## Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | Nóta: | €000 | €000 |
| *Ioncam Úis* | 1 | *2,597,061* | *3,666,814* |
| *Caiteachas Úis* | 2 | *(1,042,779)* | *(2,026,312)* |
| **Glanioncam Úis** | | **1,554,282** | **1,640,502** |
| *Glanghnóthachain ag éirí as oibríochtaí airgeadais* | 3 | *8,690* | *1,852* |
| *Díluacháil sócmhainní agus suiomhanna airgeadais* | 3 | *(337)* | *(28,837)* |
| *Soláthairtí* | 3 | *(110,000)* | *(300,000)* |
| **Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, díluachálacha & soláthairtí** | | **(101,647)** | **(326,985)** |
| **Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin** | 4 | **3,472** | **2,633** |
| **Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha** | 5 | **13,499** | **13,147** |
| **Glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta** | 6 | **68,732** | **(30,784)** |
| **Ioncam eile** | 7, 43 | **76,815** | **85,308** |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | **1,615,153** | **1,383,821** |
| **Caiteachais foirne** | 8 | **(105,435)** | **(102,753)** |
| **Caiteachas oibríochta eile** | 8 | **(57,220)** | **(68,146)** |
| **Dímheas** | 8 | **(11,430)** | **(9,272)** |
| **Amhábhair nótaí bainc** | 8 | **(3,676)** | **(3,403)** |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | | **(177,761)** | **(183,574)** |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AGUS LEITHGHABHÁLA BRABÚS** | | **1,437,392** | **1,200,247** |
| **Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe** | 34 | **32,147** | **72,380** |
| **Aistrithe chuig na cuntais athluachála** | 34 | **(32,147)** | **(72,380)** |
| **Caillteanas achtúireach ar an Scéim Pinsin** | 32 | **(73,340)** | **(71,868)** |
| **Aistriú chuig cúlchiste ginearálta** | 35 | **(216,424)** | **(170,036)** |
| **BARRACHAS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | 9,31 | **1,147,628** | **958,343** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 45 mar chuid de na cuntais seo.
**Banc Ceannais Na hÉireann**

**Patrick Honohan, an Gobharnóir**
**Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir**

5 Aibreán 2013

## Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2012

| SÓCMHAINNÍ | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 |
| **Ór agus infhaighteachtaí óir** | 10 | 243,522 | 234,967 |
| **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | 11 | 1,051,462 | 1,081,160 |
| **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro** | 12 | 495,597 | 1,174,197 |
| **Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | 13 | 1,228,596 | 1,230,830 |
| **Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | 14 | 70,936,000 | 107,236,000 |
| **Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro** | 15 | 40,425,500 | 42,849,373 |
| **Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro** | 16 | 21,264,128 | 20,731,081 |
| **Éilimh laistigh den Eurochóras** | | 885,762 | 807,854 |
| *Leas rannpháirteachais sa BCE* | 17 | *176,179* | *157,668* |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | 18 | *639,836* | *639,836* |
| *Éilimh eile laistigh den Eurochóras* | 19 | *69,747* | *10,350* |
| **Míreanna atá á socrú** | 20 | 13,853 | 13,428 |
| **Sócmhainní eile** | 21 | 941,396 | 887,753 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | 137,485,816 | 176,246,643 |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 45 mar chuid de na cuntais seo.
**Banc Ceannais na hÉireann**

**Patrick Honohan, an Gobharnóir**
**Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir**

5 Aibreán 2013

## Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollai 2012

| DLITEANAIS | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 |
| **Nótaí bainc i gcúrsaíocht** | 23 | 13,328,406 | 12,978,412 |
| **Dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | 24 | 3,518,115 | 6,028,961 |
| **Dliteanais do chónaitheoirí eile sa limistéar euro** | 25 | 19,638,624 | 15,573,753 |
| **Dliteanais do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | 26 | 22,245 | 22,508 |
| **Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro** | 27 | 191 | 178 |
| **Contrapháirt ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI** | 28 | 903,913 | 920,197 |
| **(Glan)dliteanais laistigh den Eurochóras** | | 95,199,863 | 135,869,664 |
| *Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras* | 29 | *15,940,680* | *15,435,806* |
| *(Glan)Dliteanais eile laistigh den Eurochóras* | 30 | *79,259,183* | *120,433,858* |
| **Dliteanais eile** | 31 | 1,915,595 | 2,318,302 |
| **Dliteanas pinsin** | 32 | 97,425 | 21,176 |
| **Soláthairtí** | 33 | 417,141 | 317,765 |
| **Cuntais athluachála** | 34 | 334,798 | 302,651 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | 35 | 2,109,500 | 1,893,076 |
| **Dliteanais Iomlána** | | 137,485,816 | 176,246,643 |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 45 mar chuid de na cuntais seo.

**Banc Ceannais na hÉireann**

**Patrick Honohan, an Gobharnóir**
**Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir**

5 Aibreán 2013

## Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

### (a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma 'an Banc', aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfear é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc laistigh de chreat CEBC[1] mar aon lena raon ilchineálacha gníomhaíochtaí.

### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta arna leagan síos i dTreoirlíne Chomhairle Rialaithe an BCE[2]. Leis an treoirlíne sin, bunaítear go háirithe na rialacha cuntasaíochta is infheidhme maidir le hoibríochtaí athmhaoinithe don earnáil baincéireachta, le hurrúis, le hidirbhearta in airgead eachtrach agus le heisiúint nótaí bainc. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc don bhliain 2012 i gcomhréir go hiomlán leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo (GAAP) agus forálacha iomchuí reachtúla[3] a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc i dtaca le haithint agus le tomhas.

Ag féachaint do ról agus do ghníomhaíochtaí bainc ceannais, tá an Banc den tuairim nach gcuirfeadh ráiteas faoi shreabhadh airgid aon fhaisnéis bhreise, úsáideach ar fáil d'úsáideoirí na gcuntas. Mar sin, níl ráiteas den sórt sin mar chuid de na cuntais seo.

### (c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar bhall den CEBC/Eurochóras, ghlac an Banc Treoirlíne Chuntasaíochta an BCE. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

#### (i) Cuntasaíocht Dáta Trádála[4]

Go hiondúil is ar an dáta socraíochta a dhéantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteanais a thaifeadadh (an dáta trádála móide dhá lá gnó, de ghnáth), mura dtitfidh deireadh na bliana idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta, sa chás sin, ní mór iad a aithint ar an dáta trádála, i.e. déanfar gach gnóthachan agus caillteanas ó na hidirbhearta sin a thaifeadadh sa bhliain reatha.

#### (ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC

Déanann gach BCN san Eurochóras cuntais a choinneáil lena chéile d'fhonn íocaíochtaí déthaobhacha a dhéanamh, lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann tríd an gcóras TARGET2[5] (Nóta 30). Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha go léir a shuimiú ag am scoir gnó gach lá trí úsáid a bhaint as próiseas iltaobhach glanluachála agus ina n-ionad cuirtear oibleagáid fiachais singil ar gach BCN don BCE nó vice versa, de réir mar is cuí. Ag deireadh 2012, bhí sé thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Danmhairg, Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála.

1 An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 banc ceannais náisiúnta (BCN) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2012 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'an tEurochóras' do na 17 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amhail ar an dáta céanna.

2 Treoirlíne an 11 Samhain 2010 faoi chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (athmhúnlú), BCE /2010/20 arna leasú le Treoirlíne BCE/2012/29.

3 Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha reachtúla: *An Conradh ar an Aontas Eorpach, 1992, Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2010, Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943, an tAcht Monaíochta, 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969 go 1990, an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 agus Reacht an CEBC agus an BCE*.

4 Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (5 Nollaig 2002) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2002/10), arna leasú le Treoirlíne BCE/2012/29.

5 An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach.

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, áirítear mar dhliteanas iad faoi (ghlan)dliteanais laistigh den Eurochóras: 'Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras'. (Féach Beartas Cuntasaíochta (k)(iv) agus Nóta 29)

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE, tuairiscítear iad faoi 'Leas Rannpháirteachas sa BCE' (Nóta 17) Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eactracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi 'Éilimh atá Comhionann le hAistriú Cúlchistí Eachtracha' (nóta 18).

### (iii) Scála Caipitil

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá a sealbhú ag gach ceann de na BCN faoi seach sa CEBC. Is tomhas é ar mhéid náisiúnta choibhneasta Bhallstáit AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus den daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. In 2012, d'fhan sciar an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa an BCE ag 1.1107 faoin gcéad. Mhéadaigh an BCE a chaipiteal suibscríofa faoi €5,000 milliún ó €5,761 milliún go €10,761 milliún le héifeacht ón 29 Nollaig 2010. Ceanglaítear ar BCNanna thíortha an limistéir euro a gcaipiteal méadaithe a íoc i dtrí thráthchuid chothroma bhliantúla. D'íoc an Banc an tríú tráthchuid arb í an tráthchuid deiridh í de €18.5 milliún an 27 Nollaig 2012 (nóta 17).

An dara scála, 'scála caipitil an Eurochórais', arna dhíorthú ó scála caipitil an CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Sloinntear scála caipitil an Eurochórais mar chéatadán de na scálaí caipitil comhiomlána arna sealbhú ag BCNanna an Eurochórais.

In 2012, d'fhan sciar an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.5874 faoin gcéad.

### (iv) Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag an BCE agus na 17 BCN rannpháirteacha a dhéanann suas an tEurochóras[6]. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN[7].

Leithdháileadh scair arb ionann í agus 8 faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht don BCE fad a leithdháileadh an 92 faoin gcéad eile do na BCNanna san Eurochóras i gcoibhneas lena scaireanna íoctha faoi seach i gcaipiteal an BCE. Sa bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú, bhí sciar 1.5874 faoin gcéad ag an mBanc (2011: 1.5874 faoin gcéad) i gcaipiteal lániíoctha an BCE (Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)) agus, dá bhrí sin, bhí sciar 1.4605 faoin gcéad aige de na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc. Déantar an scair de na nótaí bainc a leithdháiltear ar gach BCN a nochtadh faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe "Nótaí bainc i gcúrsaíocht" (Nóta 23)

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. Na héilimh seo (i gcás easnaimh in

6 Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le nótaí bainc euro a eisiúint (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch.26.

7 Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céadadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8 faoin gcéad) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92 faoin gcéad).

eisiúint maidir le scála caipitil nótaí bainc) nó na dliteanais seo (i gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc), a thabhaíonn ús[8], cuirtear iad in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Laistigh den Eurochóras": glanéileamh/glandliteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Beartas Cuntasaíochta (c)(ii) agus Nóta 29). Déantar an costas úis (Nóta 2 (ii)) ar na hiarmhéideanna seo a ghlanadh trí chuntais an BCE agus cuimsítear é faoi "Glanioncam úis" sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

### (v) Dáiltí ag an BCE

Ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as sciar de 8 faoin gcéad de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus (glan)ioncam an BCE a easrcaíonn as urrúis arna gceannach faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU), tá cinneadh déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE go mbeidh sé dlite go hiomlán do na BCNanna sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidh sé, mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt. Déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dár gcionn i bhfoirm dáileadh eatramhach brabúis[9]. Féadfar an méid d'ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a laghdú i gcomhréir le cinneadh ón gComhairle Rialaithe i leith caiteachas arna dtabhú ag an BCE i ndáil le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro. Roimh dheireadh na bliana, cinnfidh na Chomhairle Rialaithe cibé acu an ceart gach cuid nó páirt d'ioncam an BCE arna eascairt as urrúis CMU agus IAGA a choinneáil agus, más gá, gach cuid nó páirt d'ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a choinneáil a mhéid is gá chun a chinntiú nach sáróidh an t-ioncam dáilte glanbhrabús an BCE don bhliain sin.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh freisin maidir le hioncam uile an BCE, nó cuid de, arna eascairt as urrúis CMU agus IAGA, más gá, maidir le hioncam uile an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, nó cuid de, go gcoinneofar é nó í lena aistriú nó lena haistriú chuig soláthar do rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, agus do rioscaí creidmheasa agus praghsanna óir. Déanfar an méid arna dháileadh ar an mBanc a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leas rannpháirteachais" (Nóta 5(i)).

### (vi) An Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Ioncam airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras i.e. an glanioncam ó oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais, déanfar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír a thomhas, ar ioncam é a dhíorthóidh ó na sócmhainní inchomharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanais.

Is iad na míreanna seo a leanas atá sa bhonn dliteanais: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; glandliteanais laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íocfar ar dhliteanais a chuimsítear sa bhonn dliteanais, déanfar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta a chomhthiomsófar.

Cuimsítear na míreanna seo a leanas sna sócmhainní inchomharthaithe: iasachtaí d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; glanéilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN. Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór.

8 Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta de Bhallstáit arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2010/23), IO L 35, 9.2.2011, lch.17.

9 Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh eatramhach ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht agus a eascraíonn as urrúis arna gceannach faoi chlár na margaí urrús (arna leasú le BCE/2012/33) IO L 6, 11.1.2011, lch. 35.

I gcás ina mbeidh luach shócmhainní inchomharthaithe BCN níos mó nó níos lú ná luach a bhoinn dliteanais, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le luach na difríochta. Déanfar an méid seo a shuimiú nó a dhealú, mar is cuí, ón ioncam airgeadaíochta a bheidh le comhthiomsú.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéanfar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc, mar aon leis ngluaiseacht sa soláthar i leith rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais, "An glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6(i)).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

### (vii) Éilimh a bheidh Comhionann le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach 1992 agus le hAlt 5(A) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil cumhacht ag an mBanc "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglófar sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí comhionann le €424.8 milliúin chuig an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhréireach ar an BCE a bhí comhionann leis an méid sin. Mar thoradh ar athruithe ar an scála caipitil ina dhiaidh sin, aistríodh €87.9 milliún breise an 1 Eanáir 2004, €0.3 milliún an 1 Bealtaine 2004 mar aon le laghdú €1.2 milliún an 1 Eanáir 2007 agus méadú €128.0 milliún an 1 Eanáir 2009. An t-éileamh arna eascairt as seo ar an BCE, déantar é a íoc ag an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nótaí 1(iv) agus 18, agus Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)).

### (viii) Míreanna lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Aithnítear agus déileáiltear le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar gcaoi chéanna le hionstraimí atá ar an gclár comhardaithe. Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais agus aistrítear uaidh sin iad chuig na Cuntais Athluachála. Déanfar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana nuair a bheidh siad níos airde ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa Chuntas Athluachála. Déanfar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí malairte eachtraí a thaifead faoi "sócmhainní/dliteanais eile" i gcomhréir le treoirlínte CEBC, tar éis cuntas a thabhairt iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Bainfear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus leagtar amach i dtreoirlíne chuntasaíochta BCE na teicnící a aithnítear lena n-úsáid ag an CEBC, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe , i.e. conarthaí réamh-mhalairte, babhtálacha airgeadra eachtraigh, conarthaí todhchaíochta, babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

### (ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc na hurrúis seo laistigh de raon na gclár ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach[10] (CCBC1 agus CCBC2), agus fuarthas urrúis fiachais phoiblí laistigh de raon Chlár na Margaí

10 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70.

Urrús (CMU)[11]. Déantar na hurrúis a aicmiú mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht, agus déantar iad a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nótaí 1(i), 16 agus 33).

## (d) Aithint Ioncaim

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

## (e) Sócmhainní Dochta

### (i) Tomhas

Luaitear sócmhainní dochta ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu. I gcomhréir le FRS 11 'Lagú ar Shócmhainní Dochta agus Dea-Thoil', déantar athbhreithniú ar shócmhainní dochta i ndáil le lagú má thugtar le fios go bhféadfaidh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe de thoradh teagmhas nó athruithe ar imthosca.

### (ii) Dímheas

Déantar dímheas ar na sócmhainní dochta go léir (seachas sócmhainní atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh | – | 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | – | 5 - 15 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | – | 5 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | – | 3 - 5 bliana |
| Trealamh eile | – | 5 bliana |

## (f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann comhaltaí buana foirne de chuid an Bhainc na tairbhí aoisliúntais céanna le státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhíodh na tairbhí seo á n-íoc ag an mBanc as ioncam reatha de réir mar a bhí siad dlite. Bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin an 1 Deireadh Fómhair 2008 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí Bhanc Ceannais na hÉireann ag an am, Willis, aistríodh €400 milliún ó acmhainní an Bhainc chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 17 – 'Sochair Scoir'.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar Dliteanas Scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta, lena gcuirtear san áireamh méaduithe réamh-mheasta ar ioncam, ag baint úsáide as toimhdí achtúireacha lena dtugtar an réamh-mheastachán is fearr ar shreabhadh airgid amach anseo a thiocfaidh chun cinn faoi dhliteanais na scéime. Déantar an sreabhadh airgid seo a lascainiú ag rátaí úis is infheidhme maidir le bannaí corparáideacha ardchaighdeáin san airgeadra céanna agus den téarma céanna leis na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 7). An costas seirbhíse reatha agus aon chostais seirbhíse roimhe seo don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Leithghabhála

11 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

Brabúis agus Caillteanais agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. Leagtar amach i Nóta 32 na toimhdí sin is bonn do dhliteanais agus do chostais pinsn 2012.

### (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar fáltais ó eisiúint monaí a chreidiúnú do Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25). Le halt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998 (mar a cuireadh isteach le halt 137 den Acht Airgeadais, 2002), a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar glanfháltais ó eisiúint monaí a thabhairt go díreach don Státchiste ón 1 Eanáir 2002, de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais (Nóta 25(ii)). I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc.

### (h) Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Idirbhearta cuntasaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, déanfar iad a chomhshó i gcoibhéisí euro ag na rátaí malartaithe a bheidh i réim ar an dáta socraíochta mura mbeidh deireadh na bliana ag teacht idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta, sa chás sin aithneofar iad ar an dáta trádála (Beartas Cuntasaíochta (c)(i)).

### (i) Ioncam Amúchta

Caitear le préimheanna agus/nó lascainí a thagann chun cinn ar urrúis mar ghlanioncam úis agus déantar amúchadh orthu ar bhonn dronlíneach thar an tréimhse go dtí a n-aibíocht agus déantar cuntas iontu tríd an gCuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais.

### (j) Beartas Luachála

(i) Déantar sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí nach bhfuil tagtha in aibíocht, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta a luacháil ag na rátaí malartáin scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 34). Is ar bhonn na n-airgeadra indibhidiúil a dhéantar an luacháil ráta eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar mharcáil ón margadh (MÓM) a luacháil ag praghsanna scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana. Déantar urrúis a luacháil ar bhonn urrús ar urrús. Déantar urrúis indíolta arna n-aicmiú mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil.

(iii) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir margaidh.

(iv) An cúnamh eisceachtúil leachtachta arna sholáthar d'institiúidí creidmheasa intíre arna gcumhdach faoin scéim ráthaíochta, aicmítear é mar Iasachtaí agus Infhaighteachtaí. I gcomhréir le FRS 26 (Ionstraimí Airgeadais): is sócmhainní airgeadais neamh-dhíorthaigh iad Aithint agus Tomhas, Iasachtaí agus Infhaighteachtaí a bhfuil íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe acu nach luaitear ar mhargadh gníomhach agus nach mbeartaíonn an Banc iad a thrádáil. Coinneofar Iasachtaí agus Infhaighteachtaí, i ndiaidh na haithinte tosaigh, ar chostas amúchta d'aon chaillteanais lagaithe a thabhófar. Déantar caillteanais lagaithe a thaifeadadh i gcuntas dliteanas leithleach (Beartas Cuntasaíochta (m)).

Ar dháta an chláir chomhardaithe, measfaidh an Banc cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh na hiasachtaí agus na hinfhaighteachtaí. I bhfianaise oibiachtúil maidir le lagú sócmhainne airgeadais, cuimsítear sárú conartha, amhail mainneachtain nó faillí in íocaíocht úis nó in íocaíocht príomhshuime (Nóta 15 (iii)).

## (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Is tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus tríd an gCuntas Leithghabhála a dhéantar cuntas i ngnóthachain agus i gcaillteanais réadaithe a eascraíonn as díolacháin d'airgeadra eachtrach, d'ór agus d'urrúis. Ríomhtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe (FX agus euro) faoi threoir an mheánchostais.

Déantar cuntas i ngnóthachain neamhréadaithe ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Beartas Cuntasaíochta (j)) tríd an gCuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais agus aistrítear uaidh sin iad chuig na Cuntais Athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

Ó tharla go n-aithnítear na gnóthachain agus na caillteanais go léir thuasluaite tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais, ní mheastar gur gá Ráiteas ar leithligh a choinneáil de na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána.

## (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is éard atá in idirbhearta droim ar ais oibríochtaí lena ndíolann nó lena gceannaíonn an Banc sócmhainní ar airgead faoi chomhaontú athcheannaigh/droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe agus eascraíonn caiteachas úis astu sa Chuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais. Urrúis arna ndíol faoin gcomhaontú sin, fanann siad ar Chlár Comhardaithe an Bhainc.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nótaí 15) ach ní chuimsítear iad i ngabháltais urrús an Bhainc. Eascraíonn ioncam úis astu sa Chuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais (Nóta 1).

Ní raibh aon idirbhearta droim ar ais amuigh ag deireadh na bliana.

## (m) Soláthairtí

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 33). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní indibhidiúla).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhófar caillteanais lagaithe ach amháin i gcás ina mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis ('teagmhas caillteanais') agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

(i) mainneachtain in íocaíocht príomhshuime nó in íocaíocht úis;

(ii) deacrachtaí i sreabhadh airgid an fhéichiúnaí;

(iii) tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais;

(iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh;

(v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha;

(vi) meathlú ar chúinsí eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla i gcomhchoibhneas le mainneachtain ar na sócmhainní.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú go hindibhidiúil le haghaidh urrús atá suntasach go hindibhidiúil agus go hindibhiúil nó le chéile le haghaidh urrús nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú le haghaidh urrús a mheastar go hindibhidiúil, cibé acu an urrúis suntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheas i ndáil le lagú.

Urrúis a mheastar go hindibhidiúil maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta amach anseo arna lascainiú ag ráta úis éifeachtach bunaidh an urrúis. Mar áis phraiticiúil, féadfaidh an Banc lagú a thomhas ar bhonn luach cóir sócmhainne trí úsáid a bhaint as praghas margaidh inbhraite.

Sreafaí airgid amach anseo i ngrúpa urrús a mheastar le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheas ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbraite.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú.

## Nótaí ag gabháil leis na Cuntais

### Nóta 1: Ioncam Úis

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ioncam Taiscí | 1,163 | 1,124 |
| Ús ar urrúis - MTM | 161,475 | 215,381 |
| Ús ar urrúis - HTM | 311,214 | 276,810 |
| Ús ar urrúis chun críocha Beartais Airgeadaíochta (i) | 254,525 | 193,831 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii) | 279 | 3,832 |
| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (iii) | 758,089 | 1,337,815 |
| Ioncam ó Aistriú Cúlsócmhainní Eachtracha chuig an BCE (iv) | 4,872 | 6,889 |
| Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (v) | 1,105,155 | 1,627,814 |
| Eile | 289 | 3,318 |
| **Iomlán** | **2,597,061** | **3,666,814** |

(i) Cuimsítear sa mhír seo, ioncam €37.7 milliún (2011: €37.6 milliún), €10.2 milliún (2011: €0.1 milliún) agus €207.2 milliún (2011: €156.1 milliún) ar na hurrúis arna gceannach ag an mBanc faoi CCBC1, CCBC2 agus faoi CMU faoi seach. Beartas Cuntasaíochta (c)(ix) agus Nóta 16.

(ii) Ní raibh aon Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim-ar-ais fós amuigh an 31 Nollaig 2012. €299.0 milliún). Beartas Cuntasaíochta (l) agus Nóta 15.

(iii) Baineann sé seo le hiasachtaí ón mBanc d'institiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 14).

(iv) Baineann sé seo le híocaíocht Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig an BCE. Beartas Cuntasaíochta (c)(vii) agus Nóta 18.

(v) Féach Nóta 15 (ii).

### Nóta 2: Caiteachas Úis

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Taiscí Rialtais | 43,003 | 122,812 |
| Taiscí Institiúidí Creidmheasa | 33,377 | 100,240 |
| (Glan)iarmhéideanna laistigh den Eurochóras (i) | 829,240 | 1,614,775 |
| Íocaíocht Dliteanais i leith Leithdháileadh Nótaí Bainc euro i gCúrsaíocht (ii) | 136,480 | 188,222 |
| Eile | 679 | 263 |
| **Iomlán** | **1,042,779** | **2,026,312** |

(i) Is ag deireadh gach lae a ríomhann an BCE an caiteachas úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar a luach saothair ag rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Beartas Cuntasaíochta (c).

(ii) (ii) Tá an caiteachas úis bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro leithdháilte ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht go hiarbhír. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv).

## Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

| Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glanghnóthachain Réadaithe ar Urrúis | 8,614 | 1,522 |
| Glanghnóthachain Réadaithe ar Ráta Malairte | 76 | 330 |
| **Iomlán** | **8,690** | **1,852** |

| Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Suíomhanna Airgeadais | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Urrúis | (323) | (28,837) |
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Ráta Malairte | (14) | - |
| **Iomlán** | **(337)** | **(28,837)** |

| Soláthairtí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar i leith Nótaí Puint Neamhfhuascailte (Nóta 33) | (10,000) | - |
| Soláthar i leith Urrús (Nóta 33) | (100,000) | (300,000) |
| **Iomlán** | **(110,000)** | **(300,000)** |

## Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 753 | 618 |
| Iasachtú Urrús | 2,165 | 1,463 |
| TARGET2 Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe | 554 | 552 |
| **Iomlán** | **3,472** | **2,633** |

## Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Sciar de bhrabúis BCE (i) | 10,330 | 10,350 |
| Díbhinn BSI (ii) | 3,169 | 2,797 |
| **Iomlán** | **13,499** | **13,147** |

## Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha (ar lean)

(i) Is ionann é seo agus sciar an Bhainc i ndáileadh an BCE ar an ioncam seigniorage. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii). Amhail ar an 31 Nollaig 2012, chinn Chomhairle Rialaithe an BCE go n-aistreofaí €1,166 milliún (a leithdháiltear ó ioncam an BCE ar urrúis CMU mar aon le hioncam a ghnóthaítear ar nótaí bainc i gcúrsaíocht) ó bhrabúis an BCE chuig soláthar riosca an BCE agus, ar an gcaoi sin, méadaíodh an soláthar sin go dtí an uasteorainn reatha de €7,529 milliún. Dá bhrí sin, íocadh €574.6 milliún le BCNanna an Eurochórais an 31 Eanáir 2013 i gcomhréir lena scála caipitil san Eurochóras mar dháileadh páirteach ar bhrabúis an BCE don bhliain. B'ionann sciar an Bhainc agus €9.1 milliún (Nóta 19). B'ionann agus €1.2 milliún dáileadh deiridh an bhrabúis do 2011 a íocadh i mí an Mhárta 2012.

(ii) Is ionann an mhír seo agus díbhinní a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Nóta 21 (i).

## Nóta 6: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glantoradh ar Chomthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i) | 60,586 | (46,821) |
| Sciar de Sholáthar an Eurochórais i gcoinne Rioscaí Contrapháirte (ii) | 8,146 | 16,037 |
| **Iomlán** | **68,732** | **(30,784)** |

(i) Is ionann é seo agus an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta de €312.1 milliún (2011: €296.4 milliún) arna gcomhthiomsú ag an mBanc agus €371.5 milliún a leithdháileadh ar an mBanc arís (2011: €249.0 milliún) i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartuithe arb ionann iad agus €1.2 milliún ar ghlantorthaí do na blianta roimhe sin (2011: €0.6 milliún). Beartas Cuntasaíochta (c)(vi).

(ii) B'ionann agus €8.1 milliún ag deireadh na bliana an laghdú ar sciar an Bhainc den soláthar do rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (2011: €16.0 milliún). Sa bhliain 2008, nuair a bunaíodh an soláthar, bhí muirear €73.1 milliún ar an gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, arb ionann é agus sciar an Bhainc sa soláthar iomlán don Eurochóras. I gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus ag féachaint do phrionsabail na stuamachta i gcoitinne, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí méid an tsoláthair a laghdú ó €949 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2011 go dtí €310 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2012. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais na BCN. Nóta 33 (i).

## Nóta 7: Ioncam eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glanmhaoiniú Tionscal don Rialáil Airgeadais (Nóta 43 (i)) | 74,893 | 78,466 |
| Ioncam Ilghnéitheach na Rialála Airgeadais (Nóta 43 (iv)) | 12 | 42 |
| Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (i) | 8,493 | 5,050 |
| Táillí Formheasa Réamheolaire don Rialáil Airgeadais (Nóta 43 (iii)) | 1,028 | 12 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin (Nóta 32 (i)) | (23,230) | (21,956) |
| Toradh Ionchasach ar Shócmhainní Ciste Pinsin (Nóta 32 (v)) | 14,120 | 22,346 |
| Eile | 1,499 | 1,348 |
| **Iomlán** | **76,815** | **85,308** |

(i) Is ionann pionóis airgeadaíochta agus na méideanna is iníoctha leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais eile tar éis chur i gcrích na gComhaontuithe Socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála.

## Nóta 8: Caiteachais

| €000 | Ceannoifig * | | Oibreacha Priontála | | Ceannoifig & Oibreacha Priontála | | Mionta (i) | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 |
| Tuarastail/Liúntais (ii) | 81,299 | 73,075 | 9,192 | 10,083 | 90,491 | 83,158 | 684 | 663 | 91,175 | 83,821 |
| ÁSPC | 6,849 | 5,700 | 692 | 675 | 7,541 | 6,375 | 46 | 41 | 7,587 | 6,416 |
| Pinsin (Nóta 32 (i)) | 7,403 | 13,220 | – | – | 7,403 | 13,220 | 95 | 79 | 7,498 | 13,299 |
| **Caiteachais Foirne** | **95,551** | **91,995** | **9,884** | **10,758** | **105,435** | **102,753** | **825** | **783** | **106,260** | **103,536** |
| Cumarsáid agus TF | 7,114 | 4,201 | 12 | 6 | 7,126 | 4,207 | 37 | 42 | 7,163 | 4,249 |
| Taisteal Gnó | 1,885 | 1,663 | 191 | 191 | 2,076 | 1,854 | 23 | 24 | 2,099 | 1,878 |
| Caiteachas Riaracháin | 840 | 911 | 179 | 212 | 1,019 | 1,123 | 11 | 13 | 1,030 | 1,136 |
| Táillí Gairmiúla (iii) | 21,370 | 35,787 | 181 | 161 | 21,551 | 35,948 | 6 | 6 | 21,557 | 35,954 |
| Taighde Seachtrach agus Síntiúis Chorparáideacha | 1,776 | 1,236 | 49 | 10 | 1,825 | 1,246 | 2 | 3 | 1,827 | 1,249 |
| Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí | 443 | 344 | 12 | 10 | 455 | 354 | – | – | 455 | 354 |
| Íocaíochtaí & Táillí Bainistíochta Sócmhainní | 3,559 | 4,146 | 8 | 4 | 3,567 | 4,150 | 31 | 12 | 3,598 | 4,162 |
| Soláthairtí Airgeadra agus Cothabháil Trealaimh | – | – | 1,264 | 1,015 | 1,264 | 1,015 | 128 | 74 | 1,392 | 1,089 |
| Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha | 2,386 | 2,195 | 61 | 60 | 2,447 | 2,255 | 12 | 5 | 2,459 | 2,260 |
| Earcaíocht & Costais Foirne Eile | 1,912 | 2,152 | 154 | 206 | 2,066 | 2,358 | – | – | 2,066 | 2,358 |
| Bainistíocht & Cothabháil Saoráidí | 2,842 | 1,792 | 2,667 | 2,936 | 5,509 | 4,728 | 7 | 7 | 5,516 | 4,735 |
| Cíos & Fóntais | 6,709 | 7,442 | 1,154 | 1,117 | 7,863 | 8,560 | – | – | 7,863 | 8,560 |
| Ilghnéitheach (iv) | 141 | 336 | 311 | 13 | 452 | 348 | – | 38 | 452 | 386 |
| **Caiteachais Oibríochtúla Eile** | **50,977** | **62,205** | **6,243** | **5,941** | **57,220** | **68,146** | **257** | **224** | **57,477** | **68,370** |
| **Dímheas** | **6,266** | **4,746** | **5,164** | **4,526** | **11,430** | **9,272** | **50** | **33** | **11,480** | **9,306** |
| **Táirgeadh Airgeadra Amhábhair** | – | – | **3,676** | **3,403** | **3,676** | **3,403** | **2,492** | **1,835** | **6,168** | **5,238** |
| **Caiteachais Iomlána** | **152,794** | **158,946** | **24,967** | **24,628** | **177,761** | **183,574** | **3,624** | **2,875** | **181,385** | **186,450** |

* I gcaiteachais na Ceannoifige, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid) seachas na cinn sin a bhaineann leis na hOibreacha Priontála agus Mionta. Tá sonraí faoi ioncam agus caiteachas na rialála airgeadais in 2012 le feiceáil i Nóta 43.

(i) Na caiteachais a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad a mhuirearú go díreach ar Chúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Beartas Cuntasaíochta (g).

## Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

(ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Neamhfheidhmiúcháin in 2012

| Ainm | Tréimhse | Tuarastal agus Táillí | Eile |
|---|---|---|---|
| **Patrick Honohan** | | | |
| An Gobharnóir | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €276,324 | – |
| **Stefan Gerlach** | | | |
| An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €250,000 | €2,731[12] |
| **Matthew Elderfield** | | | |
| An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €340,000 | – |
| Táillí iomlána a íocadh le Comhaltaí eile de Choimisiún an Bhainc Ceannais | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €74,680 | €973[13] |

Faoi alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, thug an Ghobharnóir, Patrick Honohan, €63,324 don Aire Airgeadais i leith a chuid díolaíochtaí don bhliain 2012 sa chaoi gurb ionann a luach saothair glan agus €213,000 do 2012. Ní théann teidlíochtaí pinsin Patrick Honohan thar ghnáth-theidlíochtaí scéime aoisliúntais sochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Is ionann agus €14,936 an táille bhliantúil do chomhaltaí an Choimisiúin. Ní fhaigheann comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin táille i ndáil lena gcomhaltas den Choimisiún.

(iii) Don chuid is mó, baineann an laghdú ar tháillí gairmiúla leis na caiteachais arna dtabhú (€12.0 milliún) i ndáil leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil agus leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta a rinneadh in institiúidí áirithe airgeadais in 2012 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (€29.1 milliún). Aisghabhadh na táillí seo go léir ó na hinstitiúidí airgeadais ábhartha le linn na bliana (Nóta 43 (ii)).

Le linn 2012, chuaigh téarma na n-iniúchóirí seachtracha, Deloitte, in éag. Tar éis comórtas a reáchtáil, ceapadh RSM Farrell Grant Sparks mar iniúchóirí seachtracha go ceann tréimhse 5 bliana agus d'fhormheas Comhairle an AE iad sa cháil sin i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht BCE an 13 Samhain 2012.

12 Baineann sé le Liúntas Toscaire.

13 Baineann sé le caiteachais cóiríochta agus taistil arna dtabhú ag Alan Ahearne.

## Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

Ba iad seo a leannas na táillí iniúchóra ab iníoctha le RSM Farrell Grant Sparks (2011: Deloitte) agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Iniúchadh na gCuntas Indibhidiúil** | **256** | **203** |
| *RSM Farrell Grant Sparks* | | - |
| *Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste* | *106* | *96* |
| *Deloitte* | – | *107* |
| **Seirbhísí Dearbhaithe Eile** | **35** | **33** |
| *RSM Farrell Grant Sparks* | *35* | – |
| *Deloitte* | – | *33* |
| **Obair Neamhiniúchóireachta Eile** | **–** | **2,331** |
| *Deloitte* | – | *2,331* |
| **Iomlán** | **291** | **2,567** |

Seirbhísí Dearbhaithe Eile do 2012, baineann siad le seirbhísí iniúchóireachta a chuirtear ar fáil thar ceann an BCE agus an Chiste Aoisliúntais.

Obair neamhiniúchóireachta eile in 2011, bhain sí go príomha le hobair a rinne Deloitte mar chuid den Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) 2011 agus den Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL), i dteannta le táillí iasachta a muirearaíodh. Ghlac an Banc na ceanglais maidir le nochtadh atá in I.R. Uimh. 220/2010 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) 2010 maidir le luach saothair iniúchóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

(iv) Faoi ilghnéitheach, áirítear caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais (arb ionann iad agus €0.1 milliún) a íocann an Banc i gcomhréir le forálacha alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, mar atá arna leasú.

(v) Íocadh €6.3 milliún (2011: €5.6 milliún) leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Tobhach Pinsin. Ní thaispeántar an figiúr seo ar leithligh sa tábla ach áirítear é san fhigiúr do Thuarastail.

(vi) Íocaíochtaí Cúitimh arbh ionann san iomlán iad agus €264,227 (2011: €107,270) agus a bhí sa réimse ó €9,000 go dtí €96,988 (2011: €25,270 go dtí €50,000), íocadh iad i 7 gcás a bhain le fostaíocht (3 in 2011).

(vii) Íocadh €0.5 milliún leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Feabhra 2013 i leith dliteanas a bhí gan íoc, ar dliteanais iad a d'eascair as Iniúchóireacht na gCoimisinéirí Ioncaim agus arbh ionann agus €0.07 an t-ús agus na pionóis orthu. Ní mór formheas foirmiúil a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim go fóill.

## Nóta 9: Ioncam Barrachais

Tá ioncam barrachais €1,147.6 milliún iníoctha leis an Státchiste i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 (2011: €958.3 milliún).

De réir alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), tá an Banc díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach, ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

## Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí óir

Ór agus infhaighteachtaí óir, cuimsíonn siad stoic monaí arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tháinig meadú ar an iarmhéid in 2012 mar thoradh ar an athrú ar mhargadhluach shealúchais óir bliain-ar-bhliain.

## Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infhaighteachtaí ón CAI (i) | 1,048,950 | 1,060,953 |
| Iarmhéideanna le bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní (iv) | 2,512 | 20,207 |
| **Iomlán** | **1,051,462** | **1,081,160** |

(i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuóta | 1,449,944 | 1,522,588 |
| Lúide sealúchais euro de chuid an CAI | (1,148,519) | (1,215,808) |
| **Suíomh Cúlchiste sa CAI (ii)** | **301,425** | **306,780** |
| Sealúchais CST (iii) | **747,525** | **754,173** |
| **Iomlán** | **1,048,950** | **1,060,953** |

(ii) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Is ionann an tsócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta, agus íocadh 25 faoin gcéad di in airgeadra eachtrach agus an t-iarméid in euro. B'ionann sealúchais euro an CAI, arna gcoinneáil leis an mBanc, agus 75 faoin gcéad den Chuóta ag an tús, agus athraíodh iad mar thoradh ar threoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit.

(iii) Cearta Speisialta Tarraingthe (CST):

Sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta atá sa CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970í agus 1980í d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainmhínítear CST i dtéarmaí ciseán airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gceithre airgeadra (dollar Mheiriceá, sterling, yen agus euro) (Nóta 28).

(iv) Iarmhéideanna le Bainc agus le hInfheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna le bainc | 2,512 | 3,070 |
| Infheistíochtaí Urrús - MÓM (v) | – | 17,137 |
| **Iomlán** | **2,512** | **20,207** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 - 3 mhí | 2,512 | 20,195 |
| 3 mhí - 1 bhliain | - | 12 |
| **Iomlán** | **2,512** | **20,207** |

(v) Beartas Cuntasaíochta (j).

## Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna le bainc (i) | 482,381 | 1,142,632 |
| Infheistíochtaí Urrús - MÓM (ii) | 13,216 | 31,565 |
| **Iomlán** | **495,597** | **1,174,197** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 - 3 mhí | 495,597 | 1,142,632 |
| 3 mhí - 1 bhliain | – | 18,921 |
| 1 - 5 bliana | – | 12,644 |
| **Iomlán** | **495,597** | **1,174,197** |

(i) Sa mhír seo, cuimsítear éileamh a thig d'oibríochtaí droim ar ais le contrapháirtithe arb ionann agus €482.4 milliún iad (2011: €1,142.6 milliún), i dtaca le hathghníomhachtú chlár dhollar na Stát Aontaithe chun leachtacht a sholáthar. Faoin gclár seo, sholáthair an Cúlchiste Feidearálach dollair na Stát Aontaithe don BCE trí shocrú sealadach cómhalartach airgeadra (línte babhtála) d'fhonn maoiniú gearrthéarmach dhollar na Stát Aontaithe a thairiscint do chontrapháirtithe an Eurochórais. Ag an am céanna, rinne an BCE idirbhearta babhtála droim ar ais le BCNanna a raibh an euro glactha acu, agus úsáideadh na cistí a thig de na hidirbhearta sin chun dul i mbun oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar le contrapháirtithe an Eurochórais (Nóta 39).

(ii) Beartas Cuntasaíochta (j).

## Nóta 13: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna le bainc | 144,231 | 366,976 |
| Infheistíochtaí Urrús - MÓM (i) | 534,303 | 309,298 |
| Infheistíochtaí Urrús - HTM (i) | 550,062 | 554,556 |
| **Iomlán** | **1,228,596** | **1,230,830** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 - 3 mhí | 235,282 | 366,976 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 164,033 | 143,241 |
| 1 - 5 bliana | 735,593 | 495,476 |
| 5 - 10 bliain | 93,688 | 225,137 |
| **Iomlán** | **1,228,596** | **1,230,830** |

(i) Beartas Cuntasaíochta (j).

## Nóta 14: Iasachtú chuig Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (i) | 7,850,000 | 30,520,000 |
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (ii) | 63,086,000 | 76,286,000 |
| Saoráid Iasachta Imeallaí (iii) | – | 430,000 |
| **Iomlán** | **70,936,000** | **107,236,000** |

Is é atá sna hiarmhéideanna seo, réamhíocaíochtaí le hinstitiúidí áitiúla creidmheasa lena léirítear rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na réamhíocaíochtaí uile urraithe ag comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras. Bhí laghdú suntasach ar leibhéal airleacain na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe agus na nOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) le linn 2012. Amhail ar an 31 Nollaig 2012, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €1,128.8 billiún (2011: €863.6 billiún), agus bhí €70.9 billiún ar seilbh ag an mBanc (2011: €107.2 billiún). De réir Airteagal 32.4 den Reacht, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. Maidir le hiasachtú arna urrú le bannaí úsáide féin bainc atá faoi ráthaíocht rialtais agus Éilimh Bhreise ar Chreidmheas, is é an Banc a iompróidh na rioscaí (Nóta 37).

(i) Déantar príomhoibríochtaí athmhaoinithe a fhorghníomhú trí idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar, ar idirbhearta iad a mbíonn minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtaine acu, trí bhíthin tairiscintí caighdeánacha de ghnáth. Ó 2008 i leith, seoladh na hoibríochtaí sin mar nósanna imeachta tairisceana ar ráta socraithe. Tá ról ríthábhachtach ag na hoibríochtaí sin i dtaca le ráta úis a threorú, le leachtacht an mhargaidh a bhainistiú agus leis an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta a léiriú.

(ii) Leis na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha, féachtar le athmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. In 2012, seoladh oibríochtaí arbh ionann a gcuid aibíochtaí agus an tréimhse chothabhála cúlchiste agus oibríochtaí a raibh aibíocht idir trí mhí agus tríocha sé mhí acu. Seoladh na hoibríochtaí sin ar ráta socraithe agus cionroinneadh méid iomlán na tairisceana.

(iii) Is saoráid sheasta í an tSaoráid Iasachta Imeallaí (SII) a bhféadfaidh contrapháirtithe úsáid a bhaint aisti chun leachtacht thar oíche a fháil ón mBanc ar ráta réamhshonraithe úis i gcoinne sócmhainní incháilithe.

## Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna le bainc (i) | 500 | 150,373 |
| Comhaontaithe Athcheannaigh Droim ar Ais | – | 299,000 |
| Cúnamh Leachtachta Éisceachtúla (ELA) (ii) | 40,425,000 | 42,400,000 |
| **Iomlán** | **40,425,500** | **42,849,373** |

(i) Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

(ii) Baineann an mhír seo le CLE arbh ionann é agus €40.4 billiún (2011: €42.4 billiún) arna sholáthar lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais d'institiúidí creidmheasa intíre arna gcumhdach faoi Ráthaíocht Rialtas na hÉireann. Déantar na saoráidí seo a thabhairt ar aghaidh ar an gClár Comhardaithe ar chostas amúchta agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis. Déantar na saoráidí seo go léir a chomhthaobhú agus áirítear iontu comhthaobhacht cheannasach mar aon le raon leathan urrús a bheidh curtha i ngeall ag na contrapháirtithe lena mbaineann.

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, tá ionstraimí sonracha dlíthiúla i bhfeidhm ag an mBanc i ndáil le gach cineál comhthaobhachta a nglactar leis. Orthu seo, áirítear: (i) Nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais chuig institiúidí creidmheasa ar leith agus atá inaistrithe le gníomhas, (ii) Máistirchomhaontuithe Speisialta Athcheannaigh lena gclúdaítear comhthaobhacht nach bhfuil incháilithe a thuilleadh d'oibríochtaí a bhaineann leis an BCE (iii) Gníomhais Saoráide lena gcuirtear Ráthaíocht Rialtais ar fáil (iv) Muirear Foluaineach ar chlár comhardaithe na hInstitiúide Creidmheasa lena mbaineann. De bhreis air sin, fuair an Banc gealltanas foirmiúil ón Aire Airgeadais go seasfaí aon ghanntanas ar leachtú comhthaobhachta. I gcás inarbh iomchuí, cuireadh ciorruithe (ó 1.5 faoin gcéad go 5.5 faoin gcéad) i bhfeidhm maidir leis an gcomhthaobhacht. Le leibhéal na gciorruithe agus le Rathaíocht an Rialtais, maolaítear an riosca creidmheasa. Ar dháta an chláir chomhardaithe, ní raibh aon soláthar ag teastáil i leith lagaithe. (2011: nialas).

Roimhe seo, tuairiscíodh CLE faoi 'Sócmhainní Eile' (Nóta 21) agus rinneadh é a athaicmiú san aicme seo i ndiaidh an chomhchuibhithe i dtreoirlíne chuntasaíochta BCE (BCE/2012/29) mar atá arna leasú. Amhail ar an 7 Feabhra 2013, aisíocadh gach CLE a bhí fós amuigh. (Nóta 42).

## Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann: (i) 'Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta', a tugadh isteach d'fhonn punanna na mbannaí faoi chumhdach arna n-ainmniú in euro a léiriú, ar cuireadh tús leis an gcéad cheann díobh i mí Iúil 2009 agus leis an dara ceann i mí na Samhna 2011, maille leis an bpunann margaidh d'urrúis arna n-ainmniú in euro, ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010; agus (ii) 'Urrúis eile', lena n-áirítear urrúis inmhargaidh nach mbaineann leis na hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Urrúís arna Sealbhú chun Críocha Beartais (i) | 4,362,841 | 4,789,749 |
| Urrúis eile (ii) | 16,901,287 | 15,941,332 |
| **Iomlán** | **21,264,128** | **20,731,081** |

### (i) Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 1 (CBPP1) - CGA | 696,316 | 869,127 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 (CBPP2) - CGA | 257,176 | 17,177 |
| Clár na Margaí Urrús - CGA | 3,409,349 | 3,903,445 |
| **Iomlán** | **4,362,841** | **4,789,749** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 - 3 mhí | – | 452,915 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 821,316 | 345,219 |
| 1 - 5 bliana | 1,949,411 | 2,332,748 |
| 5 - 10 bliain | 1,498,050 | 1,658,867 |
| 10-15 bliain | 94,064 | – |
| **Iomlán** | **4,362,841** | **4,789,749** |

Sa aicme seo den Chlár Comhardaithe, cuimsítear urrúis arna bhfáil ag an mBanc laistigh de raon na gClár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach[14], agus urrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon CMU.[15] Faoi Chlár na Margaí Urrús a bunaíodh i mí Bealtaine 2010, féadfaidh an BCE agus BCNanna urrúis fiachais phoiblí agus phríobháidigh a cheannach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mífheidhmiú a tháinig chun cinn i roinnt codanna de na margaí d'urrúis fiachais an limistéir euro agus d'fhonn meicníocht tarchuir iomchuí beartas airgeadaíochta a athbhunú.

Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi Chlár na Margaí Urrús agus faoin dá Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach. Cuireadh deireadh le CMU i Meán Fómhair 2012 nuair a fógraíodh clár nua dá ngairtear Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IAGA), agus tháinig deireadh le CCBC2 an 31 Deireadh Fómhair 2012.

B'ionann sealúchas iomlán urrúis CMU, CCBC1 agus CCBC2, faoi seach, ag BCNanna an Eurochórais agus €208.7 billiún, €47.6 billiún agus €14.9 billiún ag deireadh mhí na Nollag, mar a bhí €3,409 milliún, €696 milliún agus €257 milliún ar seilbh ag an mBanc. Beartais Chuntasaíochta (c)(iii), (c)(ix) agus Nóta 1(i).

Urrúis a cheannaítear faoi CMU agus CCBC, aicmítear iad mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht agus tuairiscítear orthu ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déantar tástálacha bliantúla maidir le lagú a sheoladh ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil agus ar bhonn na méideanna inghnóthaithe arna meas armhail ar an dáta tuarascála.

### (ii) (ii) Urrúis eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infheistíochtaí Urrús - MÓM | 9,050,743 | 9,379,825 |
| Infheistíochtaí Urrús - CGA | 7,850,544 | 6,561,507 |
| **Iomlán** | **16,901,287** | **15,941,332** |

Sna hurrúis seo, cuimsítear fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí sa limistéar euro. Beartas Cuntasaíochta (j).

| **Próifíl Aibíochta** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 - 3 mhí | 2,893,331 | 3,074,877 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 4,073,584 | 5,090,143 |
| 1 - 5 bliain | 5,250,149 | 4,686,575 |
| 5 - 10 bliain | 4,684,223 | 3,089,737 |
| **Iomlán** | **16,901,287** | **15,941,332** |

14 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir cheannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70.

15 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

## Nóta 17: Leas rannpháirteachais sa BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana.

In 2012, d'fhan sciar an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.1107 faoin gcéad. Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

Tháinig méadú €18.5 milliún ar leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE go dtí €176.2 milliún, rud a léiríonn cinneadh na Comhairle Rialaithe i mí na Nollag 2010 chun caipiteal suibscríofa BCE a mhéadú faoi €5,000 milliún go dtí €10,761 milliún. Mar thoradh air seo, ceanglaíodh ar BCNanna an Eurochórais méid arbh ionann é agus €3,490 milliún a íoc i ndáil lena ranníocaíochtaí méadaithe i dtrí thráthchuid chomhionanna ó 2010 ar aghaidh. Dá bhrí sin, d'íoc an Banc an tríú tráthchuid arbh í an tráthchuid deiridh í agus arbh ionann í agus €18.5 milliún an 27 Nollaig 2012 sa chaoi gurbh ionann leibhéal a leasa rannpháirteachais agus €176.2 milliún. Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

## Nóta 18: Éilimh atá Comhionann le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc a eascraíonn as sócmhainní cúlchistí eachtracha a aistriú chuig an BCE i gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Reacht CEBC. Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocrófar tráth a n-aistrithe. Íoctar iad de réir an ráta úis is déanaí a bheidh ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna gcoigeartú chun fáltas nialasach a léiriú ar chomhpháirt an óir. Beartas Cuntasaíochta (c)(vii) agus Nóta 1 (iv).

## Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Sciar de bhrabúis BCE (i) | 9,122 | 10,350 |
| Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii) | 60,625 | – |
| **Iomlán** | **69,747** | **10,350** |

(i) Is ionann é seo agus sciar an Bhainc i ndáileadh páirteach an BCE ar an ioncam seigniorage. Beartas Cuntasaíochta (c)(v) agus Nóta 5 (i).

(ii) Is ionann é seo agus ioncam airgeadaíochta infhaighte tar éis ioncam iomlán airgeadaíochta an Eurochórais a leithdháileadh ar na BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach. Beartas Cuntasaíochta (c)(vi) agus Nóta 6 (i). Do 2011, áirítear ioncam airgeadaíochta is iníoctha i Nóta 29:

## Nóta 20: Míreanna atá á Socrú

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa maidir le seiceanna arna dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí ar an lá deireanach gnó den bhliain agus arna seachadadh chuig na hinstitiúidí creidmheasa sin ar an gcéad lá gnó den bhliain nua.

## Nóta 21: Sócmhainní Eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (i) | 19,444 | 19,515 |
| Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc | 1,676 | 2,756 |
| Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc (ii) | - | 302,527 |
| Ioncam Úis Fabhraithe | 786,348 | 433,535 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,478 | 1,224 |
| Sócmhainní Dochta (Nóta 22) | 79,953 | 77,230 |
| Eile (iii) | 52,497 | 50,966 |
| **Iomlán** | **941,396** | **887,753** |

(i) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair (2,564 íoctha) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €19.4 milliún a gcoibhéis euro (2011: €19.5 milliún) (Nótaí 5 (ii) agus 36 (i)).

(ii) Faoi shocraíochtaí, ar cuireadh tús leo i 1993 do mhaoiniú riaradh ICAROM cpt (Insurance Corporation of Ireland cpt mar a bhíodh air), bailíodh €11.1 milliún in aghaidh na bliana go dtí an 31 Nollaig 2012 ó AIB cpt agus aistríodh é chuig Riarthóir ICAROM spt. Is é seo a leanas an modh a úsáideadh chun na cistí seo a bhailiú (i) socrú taisce agus iasachta (€4.1 milliún) idir AIB cpt agus an Banc agus (ii) íocaíocht úis (€7.0 milliún) a dhéanfaidh AIB plc. Léirítear an taisce frithchaiteach faoi Dhliteanais Eile (Nóta 31). Déantar méid an taisce a chinneadh le Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor). Tháinig deireadh leis an tsocraíocht an 31 Nollaig 2012 agus aistríodh an t-airgead go léir chuig an riarthóir.

(iii) Méideanna a taifeadadh i leith CLE, rinneadh iad a athaicmiú mar 'Éilimh Eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro' (Nóta 15 (ii)) i ndiaidh an chomhchuibhithe i dtreoirlíne chuntasaíochta BCE (BCE/2012/29) mar atá arna leasú. Rinneadh na méideanna comparáideacha a athaicmiú ó thaobh comhsheasmhachta.

## Nóta 22: Sócmhainní Dochta

| €000 | Áitribh | | Gléasra & Innealra | | Trealamh Ríomhaireachta | | Trealamh Eile | | Troscán, Feistithe & Daingneáin | | Sócmhainní faoi thógáil (iii) | | Sócmhainní Dochta Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 | 2012 | 2011 |
| Ar a chostas-1 Eanáir | 67,154 | 66,198 | 50,122 | 47,837 | 33,406 | 23,556 | 15,815 | 15,028 | 15,251 | 12,994 | – | – | 181,748 | 165,613 |
| Éadálacha | 53 | 956 | 4,629 | 2,285 | 7,791 | 9,850 | 749 | 787 | 278 | 2,257 | 1,518 | – | 15,018 | 16,135 |
| Disúscairtí (i) | (358) | – | – | – | (582) | – | – | – | – | – | – | – | (940) | – |
| Ar a chostas-31 Nollaig | 66,849 | 67,154 | 54,751 | 50,122 | 40,615 | 33,406 | 16,564 | 15,815 | 15,529 | 15,251 | 1,518 | – | 195,826 | 181,748 |
| Dímheas Carntha an 1 Eanáir | 18,221 | 16,656 | 43,689 | 41,448 | 18,899 | 16,125 | 12,837 | 11,104 | 10,872 | 9,879 | – | – | 104,518 | 95,212 |
| Dímheas do bhliain (ii) | 1,579 | 1,565 | 2,527 | 2,240 | 4,454 | 2,774 | 1,767 | 1,733 | 1,153 | 994 | – | – | 11,480 | 9,306 |
| Diúscairtí | (57) | – | – | – | (68) | – | – | – | – | – | – | – | (125) | – |
| Dímheas Carntha an 31 Nollaig | 19,743 | 18,221 | 46,216 | 43,688 | 23,285 | 18,899 | 14,604 | 12,837 | 12,025 | 10,873 | – | – | 115,873 | 104,518 |
| **Glanluach Leabhar an 31 Nollaig** | **47,106** | **48,933** | **8,535** | **6,434** | **17,330** | **14,507** | **1,960** | **2,978** | **3,504** | **4,378** | **1,518** | **–** | **79,953** | **77,230** |

(i) I ndiaidh an athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh sócmhainní arna meas mar shócmhainní nach raibh fós in úsáid agus arbh ionann a luach agus €0.8 milliún, a dhíscríobh chuig Caitheachas Oibríochtúil Eile (Nóta 8).

(ii) As muirear dímheasa iomlán arb ionann é agus €11.4 milliún (2011: €9.3 milliún), rinneadh €0.05 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2011: €0.03 milliún).

(iii) Sócmhainní faoi Thógáil, baineann sé le caiteachas ar an suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh, lena n-áirítear éarlais €0.7 milliún don suíomh. (Nóta 36)

## Nóta 23: Nótaí bainc i gCúrsaíocht

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Luach iomlán na Nótaí Bainc euro arna gcur i gCúrsaíocht ag an mBanc | 29,269,087 | 28,367,428 |
| Dliteanas a eascraíonn as sciar an BCE de Nótaí Bainc euro i gCúrsaíocht | (1,158,907) | (1,128,475) |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE | (14,781,774) | (14,260,541) |
| **Iomlán** | **13,328,406** | **12,978,412** |

Cuimsíonn an mhír seo sciar an Bhainc de na nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar gach banc ceannais náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc.

Le linn 2012, tháinig méadú 2.7% ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht san Eurochóras. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €13.3 billiún i gcúrsaíocht ag Banc Ceannais na hÉireann ag deireadh na bliana, i gcomparáid le €13.0 billiún faoi dheireadh 2011. Tháinig méadú 3.2% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhír ag Banc Ceannais na hÉireann in 2012 ó €28.4 billiún go dtí €29.3 billiún. Ó tharla gur mhó é seo ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €15.9 billiún (i gcomparáid le €15.4 billiún in 2011) faoi 'Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 29). Beartas Cuntasaíochta (c)(iv).

## Nóta 24: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cúltaiscí Íosta (i) | 1,798,115 | 3,733,961 |
| Taiscí Thar Oíche (ii) | 1,720,000 | 2,295,000 |
| **Iomlán** | **3,518,115** | **6,028,961** |

(i) Tá ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meánlíon íosta taiscí cúlchiste a choinneáil lena gcuid BCNanna faoi seach. Is é cuspóir na gceanglas cúlchiste seo ganntanas struchtúrach leachtachta a choimeád ar bun. In 2012, íocadh ús ar na taiscí sin de réir phríomhráta úis an BCE do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche.

## Nóta 25: Dliteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Taiscí Rialtais Ghinearálta (i) | 19,635,529 | 15,572,051 |
| Cúlchiste Airgeadra a Bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 3,095 | 1,702 |
| **Iomlán** | **19,638,624** | **15,573,753** |

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

(i) Áirítear i dTaiscí Rialtais Ghinearálta creidmheasanna arb ionann iad agus €0.4 milliún (2011: €0.4 milliún) san iomlán arna sealbhú ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht faoi fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.

(ii) Faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998, ceanglaítear go ndéanfar na costais agus na fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gcúlchiste airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc isteach sa Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc. Déantar an t-iarmhéid ar an gcúlchiste airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc. Beartas Cuntasaíochta (g) agus Nóta 8. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Monaí arna gcur i gcúrsaíocht/(arna bhfuascailt ó chúrsaíocht) | (24,282) | 21,642 |
| Foirne monaí samplacha | 3,178 | 2,225 |
| Monaí Éireannacha arna dTarraingt as Cúrsaíocht | (318) | (360) |
| Fáltais ó Mhonaí Bruithnithe | – | 77 |
| **Fo-iomlán** | **(21,422)** | **23,584** |
| **Lúide Costais Oibríochtúla (Nóta 8)** | **(3,624)** | **(2,875)** |
| **Glanfháltais ó Eisiúint Monaí** | **(25,046)** | **20,709** |
| Ús ar Dhliteanas Pinsin | (178) | (163) |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra | (92) | (100) |
| Aistriú (chuig)/ón Státchiste | 26,709 | (20,658) |
| Iarmhéid Tosaigh | 1,702 | 1,914 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **3,095** | **1,702** |

De thoradh an Achta Airgeadais, 2002, agus de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, bhí glantoradh monaí ann don bhanc ó na bainc thráchtála sa bhliain 2012. De thoradh na glan-aisíoca seo agus de thoradh na gcostas oibriúcháin a bhaineann le monaí, íocadh €26.7 milliún leis an Státchiste i mí na Nollag 2012 (2011: aistríodh méid arbh ionann é agus €8.5 milliún chuig an Státchiste).

## Nóta 26: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéir euro

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta | 98 | 95 |
| Gníomhaireachtaí AE | 22,147 | 22,413 |
| **Iomlán** | **22,245** | **22,508** |

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

## Nóta 27: Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

Baineann an dliteanas seo le taisce a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun ceanglas maidir le hiarmhéid íosta i gCuntas leis an gCúlchiste Feidearálach a mhaoiniú, ar cuntas é a úsáidtear chun glacadh le cistí Chlár Maoiniúcháin an CAI d'Éirinn.

## Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

Is é seo dliteanas an Bhainc don CAI maidir le leithdháileadh CSTanna d'Éirinn. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CSTanna an Bhainc de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh CSTanna a mhalartú ar Airgead Eachtrach leis an CAI é féin, le baill CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc glan ar leithdháileadh CST (Nóta 11).

## Nóta 29: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a eisíodh go hiarbhír ag an mBanc agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv) agus Nóta 23. (In 2011, áiríodh san aicme seo, ioncam airgeadaíochta ab iníoctha leis an Eurochóras agus arbh ionann é agus €46.8 milliún (Nóta 19)).

## Nóta 30: Dliteanais eile laistigh den Eurochóras

Is ionann an mhír seo agus glandliteanas an Bhainc don BCE de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh thar chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).

## Nóta 31: Dliteanais Eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais (i) | 1,147,628 | 958,343 |
| Cuntais Cosanta Taiscí ( (ii) | 403,024 | 434,741 |
| Fabhruithe úis | 87,223 | 194,495 |
| Fabhruithe eile | 14,749 | 11,705 |
| Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (iii) | 249,442 | 250,000 |
| Taisce AIB PLC/ ICAROM (Nóta 21) | – | 302,527 |
| Other | 13,529 | 166,491 |
| **Iomlán** | **1,915,595** | **2,318,302** |

(i) Is ionann é seo agus an t-ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 9).

(ii) Is iarmhéideanna iad seo arna dtaisceadh leis an mBanc ag institiúidí creidmheasa, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, mar chuid de Scéim Cosanta Taiscí na hÉireann (IDPS) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí), 1995 agus faoi Alt 4 den Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009 faoi seach. Tá an IDPS á mhaoiniú ag institiúidí creidmheasa agus comhair chreidmheasa, arna n-údarú ag an mBanc.

(iii) Bunaíodh an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa ag deireadh 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Rinne an tAire Airgeadais €250 milliún a lóisteáil sa chuntas taisce arna gcoinneáil ag an mBanc. Is é is cuspóir don chiste seo, foinse maoinithe a chur ar fáil chun éagobhsaíocht airgeadais in institiúidí údaraithe creidmheasa a réiteach nó chun gar-bhagairt thromchúiseach d'éagobhsaíocht airgeadais in institiúidí údaraithe creidmheasa a réiteach. An 28 Meán Fómhair 2012, rinne an tAire Airgeadais rialacháin lenar foráladh do ranníocaíochtaí ó institiúidí creidmheasa údaraithe chuig an gCiste de bhun Alt 15 den Acht - na Rialacháin um Thobhach an Chiste Réitigh Foras Creidmheasa 2012. Tobhaigh is iníoctha faoi na Rialacháin seo, beidh siad dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra 2013 agus fuarthas an chéad tobach i mí Eanáir 2013. Aon tobhaigh a fhaightear, déantar iad a thaisceadh i gcuntas arna chothabháil don chiste. D'fhabhraigh ús arbh ionann agus €613,937 ar chuntas an Chiste sa Bhanc Ceannais ag deireadh mhí na Nollag 2012 ach níor cuireadh an t-ús sin i bhfeidhm ar an iarmhéid.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsean le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus comhaltaí foirne reatha de chuid an Bhainc. Faoin scéim, faigheann foireann an Bhainc na teidlíochtaí céanna le státseirbhísigh bhunaithe. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhliteanais pinsin an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní ciste a cheannach. Cuirtear síos ar luacháil na sócmhainní ciste an 31 Nollaig 2012 i gcuid (v) den nóta seo.

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le Financial Reporting Standard (FRS) 17 – 'Retirement Benefits'.

Rinne achtúirí an Bhainc luacháil achtúireach iomlán a thabhairt chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2010 chun ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 17 a chomhlíonadh. Rinneadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach a thabhairt chun críche an 31 Nollaig 2012.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais/Cúlchiste Airgeadra

| | Brabús & Caillteanas 2012 | Cúlchiste Airgeadra 2012 | Iomlán 2012 | Iomlán 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Toradh ionchasach ar Shócmhainní** | **14,120** | **–** | **14,120** | **22,346** |
| **Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin** | **(23,230)** | **(178)** | **(23,408)** | **(22,119)** |
| Costas Seirbhíse Reatha | (14,977) | (106) | (15,083) | (11,330) |
| Costas Seirbhíse Roimhe Seo | 7,574 | 11 | 7,585 | (1,969) |
| **Fo-Iomlán** | **(7,403)** | **(95)** | **(7,498)** | **(13,299)** |
| **Costas Iomlán na Scéime Pinsin le Sochar Sainithe** | **(16,513)** | **(273)** | **(16,786)** | **(13,072)** |

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin. An barrachas costais iarseirbhíse arb ionann é agus €7.6 milliún do 2012, cuimsíonn sé €8.8 milliún i leith laghduithe do phinsinéirí arna fhritháireamh le costas €1.2 milliún i leith aistriú seirbhíse pinsin do chomhaltaí nua foirne.

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

| An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar Dhliteanas Pinsin | (92,808) | (34,288) | 8,811 |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar Shócmhainní an Phlean | 19,468 | (37,580) | 12,894 |
| **Iomlán** | **(73,340)** | **(71,868)** | **21,705** |

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, b'ionann an caillteanas carnach achtúireach sa Chuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais agus €149.5 milliún (2011: €76.2 milliún) do thréimhsí cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2004 nó dá éis. Le linn 2011, thug an Rialtas tobhach 0.6% isteach ar shócmhainní an chiste pinsin go ceann tréimhse ceithre bliana. Don bhliain airgeadais 2011, cuimsíodh an tobhach sa chaillteanas achtúireach ar na sócmhainní an phlean. Don bhliain airgeadais 2012, cuirtear an tobhach i gcuntas tríd an toradh ionchais ar na sócmhainní a laghdú faoi 0.6%. (Nóta 32 (viii)).

### (iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chlár comhardaithe:

| An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach | (571,218) | (455,336) | (392,615) | (377,004) | (382,927) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 473,793 | 434,160 | 443,876 | 414,611 | 404,657 |
| **(Dliteanas)/Sócmhainn Glanphinsin** | **(97,425)** | **(21,176)** | **51,261** | **37,607** | **21,730** |

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Barrachas de dhliteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

| | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach Reatha Tosaigh Oibleagáidí na Scéime | (455,336) | (392,615) | (377,004) | (382,927) | (424,950) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (15,083) | (11,330) | (9,432) | (9,575) | (12,537) |
| Costas Seirbhíse Roimhe Seo | 7,585 | (1,969) | (720) | – | – |
| Pinsin a íocadh | 12,337 | 10,746 | 11,387 | 11,830 | 8,250 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (4,060) | (3,509) | (2,809) | (2,545) | (2,582) |
| Aistrithe Faighte | (445) | (252) | (763) | - | - |
| Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin | (23,408) | (22,119) | (22,085) | (22,453) | (23,964) |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Taithí | 21,522 | 9,492 | 27,460 | 28,666 | (2,059) |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach ó Choigeartuithe Luachála Dliteanais | (114,330) | (43,780) | (18,649) | – | 74,915 |
| **Luach Reatha Deiridh Oibleagáidí Scéime** | **(571,218)** | **(455,336)** | **(392,615)** | **(377,004)** | **(382,927)** |

### (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean (luach tairisceana) | 434,160 | 443,876 | 414,611 | 404,657 | 400,000 |
| Toradh Ionchais | 14,120 | 22,346 | 13,586 | 10,089 | – |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achúireach | 19,468 | (37,580) | 12,894 | (678) | 3,549 |
| Ranníocaíocht fostóra | 13,877 | 12,503 | 10,600 | 9,828 | 2,480 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | 4,060 | 3,509 | 2,809 | 2,545 | 657 |
| Pinsin a íocadh | (12,337) | (10,746) | (11,387) | (11,830) | (2,029) |
| Aistrithe faighte | 445 | 252 | 763 | – | – |
| **Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)*** | **473,793** | **434,160** | **443,876** | **414,611** | **404,657** |

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre ar seilbh leis an mBanc. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2012 agus €0.4 milliún (2011: €151.4 milliún) and €3.5 milliún (2011: €5.6 milliún) faoi seach.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | % | % |
| Ráta Lascaine | 3.90 | 5.00 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní | 3.40 | 3.23 |
| Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin | 3.50 | 3.50 |
| Ráta méadaithe na bpinsean | 3.50 | 3.50 |
| Méadú ar Bhoilsciú i bPraghsanna | 2.00 | 2.00 |

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.5% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú 11.3% a bheag nó a mhór ar dhliteanais na scéime.

### (vii) Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir* | 62% PNML00 (fireann)<br>70% PNFL00 (baineann) | 62% PNML00 (fireann)<br>70% PNFL00 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir* | 62% PNML00 (fireann)<br>70% PNFL00 (baineann) | 62% PNML00 (fireann)<br>70% PNFL00 (baineann) |
| Liúntas d’fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) |
| Scor ar fhorais drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile |
| Ionchas saoil ag aois 65 | Fireannach: 86.8 | Fireannach: 86.7 |
| | Baineannach: 88.5 | Baineannach: 88.4 |

* Is éard atá i PMA92/PFA92 táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú do Ghairm na hAchtúireachta sa Ríocht Aontaithe ag an Continuous Mortality Investigation Bureau. Tá na toimhdí básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha ina léirítear básmhaireacht thipiciúil pinsinéirí agus déantar foráil iontu d’ionchas saoil ag méadú thar am.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (viii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Ba iad seo a leanas na torthaí ionchais ar shócmhainní agus dáileadh sócmhainní amhail ar an 31 Nollaig 2012:

| Aicme | Toradh Ionchais | Dáileadh | Dáileadh Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| | % | % | % |
| Cothromas | 7.00 | 51.7 | 50.0 |
| Ús Seasta/Airgead Tirim | 1.00 | 48.3 | 50.0 |
| **Iomlán** | **4.00** | **100.0** | **100.0** |
| Tobhach Pinsin | (0.6) | | |
| **Toradh Ionchais Foriomlán** | **3.40** | | |

Rinneadh na sócmhainní a athchothromú chuig dáileadh 50%/50% go luath in 2013. Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean a shocrú ag féachaint do na torthaí ionchasacha fadtéarmacha ar na haicmí éagsúla sócmhainne arna sealbhú ag an Scéim. B'ionann an toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean don bhliain 2012 agus gnóthachan €33.6 milliún (2011: caillteanas €15.2 milliún)

### (ix) Costais Chomparáideacha na Bliana Roimhe sin

Is iad seo a leanas na méideanna don tréimhse reatha agus do na ceithre thréimhse roimhe seo:

| An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Oibleagáid Sochair Shainithe | (571,218) | (455,336) | (392,615) | (377,004) | (382,927) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 473,793 | 434,160 | 443,876 | 414,611 | 404,657 |
| Barrachas/(easnamh) sa Phlean | (97,425) | (21,176) | 51,261 | 37,607 | 21,730 |
| Coigeartú taithí ar | | | | | |
| - dhliteanais an phlean | 21,522 | 9,492 | 27,460 | 28,666 | (2,059) |
| *Mar chéatadán de dhliteanais na scéime* | *3.8%* | *2.1%* | *7.0%* | *7.6%* | *(0.5%)* |
| - sócmhainní an phlean | 19,468 | (37,580) | 12,894 | (678) | 3,549 |
| *Mar chéatadán de shócmhainní na scéime* | *4.1%* | *(8.7%)* | *2.9%* | *(0.2%)* | *0.9%* |

### (x) Ranníocaíochtaí Ionchais don Phlean don Tréimhse dar Críoch an 31 Nollaig 2013

Tá na meastacháin seo a leanas maidir le ranníocaíochtaí ionchais bunaithe ar bhallraíocht reatha agus rolla tuarastail rannpháirtithe an phlean.

| | 31 Nollaig 2013 |
|---|---|
| | €000 |
| Ranníocaíochtaí ón bhFostóir | 15,063 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean | 4,117 |
| **Iomlán** | **19,180** |

## Nóta 33: Soláthairtí

Coinníodh na soláthairtí seo a leanas an 31 Nollaig 2012:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riosca Contraphairtí ó Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochtaí an Eurochórais (i) | 3,952 | 12,098 |
| Soláthairtí i leith urrús (ii) | 400,000 | 300,000 |
| Nótaí Puint Neamhfhuascailte | 13,189 | 5,667 |
| **Iomlán** | **417,141** | **317,765** |

(i) Sa bhliain 2008, bheartaigh Comhairle Rialaithe an BCE soláthar a dhéanamh i gcoinne riosca contrapháirtí in oibríochtaí beartais airgeadaíochta. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, déanfar an soláthar sin a leithdháileadh ar bhainc cheannais náisiúnta na mballstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna suibscríofa scála caipitil sa BCE sa bhliain inar dtarlóidh mainneachtain. I gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta an Eurochórais agus ag féachaint do phrionsabal ginearálta na stuamachta, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar oiriúnacht an tsoláthair agus chinn sí an méid iomlán a laghdú ó €949 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2011 go dtí €310 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2012. Is ionann sciar an Bhainc sa soláthar seo agus €4.0 milliún (2011: €12.1 milliún), atá cóibhéiseach le 1.2748 faoin gcéad den soláthar iomlán. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 den Reacht, léirítear coigeartú an tsoláthair sa chuntas brabúis agus caillteanais de chuid BCNanna na mBallstát i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE in 2008. I gcás an Bhainc, b’ionann an tsuim choigeartaithe a d’eascair as agus €8.1 milliún in 2011 Beartas Cuntasaíochta (m) agus Nóta 6 (ii).

(ii) Choinnigh an Banc soláthar arbh ionann é agus €400 milliún (2011: €300 milliún) i leith rioscaí a thig as oibríochtaí bheartas airgeadaíochta na baincéireachta ceannais a bhfuil méadú suntasach tagtha orthu i ndiaidh na géarchéime fiachais cheannasaigh. Leis an gcomhsholáthar sin, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Tá meastachán na táille lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí, éiginnteacht a bhfuil méadú tagtha uirthi sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá sí faoi réir tosca amhail braistint an mhargaidh maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibiachtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú na bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2012. Beartas Cuntasaíochta (m) agus Nóta 3.

(iii) Nótaí puint arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arbh ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, rinneadh soláthar do €60 milliún chun freastal ar oibleagáidí maidir le nótaí puint neamhfhuascailte. An 31 Nollaig 2012, b’ionann an soláthar sin agus €13.2 milliún (2011: €5.7 milliún) tar éis é a mhéadú faoi €10.0 milliún le linn na bliana. Beartas Cuntasaíochta (m) agus Nótaí 3 agus 36 (iii).

## Nóta 34: Cuntais Athluachála

| | 2012 | 2011 | Net Movement |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Ór | 195,961 | 187,406 | 8,555 |
| Airgeadra eachtrach | 21,378 | 24,275 | (2,897) |
| Urrúis agus ionstraimí eile | 117,459 | 90,970 | 26,489 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig** | **334,798** | **302,651** | **32,147** |

## Nóta 34: Cuntais Athluachála (ar lean)

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear i leith an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Airgeadra** | **Ráta** | **Ráta** |
| Dollar US | 1.3194 | 1.2939 |
| Yen na Seapáine | 113.6100 | 100.2000 |
| Steirling | 0.8161 | 0.8353 |
| Franc na hEilvéise | 1.2072 | 1.2156 |
| Coróin na Danmhairge | 7.4610 | 7.4342 |
| Coróin na Sualainne | 8.5820 | 8.9120 |
| Dollar Cheanada | 1.3137 | 1.3215 |
| CST | 0.8579 | 0.8427 |
| Is iad seo a leanas na praghsanna óir a úsáideadh: | | |
| Euro de réir an mhínunsa | 1,261.1790 | 1,216.8640 |

## Nóta 35: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) | Cúlchiste ginearálta | Cúlchiste Airgeadra | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2011** | **30** | **1,541,398** | **351,648** | **1,893,076** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | – | 216,424 | – | 216,424 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2012** | **30** | **1,757,822** | **351,648** | **2,109,500** |

(i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire é.

(ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations*, 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €216.4 milliún ón gcuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais chuig an gCúlchiste Ginearálta, lena n-áirítear glanchaillteanas achtúireach arbh ionann é agus €73.3 milliún a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 32 (ii)).

## Nóta 36: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

**(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta**

Ta 8,564 scair ag an mBanc sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, a bhfuil 2,564 díobh láníoctha. Tá an Banc faoi dhliteanas teagmhasach maidir leis an iarmhéid (Nótaí 5(ii) agus 21(i)).

**(ii) Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha arna gCur i nGeall don BCE**

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc amach anseo, mar aon le BCNanna rannpháirteacha eile, méideanna breise caipitil (Alt 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Alt 30) a aistriú chuig an BCE.

## Nóta 36: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais (ar lean)

**(iii) Nótaí Puint**

Tá an Banc faoi dhliteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2012, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €232.9 milliún fós amuigh (Nóta 33 (iii)).

## Ceangaltais

**(i) Léasanna Oibriúcháin**

I mí Iúil 2008, rinne an Banc comhaontú léasa 25 bliain maidir le cóiríocht oifige ag Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Is ionann agus €3.3 milliún an íocaíocht bhliantúil cíosa faoin léas oibriúcháin seo.

Ina theannta sin, rinne an Banc léas 4 bliana i mí na Samhna 2010, do chóiríocht oifige i gCúirt Úibh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.5 milliún an íocaíocht bhliantúil chíosa faoin léas oibriúcháin seo.

**(ii) Ceannach an tsuímh ag Cé an Phoirt Thuaidh**

An 13 Samhain 2012, rinne an Banc comhaontú neamhchoinníollach chun leas léasachta 300 bliain a cheannach sa suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh ar €7.0 milliún sa iomlán. Íocadh éarlais de €0.7 milliún le linn na bliana, agus íocadh €6.3m a bhí fágtha an 28 Feabhra 2013 nuair a tugadh an comhaontú ceannaigh chun críche agus aistríodh na gníomhais chuig an mBanc. Mar chuid den idirbheart seo, beidh íocaíochtaí breise tobhaigh de thart ar €5.0 milliún iníoctha leis na gníomhaíochtaí agus na húdaráis ábhartha sna blianta atá le teacht. Beidh infheistíocht shuntasach bhreise ón mBanc i gceist leis an tionscadal i ndáil le dearadh, tógáil agus feistiú an fhoirgnimh sin sula ndéanfaidh an Banc a cheanncheathrú a athlonnú ann.

## Nóta 37: Bainistiú Riosca Airgeadais

Tagann rioscaí airgeadais chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc mar thoradh ar a ról reachtúil, is é sin mar chuid lárnach den earnáil airgeadais intíre agus mar chuid de chóras banc ceannais an Eurochórais ar aon. Ar na rioscaí sin, áirítear rioscaí creidmheasa, margaidh agus airgeadra. Mar bhanc ceannais náisiúnta san Eurochóras ní bhíonn riosca leachtacht dliteanais euro i gceist.

Tá próisis um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hÉireann chun rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shoiléire inmheánacha riosca agus faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais i gcás inarb iomchuí.

Tugann foirne agus coistí speisialtóireachta tacaíocht don ardbhainistíocht chun a chinntiú go leanfar leis na caighdeáin agus na beartais aontaithe. Go háirithe, déanann Coiste Riosca an Choimisiúin maoirseacht ar bhainistíocht riosca i ndáil le gníomhaíochtaí baincéireachta ceannais an Bhainc. Tá an Roinn um Riosca Eagraíochtúil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar riosca airgeadais ó lá go lá. Is roinn neamhspleách bainistíochta riosca í an Roinn um Riosca Eagraíochtúil a thuairiscíonn go díreach don Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin Riosca chomh maith.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ag iasachtaí, ag eisitheoir, ag contrapháirtí nó ag custaiméir a oibleagáidí airgeadais don Bhanc a chomhlíonadh. Bíonn an Banc neamhchosanta do riosca creidmheasa i ndáil le bainistiú a shócmhainní infheistíochta, le hoibríochtaí beartais airgeadais arna reáchtáil thar ceann an Eurochórais, agus i ndáil le tacaíocht leanúnach leachtachta don earnáil baincéireachta náisiúnta.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras de theorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, ar córas é a bheith bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag Fitch agus Moodys agus arna bhforlíonadh le scóráil inmheánach bunaithe ar tháscairí eacnamaíocha. Maolaítear neamhchosaint ar riosca creidmheasa trí bhíthin phróifíl shócmhainní infheistíochta an Bhainc atá faoi threoir ag beartas infheistíochta atá cuíosach coimeádach agus trí úsáid a bhaint as ionstraimí comhthaobhaithe.

## Nóta 37: Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

Déantar riosca creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí critéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí bhíthin fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leodhóthanach.

Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, cuirtear i bhfeidhm critéir dhochta incháilitheachta trí chreat an Eurochórais um measúnú creidmheasa (CEMC) agus trí bhearta leanúnach rialaithe riosca lena n-áirítear ciorruithe luachála agus éarlais tosaigh agus athrúcháin. An riosca creidmheasa don Bhanc a eascraíonn as oibríochtaí an Eurochórais, déantar é a mhaolú tuilleadh trí mheicníocht chomhroinnte caillteanas an chórais lena ndéantar aon chaillteanais a eascraíonn as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na mBanc Ceannais Náisiúnta. Ar a shon sin, is iad na BCNanna faoi seach a iompróidh an riosca i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le bannaí úsáide féin bainc atá faoi ráthaíocht rialtais nó le hÉilimh Bhreise ar Chreidmheas.

Déantar riosca creidmheasa i ndáil le Clár na Margaí Urrús agus leis na Cláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach de chuid an Eurochórais a bhainistiú i gcomhréir leis na creataí iomchuí Eurochórais.

Riosca creidmheasa a bhaineann le tacaíocht leachtachta eisceachtúla a sholáthar don earnáil baincéireachta intíre, déantar é a bhainistiú trí chur chuige comhthaobhaithe atá cosúil leis an gceann a úsáidtear d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, eadhon ceanglas do chomhthaobhacht a bheidh faoi réir ciorruithe luachála go hiondúil agus clár díchill chuí a fhéachann le hinfhaighteacht agus le hoiriúnacht comhthaobhachta a fhíorú. Déantar an riosca seo a mhaolú tuilleadh le slánaíochtaí ón Stát.

### Riosca Margaidh

Sainmhínítear riosca margaidh mar chaillteanas a eascraíonn as athruithe ar thosca riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtearraí agus raon difríochta creidmheasa. Bíonn an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh trí íogaireacht ráta úis ar a chuid sócmhainní infheistíochta. D'fhéadfadh go mbeadh neamhchosaintí i gceist mar thoradh ar luaineachtaí sa ráta malairte, ar phraghsanna óir agus mar thoradh ar athruithe ar dhálaí margaidh airgeadais.

Déantar riosca margaidh a bhainistiú i Stiúrthóireacht Oibríochtaí Airgeadais an Bhainc i gcomhréir le paraiméadair ardleibhéil bainistíochta riosca, agus le creata rialachais agus rialaithe arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún chomh maith le socruithe tuairiscithe do phríomhtháscairí riosca. Is í an Roinn um Riosca Eagraíochtúil a dhéanann fíorú agus tuairisciú ar chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht na mbeartas sin.

Tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis ina phunann infheistíochta marcáil ón margadh. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil le sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca margaidh (ráta úis) punann marcáil ón margadh de chuid an Bhainc a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena dtomhastar íogaireacht luach punainne infheistíochta maidir le hathruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc. Le LfR, déantar an caillteanas ionchasach a thig as neamhchosaint ar riosca ráta úis agus riosca ráta malairte a thomhas ar leibhéal sonrach muiníne (e.g. 99 faoin gcéad) thar thréimhse áirithe ama (e.g. bliain amháin). Ag glacadh le tréimhse bliana agus le leibhéal muiníne 99 faoin gcéad, tá laghdú tagtha ar an LfR de phunann marcáil ón margadh ó €184.6 milliún (ar shealúchais €10.6 billiún) ag deireadh 2011 go dtí €65.1 milliún ag deireadh 2012 ar shealúchais €9.8 billiún. Leis an athrú i bhfigiúr LfR, léirítear laghduithe ar luaineacht phraghsanna bannaí i gcomparáid le 2011 agus athruithe oirbheartaíochta ar chomhdhéanamh na punainne.

### Riosca Airgeadra

I gcomhthéacs an limistéir euro agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs na heaspa idirghabhála malairte eachtraí, laghdaíodh sealúchais shócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc chuig an íosmhéid, ag féachaint do na hoibleagáidí Eurochórais eile. Déantar athbhreithniú ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus as tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar phunanna arna n-ainmniú in euro, ar ionstraim amháin i ndollar SA (fálaithe i gcoinne an euro) agus ar shealúchas beag óir. Ó tharla go ndéantar ór a phraghsáil i ndollair SA, cuireann an sealúchas óir le neamhchosaint bheag dhollair SA. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca airgeadra freisin trí staid glandliteanais i gCearta Speisialta Tarraingthe (Nóta 11 agus Nóta 28).

## Nóta 38: An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998

Faoi alt 10 den Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí 1998, bhunaigh agus chláraigh an Banc 'An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta', cuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Riarann an Chuideachta an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh. Cuireann an Banc seirbhísí riaracháin agus eile ar fáil don Chuideachta, a ngnóthaítear a gcostais ón gCuideachta. Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

## Nóta 39: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach ag deireadh na bliana:

| | 31 Nollaig 2012 | | 31 Nollaig 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | **EUR** | **Dollar SA** | **EUR** | **Dollar SA** |
| | '000s d'aonaid airgeadra | | | |
| **Ceannacháin agus Díolacháin** | 494,565 | – | 1,191,024 | – |
| **Díolacháin Neamhaibithe (i)** | – | (641,943) | – | (1,578,787) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | 494,565 | (641,943) | 1,191,024 | (1,578,787) |

(i) Bhí réamhdhliteanais don BCE arbh ionann a luach cóibhéiseach agus €482.4 milliún fós gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2012 (2011: €1,142.6 milliún). Déantar iad seo a chomhoiriúnú le hoibríochtaí cóibhéiseacha leachtachta le contrapháirtithe agus tháinig siad chun cinn i dtaca leis an gclár gearrthéarmach chun leachtacht a sholáthar i ndollair SA (Nóta 12).

Tháinig na conarthaí uile in airgeadra eachtrach in aibíocht faoin 28 Feabhra 2013.

## Nóta 40: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Ní raibh aon chonarthaí neamhaibithe urrús fós amuigh ag deireadh na bliana.

| | 31 Nollaig 2012 | | 31 Nollaig 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | **EUR** | **Dollar SA** | **EUR** | **Dollar SA** |
| | '000s d'aonaid airgeadra | | | |
| **Ceannacháin agus Díolacháin** | – | – | 149,974 | – |
| **Díolacháin Neamhaibithe** | – | – | (299,005) | – |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | – | – | (149,031) | – |

## Nóta 41: Páirtithe Gaolmhara

(i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2012:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí;
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

(ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCNanna eile agus leis an BCE.

## Nóta 42: Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

**(i) Leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC)**
An 7 Feabhra rinne an tAire Airgeadais Ordú um Leachtú Speisialta (OLS) lenar ceapadh comhleachtaitheoirí speisialta, Kieran Wallace agus Eamon Richardson ó KPMG chuig Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC), an comharba ar an mBanc Angla-Éireannach, agus chuig Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann, agus lenar cúlghaireadh údarú na hinstitiúide. Mar thoradh ar leachtú IBRC, ghlac an Banc úinéireacht iomlán ar na Nótaí Gealltanais agus ar an nGníomhas Saoráide a úsáideadh mar chomhthaobhacht don chúnamh leachtachta éisceachtúla (CLE). Leis an leachtú, cuireadh deireadh le soláthar CLE chuig IBRC ag an mBanc, arbh ionann é agus €39.45 billiún amhail ar an 6 Feabhra 2013. Ina dhiaidh sin, thairg an Rialtas go ndéanfaí an chomhthaobhacht do na Nótaí Gealltanais neamhchaighdeánacha agus neamh-intrádála a mhalartú ar phunann de bhannaí caighdeánacha fadreathacha neamh-amúchta inmhargaidh Rialtas na hÉireann, malartú ar ghlac an Banc leis. Thairis sin, nuair a foirceannadh comhaontú athcheannaigh margaidh IBRC maidir leis an mbanna Éireannach 2025 ar 5.4%, fuair an Banc an banna seo. Sealbhaítear na bannaí seo mar chuid de phunann trádála an Bhainc agus díolfar iad a luaithe is féidir, ar choinníoll go bhféadfar déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Maidir leis an nGníomhas Saoráide, aistríodh an t-iarmhéid chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) mar mhalairt ar bhannaí inmhargaidh GNBS arna ráthú ag Rialtas na hÉireann. Níor fhabhraigh aon chaillteanas chuig an mBanc i leith na n-idirbheart seo. (Nóta 15 (ii)).

**(ii) Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE**
Chinn Comhairle Rialaithe an BCE an 21 Feabhra 2013 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2012 agus arbh ionann é agus €423 milliún a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníoctha. B'ionann sciar an Bhainc den dáileadh deiridh seo agus €6.7 milliún agus aithníodh í i mí Feabhra 2013.

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

Is í seo a leanas achoimre ar ioncam agus ar chaiteachas i leith gníomhaíochtaí rialála airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 mar aon le comparáidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

### Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais - Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Maoiniú Tionscail** | | | |
| Institiúidí Creidmheasa | | 44,865 | 53,913 |
| Gnóthais Árachais | | 11,886 | 9,711 |
| Idirghabhálacha | | 2,766 | 2,633 |
| Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta | | 6,427 | 5,101 |
| Scéimeanna Comhinfheistíochta agus Soláthraithe Seirbhíse | | 5,578 | 4,932 |
| Comhair Chreidmheasa | | 1,398 | 1,442 |
| Iasachtóirí Airgid | | 300 | 352 |
| Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe | | 44 | 44 |
| Malartuithe | | 206 | 196 |
| Bureau de Change | | 79 | 155 |
| Frithdhílsiú Teaghais & Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola | | 107 | 145 |
| Institiúidí Seirbhísí Íocaíochta | | 902 | 830 |
| **Maoiniú Iomlán** | | **74,558** | **79,454** |
| **Meadú/(laghdú) ar sholáthar** | (i) | 335 | (1,045) |
| **Díscríobh Soláthair d'Aisíocaíochtaí le hEintitis Chúlghairthe** | | - | 57 |
| **Glanmhaoiniú Tionscail** | (i) | **74,893** | **78,466** |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas don bhliain roimhe | | 5,996 | 3,380 |
| **Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann** | (ii) | 44,096 | 42,204 |
| | | **124,985** | **124,050** |
| Táillí Formheasa Réamheolaire | (iii) | 1,028 | 12 |
| Ilghnéitheach | (iv) | 12 | 42 |
| Ioncam Eile | (v) | 37 | 749 |
| **Ioncam Iomlán** | | **126,062** | **124,853** |
| **Caiteachais** | | | |
| Caiteachais Dhíreacha | (vi) | (72,429) | (83,902) |
| Seirbhísí Tacaíochta | (vii) | (38,212) | (34,206) |
| | | (110,641) | (118,108) |
| Caiteachais Eile | (v) | (37) | (749) |
| **Caiteachais Iomlána** | | **(110,678)** | **(118,857)** |
| **Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas arna thabhairt ar aghaidh** | (viii) | **15,384** | **5,996** |

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)

### (i) Glanmhaoiniú Tionscail agus Soláthar

Áirítear Glanioncam Tionscail i Nóta 7: Ioncam eile. Cuimsítear san fhigiúr seo, ioncam ó thobhaigh arna ngearradh ar na haicmí tionscail thuas (glan ar achomhairc agus ar choigeartuithe) faoi Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú) agus ioncam eile i ndáil le táillí agus muirir. Coinníonn an Banc soláthairtí i leith tobhach a bhíonn fós gan íoc ag deireadh na bliana. Téitear sa tóir ar thobhaigh den sórt sin mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

Is iad seo a leanas na soláthairtí/an díscríobh:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha | 2,252 | 1,438 |
| Tobhaigh díscríofa | (397) | (231) |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthar | (335) | 1,045 |
| **Soláthar Deiridh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha** | **1,520** | **2,252** |

### (ii) Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann

Le comhaontú an Aire Airgeadais, ó 2007 i leith rinneadh 50 faoin gcéad de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais a íoc trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Cuireann an Banc an t-iarmhéid de na costais bhliantúla iomlána ar fáil de réir alt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú). Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe um maoirseacht ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh agus an Treoir Trédhearcachta) a dhéantar san eagraíocht. Eisiadh na costais seo, arbh ionann iad agus €5.6 milliún in 2012, ó na Glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint chuig an tionscal in 2012. Taispeántar táillí formheasa réamheolaire agus táillí gaolmhara (féach (iii) thíos) mar ioncam.

De bhreis air sin, faoi fhorálacha na Rialachán um Acht an Bhainc Cheannais 1942 (alt 33J) 2012, gearradh tobhach forlíontach ar institiúidí creidmheasa arna gclúdach faoin Scéim um Institiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) 2009 atá ceaptha 100 faoin gcéad de na costais comhairleachta a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Caipitil (AMSC) agus leis an Athbhreithniú ar Mheasúnú Stuamachta Leachtachta (AMSL) arna seoladh le linn na bliana a aisghabháil ó na hinstitiúidí ábhartha creidmheasa arna gclúdach.

### (iii) Táillí Formheasa Réamheolaire

Tar éis an comhaontú tarmligin le Stocmhalartán na hÉireann a leachtú an 9 Nollaig 2011 maidir le comhlíonadh feidhmeanna áirithe faoi na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005, coinneoidh an Banc anois táillí formheasa réamheolaire agus táillí gaolmhara is iníoctha leis an mBanc, ar táillí iad a bhí á gcoinneáil ag Stocmhalartán na hÉireann roimhe seo (féach nóta (vi) thíos).

### (iv) Ilghnéitheach

Le halt 61H d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhféadfaidh an Banc comhaontú a dhéanamh le comhlacht forordaithe i ndáil le tobhach a bhailiú agus is é an t-eintiteas a bheidh i dteideal an tobhach a fháil a ghlanfaidh na costais a bhaineann le bailiú an tobhaigh lena mbaineann. In 2011, rinne an Banc Ceannais comhaontú den sórt sin leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an Ghníomhaireacht). Is léiriú í an mhír seo ar aisghabháil na gcostas ón nGníomhaireacht a bhaineann le bailiú na dtobhach seo i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)

### (v) Ioncam Eile/Caiteachais Eile

In 2012, bhailigh Stocmhalartán na hÉireann €37,000 i dtáillí ab iníoctha don Bhanc i gcomhréir le Rialachán 78 de na Rialacháin Trédhearcachta 2007 (Treoir 2004/109/CE). I gcomhréir le Cuid 17(h) den Treoir Réamheolaire agus leis an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, dheimhnigh an Banc i gcomhaontuithe tarmligin le Stocmhalartán na hÉireann go bhféadfadh sé €37,000 a choimeád faoi chomhair na gcostas a thabhaigh sé i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna tarmligthe a bhain leis an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh agus an Treoir Trédhearcachta faoi chomhaontuithe tarmligin.

### (vi) Caiteachais Dhíreacha

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail / Liúntais | 44,497 | 39,246 |
| ÁSPC | 3,925 | 3,218 |
| | **48,422** | **42,464** |
| Soláthar Pinsin | 3,694 | 6,315 |
| **Caiteachais Foirne** | **52,116** | **48,779** |
| Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne | 1,758 | 543 |
| Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais | 252 | 271 |
| Taisteal Gnó | 1,089 | 919 |
| Foilseacháin & Fógraíocht Tomhaltóirí | 129 | 117 |
| Táillí Gairmiúla | 16,086 | 32,297 |
| Ilghnéitheach | 999 | 976 |
| **Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá** | **20,313** | **35,123** |
| **Caiteachais Dhíreacha** | **72,429** | **83,902** |

B'ionann méid iomlán na dtáillí gairmiúla a tabhaíodh in 2012 i leith AMSC/AMSL ar na hinstitiúidí clúdaithe airgeadais agus €12.0 milliún (2011: €29.1 milliún). Aisghabhadh na táillí seo go léir ó na hinstitiúidí airgeadais ábhartha agus áiríodh iad faoi Mhaoiniú Tionscail d'Institiúidí Creidmheasa.

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)

### (vii) Seirbhísí Tacaíochta

Áirítear costais i leith seirbhísí tacaíochta i Nóta 8.

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, acmhainní daonna, riarachán, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, staidreamh agus teicneolaíocht faisnéise ó na stiúrthóireachtaí um sheirbhísí tacaíochta sa Bhanc. B'ionann costas na seirbhísí sin in 2012 agus €38.2 milliún (2011: €34.2 milliún).

Ríomhadh na costais seo trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta um chionroinnt costas, ar modheolaíocht í a ndearna sainchomhairleoirí neamhspleácha seachtracha athbhreithniú uirthi roimhe seo. Tá an chionroinnt bunaithe ar chleachtadh aitheanta tionscail lena n-airítear spás urláir in úsáid, líon ríomhairí pearsanta agus fardal daoine (líon foirne) de réir mar is cuí. Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas thuas:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí Corparáideacha lena n-airítear Áitreabh | 11,969 | 11,923 |
| Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise | 10,386 | 8,054 |
| Acmhainní Daonna | 5,240 | 4,236 |
| Seirbhísí Eile* | 10,617 | 9,993 |
| **Iomlán** | **38,212** | **34,206** |

*Ar na seirbhísí eile, áirítear seirbhísí dlí, cuntasaíochta agus seirbhísí riaracháin eile.

### (viii) Easnamh/Barrachas Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas

Is ionann é seo agus an barrachas ar an líon tobhach a bailíodh ón tionscal sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an riachtanas maoiniúcháin don bhliain 2012. I gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe, rinneadh an barrachas ioncaim i gcomparáid le caiteachas a thabhairt ar aghaidh agus déanfar an ríomh ar mhéid na dtobhach tionscail do 2013 a choigeartú d'fhonn an barrachas seo a chur san áireamh.

## Nóta 44: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú ó thaobh comhsheasmhachta le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

## Nóta 45: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 5 Aibreán 2013.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Banc Ceannais na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam, faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ar ráiteas cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012. Sa ráiteas cuntas, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach ann, cuimsítear na beartais chuntasaíochta agus faiséis ghaolmhar, an cuntas leithghabhála brabúis agus caillteanais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. An creat um thuairisciú airgeadais a úsáideadh chun an ráiteas cuntas a ullmhú, leagtar amach é i mír (b) de na beartais chuntasaíochta agus san fhaisnéis ghaolmhar.

### Freagrachtaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais freagrach as an ráiteas cuntas a ullmhú, as a áirithiú go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar staid ghnóthaí an Bhainc agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht idirbheart a áirithiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm an ráiteas cuntas a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt air i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé an t-iniúchadh faoi threoir léirbhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíocht.

Cuireadh an t-iniúchadh seo i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus le Caighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Raon an Iniúchta a Rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhíonn i gceist le hiniúchadh, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an bhfaisnéisiú sna ráitis airgeadais chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhair, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Áirítear sa mhéid seo measúnú ar na nithe seo a leanas

– cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach;

– réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn an ráiteas cuntas a ullmhú; agus

– cur i láthair foriomlán an ráitis cuntas.

Féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Bhainc chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an ráiteas cuntas iniúchta a shainaithint. Má fheictear dom go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí don tuarascáil seo.

### Tuairm ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis an ráiteas cuntas a ullmhaíodh go cuí ar an mbonn a thuairiscítear i mír (b) de na beartais chuntasaíochta agus faisnéis ghaolmhar, go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar staid ghnóthaí an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2012 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhainc don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Banc leabhair chuntais chuí. Tá an ráiteas cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Nithe a gceanglaítear orainn a thuairisciú ar bhonn eisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil:

- mura mbeidh gach faisnéis agus gach míniú a bhí ag teastáil uaim don iniúchadh, nó
- má bhíonn aon chás ábhartha ann nach n-úsáidtear airgead poiblí chun na gcríoch atá beartaithe nó nach mbíonn na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú, nó
- mura mbeidh an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhainc ag teacht leis an ráiteas cuntas gaolmhar, nó
- mura léireofar sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBanc, nó
- má fheictear dom go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ina ndéanfar gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe sin a thuariscítear go heisceachtúil.

Seamus Mc Carthy.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

5 Aibreán 2013

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann ("an Banc") don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012, a gcuimsítear ann an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara 1 go dtí 45. Ullmhaíodh an Ráiteas Cuntas seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach ann.

### Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú agus, mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin, tá siad freagrach as Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir le treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais, agus más infheidhme leis an mBanc, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

De bhun cheanglais Airteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ceapadh muidne le hiniúchadh a dhéanamh ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann. Bunaítear ár gcuid freagrachtaí mar iniúchóirí neamhspleácha le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Choimisiún an Bhainc mar chomhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus chun na gcríoch sin amháin. Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid orainn féin freagracht chun críche ar bith eile nó freagracht do dhuine ar bith eile a dtaispeántar an tuarascáil seo dó nó di nó do dhuine ar bith a gheobhaidh é ach amháin i gcás ina gcomhaontóimid a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Tugaimid daoibh ár dtuairim i dtaobh cibé acu an dtugann an Ráiteas Cuntas léargas fíor, cothrom i gcomhréir leis an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Maímid cibé acu an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a bhí riachtanach don iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas Cuntas ag teacht leis na taifid chuntasaíochta. Tugaimid daoibh ár dtuairim freisin i dtaobh cibé acu ar choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta iomchuí. Ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhainc.

Léimid an fhaisnéis eile a chuimsítear sa chaibidil den Tuarascáil Bhliantúil ar Oibríochtaí Airgeadais agus má fheictear dúinn go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis an Ráiteas Cuntas, breithnímid na himpleachtaí don tuarascáil seo. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le faisnéis eile.

### Bunús Thuairim an Iniúchóra

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. In iniúchadh, cuimsítear scrúdú ar bhonn tástála ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus le faisnéisiú sna ráitis airgeadais. Cuimsítear ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus an Ráiteas Cuntas á ullmhú acu, agus cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm d'fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasamar a bheith riachtanach a fháil chun go mbeadh dóthain fianaise againn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíráiteas ábhair, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sa Ráiteas Cuntas.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugtar léargas fíor, cothrom sa Ráiteas Cuntas ar staid ghnóthaí an Bhainc, amhail ar an 31 Nollaig 2012, agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir leis an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasamar a bheith riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim gur choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta chuí. Tá Clár Comhardaithe agus Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais an Bhainc ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.



**RSM Farrell Grant Sparks**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Baile Átha Cliath**

5 Aibreán 2013

**T** +353 1 224 6278 **F** +353 1 671 6561 www.centralbank.ie publications@centralbank.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Bosca OP 559, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire**
**PO Box 559, Dame Street, Dublin 2, Ireland**